- (4) I gcás go n-éileofar vótáil ar cheist a bheidh curtha faoi mhíreanna (2) nó (3), iarrfaidh an Cléireach ar na comhaltaí a bheidh ag éileamh na vótála éirí ina n-áiteanna, agus mura n-éireoidh 30 comhalta ar a laghad amhlaidh, fógróidh an Cléireach láithreach cinneadh na Dála i bhfabhar an iarrthóra ar éirigh leis nó léi, agus cuirfear ar Chín Lae Imeachtaí na Dála ainmneacha na gcomhaltaí easaontacha a d’éirigh.
- (5) Más rud é, nuair a bheidh an cheist curtha faoi mhíreanna (2) nó (3), go n-éileofar vótáil uirthi, agus go n-éireoidh níos mó ná 30 comhalta ina n-áiteanna, agus, sa vótáil a bheidh ann mar thoradh air sin, go gcinnefear gur freagra diúltach a tugadh ar an gceist, beidh feidhm ag forálacha Bhuan-Ordú 8.

8. Nós imeachta malartach chun an Ceann Comhairle a thoghadh

- (1) Más rud é, faoi Bhuan-Ordú 6(7), nach mbeidh aon iarrthóir ainmnithe go bailí chun bheith ina Cheann Comhairle nó ina Ceann Comhairle nó, más rud é, faoi Bhuan-Ordú 7(5), go gcinnefear gur freagra diúltach a tugadh ar an gceist go dtoghfar iarrthóir agus go rachaidh sé nó sí i gceannas mar Cheann Comhairle, beidh feidhm ag forálacha an Bhuan-Ordaithe seo.
- (2) I gcás go mbeidh feidhm ag an mBuan-Ordú seo, féadfaidh aon chomhalta a bheidh tar éis a shuíochán nó a suíochán a thógáil de réir dlí tairiscint a dhéanamh lena dtairgfear comhalta mar Cheann Comhairle. Tar éis óráidí, nach faide ná cúig nóiméad gach óráid díobh, cuirfidh an Cléireach an cheist go dtoghfar an comhalta a tairgeadh agus go rachaidh sé nó sí i gceannas mar Cheann Comhairle: Ach má thairgtear níos mó ná comhalta amháin mar Cheann Comhairle, cuirfidh an Cléireach gach ceist air sin de réir ord tairgthe na gcomhaltaí.

9. An Ceann Comhairle a dhul i gCeannas

Rachaidh an Ceann Comhairle i gceannas díreach tar éis a thofa nó a tofa, ach má bhíonn an Ceann Comhairle nuathofa as láthair, féadfaidh an Dáil, trí thairiscint a dhéanfar gan fógra, comhalta ar bith a cheapadh chun gníomhú mar Cheann Comhairle de thuras na huaire. Go dtí go gceapfar an comhalta sin leanfaidh an Cléireach de bheith ag gníomhú mar Chathaoirleach.

STANDING ORDERS

- (3) Pursuant to Standing Order 6, where a secret ballot has taken place for Ceann Comhairle, as soon as is practicable after the votes have been counted and the name of the successful candidate has been announced in the count centre, the sitting shall resume, and the Clerk shall announce to the House the name of the successful candidate selected by secret ballot. The Clerk shall then put the question, “That..... (*naming the successful candidate*), who is the successful candidate duly selected by secret ballot by the members of Dáil Éireann, be elected and do now take the Chair of the Dáil as Ceann Comhairle”.
- (4) If a division is claimed on a question put under paragraphs (2) or (3), the Clerk shall call on the members claiming the division to rise in their places, and if fewer than 30 members so rise, the Clerk shall forthwith declare the determination of the Dáil in favour of the successful candidate, and the names of the members who have risen shall be recorded as dissenting in the Journal of the Proceedings of the Dáil.
- (5) If, when the question is put under paragraphs (2) or (3), a division is claimed thereon, and more than 30 members rise in their places, and, in the resulting division, the question is decided in the negative, the provisions of Standing Order 8 shall apply.

8. Alternative procedure for election of Ceann Comhairle

- (1) Where, under Standing Order 6(7), no candidate is validly nominated for Ceann Comhairle, or where, under Standing Order 7(5), the question that a candidate be elected and take the Chair as Ceann Comhairle is decided in the negative, the provisions of this Standing Order shall apply.
- (2) Where this Standing Order applies, a motion proposing a member as Ceann Comhairle may be made by any member who has taken his or her seat according to law. Following contributions, which shall not exceed five minutes each, the Clerk shall put the question that the member proposed be elected and take the Chair as Ceann Comhairle: Provided that if there is more than one member proposed as Ceann Comhairle, the Clerk shall put each question thereon in the order in which the members were proposed.

9. Ceann Comhairle takes the Chair

The Ceann Comhairle shall immediately upon his or her election take the Chair, but in the case of absence of the Ceann Comhairle elect, the Dáil may, on motion made without notice, appoint any member to act as Ceann Comhairle for the time being. Until such member is appointed the Clerk shall continue to act as Cathaoirleach.

10. Dearbhú ag an gCeann Comhairle

Ar dhul i gCeannas dó nó di den chéad uair tar éis a thofa nó a tofa, tabharfaidh an Ceann Comhairle an dearbhú seo a leanas:—

Dearbhaím go sollúnta go ndéanfaidh mé, go cuí agus go dílis agus a mhéid is eol agus is cumas dom, oifig Cheann Comhairle Dháil Éireann a fheidhmiú gan scáth gan fabhar, na rialacha mar atá siad leagtha síos ag an Teach seo a chur i bhfeidhm go cothrom neamhchlaonta, ord a choimeád agus cearta agus pribhléidí comhaltaí a chaomhnú de réir an Bhunreacht agus Bhuan-Orduithe Dháil Éireann.

11. Leas-Cheann Comhairle a thoghadh agus dearbhú ag an Leas-Cheann Comhairle

- (1) Aon uair a bheidh Oifig an Leas-Cheann Comhairle folamh, déanfar toghchán de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach sna Buan-Orduithe seo chun Ceann Comhairle a thoghadh trí rúnbhallóid, ach amháin:
 - (a) go ndéanfaidh an Coiste Gnó, más indéanta, am agus dáta na rúnbhallóide le haghaidh Leas-Cheann Comhairle a chomhaontú;
 - (b) nach foláir ainmnithe iarrthóirí a bheith glactha ag an gCléireach tráth nach déanaí ná 6 p.m. an lá roimh an rúnbhallóid, gan áireamh a dhéanamh ar Shatharn, ar Dhomhnach ná ar lá saoire poiblí;
 - (c) i gcás tagairt a bheith déanta sna nósanna imeachta do Thuarascáil an Toghcháin ón gCléireach, go dtuigfear gur tagairt í an tagairt sin d'am agus do dháta na rúnbhallóide le haghaidh Leas-Cheann Comhairle, ach amháin i gcás nach mbeidh aon iarrthóir ainmnithe go bailí, nó i gcás nach dtoghfar an t-iarrthóir ar éirigh leis nó léi agus a roghnaíodh trí rúnbhallóid, go bhféadfar a chinneadh—
 - (i) rúnbhallóid a chur ar sceideal le haghaidh ócáid eile; nó
 - (ii) dáta a shocrú ar a bhféadfar tairiscintí a dhéanamh gan fógra chun Leas-Cheann Comhairle a thoghadh de réir Bhuan-Ordú 8; agus
 - (d) tar éis na rúnbhallóide, go ndéanfar na vótaí a chomhaireamh a luaithe is dóigh leis an gCléireach is indéanta déanamh amhlaidh, agus go gcráolfaidh an Cléireach don Teach ainm an iarrthóra ar éirigh leis nó léi agus a roghnaíodh trí rúnbhallóid a luaithe is dóigh leis nó léi is indéanta déanamh amhlaidh ina dhiaidh sin.
- (2) Tabharfaidh an Leas-Cheann Comhairle an dearbhú seo a leanas ar dhul i gCeannas dó nó di den chéad uair tar éis a thofa nó a tofa:—

STANDING ORDERS

10. Declaration by Ceann Comhairle

Upon first taking the Chair after his or her election, the Ceann Comhairle shall make the following declaration:—

I do solemnly declare that I will duly and faithfully and to the best of my knowledge and ability, execute the office of Ceann Comhairle of Dáil Éireann without fear or favour, apply the rules as laid down by this House in an impartial and fair manner, maintain order and uphold the rights and privileges of members in accordance with the Constitution and the Standing Orders of Dáil Éireann.

11. Election of, and declaration by, Leas-Cheann Comhairle

- (1) Whenever there is a vacancy in the office of Leas-Cheann Comhairle, an election shall be held according to the procedures outlined in these Standing Orders for the election by secret ballot of a Ceann Comhairle, save that:
 - (a) the time and date of the secret ballot for Leas-Cheann Comhairle shall, where practicable, be agreed by the Business Committee;
 - (b) nominations for candidates shall be received by the Clerk not later than 6 p.m. the day before the secret ballot, not counting a Saturday, Sunday, or a public holiday;
 - (c) where reference is made in the procedures to the Clerk's Election Report, such reference shall be interpreted to refer to the time and date of the secret ballot for Leas-Cheann Comhairle, save that where no candidate is validly nominated, or where the successful candidate selected by secret ballot is not elected, it may be decided—
 - (i) to schedule a secret ballot for another occasion; or
 - (ii) to set a date on which motions may be made without notice for the election of a Leas-Cheann Comhairle in accordance with Standing Order 8; and
 - (d) following the secret ballot, the votes shall be counted as soon as the Clerk considers it practicable to do so, and the Clerk shall announce to the House the name of the successful candidate selected by secret ballot as soon as he or she considers it practicable to do so thereafter.
- (2) The Leas-Cheann Comhairle shall make the following declaration upon taking the Chair for the first time after his or her election:—

Dearbhaím go sollúnta go ndéanfaidh mé, go cuí agus go dílis agus a mhéid is eol agus is cumas dom, oifig Leas-Cheann Comhairle Dháil Éireann a fheidhmiú gan scáth gan fabhar, na rialacha mar atá siad leagtha síos ag an Teach seo a chur i bhfeidhm go cothrom neamhchlaonta, ord a choimeád agus cearta agus pribhléidí comhaltaí a chaomhnú de réir an Bhunreacht agus Bhuan-Orduithe Dháil Éireann.

12. Oifig an Cheann Comhairle a bheith folamh

Má tharlaíonn go mbeidh oifig an Cheann Comhairle folamh, déanfaidh an Leas-Cheann Comhairle na dualgais a chuirtear, agus an t-údarás a bhronntar, ar an gCeann Comhairle leis na Buan-Orduithe seo, a chomhlíonadh agus a fheidhmiú. Cuirfidh an Cléireach an folúntas sin in iúl don Dáil i dtosach a céad tionóil eile agus déanfar Ordú ag ceapadh dáta chun Ceann Comhairle a thoghadh agus déanfar an toghadh sin sa tslí a fhoráiltear anseo roimhe seo².

13. An Ceann Comhairle as láthair

Mura féidir don Cheann Comhairle bheith i láthair, déanfaidh an Leas-Cheann Comhairle na dualgais a chuirtear, agus an t-údarás a bhronntar, ar an gCeann Comhairle leis na Buan-Orduithe seo, a chomhlíonadh agus a fheidhmiú go dtí go n-ordóidh an Dáil a mhalairt.

14. An Ceann Comhairle agus an Leas-Cheann Comhairle as láthair

Aon uair a chuirfidh an Cléireach in iúl don Dáil nach féidir don Cheann Comhairle ná don Leas-Cheann Comhairle bheith i láthair, ansin fad a bheidh siad beirt as láthair, cromfaidh an Dáil láithreach, má bhíonn córam i láthair, agus faoi réir fhorálacha Bhuan-Ordú 6, ar dhuine dá comhaltaí a thoghadh chun na dualgais a chuirtear, agus an t-údarás a bhronntar, ar an gCeann Comhairle leis na Buan-Orduithe seo, a chomhlíonadh agus a fheidhmiú; mura mbíonn córam i láthair, beidh an Dáil ar athló go dtí an chéad lá eile chun suí.

15. Má leanann an Ceann Comhairle de bheith as láthair

Más dócha go leanfaidh an Ceann Comhairle de bheith as láthair, agus mura mbeidh aon chomhalta eile ainmnithe chun bheith ina Cheann Comhairle nó ina Ceann Comhairle, féadfaidh an Dáil comhalta eile a cheapadh chun gníomhú mar Leas-Cheann Comhairle fad a leanfaidh an Ceann Comhairle de bheith as láthair amhlaidh.

16. Téarma oifige an Cheann Comhairle agus an Leas-Cheann Comhairle

Is é téarma oifige a bheidh ag an gCeann Comhairle agus ag an Leas-Cheann Comhairle an téarma a bheidh le caitheamh ag an Dáil a bheidh ann tráth a gceaptha, ach leanfaidh an Ceann Comhairle dá oifig nó dá hoifig go dtí go gceapfar a chomharba nó

2 B.O. 6, 7 agus 8

STANDING ORDERS

I do solemnly declare that I will duly and faithfully and to the best of my knowledge and ability, execute the office of Leas-Cheann Comhairle of Dáil Éireann without fear or favour, apply the rules as laid down by this House in an impartial and fair manner, maintain order and uphold the rights and privileges of members in accordance with the Constitution and the Standing Orders of Dáil Éireann.

12. Vacancy in office of Ceann Comhairle

When a vacancy has occurred in the office of Ceann Comhairle, the Leas-Cheann Comhairle shall perform the duties devolved upon, and exercise the authority conferred upon the Ceann Comhairle by these Standing Orders. The Clerk shall report such vacancy to the Dáil at the opening of its next meeting and an Order shall be made fixing a date for the election of a Ceann Comhairle, which election shall take place in the manner hereinbefore provided².

13. Absence of Ceann Comhairle

In the unavoidable absence of the Ceann Comhairle, the Leas-Cheann Comhairle shall perform the duties devolved upon, and exercise the authority conferred upon the Ceann Comhairle by these Standing Orders until the Dáil shall otherwise order.

14. Absence of Ceann Comhairle and Leas-Cheann Comhairle

Whenever the Dáil shall be informed by the Clerk that both the Ceann Comhairle and the Leas-Cheann Comhairle are unavoidably absent, then for the period of absence of both the Dáil shall, if a quorum be present, and subject to the provisions of Standing Order 6, at once proceed to elect one of its members to perform the duties devolved upon, and exercise the authority conferred upon the Ceann Comhairle by these Standing Orders; if there be not a quorum present, the Dáil shall stand adjourned until the next sitting day.

15. Continued absence of Ceann Comhairle

If there is a likelihood of the continued absence of the Ceann Comhairle, and if no other nomination shall have been made of a Ceann Comhairle, the Dáil may appoint another member to act as Leas-Cheann Comhairle during such continued absence.

16. Term of office of Ceann Comhairle and Leas-Cheann Comhairle

The term of office of the Ceann Comhairle and of the Leas-Cheann Comhairle shall be the term of the Dáil existing at the time of their appointment, but the Ceann Comhairle shall continue in office until his or her successor has been appointed for the purpose of

² S.O.s 6, 7 and 8

a comharba chun críche na mBuan-Orduithe seo: Ach féadfaidh an Dáil, aon uair, le Rún speisialta, an Ceann Comhairle nó an Leas-Cheann Comhairle a chur as oifig.

17. Comhaltaí nach cead dóibh gníomhú mar Cheann Comhairle ná mar Leas-Cheann Comhairle

Ní cead d'aon chomhalta den Rialtas ná d'aon Aire Stáit gníomhú mar Cheann Comhairle ná mar Leas-Cheann Comhairle.

18. Rolla Cathaoirleach a ainmniú

Ainmneoidh an Ceann Comhairle, chomh luath agus is féidir i ndiaidh ationól na Dála tar éis Olltoghcháin, rolla cúigear comhalta ar a laghad, a bhféadfaidh aon chomhalta acu gníomhú mar Chathaoirleach sealadach sa Dáil nó i gCoiste den Dáil uile, nuair a iarrfaidh an Ceann Comhairle air nó uirthi é sin a dhéanamh.

19. Dualgais agus údarás an Leas-Cheann Comhairle

Le linn don Leas-Cheann Comhairle (nó do Chathaoirleach sealadach) a bheith i gceannas déanfaidh sé nó sí na dualgais a chuirtear, agus an t-údarás a bhronntar, ar an gCeann Comhairle leis na Buan-Orduithe seo, a chomhlíonadh agus a fheidhmiú ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt go sainráite iontu.

Teanga

20. Imeachtaí, Cín Lae Imeachtaí na Dála agus Doiciméid — Teanga

- (1) Déanfar imeachtaí uile na Dála trí Ghaeilge nó trí Bhéarla.
- (2) Déanfar Cín Lae Imeachtaí na Dála agus gach doiciméad iomchuí eile, de réir mar a ordóidh an Ceann Comhairle, a eisiúint i nGaeilge agus i mBéarla.

Córam

21. Córam

- (1) Fiche comhalta an córam is gá chun tionól den Dáil a bheith ann, ach amháin i gcás go dtiocfaidh an Dáil le chéile tráth is luaithe ná 12 meán lae, tráth ar deichniúr comhalta an córam³.
- (2) Is é is córam infheidhme chun críocha Bhuan-Ordú 22:

3 Féach freisin B.O. 94

STANDING ORDERS

these Standing Orders: Provided that the Dáil may, at any time, by special Resolution, remove from office either the Ceann Comhairle or the Leas-Cheann Comhairle.

17. Members who may not act as Ceann Comhairle or Leas-Cheann Comhairle

No member of the Government or Minister of State may act as Ceann Comhairle or Leas-Cheann Comhairle.

18. Nomination of Panel of Cathaoirligh

The Ceann Comhairle shall nominate, as soon as may be following the reassembly of the Dáil subsequent to a General Election, a panel of not less than five members, any one of whom may act as temporary Cathaoirleach in the Dáil or in Committee of the whole Dáil, when requested so to act by the Ceann Comhairle.

19. Duties and authority of Leas-Cheann Comhairle

While the Leas-Cheann Comhairle (or a temporary Cathaoirleach) is in the Chair he or she shall perform the duties devolved upon, and exercise the authority conferred upon the Ceann Comhairle by these Standing Orders save as may be otherwise provided therein.

Language

20. Proceedings, Journal of Proceedings and Documents — Language

- (1) All proceedings of the Dáil shall be conducted through the medium of the Irish or the English language.
- (2) The Journal of Proceedings of the Dáil and all other appropriate documents, as directed by the Ceann Comhairle, shall be issued in the Irish and English languages.

Quorum

21. Quorum

- (1) The quorum necessary to constitute a meeting of the Dáil shall be twenty members, save where the sitting commences earlier than 12 noon, when it shall be ten members³.
- (2) The applicable quorum for the purposes of Standing Order 22 shall be:

³ See also S.O. 94

BUAN-ORDUITHE

- (a) i gcás go dtiocfaidh an Dáil le chéile tráth is luaithe ná 12 meán lae, deichniúr comhalta go dtí 12 meán lae; agus
 - (b) fiche comhalta ar 12 meán lae agus ina dhiaidh sin go dtí go rachaidh an Dáil ar athló.
- (3) De thoradh fhorálacha Bhuan-Ordú 22, i gcás go gcromfar ar shuí tráth is luaithe ná 12 meán lae, mura mbeidh córam i láthair ar 12 meán lae, nó a luaithe is féidir dá éis sin, beidh feidhm ag forálacha Bhuan-Ordú 22 i ndáil leis na cloig vótála a bhualadh agus an suí a chur ar fionraí nó an Dáil a chur ar athló.

22. An Dáil a chur ar athló mura mbíonn córam ann (lena n-áirítear ar thuairisc vótála)

- (1) (a) Más rud é, ceathrú uaire an chloig tar éis an ama a bheidh ceaptha le haghaidh an chruinnithe de Dháil Éireann (nó cibé tréimhse is faide ná sin a chinnfidh an Ceann Comhairle dá rogha féin), nach mbeidh córam i láthair, déanfaidh an Ceann Comhairle, toisc nach féidir dul ar aghaidh leis an gcruinniú den Dáil gan chóram, an cruinniú den Dáil a chur siar go dtí tráth is déanaí an lá céanna.
- (b) Más rud é, i ndiaidh seal ceathrú uaire an chloig tar éis an trátha a bheidh ceaptha faoi mhír (a) le haghaidh an chruinnithe de Dháil Éireann a cuireadh siar, go mbeifear fós gan chóram, cuirfidh an Ceann Comhairle an cruinniú den Dáil siar go dtí an chéad lá eile chun suí.
- (c) I gcás go ndéanfaidh an Ceann Comhairle suí a chur siar faoi mhír (a) nó (b), rachaidh sé nó sí i gceannas agus craolfaidh sé nó sí ón gCathaoir go bhfuil an suí sin curtha siar: Ar choinníoll go ndéanfar an cur siar, mar aon le hainmneacha na gcomhaltaí a bhí i láthair i seomra na Dála an tráth a cuireadh an suí siar, a chur síos ar Chín Lae Imeachtaí na Dála don suí a cuireadh siar.
- (d) D'fhonn amhras a sheachaint, chun críocha mhíreanna (a), (b) agus (c), folaíonn "Ceann Comhairle" an Leas-Cheann Comhairle ach ní fholaíonn sé comhalta den rolla de Chathaoirligh Shealadacha arna ainmniú ag an gCeann Comhairle faoi Bhuan-Ordú 18.
- (2) Más rud é, aon tráth le linn suí den Dáil, ar ócáid seachas le linn Bille nó tairiscint ó chomhalta príobháideach nó tuarascáil ó Choiste faoi Bhuan-Ordú 111 a bheith faoi bhreithniú nó ní a tarraingíodh anuas de réir Bhuan-Ordú 39 a bheith á phlé, go gcuirfidh aon chomhalta in iúl don Chathaoir nach bhfuil córam i láthair, nó más léir sin ó thuairisc vótála, buailfear na cloig vótála agus leanfar dá mbualadh ar feadh seal nach lú ná trí nóiméad, agus más rud é i gceann seal nach lú ná trí nóiméad go mbeifear fós gan chóram, cuirfidh an Ceann Comhairle an suí ar fionraí go dtí uair is déanaí ná sin agus a luafaidh sé nó sí, nó cuirfidh sé nó sí an Dáil ar athló go dtí an chéad lá eile chun suí gan ceist a chur; agus ní mheasfar aon chinneadh a bheith déanta leis an vótáil sin;

STANDING ORDERS

- (a) where the sitting commences earlier than 12 noon, ten members until 12 noon; and
 - (b) twenty members at 12 noon and thereafter until the adjournment of the Dáil.
- (3) Further to the provisions of Standing Order 22, where a sitting commences earlier than 12 noon, if a quorum is not present at 12 noon, or as soon as possible thereafter, the provisions of Standing Order 22 shall apply in relation to the ringing of the division bells and the suspension of the sitting or adjournment of the Dáil.

22. Adjournment if no quorum (including on the report of a division)

- (1) (a) If, a quarter of an hour after the time appointed for the meeting of Dáil Éireann (or such longer time as the Ceann Comhairle may, at his or her discretion, decide) a quorum is not present, the Ceann Comhairle shall, because the meeting of the Dáil cannot proceed in the absence of a quorum, postpone the meeting of the Dáil until a later time on the same day.
- (b) Where, following the lapse of a quarter of an hour after the time appointed under paragraph (a) for the postponed meeting of Dáil Éireann, a quorum is still not present, the Ceann Comhairle shall postpone the meeting of the Dáil to the next sitting day.
- (c) Where the Ceann Comhairle postpones a sitting under paragraph (a) or (b), he or she shall take the Chair and announce such postponement from the Chair: Provided that the fact of the postponement, and the names of the members attending in the Dáil chamber at the time of the postponement, shall be entered in the Journal of the Proceedings of the Dáil for the postponed sitting.
- (d) For the avoidance of doubt, for the purposes of paragraphs (a), (b) and (c) “Ceann Comhairle” includes the Leas-Ceann Comhairle but does not include a member of the panel of Temporary Cathaoirligh nominated by the Ceann Comhairle under Standing Order 18.
- (2) If at any stage in a sitting of the Dáil, other than while a private member’s Bill or motion or a Committee report under Standing Order 111 is under consideration or while a matter brought forward in accordance with Standing Order 39 is being discussed, any member calls the attention of the Cathaoirleach to the fact that a quorum is not present, or if on the report of a division, such fact shall appear, the division bells shall be rung for a period of not less than three minutes, and if after an interval of not less than three minutes, a quorum is still not present, the Ceann Comhairle shall suspend the sitting to a later hour to be named by him or her, or shall adjourn the Dáil without question put until the next sitting day; and no decision

agus déanfar an uair a cuireadh an Dáil ar athló amhlaidh, mar aon le hainmneacha na gcomhaltaí a bhí i láthair, a chur síos ar Chín Lae Imeachtaí na Dála⁴.

Suíonna na Dála

23. An t-am agus na laethanta chun suí: gnó a stopadh, etc.

- (1) (a) Mura mbeartóidh sí a mhalairt le rún, tiocfaidh an Dáil le chéile ag an am a bheidh sonraithe i ngnáthchúrsa laethúil an Ghnó mar a mhínítear le Buan-Ordú 34.

(b) Déanfar na himeachtaí ar aon ghnó a bheidh á bhreithniú a stopadh (nó, más i gCoiste don Dáil, tabharfar tuairisc ar a ndearnadh agus iarrfar cead chun suí arís) agus rachaidh an Dáil ar athló ag an am a bheidh sonraithe i ngnáthchúrsa laethúil an ghnó: Ar choinníoll, más rud é go mbeifear tar éis Ordú a dhéanamh faoi Bhuan-Ordú 24 gur am seachas an t-am a bheidh sonraithe i ngnáthchúrsa laethúil an ghnó an t-am a stopfar an gnó, beidh feidhm ag an athrú sin maidir leis an lá suí sin.
- (2) Má thairgtear an clabhsúr, nó má bhíonn imeachtaí faoin gclabhsúr ar siúl, ag an am a bheidh ceaptha chun gnó a stopadh mar a fhoráiltear i mír (1) den Bhuan-Ordú seo, ní dhéanfaidh an Ceann Comhairle an stopadh sin go dtí go mbeidh deireadh leis na himeachtaí faoin gclabhsúr agus leis na himeachtaí ar aon tairiscint eile den sórt a shonraítear sa Bhuan-Ordú i dtaobh an chlabhsúir⁵.
- (3) Más rud é, ag an am a cheapfar chun an gnó a stopadh mar a dúradh,
 - (a) go mbíonn vótáil ar siúl nó go mbeidh ordú tugtha vótáil a dhéanamh, nó
 - (b) go mbeidh an díospóireacht ar mhír ghnó críochnaithe,ní dhéanfar an stopadh go dtí go mbeidh an cinneadh fógartha ón gCathaoir. Más ar leasú, nó ar leasú ar an leasú, a bheidh an cinneadh, cromfaidh an Ceann Comhairle, tar éis na fógartha sin, ar na Ceisteanna is gá chun imeachtaí a thabhairt chun críche a chur agus sin in ord ceart i ndiaidh a chéile.

24. Suíonna déanacha

Féadfaidh comhalta den Rialtas nó Aire Stáit, gan fógra, tairiscint a dhéanamh tráth nach déanaí ná 6.30 p.m. ar an Máirt nó ar an gCéadaoin nó 3 p.m. ar an Déardaoin gurb uair seachas an uair dá bhforáiltear i mBuan-Ordú 23 an uair a stopfar an gnó ar lá áirithe: Ach féadfaidh comhalta den Rialtas nó Aire Stáit a thairiscint, tar éis fógra a

4 Féach freisin B.O. 95 agus 122 maidir le vótálacha agus córaim

5 B.O. 82

STANDING ORDERS

shall be considered to have been arrived at by such division; and the hour of such adjournment, as also the names of the members present, shall be entered in the Journal of the Proceedings of the Dáil⁴.

Sittings of the Dáil

23. Times and days of sitting: interruption of business, etc.

- (1) (a) Unless it shall otherwise resolve the Dáil shall meet at the times specified in the ordinary routine of Business as defined by Standing Order 34.
- (b) The proceedings on any business under consideration shall be interrupted (or if the Dáil be in Committee, progress shall be reported and leave asked to sit again) and the Dáil shall adjourn at the times specified in the ordinary routine of business: Provided that if an Order shall have been made under Standing Order 24, that the time at which business is to be interrupted be other than that specified in the ordinary routine of business, that substitution shall apply in respect of that sitting day.
- (2) If, at the time appointed for the interruption of business as provided in paragraph (1) of this Standing Order, the closure is moved or proceedings under the closure are in progress, the Ceann Comhairle will not effect such interruption until the proceedings under the closure, and on any such further motion as is specified in the Standing Order as to closure⁵ have been completed.
- (3) If, at the time appointed for the interruption of business as aforesaid,
 - (a) a division is in progress or has been ordered to be taken, or
 - (b) the debate on an item of business has concluded,

the interruption shall not take place until after the decision has been declared from the Chair. If the decision is on an amendment, or on an amendment to the amendment, after such declaration the Ceann Comhairle shall proceed to put in proper sequence the questions necessary to bring proceedings to a conclusion.

24. Late sittings

A motion that the hour at which business is to be interrupted on a particular day be other than that provided for in Standing Order 23 may be made by a member of the Government or Minister of State without notice not later than 6.30 p.m. on a Tuesday or Wednesday, or 3 p.m. on a Thursday: Provided that a member of the Government or

⁴ See also S.O.s 95 and 122 re divisions and quorums

⁵ S.O. 82

thabhairt, gurb uair seachas an uair dá bhforáiltear i mBuan-Ordú 23 an uair a stopfar an gnó ar feadh tréimhse sonraithe. Má aontaítear leis an tairiscint sin, beidh feidhm ag forálacha Bhuan-Ordú 23, faoi réir an athraithe sin, ar gach slí eile.

25. Suí a chur ar fionraí

- (1) Cuirfear an suí ar fionraí go ceann tréimhse ar an gCéadaoin agus ar an Déardaoin de réir ghnáthchúrsa laethúil an Ghnó mar a mhínítear i mBuan-Ordú 34, seachas ar an gCéadaoin i gcás go dtiocfaidh an Dáil le chéile ar 2 p.m. nuair nach ndéanfar an suí a chur ar fionraí amhlaidh.
- (2) Féadfar a thairiscint aon uair, le cead an Cheann Comhairle, agus gan fógra, go gcuirfear suí ar fionraí ar feadh tréimhse. Ceapfar tréimhse na fionraíochta leis an tairiscint sin: Ach más rud é go mbeifear tar éis Ordú a dhéanamh faoi Bhuan-Ordú 24, féadfaidh an Ceann Comhairle, má iarrtar air nó uirthi é, an gnó a chur ar fionraí ar feadh tréimhse nach sia ná dhá uair an chloig.

Comóradh Speisialta ar an Dáil agus an Dáil a chur ar Athló

26. Comóradh Speisialta do dháta is luaithe; suí a chur siar

- (1) Arna iarraidh sin don Taoiseach, féadfaidh an Ceann Comhairle an Dáil a chomóradh do dháta is luaithe ná mar a socraíodh nuair a cuireadh ar athló í. Luafar san fhógra á comóradh amhlaidh an chúis atá lena hationól níos luaithe agus sa ghnó a bheidh le glacadh cloífeáir leis an gcúis a bheidh luaite san fhógra mura n-ordóidh an Dáil a mhalairt ar thairiscint a dhéanamh faoi Bhuan-Ordú 35.
- (2) I gcás go mbeidh an Dáil ar athló go dtí lá a bheidh luaite agus go n-iarrfaidh Ceannairí na ngrúpaí⁶, nó comhalta eile thar a gceann, faoi seach, go ndéanfar cruinniú an lae luaite sin a chur siar go dtí lá agus am is déanaí ná sin a bheidh sonraithe san iarraidh, déanfaidh an Ceann Comhairle—
 - (a) fógra a thabhairt do gach comhalta den Dáil go bhfuil an cruinniú sin curtha siar; agus
 - (b) cruinniú den Dáil a chomóradh don lá is déanaí sin a bheidh sonraithe san iarraidh.

6 B.O. 170

STANDING ORDERS

Minister of State may move after notice that, for a specified period, the hour at which business shall be interrupted be other than that provided for in Standing Order 23. If such motion be agreed to, the provisions of Standing Order 23 with such substitution shall otherwise apply.

25. Suspension of sitting

- (1) The sitting shall be suspended for a time on Wednesdays and Thursdays in accordance with the ordinary routine of Business as defined by Standing Order 34, save on Wednesdays where the Dáil meets at 2 p.m. when the sitting shall not be so suspended.
- (2) A motion that a sitting be suspended for a period may at any time be made, by permission of the Ceann Comhairle, and without notice. Such motion shall fix the period of suspension: Provided that if an Order shall have been made under Standing Order 24, the Ceann Comhairle may, if so requested, suspend business for a period not exceeding two hours.

Special Summons to and Postponement of the Dáil

26. Special Summons for earlier date; postponement of sitting

- (1) On the request of the Taoiseach, the Ceann Comhairle may summon the Dáil for an earlier date than that fixed on an adjournment. Such summons shall state the reason for the earlier reassembly and the business to be taken shall be confined to the reason stated in the summons unless the Dáil shall otherwise order on motion made under Standing Order 35.
- (2) Where the Dáil stands adjourned to a stated day and the Leaders of the groups⁶, or another member on their behalf, respectively, request that the meeting on such stated day be postponed to a later day and a time specified in the request, the Ceann Comhairle shall—
 - (a) notify all members of the Dáil that such meeting has been so postponed; and
 - (b) summon a meeting of the Dáil for the later day specified in the request.

6 S.O. 170

Paidir agus Machnamh Ciúin

27. Paidir agus Machnamh Ciúin

- (1) Ar dhul i gceannas dó nó di gach lá, agus sula dtosófar ar aon ghnó, léifidh an Ceann Comhairle an phaidir seo a leanas i nGaeilge agus i mBéarla:—

Iarraimid ort, a Thiarna, d'anáil naofa a chur fúinn chun sinn a stiúradh inár ngníomhartha agus neart do ghrásta a bhronnadh orainn chun iad a thabhairt chun críche, ionas gur uaitse a thosófar ár n-uile bhriathar agus ár n-uile ghníomh feasta, agus gur tríot a chríochnófar iad; trí Chríost ár dTiarna. Amen.

- (2) Éireoidh na comhaltaí uile a bheidh i láthair ina seasamh le linn don Cheann Comhairle an phaidir a léamh, agus nuair a chríochnófar é, fanfaidh na comhaltaí ina seasamh ar feadh 30 soicind chun machnamh ciúin a dhéanamh.

An Coiste Gnó

28. Comhdhéanamh an Choiste Gnó

- (1) I ndiaidh ationól na Dála tar éis Olltoghcháin, beidh Buan-Choiste arna bhunú dá ngairfear an Coiste Gnó
- (2) Is iad a bheidh ar an gCoiste Gnó:
- (a) an Ceann Comhairle, arb é nó í an Cathaoirleach é nó í, *ex officio*;
 - (b) cibé líon comhaltaí arna n-ainmniú ag an Rialtas a fhreagraíonn do líon na bpáirtithe sa Rialtas;
 - (c) cibé líon comhaltaí eile a fhreagraíonn do líon na ngrúpaí sa Dáil, agus é de cheart ag gach grúpa aon chomhalta amháin a ainmniú chun an Choiste; agus
 - (d) Cathaoirleach an Ghasra Oibre de Chathaoirligh Coistí.

Ar choinníoll gur cúigear is córam don Choiste, féadfaidh ionadaithe fónamh in ionad comhaltaí de réir mar a fhoráiltear faoi Bhuan-Ordú 115(2), agus féadfaidh an Ceann Comhairle comhalta eile den Choiste Gnó a cheapadh chun gníomhú mar Chathaoirleach i gcás an Ceann Comhairle a bheith as láthair.

- (3) Gníomhóidh an Coiste Gnó mar an Coiste Roghnóireachta freisin.

Prayer and Silent Reflection

27. Prayer and silent reflection

- (1) Upon taking the Chair each day, and before any business is entered upon, the Ceann Comhairle shall read the following prayer in the Irish and English languages:—

Direct, we beseech Thee, O Lord, our actions by Thy holy inspirations and carry them on by Thy gracious assistance; that every word and work of ours may always begin from Thee, and by Thee be happily ended; through Christ Our Lord. Amen.

- (2) All members present shall stand while the prayer is being read, and when it is concluded, members shall remain standing for 30 seconds of silent reflection.

Business Committee

28. Constitution of the Business Committee

- (1) There shall stand established, following the reassembly of the Dáil subsequent to a General Election, a Standing Committee, to be known as the Business Committee.
- (2) The Business Committee shall consist of:
 - (a) the Ceann Comhairle who *ex officio* shall be Cathaoirleach;
 - (b) as many members nominated by Government as corresponds to the number of parties in Government;
 - (c) as many other members as corresponds to the number of groups in the Dáil, with each group having the right to nominate a single member to the Committee; and
 - (d) the Cathaoirleach of the Working Group of Committee Cathaoirligh.

Provided that the quorum of the Committee shall be five, members may be substituted as provided for under Standing Order 115(2), and the Ceann Comhairle may, in his or her absence, appoint another member of the Business Committee to act as Cathaoirleach.

- (3) The Business Committee shall also act as the Committee of Selection.

29. Cruinnithe an Choiste Gnó agus gnó a chinneadh

- (1) Mura gcinntídh sé a mhalairt, tiocfaidh an Coiste Gnó le chéile ar bhonn seachtainiúil chun breithniú a dhéanamh ar na socruithe i gcomhair an Tí agus i gcomhair gnó an Tí a thógáil an tseachtain dá éis sin.
- (2) Beidh an sainchumas ag an Rialtas an gnó a bheidh le tógáil in am Rialtais, agus an t-ord ina dtógfar é, a chinneadh. Beidh an sainchumas ag an bhFreasúra an gnó a bheidh le tógáil in am comhaltaí príobháideacha a chinneadh, de réir an róta dá bhforáiltear i mBuan-Ordú 176(3), ach sin faoi réir fhorálacha Bhuan-Ordú 111. Déanfaidh an Rialtas agus an Freasúra araon mionsonraí an ghnó a bheidh le tógáil an tseachtain dá éis sin a chur ar fáil i dtráth cuí le haghaidh chruinniú an Choiste Gnó.
- (3) Féadfaidh an Leas-Cheann Comhairle socruithe a mholadh don Choiste Gnó i ndáil le Gnó Príobháideach a thógáil, agus féadfar an gnó sin agus na socruithe sin a áireamh sa tuarascáil ón gCoiste Gnó arna dhéanamh de bhun Bhuan-Ordú 31(3).

30. Iarraidh ar tharscaoileadh ceanglas de chuid Buan-Orduithe a bhaineann le grinnscrúdú ar an reachtaíocht

- (1) Féadfaidh an Coiste Gnó, ag aon cheann dá chruinnithe, breithniú a dhéanamh ar iarrataí ar tharscaoileadh—
 - (a) faoi Bhuan-Ordú 181 [“Breithniú réamhrechtach ar Bhillí Rialtais agus iad a fhoilsiú”], nó
 - (b) faoi Bhuan-Ordú 185 [“Coistí do dhéanamh grinnscrúdú ar Bhillí comhaltaí príobháideacha a mbeidh an dara léamh díobh rite”],de réir aon treoirlinnte arna gcomhaontú i ndáil leis an gcéanna ag an gCoiste um Buan-Orduithe agus Athleasú na Dála.
- (2) Tar éis breithniú a dhéanamh ar iarraidh ar tharscaoileadh, tabharfaidh an Coiste Gnó fógra i scríbhinn faoina chinneadh—
 - (a) don chomhalta iomchuí den Rialtas nó don Aire Stáit,
 - (b) don Roghchoiste iomchuí, agus
 - (c) i gcás Bille comhalta phríobháidigh, don chomhalta a bheidh i mbun an Bhille.
- (3) Má chinneann an Coiste Gnó an tarscaoileadh a dheonú, cuirfidh sé Teachtaireacht á rá sin chun na Dála. Is i scríbhinn agus arna síniú ag Cléireach an Choiste a bheidh

STANDING ORDERS

29. Meetings of the Business Committee and determination of business

- (1) Unless it decides otherwise, the Business Committee shall meet on a weekly basis to consider the arrangements for the House and for the taking of its business in the following week.
- (2) The Government shall have the prerogative to determine the business to be taken in Government time and the order thereof. The Opposition shall have the prerogative to determine the business to be taken in private members' time, in accordance with the rota provided for in Standing Order 176(3), but subject to the provisions of Standing Order 111. Both the Government and the Opposition shall provide, in good time for the meeting of the Business Committee, details of the business to be taken in the following week.
- (3) The Leas-Cheann Comhairle may propose arrangements to the Business Committee in relation to the taking of Private Business, and such business and arrangements may be included in the report of the Business Committee made pursuant to Standing Order 31(3).

30. Request for waiver of requirements of Standing Orders relating to scrutiny of legislation

- (1) At any of its meetings, the Business Committee may consider requests for waivers under—
 - (a) Standing Order 181 ["Pre-legislative consideration and publication of Government Bills"], or
 - (b) Standing Order 185 ["Scrutiny by Committees of private members' Bills which have passed their second reading"],in accordance with any guidelines agreed thereon by the Committee on Standing Orders and Dáil Reform.
- (2) Having considered a request for a waiver, the Business Committee shall notify its decision in writing to—
 - (a) the relevant member of Government or Minister of State,
 - (b) the relevant Select Committee, and
 - (c) in the case of a private member's Bill, the member in charge of the Bill.
- (3) If the Business Committee decides to grant the waiver, it shall send a Message to this effect to the Dáil. Such a Message shall be in writing, signed by the Clerk to the

Teachtaireacht den sórt sin, agus díreofar chuig Cléireach na Dála í. Cuirfidh an Ceann Comhairle aon Teachtaireacht den sórt sin in iúl don Dáil a luaithe is caoithiúil.

31. An Coiste Gnó do dhéanamh breithniú agus do thabhairt tuarascála

- (1) Déanfaidh an Coiste Gnó, ag a chruinniú seachtainiúil, breithniú ar na socruithe i gcomhair an Tí agus i gcomhair gnó an Tí a thógáil an tseachtain dá éis sin.
- (2) Féadfaidh an Coiste Gnó, mar chuid dá phléití, breithniú a dhéanamh ar thograí i ndáil leis na nithe seo a leanas—
 - (a) socruithe i gcomhair gnó a thógáil, lena n-áirítear amanna labhartha;
 - (b) reachtaíocht a thógáil sa Teach agus i Roghchoistí araon;
 - (c) uaireanta suí an Tí a fhadú;
 - (d) míreanna gnó a thógáil ar feadh tréimhsí ama atá éagsúil leis na tréimhsí ama dá bhforáiltear sna Buan-Orduithe;
 - (e) míreanna gnó áirithe a chur siar nó a fhágáil ar lár;
 - (f) roghnú na nithe seo a leanas—
 - (i) tairiscint maidir le tuarascáil ó Choiste de bhun Bhuan-Ordú 111,
 - (ii) Bille comhalta phríobháidigh ag an Dara Céim de bhun Bhuan-Ordú 169, nó
 - (iii) tairiscint a bhaineann leis an Ordú do Chéim an Choiste de Bhille comhalta phríobháidigh de bhun Bhuan-Ordú 187,lena mbreithniú ar an Déardaoin de bhun Bhuan-Ordú 168(2);
 - (g) an Teach a chur ar athló;
 - (h) aon ní eile a mheasfaidh sé is gá nó is fóirsteanach chun gnó a sheoladh sa Teach.
- (3) An lá tar éis a chruinnithe, tabharfaidh an Coiste Gnó tuarascáil don Teach ina mbeidh—
 - (a) an gnó Rialtais a bheidh le tógáil agus an t-ord ina dtógfar é, agus an gnó a bheidh le tógáil in am comhaltaí príobháideacha, de réir shainchumais an Rialtais agus na bpáirtithe agus na ngrúpaí sa fhreasúra de bhun Bhuan-Ordú 29(2),

STANDING ORDERS

Committee, and shall be addressed to the Clerk of the Dáil. The Ceann Comhairle shall, at the first convenient opportunity, communicate any such Message to the Dáil.

31. Business Committee consideration and reporting

- (1) At its weekly meeting, the Business Committee shall consider the arrangements for the House and for the taking of its business in the following week.
- (2) As part of its deliberations, the Business Committee may consider proposals in relation to—
 - (a) arrangements for the taking of business, including speaking times;
 - (b) the taking of legislation both in the House and in Select Committees;
 - (c) the extension of the House's sitting hours;
 - (d) the taking of items of business for different time periods to those provided for in Standing Orders;
 - (e) the deferral or omission of certain items of business;
 - (f) the selection of—
 - (i) a motion for a Committee report pursuant to Standing Order 111,
 - (ii) a private member's Bill at Second Stage pursuant to Standing Order 169, or
 - (iii) a motion relating to the Order for Committee Stage of a private member's Bill pursuant to Standing Order 187,for consideration on Thursdays pursuant to Standing Order 168(2);
 - (g) the adjournment of the House;
 - (h) any other matter that it considers necessary or expedient for the conduct of business in the House.
- (3) The day following its meeting, the Business Committee shall make a report to the House which shall contain—
 - (a) the Government business to be taken and the order thereof, and the business to be taken in private members' time, in accordance with the prerogatives of the Government and parties and groups in Opposition pursuant to Standing Order 29(2),

BUAN-ORDUITHE

(b) a mholtaí maidir leis na socruithe beartaithe don tseachtain dá éis sin, agus uimhir le gach ceann acu, lena n-áirítear aon mholtaí faoi shocruithe beartaithe don Ghnó Príobháideach, de bhun aon mholtaí a dhéanfaidh an Leas-Cheann Comhairle don Choiste Gnó de bhun Bhuan-Ordú 29(3); agus

(c) léiriú ar an ngnó a thógfar an dara seachtain dá éis sin.

(4) Déanfar an tuarascáil arna dhéanamh de bhun mhír (3) a fhoilsiú agus a scaipeadh ar na comhaltaí.

32. Féachfaidh an Coiste Gnó le comhthoil a bhaint amach

(1) Féachfaidh an Coiste Gnó le comhthoil a bhaint amach le linn dó a mholtaí a dhéanamh maidir le socruithe beartaithe.

(2) Féadfaidh an Rialtas socruithe a mholadh don Choiste i ndáil le gnó Rialtais a thógáil agus féadfaidh an Coiste iad a leasú, le comhthoil.

(3) Is é nó is í an Ceann Comhairle a bheidh ina bhreitheamh nó ina breitheamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil comhthoil ann i ndáil le haon togra a bheidh faoi bhráid an Choiste (cibé acu a bheidh sé leasaithe nó nach mbeidh).

(4) I gcás gurb é tuairim an Cheann Comhairle nach mbainfear comhthoil amach i ndáil le togra, iarrfaidh sé nó sí ar na comhaltaí den Choiste atá i gcoinne an togra a chlárú go bhfuil siad ag easaontú leis.

(5) Déanfar ainmneacha na gcomhaltaí easaontacha a thaifeadadh i gcoinne an togra sa tuarascáil ón gCoiste.

33. An Coiste Gnó do ghníomhú mar an Coiste Roghnóireachta

Agus é ag gníomhú mar an Coiste Roghnóireachta, déanfaidh an Coiste Gnó comhaltaí a ainmniú chun fónamh ar Roghchoistí, ar Choistí Speisialta nó ar Bhuan-Choistí, nach comhalta den Rialtas ná Aire Stáit aon duine acu, agus beidh sé de chumhacht aige comhaltaí de na Coistí sin a urscaoileadh ó am go ham agus daoine eile a cheapadh chun fónamh in ionad na gcomhaltaí sin arna n-urscaoileadh: Ar choinníoll, d'ainneoin aon Ordú ón Dáil, go mbeidh comhalta a cheapfar mar chomhalta den Rialtas nó mar Aire Stáit arna dhíscaoileadh nó arna díscáoileadh go huathoibríoch ó aon Choiste chun ar ceapadh é nó í. Agus é ag gníomhú mar an Coiste Roghnóireachta, déanfaidh an Coiste Gnó leithroinnt na bpost mar Chathaoirligh Coistí a riaradh freisin de réir chóras d'Hondt faoi Bhuan-Ordú 113(2).

STANDING ORDERS

- (b) its recommendations on proposed arrangements for the following week, each of which shall be numbered, including any recommendations on proposed arrangements for Private Business, pursuant to any proposals made by the Leas-Cheann Comhairle to the Business Committee pursuant to Standing Order 29(3); and
- (c) an indication of the business for the second following week.
- (4) The report made pursuant to paragraph (3) shall be published and circulated to members.

32. Business Committee shall aim for consensus

- (1) The Business Committee shall aim for consensus in reaching its recommendations on proposed arrangements.
- (2) The Government may propose arrangements to the Committee in relation to the taking of Government business, which the Committee may, by consensus, amend.
- (3) The Ceann Comhairle shall be the judge of whether or not there is consensus in relation to any proposal before the Committee (whether it be amended or not).
- (4) Where the Ceann Comhairle is of the opinion that consensus will not be reached in relation to a proposal, he or she shall request the members of the Committee opposing the proposal to register their dissent.
- (5) The names of the members dissenting shall be recorded against the proposal in the Committee's report.

33. Business Committee acting as Committee of Selection

When acting as the Committee of Selection, the Business Committee shall nominate members to serve on Select, Special or Standing Committees, none of whom shall be a member of the Government or a Minister of State, and shall have the power to discharge members of such Committees from time to time and to appoint others to serve in substitution for those discharged: Provided that, notwithstanding any Order of the Dáil, a member who is appointed as a member of the Government or a Minister of State automatically stands discharged from any Committee to which they were nominated. The Business Committee, when acting as the Committee of Selection, shall also administer the allocation of Committee Cathaoirleach posts according to the d'Hondt system under Standing Order 113(2).

Gnó na Dála

34. Gnáthchúrsa laethúil an Ghnó

- (1) Mura mbeartóidh sí a mhalairt le hordú nó le rún, agus faoi réir mhír (2), is de réir mar atá leagtha amach i Sceideal 3 a ghabhann leis na Buan-Orduithe seo a bheidh na laethanta agus an t-am a thiocfaidh an Dáil le chéile de ghnáth agus gnáthchúrsa laethúil an ghnó na laethanta sin: Ar choinníoll, i gcás gurb í an Chéadaoin an chéad lá suí den tseachtain, go mbeidh feidhm ag cúrsa an ghnó a bhaineann leis an Mháirt de ghnáth maidir leis an lá sin; Ar choinníoll fairis sin go bhféadfaidh an Coiste Gnó moltaí maidir le socruithe beartaithe i gcomhair Gnó Príobháideach a thógáil a áireamh ina thuarascáil arna dhéanamh de bhun Bhuan-Ordú 31(3).
- (2) Maidir le tairiscintí—
 - (a) chun Ceann Comhairle a thoghadh de bhun Bhuan-Ordú 6,
 - (b) maidir le Dáil Éireann d'ainmniú Taoiseach chun a cheapadh nó chun a ceapadh ag an Uachtarán, agus
 - (c) maidir le Dáil Éireann do cheadú ainmniú comhaltaí eile den Rialtas ag an Taoiseach chun a gceapadh ag an Uachtarán,

tabharfar tosaíocht dóibh ar ghnáthchúrsa an ghnó de bhun mhír (1) san ord atá leagtha amach thuas.
- (3) I gcás go mbeidh ordú tugtha céim ar bith de Bhille a thógáil ar lá áirithe, ní chromfar ar an gcéim sin tráth is luaithe ná an lá sin mura mbeartóidh an Dáil a mhalairt le hordú nó le rún.

35. An tOrd Gnó

- (1) Ní gá gnó na seachtaine, mar atá leagtha amach sa tuarascáil is déanaí ón gCoiste Gnó arna dhéanamh de bhun Bhuan-Ordú 31(3), a chraoladh sa Teach, ach tabharfar é i dTuirisc Oifigiúil na nDíospóireachtaí. Déanfaidh an Cléireach na socruithe beartaithe i gcomhair gnó na seachtaine a fhoilsiú agus a scaipeadh ar na comhaltaí, agus uimhir le gach socrú. I dtosach an Oird Gnó arna thógáil de réir ghnáthchúrsa laethúil an ghnó mar a mhínítear le Buan-Ordú 34, iarrfaidh an Ceann Comhairle ar chomhalta ainmnithe den Choiste Gnó tairiscint a dhéanamh chun na socruithe a ghlacadh, a chinnfear ansin, faoi réir mhír (3), le ceist amháin a chuirfear ón gCathaoir.
- (2) Má chuirtear i gcoinne na tairisceana chun na socruithe i gcomhair gnó na seachtaine a ghlacadh, féadfaidh an Ceann Comhairle, dá rogha féin, ráiteas, nach faide ná aon nóiméad amháin, a cheadú ó ionadaí do gach páirtí nó grúpa sa Fhreasúra, agus ina

Business of the Dáil

34. Ordinary routine of Business

- (1) Unless the Dáil shall otherwise order or resolve, and subject to paragraph (2), the days and times on which the Dáil shall ordinarily sit and the ordinary routine of business on those days shall be as set out in Schedule 3 to these Standing Orders: Provided that where the first sitting day of the week is a Wednesday, the routine of business which ordinarily applies on a Tuesday shall apply for that day; Provided further that the Business Committee may include recommendations for proposed arrangements for the taking of Private Business in its report made pursuant to Standing Order 31(3).
- (2) Motions for—
 - (a) the election of a Ceann Comhairle pursuant to Standing Order 6,
 - (b) the nomination by Dáil Éireann of a Taoiseach for appointment by the President, and
 - (c) the approval by Dáil Éireann of the nomination by the Taoiseach of other members of the Government for appointment by the President,shall take precedence over the ordinary routine of business pursuant to paragraph (1) in the sequence set out above.
- (3) Where any stage of a Bill is ordered to be taken on a particular day, that stage shall not be commenced earlier than that day unless the Dáil shall otherwise order or resolve.

35. Order of Business

- (1) The week's business, as set out in the most recent report of the Business Committee made pursuant to Standing Order 31(3), shall not be required to be announced in the House, but shall be furnished in the Official Report of the Debates. The Clerk shall publish and circulate to members the proposed arrangements for the week's business, with each arrangement numbered. At the commencement of the Order of Business taken in accordance with the ordinary routine of Business as defined by Standing Order 34, the Ceann Comhairle shall call on a nominated member of the Business Committee to move a motion for the adoption of the arrangements, which shall, subject to paragraph (3), then be decided by one question which shall be put from the Chair.
- (2) Where there is opposition to the motion for the adoption of the arrangements for the week's business, the Ceann Comhairle may permit, at his or her discretion, a statement not exceeding one minute from a representative of each party or group in

BUAN-ORDUITHE

dhiaidh sin féadfaidh comhalta den Rialtas ráiteas mar fhreagra, nach faide ná trí nóiméad, a thabhairt: Ar choinníoll nach gceadófar ach ráiteas amháin ó pháirtí nó grúpa sa Fhreasúra, agus ráiteas amháin ó chomhalta den Rialtas.

- (3) Féadfaidh aon chomhalta leasú a thairiscint ar an tairiscint chun na socruithe i gcomhair gnó na seachtaine a ghlacadh: Ar choinníoll, go ndéanfaidh an comhalta, le linn dó nó di an leasú beartaithe a thairiscint, an togra ar mian leis nó léi é a leasú a shainaithint lena uimhir, agus go dtabharfaidh sé nó sí gearrthuairisc ar an togra; Ar choinníoll fairis sin, i gcás go ndéanfar leasú nó leasuithe a thairiscint ar shocrú nó ar shocruithe, nach gcinnfear aon leasú den sórt sin a chur de láimh ar leithligh, ach go gcinnfear é le ceist amháin a chuirfear ón gCathaoir de bhun mhír (1) maidir leis na socruithe don tseachtain.
- (4) Más rud é, ar chúis ar bith, nach ndéanfaidh an Coiste Gnó tuarascáil i gcomhair aon lá suí nó laethanta suí a thabhairt don Teach, déanfaidh an Taoiseach nó comhalta eile den Rialtas an gnó Rialtais a bheidh le tógáil an lá sin nó na laethanta sin a chraoladh agus féadfaidh sé nó sí freisin socruithe a mholadh, lena n-áirítear i ndáil leis an ngnó a bheidh le tógáil, i gcomhair an lae sin nó na laethanta sin.
- (5) Féadfaidh Príomh-Aoire an Rialtais, tar éis dó nó di dul i gcomhairle leis an gCoiste Gnó, socruithe athbhreithnithe a mholadh don Teach, i ndáil le mír nó míreanna gnó a thógáil am ar bith tar éis an Oird Gnó agus aon lá suí ar leith; Ar choinníoll, i gcás gur mian leis an Rialtas mír nó míreanna gnó a chur ar sceideal nach gá aon socruithe a bheidh comhaontaithe ar an Ord Gnó a athrú ina leith, gur leordhóthanach, chun mír nó míreanna gnó den sórt sin a chur ar sceideal, fógra a thabhairt don Dáil trína gcur i dtuarascáil athbhreithnithe ón gCoiste Gnó, de réir shainchumais an Rialtais de bhun Bhuan-Ordú 29(2).

36. Ceisteanna maidir le beartas nó reachtaíocht

- (1) De réir ghnáthchúrsa laethúil an Ghnó mar a mhínítear le Buan-Ordú 34, féadfaidh an Ceann Comhairle, dá rogha féin, ceisteanna chun an Taoisigh, nó chun ainmní an Taoisigh, a cheadú, a ngairfear Ceisteanna maidir le beartas agus reachtaíocht díobh, i dtaobh na nithe seo a leanas:
 - (a) gnó atá geallta a thógáil, lena n-áirítear reachtaíocht a gealladh laistigh den Dáil nó lasmuigh di;
 - (b) reachtaíocht thánaisteach a dhéanamh;
 - (c) ní a bhaineann le beartas nó riarachán poiblí; agus
 - (d) cathain a scaipfear Billí nó doiciméid a bhfuil gá leo sa Teach:

STANDING ORDERS

Opposition, following which a member of the Government may make a statement in response which shall not exceed three minutes: Provided that only a single statement from a party or group in Opposition, and only a single response from a member of the Government, shall be permitted.

- (3) Any member may propose an amendment to the motion for the adoption of the arrangements for the week's business: Provided that when moving the proposed amendment, the member shall identify the proposal he or she wishes to amend by its number, and give a short description of the proposal; Provided further that where an amendment or amendments have been proposed to an arrangement or arrangements, any such amendment shall not be disposed of separately, but shall be disposed of by means of the single question to be put from the Chair pursuant to paragraph (1) on the arrangements for the week.
- (4) Where, for whatever reason, the Business Committee has not made a report to the House for any sitting day or days, the Taoiseach or another member of the Government shall announce the Government business to be taken on that day or those days and may also propose arrangements, including in relation to the business to be taken, for that day or those days.
- (5) The Government Chief Whip, having consulted with the Business Committee, may propose to the House revised arrangements relating to the taking of an item or items of business, at any time after the Order of Business and on any given sitting day: Provided that where the Government wishes to schedule an item or items of business in respect of which there is no requirement for the alteration of any arrangements agreed on the Order of Business, it shall be sufficient for the scheduling of such item or items of business to be notified to the Dáil by way of inclusion in a revised report of the Business Committee, in accordance with the Government's prerogatives pursuant to Standing Order 29(2).

36. Questions on policy or legislation

- (1) In accordance with the ordinary routine of Business as defined by Standing Order 34, the Ceann Comhairle may permit, at his or her discretion questions to the Taoiseach, or to the Taoiseach's nominee, which shall be known as Questions on policy or legislation, on the following matters:
 - (a) the taking of business which has been promised, including legislation promised either within or outside the Dáil;
 - (b) the making of secondary legislation;
 - (c) a matter of public policy or administration; and
 - (d) when Bills or other documents needed in the House will be circulated:

BUAN-ORDUITHE

Ar choinníoll go bhféadfaidh an Taoiseach a iarraidh ar Aire nó ar Aire Stáit freagra a thabhairt ar aon saincheist a ardófar.

- (2) Ní faide ná aon nóiméad amháin an ceann an t-am a cheadófar do cheisteanna a chuirfear de bhun mhír (1), agus ní bheidh cead ag comhaltaí ach ceist amháin a chur, is ceist a bhainfidh le haon ábhar amháin, agus tabharfaidh an Taoiseach freagra ar an gceist sin, nach faide ná aon nóiméad amháin.
- (3) Ar an gcéad lá suí den tseachtain, ní cheadófar tréimhse níos faide ná 30 nóiméad ar fad, don Ord Gnó de bhun Bhuan-Ordú 35 agus do cheisteanna maidir le beartas nó reachtaíocht de bhun an Bhuan-Ordaithe seo, ach amháin nach ndéanfar aon am arna thógáil ar vótáil ar an Ord Gnó a áireamh i ríomh an 30 nóiméad sin. Aon lá eile a mbeidh ceisteanna maidir le beartas nó reachtaíocht le tógáil de bhun an Bhuan-Ordaithe seo, ní faide ná 30 nóiméad an t-am a cheadófar.

37. Gnó na Dála a fhoilsiú agus fógra ina leith a thabhairt do chomhaltaí

- (1) Déanfaidh an Cléireach gach gnó a bheidh faoi bhráid Dháil Éireann a fhoilsiú agus fógra ina leith a thabhairt do chomhaltaí ar cibé slí a ordóidh an Ceann Comhairle. Féadfar an gnó a fhoilsiú, agus an fógra a thabhairt, trí mheán leictreonach, agus féadfar leagan leasaithe d'aon ghnó den sórt sin a fhoilsiú agus fógra ina leith a thabhairt.
- (2) Déanfar na hearnálacha gnó a bheidh le foilsiú ag an gCléireach agus a mbeidh fógra ina leith le tabhairt do chomhaltaí, agus nithe parlaiminteacha eile a bhféadfar fógra ina leith a thabhairt do chomhaltaí, a fhoilsiú mar Fhoscríbhinn a ghabhann leis na Buan-Orduithe seo ó am go ham.

38. Ceisteanna ó Cheannairí

- (a) Mura n-ordóidh an Dáil a mhalairt, féadfaidh an Ceann Comhairle, dá rogha féin, an méid seo a leanas a cheadú: ceist ghearr ó Cheannairí sa Fhreasúra chun an Taoisigh faoi ní a bhfuil tábhacht phoiblí thráthúil leis, agus tógfar an cheist sin de réir ghnáthchúrsa laethúil an Ghnó mar a mhínítear le Buan-Ordú 34.
- (b) Ní faide ná 32 nóiméad an t-am iomlán a cheadófar do Cheisteanna ó Cheannairí aon lá ar leith faoin mBuan-Ordú seo agus ní mó ná ceithre cinn líon na gCeisteanna ó Cheannairí a cheadófar aon lá.
- (c) Ní faide ná trí nóiméad gach Ceist agus beidh feidhm ag na socruithe seo a leanas:
 - (i) glaofar ar an Taoiseach chun freagra a thabhairt ar feadh tréimhse nach faide ná trí nóiméad,

STANDING ORDERS

Provided that the Taoiseach may request a Minister or Minister of State to respond to any issue raised.

- (2) The time allowed for any question put pursuant to paragraph (1) shall not exceed one minute, and members shall be allowed to put only one question, addressing a single topic, whereupon the Taoiseach shall make a reply which shall not exceed one minute.
- (3) On the first sitting day of the week, the time allowed for the Order of Business pursuant to Standing Order 35 and for questions on policy or legislation pursuant to this Standing Order, shall not exceed 30 minutes in the aggregate, save that any time taken on a division on the Order of Business shall not be reckoned in the calculation of that 30 minutes. On any other day when questions on policy or legislation pursuant to this Standing Order are to be taken, the time allowed shall not exceed 30 minutes.

37. Publication and notification to members of Dáil Business

- (1) All business before Dáil Éireann shall be published by the Clerk and notified to members in such manner as may be directed by the Ceann Comhairle. This may include publication and notification by electronic means, and the publication and notification of an amended version of any such business.
- (2) The categories of business to be published by the Clerk and notified to members, and other parliamentary matters which may be notified to members, shall be published as an Appendix to these Standing Orders from time to time.

38. Leaders' Questions

- (a) Unless the Dáil shall otherwise order, the Ceann Comhairle may permit, at his or her discretion, a brief question, about a matter of topical public importance, to the Taoiseach from Leaders in Opposition, which shall be taken in accordance with the ordinary routine of Business as defined by Standing Order 34.
- (b) The total time allowed for Leaders' Questions on any given day under this Standing Order shall not exceed 32 minutes and the number of Leaders' Questions on any day shall not exceed four.
- (c) Each Question shall not exceed three minutes, and the following arrangements shall apply:
 - (i) the Taoiseach shall be called upon to reply for a period not exceeding three minutes,

BUAN-ORDUITHE

- (ii) féadfaidh an Ceannaire sa Fhreasúra a chuir an cheist bhunaidh ceist ghearr fhorlíontach nach faide ná aon nóiméad amháin a chur ansin,
- (iii) glaofar ar an Taoiseach ansin chun freagra deiridh a thabhairt ar feadh tréimhse nach faide ná aon nóiméad amháin.
- (d) Maidir leis an ord ina nglaofar ar Cheannairí chun ceisteanna a chur, is de réir róta arna cheadú ag an gCoiste um Buan-Ordaithe agus Athleasú na Dála agus arna chinneadh ar bhonn líon na gcomhaltaí i ngach grúpa, a bheidh sé agus beidh na ceisteanna le haghaidh gach grúpa arna ndáileadh thar gach Máirt, Céadaoin agus Déardaoin a shuífidh an Dáil: Ar choinníoll, nach mbeidh níos mó ná ceist amháin ag aon ghrúpa gach lá. Déanfaidh Oifig na nImeachtaí an róta arna chur chun feidhme maidir le dátaí áirithe a scaipeadh go tréimhsiúil ar chomhaltaí.
- (e) Féadfaidh an Taoiseach comhalta eile den Rialtas a ainmniú chun Ceisteanna ó Cheannairí a thógáil i gcás an Taoiseach a bheith as láthair. Beidh feidhm ag forálacha an Bhuan-Ordaithe seo ar an Déardaoin ach “an Tánaiste” a chur in ionad “an Taoisigh” agus “an Taoiseach”.
- (f) Sa Bhuan-Ordú seo, ciallaíonn “Ceannaire sa Fhreasúra” Ceannaire grúpa mar a mhínítear i mBuan-Ordú 172: Ar choinníoll go mbeidh tosach labhartha ag Ceannaire páirtí is grúpa faoi Bhuan-Ordú 172(1) ar Cheannaire sainithe grúpa arna aithint faoi mhír (2) den Bhuan-Ordú sin.

39. Saincheisteanna Tráthúla

- (1) Féadfaidh aon chomhalta fógra a thabhairt i scríbhinn faoi ní is mian leis nó léi a tharraingt anuas lena bhreithniú mar shaincheist thráthúil, agus féadfaidh nithe de chineál náisiúnta nó idirnáisiúnta a bheith ar áireamh ann. Déanfar nithe den sórt sin a bhreithniú aon Máirt, Céadaoin nó Déardaoin a thiocfaidh an Dáil le chéile.

Ar choinníoll nach foláir go mbeidh saincheisteanna tráthúla ag an gCléireach tráth nach déanaí ná 10 a.m. aon Máirt, Céadaoin nó Déardaoin chun go mbreithneofar iad lena roghnú an lá sin.

- (2) Roghnóidh an Ceann Comhairle ceithre ní den sórt sin ar a mhéad lena mbreithniú gach Máirt, Céadaoin agus Déardaoin agus féadfaidh sé nó sí aon ní breise amháin den sórt sin a roghnú freisin mar ní malartach a bheadh le breithniú i gcás go ndéanfaí ceann de na ceithre ní eile a chur siar: Ar choinníoll—

- (a) gur ceithre ní ar a mhéad a bhreithneofar aon lá;
- (b) nach foláir gaol a bheith ag na nithe sin go léir le gnóthaí poiblí a bhaineann le Roinn Stáit nó le nithe riaracháin a bhfuil freagracht oifigiúil ar chomhalta den

STANDING ORDERS

- (ii) the Leader in Opposition who asked the original question may then ask a brief supplementary question not exceeding one minute,
- (iii) the Taoiseach shall then be called upon to reply in conclusion for a period not exceeding one minute.
- (d) The sequence in which Leaders shall be called upon to put questions shall be in accordance with a rota approved by the Committee on Standing Orders and Dáil Reform, determined on the basis of the number of members in each group, and with questions for each group distributed across each Tuesday, Wednesday and Thursday that the Dáil sits: Provided that no group shall have more than one question each day. The rota as applied to particular dates shall be circulated periodically to members by the Journal Office.
- (e) The Taoiseach may nominate another member of the Government to take Leaders' Questions in his or her absence. On Thursdays the provisions of this Standing Order shall apply with the substitution of "Tánaiste" for "Taoiseach".
- (f) In this Standing Order, "Leader in Opposition" means the Leader of a group as defined in Standing Order 172: Provided that the Leader of a party which is a group under Standing Order 172(1) shall have precedence over the designated Leader of a group recognised under paragraph (2) of that Standing Order.

39. Topical issues

- (1) Any member may give notice in writing of a matter which he or she wishes to bring forward for consideration as a topical issue, and this may include matters of a national or international nature. Such matters shall be considered on a Tuesday, Wednesday or Thursday on which the Dáil meets.

Provided that topical issues shall reach the Clerk not later than 10 a.m. on a Tuesday, Wednesday or Thursday to be considered for selection on that day.

- (2) The Ceann Comhairle shall select a maximum of four such matters for consideration on each Tuesday, Wednesday and Thursday and may also select one additional such matter as an alternative to be considered in the event one of the other four matters is deferred: Provided that—
 - (a) the matters considered on any day shall be limited to a maximum of four;
 - (b) all such matters must relate to public affairs connected with a Department of State or to matters of administration for which a member of the Government or

BUAN-ORDUITHE

Rialtas nó ar Aire Stáit maidir leo (lena n-áirítear comhlachtaí atá faoi choimirce Roinn Stáit i leith beartas Rialtais);

- (c) cé go mbeidh sé de rogha dheiridh ag an gCeann Comhairle saincheisteanna a bhreithneofar a roghnú, go ndéanfaidh sé nó sí a rogha faoi threoir na bprionsabal seo a leanas, *inter alia*:

- (i) an chothromaíocht idir saincheisteanna áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta a ardófar,
- (ii) ábhar sceideal na Dála an tseachtain suí sin,
- (iii) líon na ngrúpaí (de réir bhrí Bhuan-Ordú 170) a bhfuil ionadaíocht á déanamh dóibh,
- (iv) líon na saincheisteanna tráthúla a d'ardaigh na comhaltaí lena mbaineann roimhe sin,

agus go mbeidh aird aige nó aici ar aon iarrataí arna ndéanamh de bhun Bhuan-Ordú 55;

- (d) más rud é, in imthosca eisceachtúla, nach mbeidh an comhalta den Rialtas nó an tAire Stáit ar a bhfuil freagracht oifigiúil maidir leis an ní ar fáil ar an lá, go ndéanfaidh sé nó sí, tráth nach déanaí ná 12 meán lae, é sin a chur in iúl don Cheann Comhairle, agus go dtabharfaidh an Ceann Comhairle é sin le fios don chomhalta a mbeidh fógra tugtha aige nó aici agus go dtabharfar rogha ansin don chomhalta sin—

- (i) breithniú an ní a chur siar go dtí an chéad lá eile, nó
 - (ii) dul ar aghaidh leis an ní ar an lá le rannpháirtíocht an chomhalta den Rialtas nó an Aire Stáit atá ar fáil;
- (e) gurb iad na chéad nithe a thógfar aon lá, i dtosach, aon ní a bheidh curtha siar ón lá roimhe sin agus ansin, más rud é nár úsáideadh é an lá roimhe sin, an ní malartach a roghnaigh an Ceann Comhairle an lá roimhe sin, agus go ndéanfar líon na nithe eile a bheidh le roghnú an lá sin a laghdú dá réir sin.

- (3) Mura n-ordóidh an Dáil a mhalairt, déanfar saincheisteanna tráthúla a roghnóidh an Ceann Comhairle a bhreithniú de réir ghnáthchúrsa laethúil an Ghnó mar a mhínítear le Buan-Ordú 34.

- (4) Is é a bheidh sa bhreithniú ar gach saincheist thráthúil—

STANDING ORDERS

Minister of State is officially responsible (including bodies under the aegis of a Department of State in respect of Government policy);

- (c) while the Ceann Comhairle has the ultimate discretion in selecting issues for consideration, s/he will be guided in his/her selection by, *inter alia*, the following principles:

- (i) the balance of local, national and international issues raised,
- (ii) the content of the Dáil schedule for that sitting week,
- (iii) the number of groups (within the meaning of Standing Order 170) represented,
- (iv) the number of topical issues previously raised by the members concerned,

and s/he shall have regard to any requests made pursuant to Standing Order 55;

- (d) where, in exceptional circumstances, the member of the Government or Minister of State officially responsible for the matter is not available on the day, he or she shall, no later than 12 noon, so inform the Ceann Comhairle, who shall advise the member who has given notice and that member shall then be given the option to—

- (i) defer consideration of the matter to the next day, or
- (ii) proceed with the matter on the day with the participation of the available member of the Government or Minister of State;

- (e) the first matters to be taken on any day shall be, first, any matter deferred from the previous day and then, if not used on the previous day, the alternative matter chosen by the Ceann Comhairle on the previous day, and the number of other matters to be selected on that day shall be reduced accordingly.

- (3) Unless the Dáil shall otherwise order, topical issues selected by the Ceann Comhairle shall be considered in accordance with the ordinary routine of Business as defined by Standing Order 34.

- (4) Consideration of each topical issue shall consist of—

BUAN-ORDUITHE

- (a) ráiteas nach faide ná ceithre nóiméad ón gcomhalta a thug fógra,
- (b) ráiteas freagartha nach faide ná ceithre nóiméad ó chomhalta den Rialtas nó ó Aire Stáit, de bhun mhír (2),
- (c) ráiteas breise nach faide ná dhá nóiméad ón gcomhalta a thug fógra, agus
- (d) ráiteas clabhsúir nach faide ná dhá nóiméad ón gcomhalta den Rialtas nó ón Aire Stáit lena mbaineann:

Ar choinníoll—

- (i) i gcás go mbeidh ní a mbeidh fógra bailí tugtha ag níos mó ná aon chomhalta amháin ina leith roghnaithe ag an gCeann Comhairle, agus gurb é a thuairim nó a tuairim nach mbeadh go leor ama ag gach comhalta óráid leordhóthanach a dhéanamh de thoradh líon na gcomhaltaí a bheadh ag roinnt ama, go bhféadfaidh sé nó sí, faoi réir mhír (2), níos lú ná ceithre ní a roghnú agus an t-am a thabharfaí de ghnáth do dhá shaincheist thráthúla nó níos mó a chur le chéile;
 - (ii) nach rachaidh an t-am iomlán a cheadófar aon lá chun saincheisteanna tráthúla a bhreithniú thar 48 nóiméad;
 - (iii) i gcás go mbeidh saincheisteanna tráthúla i ndáil leis an ní céanna curtha le chéile, agus i gcás nach mbeidh an comhalta den Rialtas nó an tAire Stáit ar a bhfuil freagracht oifigiúil maidir leis an ní ar fáil ar an lá, go ndéanfar an ní a chur siar más rud é gur mian le haon duine de na comhaltaí a roghnaíodh i ndáil leis an ní go ndéanfaí é a chur siar.
- (5) Ní vótálfaidh an Dáil ar aon ní a éireoidh as breithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna tráthúla.
- (6) Déanfar liosta de na nithe a mbeidh fógra tugtha ina leith faoin mBuan-Ordú seo agus ainm an chomhalta lena mbaineann i ngach cás a chlóbhualadh i dTuairisc Oifigiúil na nDíospóireachtaí.

40. Ord Gnó Phríobháidigh

Ag suí den Dáil, roimh thosach Gnó Phoiblí, cromfaidh an Dáil ar Ghnó Príobháideach gan freasúra a bhreithniú. Beidh Gnó Príobháideach go bhfreasúra faoi réir fhorálacha Bhuan-Ordú 142 de na Buan-Orduithe i dtaobh Gnó Phríobháidigh.

STANDING ORDERS

- (a) a statement by the member who has given notice which shall not exceed four minutes,
- (b) a statement in reply by a member of the Government or Minister of State, pursuant to paragraph (2), which shall not exceed four minutes,
- (c) a further statement by the member who has given notice which shall not exceed two minutes, and
- (d) a concluding statement by the member of the Government or Minister of State concerned which shall not exceed two minutes:

Provided that—

- (i) where the Ceann Comhairle has selected a matter of which valid notice has been given by more than one member and s/he is of the opinion that the number of members sharing time would result in insufficient time for each member to make an adequate contribution, s/he may, subject to paragraph (2), select fewer than four matters and aggregate the time that would ordinarily be assigned to two or more topical issues;
 - (ii) the total time allowed for consideration of topical issues on any day shall not exceed 48 minutes;
 - (iii) where topical issues on the same matter have been aggregated, and where the member of Government or Minister of State who is officially responsible for the matter is not available on the day, if any of the members who have been selected on the matter wish it to be deferred, then the matter shall be deferred.
- (5) The Dáil shall not divide on any matter arising out of consideration of topical issues.
- (6) A list of the matters in respect of which notice has been given under this Standing Order and the name of the member concerned in each case shall be printed in the Official Report of the Debates.

40. Order of Private Business

At a sitting of the Dáil, before the commencement of Public Business, the Dáil shall proceed to the consideration of unopposed Private Business. Opposed Private Business shall be subject to the provisions of Standing Order 142 of the Standing Orders relative to Private Business.

41. Fógra tairisceana agus leasuithe: fógra níos giorra

- (1) Faoi réir mhír (2)—
 - (a) gach tairiscint a mbeidh fógra le tabhairt ina leith, ní foláir í a bheith i scríbhinn, faoi láimh chomhalta, agus í a bheith ag an gCléireach tráth nach déanaí ná 11 a.m. ceithre lá sula mbeidh an tairiscint le tógáil, gan áireamh a dhéanamh ar Shatharn, ar Dhomhnach ná ar lá saoire poiblí;
 - (b) ní foláir aon leasuithe a thairgfear a dhéanamh ar thairiscint a bheidh curtha síos de bhun fhomhír (a) a bheith i scríbhinn, agus í a bheith ag an gCléireach tráth nach déanaí ná 11 a.m. dhá lá sula mbeidh an tairiscint le tógáil, gan áireamh a dhéanamh ar Shatharn, ar Dhomhnach ná ar lá saoire poiblí.
- (2) Le cead an Cheann Comhairle, féadfar tairiscintí agus leasuithe a dhéanamh ar fhógra níos giorra ná sin a thabhairt.
- (3) Déanfaidh an Cléireach socrú maidir le tairiscintí agus leasuithe de bhun Bhuan-Ordú 37 a fhoilsiú agus fógra ina leith a thabhairt do chomhaltaí a luaithe is indéanta tar éis iad a fháil, faoi réir na mBuan-Orduithe a bheith á gcomhlíonadh leo.

42. Cur ar athló mar gheall ar ní sonrach tábhachtach a bhaineann le leas an phobail agus nach foláir a bhreithniú go práinneach

- (1) Aon Mháirt, Céadaoin nó Déardaoin a shuífidh an Dáil féadfar cead a iarraidh chun tairiscint a dhéanamh an Dáil a chur ar athló mar gheall ar ní sonrach tábhachtach a bhaineann le leas an phobail agus nach foláir a bhreithniú go práinneach má thugann comhalta fógra i scríbhinn don Cheann Comhairle 45 nóiméad ar a laghad roimh thús a chur leis an suí. Luafar san fhógra sin an ní atá an comhalta ag iarraidh a ardú agus féadfar tagairt a dhéanamh ann do thuillteanais an ní sin nó do na cúiseanna atá ann lena ardú ar shlí a mheasfaidh an Ceann Comhairle a bheith gearr agus gonta.
- (2) I gcás gur deimhin leis an gCeann Comhairle go gcomhlíonann an fógra ceanglais an Bhuan-Ordaithe seo, glaofaídh an Ceann Comhairle ar an gcomhalta go díreach roimh an Ord Gnó, agus leis sin éireoidh an comhalta ina áit nó ina háit agus luafaidh sé nó sí go bhfuil sé nó sí ag iarraidh cead chun a thairiscint go gcuirfear an Dáil ar athló d'fhonn ní sonrach tábhachtach a bhaineann le leas an phobail agus nach foláir a bhreithniú go práinneach a phlé agus luafaidh sé nó sí an fógra a tugadh ach ní cead dó nó di cur leis.
- (3) Más dóigh leis an gCeann Comhairle gur tairiscint atá ann den sórt a luaitear sa Bhuan-Ordú seo, iarrfaidh sé nó sí, air sin, ar na comhaltaí atá i bhfabhar an iarratais éirí ina n-áiteanna. Má éiríonn dháréag comhalta ar a laghad dá réir sin, tabharfaidh sé nó sí cead an tairiscint a dhéanamh, agus déanfar an tairiscint ar 7 p.m. más é an Mháirt nó an Chéadaoin atá ann, nó ar 3.30 p.m. más é an Déardaoin atá ann, nó cibé uair, lá déanta an iarratais, a cheapfaidh an Dáil.

STANDING ORDERS

41. Notice of motions and amendments: shorter notice

- (1) Subject to paragraph (2)—
 - (a) all motions of which notice is required to be given shall be in writing, signed by a member, and shall reach the Clerk, not later than 11 a.m. four days before the motion is to be taken, not reckoning a Saturday, Sunday or public holiday;
 - (b) any amendments to a motion tabled pursuant to subparagraph (a) shall be in writing, signed by a member, and shall reach the Clerk, not later than 11 a.m. two days before the motion is to be taken, not reckoning a Saturday, Sunday or public holiday.
- (2) By permission of the Ceann Comhairle, motions and amendments may be made on shorter notice.
- (3) The Clerk shall arrange for the publication and notification to members of motions and amendments pursuant to Standing Order 37 as soon as practicable following their receipt, subject to their compliance with Standing Orders.

42. Adjournment on specific and important matter of public interest requiring urgent consideration

- (1) Leave to move a motion for the adjournment of the Dáil on a specific and important matter of public interest requiring urgent consideration may be sought on a Tuesday, Wednesday or Thursday on which the Dáil sits if a member gives notice in writing to the Ceann Comhairle not less than 45 minutes before the opening of the sitting. Such notice shall state the matter which the member seeks to raise and may refer to the merits of or reasons for raising the matter in a manner which the Ceann Comhairle considers to be brief and concise.
- (2) Where the Ceann Comhairle is satisfied that the notice complies with the requirements of this Standing Order, the member shall be called upon by the Ceann Comhairle immediately before the Order of Business, whereupon the member shall rise in his or her place and state that he or she requests leave to move the adjournment of the Dáil for the purpose of discussing a specific and important matter of public interest requiring urgent consideration and shall state the notice given but may not elaborate thereon.
- (3) If the Ceann Comhairle considers the motion to be one contemplated by this Standing Order, he or she shall thereupon desire the members who support the request to rise in their places. If not less than twelve members rise accordingly, he or she shall give leave to make the motion, which shall be moved at 7 p.m. on a Tuesday or Wednesday, or 3.30 p.m. on a Thursday, or at such hour on the day on which the request is made as the Dáil may appoint.

- (4) Aon ní a chuirfear faoi bhráid na Dála de bhun an Bhuan-Ordaithe seo agus nach mbeidh an líon is gá i bhfabhar a phléite, ní féidir é a tharraingt anuas arís taobh istigh de na sé mhí dá éis sin faoin mBuan-Ordú seo.

Ceisteanna

43. Páipéar na gCeisteanna

- (1) Déanfaidh an Cléireach Páipéar Ceisteanna a fhoilsiú agus a scaipeadh ar na comhaltaí ar an Máirt, ar an gCéadaoin agus ar an Déardaoin agus le linn shos an tsamhraidh de réir Bhuan-Ordú 53, agus beidh ar an bPáipéar Ceisteanna téacs gach Ceiste a bheidh le cur ar chomhaltaí den Rialtas an lá sin (ach amháin Ceisteanna a cheadaítear faoi Bhuan-Ordú 44 ar fhógra príobháideach a thabhairt), de bhun Bhuan-Orduithe 44 agus 53.
- (2) Ar an Máirt agus ar an gCéadaoin, cuirfear ar Pháipéar na gCeisteanna téacs na gCeisteanna, seachas na Ceisteanna a mbeidh tosaíocht sonraithe dóibh, chun freagra ó bhéal a fháil orthu an lá dár gcionn.

44. Fógra i dtaobh Ceisteanna agus Ceisteanna ar fhógra príobháideach

Ní foláir Ceisteanna chun comhalta den Rialtas—

(a) a mbeidh tosaíocht sonraithe dóibh⁷ nó

(b) a mbeidh freagra orthu le soláthar i dTuairisc Oifigiúil na nDíospóireachtaí⁸

a bheith i scríbhinn agus a bheith ag an gCléireach tráth nach déanaí ná 11 a.m. an tríú lá roimh an lá a bheidh siad le cur, gan áireamh a dhéanamh ar Shatharn, ar Dhomhnach ná ar lá saoire poiblí.

Ní foláir Ceisteanna eile chun comhalta den Rialtas a bheith i scríbhinn agus a bheith ag an gCléireach tráth nach déanaí ná 11 a.m. an ceathrú lá roimh an lá a bheidh siad le cur, gan áireamh a dhéanamh ar Shatharn, ar Dhomhnach ná ar lá saoire poiblí:

Ach féadfar, le cead an Cheann Comhairle, Ceisteanna i dtaobh nithe a bhfuil deabhadh agus tábhacht phoiblí ag baint leo a chur tar éis fógra príobháideach ina dtaobh a thabhairt. Ní foláir na Ceisteanna sin a bheith i scríbhinn agus a bheith ag an gCléireach tráth nach déanaí ná 2.30 p.m. an lá a bheidh siad le cur.

7 B.O. 50

8 B.O. 51(2)

STANDING ORDERS

- (4) A matter submitted in pursuance of this Standing Order which fails to obtain the requisite support cannot during the following six months be again brought forward under this Standing Order.

Questions

43. Questions Paper

- (1) A Questions Paper shall be published by the Clerk and circulated to members on Tuesdays, Wednesdays and Thursdays and during the summer recess in accordance with Standing Order 53, and shall contain the text of all Questions to be asked of members of the Government that day (other than private notice Questions permitted under Standing Order 44), pursuant to Standing Orders 44 and 53.
- (2) On Tuesdays and Wednesdays, the Questions Paper shall contain the text of Questions, other than Questions nominated for priority, for oral answer on the following day.

44. Notice of Questions and private notice Questions

Questions to a member of the Government—

(a) nominated for priority⁷ or

(b) to which an answer is to be provided in the Official Report of the Debates⁸

must be in writing and must reach the Clerk not later than 11 a.m. on the third day preceding that on which they are to be asked, not reckoning a Saturday, Sunday, or public holiday.

Other Questions to a member of the Government must be in writing and must reach the Clerk not later than 11 a.m. on the fourth day preceding that on which they are to be asked, not reckoning a Saturday, Sunday, or public holiday:

Provided that Questions relating to matters of urgent public importance may, by permission of the Ceann Comhairle, be asked on private notice. Such Questions must be in writing and must reach the Clerk not later than 2.30 p.m. on the day on which they are to be asked.

⁷ S.O. 50

⁸ S.O. 51(2)

45. Ceisteanna a bheith ag baint le hábhar

Na Ceisteanna a chuirfear chun comhalta den Rialtas, ní foláir baint a bheith acu le gnóthaí poiblí a bhaineann lena Roinn, nó le gnóthaí riaracháin a bhfuil sé nó sí freagrach go hoifigiúil iontu (ar a n-áirítear comhlachtaí faoi choimirce a Roinne i leith beartais Rialtais). Ar choinníoll go bhféadfaidh an Ceann Comhairle, dá lánrogha féin, Ceist nó saincheist thráthuil a cheadú i ndáil le comhlacht den sórt sin i gcás go ndearna comhalta iarraidh réasúnach ar fhaisnéis a chur faoi bhráid an chomhlachta sin, ar iarraidh í a bhaineann le feidhmeanna an chomhalta mar ionadaí poiblí, agus nach bhfuarthas freagra leordhóthanach.

46. Cumhachtaí an Cheann Comhairle maidir le Ceisteanna: cúrsaí oird i ndáil le Ceisteanna

- (1) (a) Scrúdóidh an Ceann Comhairle gach Ceist chun deimhin a dhéanamh de gur Ceist í atá de réir fhorálacha an Bhuan-Ordaithe seo. Rialóidh an Ceann Comhairle as ordú aon Cheist nach bhfuil de réir na mBuan-Orduithe: Ar choinníoll go bhféadfaidh an Ceann Comhairle, nó an Cléireach faoi údarás an Cheann Comhairle, aon Cheist a leasú, tar éis dó nó di dul i gcomhairle leis an gcomhalta a chuir isteach í, chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil sí de réir na mBuan-Orduithe.
- (b) I gcás go rialóidh an Ceann Comhairle Ceist as ordú, féadfaidh an comhalta ar ina ainm nó ina hainm a cuireadh an Cheist síos, faoi réir an cheanglais glacadh leis an rialú sin, tuilleadh faisnéise a iarraidh ar an gCeann Comhairle i ndáil leis na cúiseanna lena rialú.
- (2) Is é an cuspóir a bheidh le gach Ceist ná eolas nó léiriú a fháil ar chúrsaí fíorais nó beartais, agus beidh Ceisteanna chomh gearr agus is féidir.
- (3) Ní fhéadfar, le Ceisteanna a chuirfear síos i gcomhair freagra ó bhéal, eolas a lorg a bheidh tugtha ó bhéal sa Dáil laistigh den dá mhí roimhe sin mar fhreagra ar Cheist ó bhéal nó mar fhreagra ar ní a ardaíodh faoi Bhuan-Ordú 39: Ar choinníoll, i gcás nach sroichfear Ceist ó bhéal agus go gcuirfear freagra scríofa ar an gCeist sin ar fáil i dTuairisc Oifigiúil na nDíospóireachtaí, go mbeidh feidhm ag forálacha mhír (4) den Bhuan-Ordú seo.
- (4) Ní fhéadfar, le Ceisteanna le haghaidh freagraí scríofa, eolas a lorg a bheidh curtha ar fáil laistigh den dá sheachtain roimhe sin mar fhreagra ar Cheist (bíodh freagra tugtha uirthi ó bhéal nó i scríbhinn) nó mar fhreagra ar ní a ardaíodh faoi Bhuan-Ordú 39.
- (5) Ní bheidh aon argóint i gCeisteanna ná aon líomhnachas pearsanta.

47. Am le haghaidh Ceisteanna

- (1) Mura n-ordóidh an Dáil a mhalairt, tógfar ceisteanna i gcomhair freagra ó bhéal chun an Taoisigh ar feadh tréimhse nach faide ná 45 nóiméad agus tógfar Ceisteanna i

STANDING ORDERS

45. Relevancy of Questions

Questions addressed to a member of the Government must relate to public affairs connected with his or her Department, or to matters of administration for which he or she is officially responsible (including bodies under the aegis of his or her Department in respect of Government policy). Provided that, at his or her absolute discretion, the Ceann Comhairle may permit a Question or topical issue in relation to such a body where a member has made a reasonable request for information to that body, relating to the member's functions as a public representative, and an adequate response is not forthcoming.

46. Powers of Ceann Comhairle as to Questions: matters of order relating to Questions

- (1) (a) The Ceann Comhairle shall examine every Question in order to ensure that it conforms with the provisions of this Standing Order. The Ceann Comhairle shall rule out of order any Question which does not comply with Standing Orders: Provided that the Ceann Comhairle, or the Clerk under his or her authority, may amend any Question, after consultation with the member responsible for the Question, to secure its compliance with Standing Orders.

(b) Where the Ceann Comhairle has ruled a Question out of order, the member in whose name the Question was put down may, subject to the requirement to accept that ruling, request further information from the Ceann Comhairle regarding the reasons for his or her ruling.
- (2) The purpose of each Question shall be to elicit information upon or to elucidate matters of fact or of policy and Questions shall be as brief as possible.
- (3) Questions put down for oral answer may not seek information provided orally in the Dáil within the previous two months in response to an oral Question or in response to a matter raised under Standing Order 39: Provided that, where an oral Question is not reached and a written answer thereto is provided in the Official Report of Debates, the provisions of paragraph (4) of this Standing Order shall apply.
- (4) Questions for written answer may not seek information provided within the previous two weeks in response to a Question (whether answered orally or in writing) or in response to a matter raised under Standing Order 39.
- (5) Questions shall not contain argument or personal imputation.

47. Time for Questions

- (1) Unless the Dáil shall otherwise order, Questions for oral answer to the Taoiseach shall be taken for a period not exceeding 45 minutes, and Questions for oral answer to other

gcomhair freagra ó bhéal chun comhaltaí eile den Rialtas ar feadh tréimhse nach faide ná 90 nóiméad de réir ghnáthchúrsa laethúil an Ghnó mar a mhínítear le Buan-Ordú 34: Ar choinníoll go bhféadfar Ceisteanna a chuirfear ar fhógra príobháideach a thógáil le cead an Cheann Comhairle agus, más rud é go dtógfar iad, déanfar iad a thógáil de réir ghnáthchúrsa laethúil an Ghnó mar a mhínítear le Buan-Ordú 34.

- (2) Ní faide ná 90 nóiméad an t-am a cheadófar do Cheisteanna, seachas Ceisteanna chun an Taoisigh⁹, ach lena n-áirítear Ceisteanna a mbeidh tosaíocht sonraithe dóibh¹⁰.

48. Ceisteanna chun an Taoisigh; agus Ceisteanna chun comhaltaí eile den Rialtas: an róta

- (1) (a) Ceisteanna a chuirfear chun an Taoisigh, is ar an Máirt agus ar an gCéadaoin amháin a fhéadfar iad a chur agus cuirfear ar Pháipéar na gCeisteanna iad roimh Cheisteanna chun comhaltaí eile den Rialtas a bheidh le cur an lá céanna.
- (b) Ní cead d'aon chomhalta níos mó ná trí Cheist chun an Taoisigh i gcomhair freagra ó bhéal a chur síos aon lá áirithe: Ach féadfaidh comhalta suas le trí Cheist scríofa a shonrú in ionad Ceisteanna ó bhéal chun an Taoisigh a dhéanfaí a aistriú nó a dhíchheadú.
- (c) Ní faide ná 45 nóiméad an t-am a cheadófar do Cheisteanna chun an Taoisigh gach lá: Ar choinníoll nach faide ná 15 nóiméad an t-am a cheadófar do gach Ceist nó do gach grúpa Ceisteanna, agus—
- (i) nach faide ná trí nóiméad as sin an t-am a cheadófar don fhreagra tosaigh ón Taoiseach, agus
- (ii) nach faide ná nóiméad go leith as sin an t-am a cheadófar do gach Ceist fhorlíontach nó don fhreagra uirthi.

Ar choinníoll thairis sin go bhféadfaidh an Ceann Comhairle, ar na comhaltaí a bheidh i láthair an tráth sin dá iarraidh sin, ach dá rogha féin, seal is faide ná 15 nóiméad (gan dul thar an leithroinnt iomlán 45 nóiméad) a cheadú do ghrúpa Ceisteanna i gcás go gcuirfeadh líon na gCeisteanna arna rangú le chéile bac ar na comhaltaí uile, ar ina n-ainmneacha a cuireadh na Ceisteanna síos, Ceist fhorlíontach a chur.

- (d) Aon Cheist chun an Taoisigh a bheidh ar Pháipéar na gCeisteanna agus nach mbeidh curtha de láimh an chéad lá a bheidh sí ar Riar na hOibre, cuirfear ar Pháipéar na gCeisteanna í don chéad dá lá suí eile a bheidh Ceisteanna le freagairt ag an Taoiseach roimh Cheisteanna chun an Taoisigh a bheidh le cur an lá sin,

9 B.O. 48

10 B.O. 50

STANDING ORDERS

members of the Government shall be taken for a period not exceeding 90 minutes in accordance with the ordinary routine of Business as defined by Standing Order 34: Provided that Questions asked on private notice may be taken by permission of the Ceann Comhairle and, if taken, shall be taken in accordance with the ordinary routine of Business as defined by Standing Order 34.

- (2) The time allowed for Questions, other than Questions to the Taoiseach⁹ but including Questions nominated for priority¹⁰, shall not exceed 90 minutes.

48. Questions to Taoiseach; and Questions to other members of the Government: rota

- (1) (a) Questions addressed to the Taoiseach may be asked only on Tuesdays and Wednesdays and shall be placed on the Questions Paper before Questions to other members of the Government to be asked on the same day.
- (b) No member may put down more than three Questions to the Taoiseach for oral answer on any one day: Provided that a member may nominate up to three written Questions in substitution for oral Questions to the Taoiseach which may be transferred or disallowed.
- (c) The time allowed for Taoiseach's Questions shall not exceed 45 minutes each day: Provided that the time allowed for each Question or group of Questions shall not exceed 15 minutes, of which—
- (i) the time allowed for the initial reply from the Taoiseach shall not exceed three minutes, and
- (ii) the time allowed for each supplementary Question or the reply thereto shall not exceed one-and-a-half minutes.

Further provided that the Ceann Comhairle may, at the request of the members present at the time, but at his or her discretion, allow more than 15 minutes (without exceeding the overall allocation of 45 minutes) for a group of Questions where the number of Questions grouped together would prevent all members in whose names the Questions had been tabled from putting a supplementary Question.

- (d) Any Question to the Taoiseach which appears on the Questions Paper and which is not disposed of on the day it first appears shall be placed on the Questions Paper for the next two sitting days on which the Taoiseach is due to answer Questions before Questions to the Taoiseach to be asked on that day, save that a Question

9 S.O. 48

10 S.O. 50

ach amháin go bhféadfar Ceist a bheidh le tógáil ag an Taoiseach a chur roimh Cheisteanna a bheidh le tógáil ag Aire Stáit ag a Roinn.

- (e) Maidir le haon Cheist chun an Taoisigh nach mbeidh curtha de láimh an tríú lá suí a bheidh sí ar Pháipéar na gCeisteanna, mar a fhoráiltear i bhfomhír (d), cuirfidh an Taoiseach faoi deara freagra a sholáthar i dTuairisc Oifigiúil na nDíospóireachtaí: Ar choinníoll nach ndéanfaidh an freagra scríofa sin dochar do cheart an chomhalta ar ina ainm nó ina hainm a bheidh an Cheist ar Pháipéar na gCeisteanna a iarraidh, laistigh de 30 nóiméad ó chríoch Thráth na gCeisteanna chun an Taoisigh an lá sin, go ndéanfar an Cheist a chur arís chun an Taoisigh an chéad lá eile a bheidh sé nó sí le freagra a thabhairt ar Cheisteanna i gcomhair freagra ó bhéal.
- (f) Aon lá nach mbeidh an Taoiseach ar fáil chun Ceisteanna a fhreagairt, ní bheidh ar Pháipéar na gCeisteanna ach na Ceisteanna a bhaineann le nithe a bhfuil an tAire Stáit ag Roinn an Taoisigh freagrach iontu agus ní áireofar an lá sin mar cheann de na trí lá suí i leith aon Cheisteanna chun an Taoisigh nach mbeidh ar Pháipéar na gCeisteanna.
- (2) Ceisteanna a chuirfear chun comhaltaí eile den Rialtas chun freagra ó bhéal a fháil orthu, cuirfear ar bhonn róta laethúil iad i cibé ord a chinnfidh an Dáil ó am go ham, agus beidh dhá earnáil díobh ann:—
 - (a) Ceisteanna ar le crannchur a chinnfear a n-ord¹¹, agus
 - (b) Ceisteanna a mbeidh tosaíocht sonraithe dóibh¹².

49. Ceisteanna: An crannchur

- (1) I ndáil le Ceisteanna ar le crannchur a chinnfear a n-ord, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:—
 - (i) Maidir leis an gcrannchur, ag a bhféadfaidh comhaltaí a bheith i láthair, déanfar é a sheoladh an ceathrú lá roimh an lá a bheidh na Ceisteanna le cur, gan áireamh a dhéanamh ar Shatharn, ar Dhomhnach ná ar lá saoire poiblí.
 - (ii) Ní cead d'aon chomhalta Ceisteanna a chur síos in ainm comhalta eile. Ní cead d'aon chomhalta níos mó ná dhá Cheist a chur síos chun gach comhalta ar leith den Rialtas le freagra a fháil orthu aon lá áirithe: Ar choinníoll go bhféadfaidh urlabhraí iomchuí amháin de chuid grúpa uasmhéid cúig Cheist a chur síos.
 - (iii) I gcás go bhfuil Ceisteanna chun dhá chomhalta den Rialtas (seachas an Taoiseach) le cur an lá céanna, is iad na Ceisteanna chun an chomhalta ar lú an líon a bheidh

11 B.O. 49

12 B.O. 50

STANDING ORDERS

to be taken by the Taoiseach may be placed before Questions to be taken by a Minister of State at his or her Department.

- (e) Where any Question to the Taoiseach is not disposed of on the third sitting day on which it appears on the Questions Paper, as provided in subparagraph (d), the Taoiseach shall cause an answer to be provided in the Official Report of the Debates: Provided that such written answer shall not prejudice the right of the member in whose name the Question appears on the Questions Paper to request, within 30 minutes of the conclusion of Taoiseach's Question Time on that day, that the Question be addressed again to the Taoiseach on the next day on which he or she is to answer Questions for oral answer.
 - (f) On any day when the Taoiseach is not available to answer Questions, only the Questions relating to matters for which the Minister of State at the Department of the Taoiseach is responsible will appear on the Questions Paper and that day will not be counted as one of the three sitting days in respect of any Questions to the Taoiseach not appearing on the Questions Paper.
- (2) Questions for oral answer addressed to other members of the Government shall be asked on the basis of a daily rota in such order as the Dáil may from time to time decide and shall be in two categories:—
- (a) Questions, the sequence of which shall be decided by lottery¹¹, and
 - (b) Questions which have been nominated for priority¹².

49. Questions: Lottery

- (1) In relation to Questions, the sequence of which shall be decided by lottery, the following provisions shall apply:—
- (i) The lottery, at which members may attend, shall be held on the fourth day preceding that on which the Questions are to be asked, not reckoning a Saturday, Sunday or public holiday.
 - (ii) No member may put down Questions in the name of another member. No member may put down more than two Questions to each member of the Government for answer on any one day: Provided that a single relevant spokesperson of a group may put down a maximum of five Questions.
 - (iii) Where Questions to two members of the Government (other than the Taoiseach) are to be asked on the same day, Questions to the member to whom the lesser

¹¹ S.O. 49

¹² S.O. 50

BUAN-ORDUITHE

le cur chuige nó chuici a chuirfear chun tosaigh ar Pháipéar na gCeisteanna agus tabharfar dóibh méid nach mó ná leath an ama a bheidh in áirithe dóibh araon.

- (iv) Féadfaidh comhalta a bheidh ainmnithe ag grúpa sa Fhreasúra téacs a fháil, ach é a iarraidh, de Cheisteanna a chuir comhaltaí den ghrúpa sin síos.
 - (v) I gcás go bhfuil Ceisteanna den sórt céanna (seachas Ceisteanna chun an Taoisigh) le cur an lá céanna, ní dhéanfar ach téacs na Ceiste sin a bhain an t-ionad is airde amach sa chrannchur a chur ar Pháipéar na gCeisteanna.
 - (vi) Ciallaíonn “Ceist den Sórt Céanna” Ceist arna cur síos ag comhalta de ghrúpa agus atá, nó a bheadh murach difríochtaí téacsúla i bhfoirm a foclaíochta agus iad sin amháin, comhionann le ceann amháin nó níos mó de Cheisteanna eile a rinne an comhalta céanna nó comhalta amháin eile nó níos mó den ghrúpa sin a chur síos.
- (2) Chun Ceist a chur, éireoidh an comhalta, ar ina ainm nó ina hainm atá an Cheist ar Pháipéar na gCeisteanna, ina áit nó ina háit, luafaidh sé nó sí uimhir na Ceiste ar Pháipéar na gCeisteanna agus déanfaidh sé nó sí réamhchaint ghearr nach faide ná 30 soicind ar an gCeist, ní thabharfar freagra ó bhéal ar an gCeist thairis sin: Ar choinníoll go bhféadfaidh aon chomhalta, ar fhógra 24 uair an chloig, i scríbhinn, a thabhairt don Cheann Comhairle, ionadaí a ainmniú chun an Cheist a chur thar a cheann nó thar a ceann. I gcás go ndéanfar Ceisteanna a chuirfear síos i gcomhair freagra ó bhéal a rangú i gcomhair freagra, ní dhéanfaidh ach aon chomhalta amháin, arb é nó í an comhalta ag a mbeidh an chéad Cheist sa rangú é nó í, an réamhchaint ar an rangú Ceisteanna, nó mura mbeidh an comhalta sin ar fáil, is é nó is í an dara comhalta a dhéanfaidh í, agus mar sin de.
- (3) I gcás Ceisteanna (seachas Ceisteanna chun an Taoisigh) ar le crannchur a cinneadh a n-ord—
- (a) ní faide ná sé nóiméad go leith an t-am a cheadófar do gach Ceist—
 - (i) nach mó ná dhá nóiméad as sin, tar éis an réamhchaint 30 soicind a dhéanamh, an t-am a cheadófar do fhreagra tosaigh an Aire: Ar choinníoll, i gcás go n-iarrfaidh Aire nó Aire Stáit amhlaidh, go n-ordóidh an Ceann Comhairle ráiteas ina mbeidh eolas breise a bhainfidh go díreach le freagra an Aire a thabhairt i dTuirisc Oifigiúil na nDíospóireachtaí, ar ráiteas é sin dá dtagraítear i gcúrsa an fhreagra, agus
 - (ii) nach mó ná aon nóiméad amháin as sin an t-am a cheadófar do gach Ceist fhorlíontach nó don fhreagra uirthi,
 - (b) i gcás go ndéanfar na Ceisteanna sin a rangú i gcomhair freagra, is iad na hamanna iomlána a cheadófar don rangú agus do fhreagra tosaigh an Aire ná na hamanna

STANDING ORDERS

number is addressed shall be placed first on the Questions Paper and shall be allocated not more than one half of the time available to both.

- (iv) A member nominated by a group in Opposition may, on request, be provided with the text of Questions put down by members of that group.
 - (v) Where similar Questions (other than Questions to the Taoiseach) are to be asked on the same day, the text of only that Question which is placed highest in the lottery shall appear on the Questions Paper.
 - (vi) “Similar Question” means a Question put down by a member of a group which is, or would but for merely textual variations in its form of wording be, identical with one or more other Questions put down by the same member or by one or more other members of that group.
- (2) A Question shall be put by the member in whose name the Question appears on the Questions Paper rising in his or her place, indicating the number of the Question on the Questions Paper and giving a brief introduction of no more than 30 seconds to the Question, otherwise the Question will not be answered orally: Provided that any member may, on giving 24 hours’ notice, in writing, to the Ceann Comhairle, nominate a substitute to ask the Question on his or her behalf. Where Questions put down for oral answer are grouped for reply, the introduction to the group of Questions shall be given by one member only, that being the member with the first Question in the group, or if that member is not available, by the second member, and so on.
- (3) In the case of Questions (other than Questions to the Taoiseach) the sequence of which shall have been decided by lottery—
- (a) the time allowed for each Question shall not exceed six and a half minutes, of which—
 - (i) following the 30 second introduction, the time allowed for the initial Ministerial reply shall not exceed two minutes: Provided that, where a Minister or Minister of State so requests, the Ceann Comhairle shall direct that a statement containing additional information which is directly relevant to the Ministerial reply be furnished in the Official Report of the Debates, such statement being referred to in the course of the reply, and
 - (ii) the time allowed for each supplementary Question or the reply thereto shall not exceed one minute,
 - (b) where such Questions are grouped for reply, the total times allowed for the group and for the initial Ministerial reply shall be the aggregates of the times

ar fad a cheadófaí do na Ceisteanna ar leithligh: Ar choinníoll nach faide ná ocht nóiméad déag go leith an t-am iomlán a cheadófar d'aon rangú Ceisteanna den sórt sin, agus

- (c) ní dhéanfaidh sé difear don am a cheadófar d'aon Cheist nó rangú Ceisteanna den sórt sin Ceist nó Ceisteanna a cuireadh síos le haghaidh freagra scríofa a bheith rangaithe léi nó leo.

50. Ceisteanna a mbeidh tosaíocht sonraithe dóibh

- (1) I ndáil le Ceisteanna a mbeidh tosaíocht sonraithe dóibh, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:—
 - (i) Ní foláir gach Ceist a bheith in ainm comhalta a bheidh ainmnithe ag grúpa (mar a mhínítear i mBuan-Ordú 170) sa Fhreasúra.
 - (ii) Ní mó ná cúig cinn líon na gCeisteanna sin a mbeidh freagra le tabhairt orthu aon lá áirithe.
 - (iii) Cuirfear Ceisteanna a mbeidh tosaíocht sonraithe dóibh ar Pháipéar na gCeisteanna roimh Cheisteanna eile chun comhaltaí den Rialtas, seachas an Taoiseach, a bheidh le cur an lá céanna.
 - (iv) Déanfar Ceisteanna a mbeidh freagra le tabhairt orthu aon lá áirithe a chur ar Pháipéar na gCeisteanna ionas go mbeidh siad ag sealaíocht idir grúpaí sa Fhreasúra, ach tosaíocht a thabhairt don ghrúpa is mó (agus tosaíocht a chinneadh le crannchur in aon chás comhionannais idir grúpaí): Ar choinníoll go mbeidh tosach labhartha ag páirtí is grúpa faoi Bhuan-Ordú 172(1) ar ghrúpa arna aithint faoi mhír (2) den Bhuan-Ordú sin.
 - (v) Féadfaidh comhalta a bheidh ainmnithe ag grúpa Ceisteanna agus Ceisteanna a bheidh curtha síos ag comhaltaí eile den ghrúpa sin a shonrú in ionad Ceisteanna a dhéanfaí a aistriú nó a dhícheadú. Ní foláir sonrú den sórt sin a bheith i scríbhinn agus a bheith ag an gCléireach tráth nach déanaí ná 11 a.m. an tríú lá roimh an lá a bheidh na Ceisteanna le cur, gan áireamh a dhéanamh ar Shatharn, ar Dhomhnach ná ar lá saoire poiblí.
- (2) (a) Ní faide ná sé nóiméad go leith an t-am a cheadófar do gach Ceist a mbeidh tosaíocht sonraithe di—
 - (i) nach mó ná dhá nóiméad as sin, tar éis an réamhchaint 30 soicind a dhéanamh, an t-am a cheadófar do fhreagra tosaigh an Aire: Ar choinníoll, i gcás go n-iarrfaidh Aire nó Aire Stáit amhlaidh, go n-ordóidh an Ceann Comhairle ráiteas ina mbeidh eolas breise a bhainfidh go díreach le freagra

STANDING ORDERS

which would be allowed for the individual Questions: Provided that the total time allowed for any such group of Questions shall not exceed eighteen and a half minutes, and

- (c) the time allowed for any such Question or group of Questions shall not be affected by the grouping therewith of a Question or Questions put down for written answer.

50. Questions nominated for priority

- (1) In relation to Questions which have been nominated for priority, the following provisions shall apply:—
 - (i) Each Question shall be in the name of a member nominated by a group (as defined in Standing Order 170) in Opposition.
 - (ii) The number of such Questions for answer on any one day shall not exceed five.
 - (iii) Questions nominated for priority shall be placed on the Questions Paper before other Questions to members of the Government, other than the Taoiseach, to be asked on the same day.
 - (iv) Questions for answer on any one day shall be placed on the Questions Paper so as to rotate between groups in Opposition, with preference being given to the larger group (preference being decided by lot in any case of equality between groups): Provided that a party which is a group under Standing Order 172(1) shall have precedence over a group recognised under paragraph (2) of that Standing Order.
 - (v) A member nominated by a group may nominate Questions and Questions put down by other members of that group in substitution for Questions which may be transferred or disallowed. Such nomination shall be made in writing and must reach the Clerk not later than 11 a.m. on the third day preceding that on which the Questions are to be asked, not reckoning a Saturday, Sunday or public holiday.
- (2) (a) The time allowed for each Question nominated for priority shall not exceed six and a half minutes, of which—
 - (i) following the 30 second introduction, the time allowed for the initial Ministerial reply shall not exceed two minutes: Provided that, where a Minister or Minister of State so requests, the Ceann Comhairle shall direct that a statement containing additional information which is directly relevant

an Aire a thabhairt i dTuirisc Oifigiúil na nDíospóireachtaí, ar ráiteas é sin dá dtagraítear i gcúrsa an fhreagra, agus

- (ii) nach mó ná aon nóiméad amháin as sin an t-am a cheadófar do gach Ceist fhorlíontach nó don fhreagra uirthi.
- (b) I gcás go ndéanfar Ceisteanna a mbeidh tosaíocht sonraithe dóibh a rangú i gcomhair freagra, is iad na hamanna iomlána a cheadófar don rangú agus do fhreagra tosaigh an Aire ná na hamanna ar fad a cheadófaí do na Ceisteanna ar leithligh.

51. Ceisteanna a rangú: Ceisteanna nach bhfreagrófar ó bhéal nó nach mbeidh sroichte

- (1) Féadfaidh comhalta den Rialtas, i gcásanna iomchuí, Ceisteanna a chuirfear síos chun freagra ó bhéal a fháil orthu agus Ceisteanna a chuirfear síos chun freagra scríofa a fháil orthu a rangú le chéile chun críocha an fhreagra: Ar choinníoll nach bhféadfadh Ceisteanna ar sonraíodh tosaíocht dóibh a rangú le Ceisteanna eile i gcomhair freagra ó bhéal; agus ar choinníoll fairis sin nach ndéanfaidh forálacha Bhuan-Ordú 46(3) dochar do fhreagairt Ceiste i gcomhair freagra ó bhéal nach mbeidh sroichte agus a bheidh curtha síos arís i gcomhair freagra de réir mhír (3) den Bhuan-Ordú seo.
- (2) Más rud é go gcuirfidh comhalta réiltín lena Cheist nó lena Ceist, déanfaidh an comhalta den Rialtas chun ar cuireadh an Cheist freagra uirthi a chur ar fáil i dTuirisc Oifigiúil na nDíospóireachtaí.
- (3) I gcás nach sroichfear Ceist a bheidh curtha síos chun freagra ó bhéal a fháil uirthi, déanfaidh an comhalta den Rialtas chun ar cuireadh í freagra uirthi a chur ar fáil i dTuirisc Oifigiúil na nDíospóireachtaí: Ar choinníoll nach ndéanfaidh an freagra scríofa sin dochar do cheart an chomhalta ar ina ainm nó ina hainm atá an Cheist ar Pháipéar na gCeisteanna a iarraidh, laistigh de 30 nóiméad ó chríoch Thráth na gCeisteanna an lá sin, go ndéanfar an Cheist a chur arís chun an chomhalta den Rialtas lena mbaineann an chéad lá eile a bheidh an comhalta sin le freagra a thabhairt ar Cheisteanna i gcomhair freagra ó bhéal.
- (4) Más rud é, i gcás Ceist a cuireadh síos chun freagra ó bhéal a fháil uirthi, gur Ceist í de shaghas nach foláir freagra fada nó freagra ar mhodh ráitis tháblaigh a thabhairt uirthi, déanfaidh an Ceann Comhairle, arna iarraidh sin don chomhalta den Rialtas chun ar cuireadh an Cheist, a ordú go dtabharfar an freagra i dTuirisc Oifigiúil na nDíospóireachtaí.

STANDING ORDERS

to the Ministerial reply be furnished in the Official Report of the Debates, such statement being referred to in the course of the reply, and

- (ii) the time allowed for each supplementary Question or the reply thereto shall not exceed one minute.
- (b) Where Questions nominated for priority are grouped for reply, the total times allowed for the group and for the initial Ministerial reply shall be the aggregates of the times which would be allowed for the individual Questions.

51. Grouping of Questions: Questions not answered orally or not reached

- (1) A member of the Government may, where appropriate, group Questions put down for oral answer and Questions put down for written answer for the purposes of reply: Provided that Questions which have been nominated for priority may not be grouped with other Questions for oral answer: and provided further that the provisions of Standing Order 46(3) may not prejudice the answering of an oral Question which is not reached and which is put down for answer again in accordance with paragraph (3) of this Standing Order.
- (2) If a member distinguishes his or her Question by an asterisk, the member of the Government to whom it is addressed shall cause an answer to be provided in the Official Report of the Debates.
- (3) Where a Question put down for oral answer is not reached, the member of the Government to whom it is addressed shall cause an answer to be provided in the Official Report of the Debates: Provided that such written answer shall not prejudice the right of the member in whose name the Question appears on the Questions Paper to request, within 30 minutes of the conclusion of Question Time on that day, that the Question be addressed again to the member of the Government concerned on the next day on which that member is to answer Questions for oral answer.
- (4) Where a Question put down for oral answer is of such a nature as to require a lengthy reply or a reply in the form of a tabular statement, the Ceann Comhairle shall, at the request of the member of the Government to whom the Question is addressed, direct that the answer be furnished in the Official Report of the Debates.

52. Freagraí tarchurtha agus iarchurtha a chur i dTuairisc Oifigiúil na nDíospóireachtaí

- (1) Más rud é, maidir le comhalta den Rialtas (lena n-áirítear an Taoiseach), le linn freagra a thabhairt ar Cheist a chuirfear ar fhógra a thabhairt—
 - (a) go ndéarfadh sé nó sí gur tharchuir, nó go dtarchuirfidh, sé nó sí an Cheist chuig comhlacht atá faoi choimirce a Roinne i gcomhair freagra (“freagra tarchurtha”), nó
 - (b) go ndeimhneoidh sé nó sí gur féidir, agus go ndéanfar, faisnéis is mionsonraithe a sholáthar don chomhalta, ar ina ainm nó ina hainm a bheidh an Cheist ar Pháipéar na gCeisteanna, ar dháta is déanaí (“freagra iarchurtha”),

cuirfidh an comhalta sin den Rialtas faoi deara an freagra tarchurtha nó an freagra iarchurtha sin a sholáthar laistigh de deich lá tar éis an Cheist a fhreagairt, gan an Satharn, an Domhnach ná lá saoire poiblí a áireamh.

- (2) Maidir le gach aon fhreagra a gheofar de bhun mhír (1), áireofar é i dTuairisc Oifigiúil na nDíospóireachtaí nó beidh baint aige ar shlí eile le Tuairisc Oifigiúil na nDíospóireachtaí (i dteannta na Ceiste agus an fhreagra bhunaidh) lena mbaineann sé agus leagfar faoi bhráid na Dála é.

53. Ceisteanna le linn shos an tsamhraidh

- (1) Féadfaidh comhaltaí Ceisteanna a chur síos a mbeidh réiltín curtha leo faoi Bhuan-Ordú 51(2) chun comhalta den Rialtas faoi dhó le linn shos an tsamhraidh.
- (2) Ní foláir na Ceisteanna sin a bheith i scríbhinn agus a bheith ag an gCléireach—
 - (a) don chéad ócáid, tráth nach déanaí ná 11 a.m. an cúigiú lá tar éis an Dáil a chur ar athló, agus
 - (b) don dara hócáid, tráth nach déanaí ná 11 a.m. an deichiú lá roimh an dáta a bheidh socraithe le haghaidh athchromadh na Dála tar éis an tsosa,

gan áireamh a dhéanamh ar Shatharn, ar Dhomhnach ná ar lá saoire poiblí.

- (3) D’ainneoin nach mbeidh an Dáil ina suí na laethanta sin, ullmhófar Páipéar Ceisteanna ina mbeidh téacs na gCeisteanna a bheidh curtha don dá ócáid, agus cuirfidh comhaltaí den Rialtas faoi deara na freagraí ar na Ceisteanna sin a sholáthar i dTuairisc Oifigiúil na nDíospóireachtaí.
- (4) Beidh ag Ceisteanna a bheidh le freagairt le linn shos an tsamhraidh an stádas céanna a thugtar i gcoitinne do Cheisteanna faoi na Buan-Orduithe seo.

52. Referred and deferred replies to appear in Official Report of the Debates

- (1) Where a member of the Government (including the Taoiseach), in replying to a Question asked on notice, either—
 - (a) states that he or she has referred or will refer the Question to a body under the aegis of his or her Department for reply (a “referred reply”), or
 - (b) confirms that more detailed information can and will be supplied to the member in whose name the Question appears on the Questions Paper at a later date (a “deferred reply”),

that member of the Government shall cause such referred or deferred replies to be provided within ten days after the Question has been answered, not reckoning a Saturday, Sunday or public holiday.

- (2) Each and every reply received pursuant to paragraph (1) shall be included in or otherwise associated with the Official Report of the Debates (alongside the Question and the original reply) to which it relates and shall be laid before the Dáil.

53. Questions during the summer recess

- (1) Members may put down Questions distinguished by an asterisk under Standing Order 51(2) to a member of the Government twice during the summer recess.
- (2) Such Questions must be in writing and must reach the Clerk—
 - (a) for the first occasion, not later than 11 a.m. on the fifth day following the adjournment of the Dáil, and
 - (b) for the second occasion, not later than 11 a.m. on the tenth day preceding the date set for the resumption of the Dáil after the recess,

not reckoning a Saturday, Sunday or public holiday.

- (3) Notwithstanding that the Dáil will not be sitting on those days, a Questions Paper containing the text of the Questions submitted shall be prepared for both occasions, and members of the Government shall cause the answers to such Questions to be provided in the Official Report of the Debates.
- (4) Questions to be answered in the summer recess shall have the same status as is accorded generally to Questions under these Standing Orders.

54. Ceisteanna Breise

Ní fhéadfar Ceisteanna Breise a chur ach amháin chun tuilleadh léirithe a fháil ar an eolas a iarradh, agus beidh siad faoi rialú an Cheann Comhairle maidir lena mbaint le hábhar agus maidir lena líon: Ach, san am a thabharfar do Cheisteanna a mbeidh tosaíocht sonraithe dóibh, ní cead ach don chomhalta ar ina ainm nó ina hainm atá an Cheist ar Pháipéar na gCeisteanna Ceisteanna breise a chur. Ná ní cead Ceisteanna forlíontacha a rangú chun críocha freagra.

55. Leordhóthanacht freagraí ar Cheisteanna agus ar shaincheisteanna tráthúla

- (1) Le linn freagra a thabhairt ar Cheist a chuirfear tar éis fógra a thabhairt (bíodh sí i gcomhair freagra scríofa nó ó bhéal) nó ar shaincheist thráthúil, díreoidh comhalta den Rialtas ar gach uile iarraidh ar fhaisnéis a bheidh sa Cheist sin.
- (2) Aon chomhalta a bheidh den tuairim, i ndáil le Ceist i gcomhair freagra ó bhéal nó saincheist thráthúil arna cur síos aige nó aici, gur mhainnigh an comhalta den Rialtas lena mbaineann déanamh de réir mhír (1), féadfaidh sé nó sí a iarraidh ar an gCathaoirleach (ar choinníoll go mbeidh an Ceann Comhairle nó an Leas-Cheann Comhairle i gceannas an tráth sin) le linn na n-imeachtaí, treoir a thabhairt don chomhalta den Rialtas an fhaisnéis atá á lorg a thabhairt agus, a mhéid a aontóidh sé nó sí le tuairim an chomhalta lena mbaineann, tabharfaidh an Ceann Comhairle nó an Leas-Cheann Comhairle treoir den sórt sin don chomhalta den Rialtas.
- (3) Aon chomhalta nár bhain leas as forálacha mhír (2) agus a bheidh den tuairim, i ndáil le Ceist (bíodh sí i gcomhair freagra scríofa nó ó bhéal) nó saincheist thráthúil arna cur síos aige nó aici, gur mhainnigh an comhalta den Rialtas lena mbaineann déanamh de réir mhír (1), féadfaidh sé nó sí an tuairim sin a chur in iúl i scríbhinn don Cheann Comhairle tráth nach déanaí ná ceithre lá tar éis freagra a bheith tugtha ar an gCeist (bíodh sí i gcomhair freagra scríofa nó ó bhéal) nó ar an tsaincheist thráthúil, gan áireamh a dhéanamh ar Shatharn, ar Dhomhnach ná ar lá saoire poiblí, agus an iarraidh shonrach nó na hiarrataí sonracha ar fhaisnéis nár díródh uirthi nó orthu sa fhreagra a shainaithint agus iarraidh a dhéanamh go gcuirfear forálacha an Bhuan-Ordaithe seo i bhfeidhm d'fhonn an mhainneachtain sin a leigheas.
- (4) Más rud é go n-aontóidh sé nó sí, agus a mhéid a aontóidh sé nó sí, le tuairim an chomhalta lena mbaineann, déanfaidh an Ceann Comhairle a thuairim nó a tuairim gur mainníodh déanamh de réir fhorálacha mhír (1) a chur in iúl i scríbhinn don chomhalta den Rialtas lena mbaineann.
- (5) Déanfaidh comhalta den Rialtas ar tugadh le fios dó nó di i scríbhinn go bhfuil an Ceann Comhairle den tuairim gur mainníodh déanamh de réir fhorálacha mhír (1), tráth nach déanaí ná 12.30 p.m. an lá tar éis an lae a cuireadh an tuairim sin in iúl, freagra i scríbhinn a thabhairt don Cheann Comhairle ar gach ceann de na hiarrataí ar fhaisnéis

54. Supplementary Questions

Supplementary Questions may be put only for the further elucidation of the information requested, and shall be subject to the ruling of the Ceann Comhairle, both as to relevance and as to number: Provided that, in the time allocated to Questions nominated for priority, supplementary Questions may be put only by the member in whose name the Question appears on the Questions Paper: Provided further that supplementary Questions shall not be grouped for the purposes of reply.

55. Adequacy of replies to Questions and topical issues

- (1) A member of the Government shall, in replying to a Question asked on notice (whether for written or oral reply) or to a topical issue, address each and every request for information contained therein.
- (2) A member who is of the opinion that, in relation to either a Question for oral reply or a topical issue put down by him or her, the member of the Government concerned has failed to comply with paragraph (1), may, during the course of proceedings, appeal to the Chair (provided either the Ceann Comhairle or Leas-Cheann Comhairle is in the Chair at the time) to instruct the member of the Government to impart the information sought and, to the extent that he or she agrees with the opinion of the member concerned, the Ceann Comhairle or Leas-Cheann Comhairle shall so instruct the member of the Government.
- (3) A member, who has not availed of the provisions of paragraph (2), and who is of the opinion that, in relation to either a Question (whether for written or oral reply) or a topical issue put down by him or her, the member of the Government concerned has failed to comply with paragraph (1), may communicate such opinion in writing to the Ceann Comhairle not later than four days after the Question (whether for written or oral reply) or the topical issue has been answered, not reckoning a Saturday, Sunday or public holiday, identifying the specific request or requests for information not addressed in the reply and requesting that the provisions of this Standing Order be applied in order to remedy such failure.
- (4) If and to the extent that he or she agrees with the opinion of the member concerned, the Ceann Comhairle shall communicate his or her opinion that there has been a failure to comply with the provisions of paragraph (1) in writing to the member of the Government concerned.
- (5) A member of the Government who has been advised in writing that the Ceann Comhairle is of opinion that there has been a failure to comply with the provisions of paragraph (1) shall, not later than 12.30 p.m. on the day following the communication of such opinion, furnish to the Ceann Comhairle a response in writing to each of the

a raibh, i dtuairim an Cheann Comhairle, mainneachtain ann déanamh de réir mhír (1) i ndáil léi.

- (6) (a) Beidh gach uile fhreagra a gheofar de bhun mhír (5) i dTuairisc Oifigiúil na nDíospóireachtaí, nó beidh sé nó siad i gceangal ar shlí eile le Tuairisc Oifigiúil na nDíospóireachtaí, lena mbaineann sé nó siad agus leagfar faoi bhráid na Dála é nó iad.
- (b) Más rud é nach dtabharfaidh an comhalta den Rialtas freagra faoi mhír (5) nó go measfaidh an Ceann Comhairle, maidir leis an bhfreagra a bheidh faighte, nach bhfuil sé de réir fhorálacha mhír (1) fós, déanfaidh an Ceann Comhairle, ag deireadh gach seisiúin Dála, tuarascáil staitistiúil i ndáil leis na hócáidí nach ndearnadh dá réir a ullmhú agus a leagan faoi bhráid na Dála.
- (7) Aon Cheist nó saincheist thráthuúil ar i ndáil léi a thiocfaidh an Ceann Comhairle ar an tuairim gur mhainnigh an comhalta den Rialtas lena mbaineann déanamh de réir mhír (1), ní chuirfear i gcuntas í chun críocha mhíreanna (3) nó (4) de Bhuan-Ordú 46.
- (8) Aon chomhalta a bheidh den tuairim, maidir le freagra a bheidh tugtha ag comhalta den Rialtas de réir mhír (5), go raibh mainneachtain ann déanamh de réir mhír (1), féadfaidh sé nó sí an tuairim sin a chur in iúl i scríbhinn don Cheann Comhairle tráth nach déanaí ná ceithre lá tar éis an freagra a bheith tugtha don Cheann Comhairle, gan áireamh a dhéanamh ar Shatharn, ar Dhomhnach ná ar lá saoire poiblí, agus an iarraidh shonrach nó na hiarrataí sonracha ar fhaisnéis nár díródh uirthi nó orthu sa fhreagra a shainaithint agus iarraidh a dhéanamh go roghnófar an ní lena bhreithniú mar shaincheist thráthuúil¹³.

Ráitis

56. Ráitis sa Teach

Féadfaidh comhalta den Rialtas a mbeidh fógra roimh ré tugtha aige nó aici don Cheann Comhairle ráiteas a dhéanamh sa Teach ar ábhar ar bith. Ní cheadófar aon díospóireacht ar aon ráiteas den sórt sin ach féadfar ráitis bhreise a cheadú de rogha an Cheann Comhairle ó urlabhraí arna ainmniú nó arna hainmniú ag Páirtí Freasúra.

Mínithe Pearsanta

57. Mínithe pearsanta

- (1) Beidh de rogha ag an gCeann Comhairle cead a thabhairt d'aon chomhalta míniú pearsanta a thabhairt sa Dáil, tar éis don chomhalta lena mbaineann fógra i scríbhinn a

13 Féach B.O. 39

STANDING ORDERS

requests for information in relation to which there has been, in the opinion of the Ceann Comhairle, a failure to comply with paragraph (1).

- (6) (a) Each and every response received pursuant to paragraph (5) shall be included in or otherwise be associated with the Official Report of the Debates to which it relates and shall be laid before the Dáil.
- (b) If the member of the Government does not respond under paragraph (5) or the Ceann Comhairle considers the response received still does not comply with the provisions of paragraph (1), the Ceann Comhairle shall, at the end of each Dáil session, prepare and lay before the Dáil a statistical report regarding the occasions of such non-compliance.
- (7) A Question or a topical issue in relation to which the Ceann Comhairle has formed the opinion that the member of the Government concerned has failed to comply with paragraph (1) shall not be taken into account for the purposes of paragraphs (3) or (4) of Standing Order 46.
- (8) A member who is of the opinion that a response furnished by a member of the Government in accordance with paragraph (5) has failed to comply with paragraph (1) may communicate such opinion in writing to the Ceann Comhairle not later than four days after the response has been furnished to the Ceann Comhairle, not reckoning a Saturday, Sunday or public holiday, identifying the specific request or requests for information not addressed in the response and requesting that the matter be selected for consideration as a topical issue¹³.

Statements

56. Statements in the House

A member of the Government who has given prior notice to the Ceann Comhairle may make a statement in the House on any matter. No debate shall be permitted on any such statement but further statements may be allowed at the discretion of the Ceann Comhairle from a spokesperson nominated by a Party in Opposition.

Personal Explanations

57. Personal explanations

- (1) The Ceann Comhairle shall have discretion to permit any member to make a personal explanation in the Dáil, following notice given in writing by the member concerned

¹³ See S.O. 39

thabhairt don Cheann Comhairle faoina mhian nó faoina mian chun míniú den sórt sin a thabhairt agus faoi ábhar an mhínithe bheartaithe sin.

- (2) Beidh míniú a thabharfar faoin mBuan-Ordú seo gearr, neamhargóinteach agus pearsanta go hiomlán agus ní bheidh sé de chineál a bheadh ina chúis le díospóireacht nó a n-éireadh tuilleadh mínithe as.
- (3) Ní cheadófar d'aon chomhalta ceisteanna a chur ar chríochnú mínithe phearsanta ná ní éireoidh aon díospóireacht as.

Rialacha Díospóireachta

58. Glaoch ar chomhaltaí chun labhairt; labhairt chun na Cathaoireach

Aon chomhalta ar mian leis nó léi labhairt, éireoidh sé nó sí ina áit nó ina háit. Má éiríonn níos mó ná aon chomhalta amháin san am céanna, glaofaí an Ceann Comhairle ar dhuine acu. Is chun na Cathaoireach a labhróidh comhaltaí.

59. Tosach labhartha ag an gCathaoir

Aon uair a éireoidh an Ceann Comhairle le linn díospóireachta, ní foláir d'aon chomhalta a bheidh ag labhairt, nó ar tí labhairt, an uair sin, suí síos.

60. Labhairt faoi dhó

Ní bheidh aon chomhalta i dteideal labhairt faoi dhó ar an aon tairiscint amháin, ach amháin chun críoch a chur leis an díospóireacht ar thairiscint a rinne sé nó sí féin.

61. Idirghabhálacha i ndíospóireachtaí

- (1) Mura n-ordóidh an Dáil a mhalairt, féadfaidh comhalta atá ag tabhairt óráide i gcúrsa díospóireachta géilleadh do chomhalta eile ar mian leis nó léi ceist a chur nó tuairim a thabhairt maidir le pointí a bheidh déanta le linn óráid an chéad chomhalta: Ar choinníoll nach faide ná 30 soicind an idirghabháil sin: agus ar choinníoll fairis sin, mar riail ghinearálta, nach gceadóidh an Ceann Comhairle na hidirghabhálacha sin ach amháin le linn an chuid deiridh d'óráid.
- (2) Féadfaidh aon chomhalta a bhfuil fógra roimh ré tugtha aige nó aici don Cheann Comhairle idirghabháil a dhéanamh, le cead an Cheann Comhairle, chun ráiteas 30 soicind a dhéanamh d'fhonn soiléiriú a thabhairt ar ráitis a rinneadh níos luaithe le linn a óráide nó a hóráide.
- (3) In aon cheann de na cásanna sin a luadh cheana, beidh sé de rogha ag an gCeann Comhairle an t-am a bheidh caillte de thoradh idirghabhálacha a chur leis an am a bheidh ar fáil don chomhalta a bheidh ag tabhairt óráide: Ar choinníoll nach dóigh leis nó léi go

STANDING ORDERS

to the Ceann Comhairle of his or her desire to make such an explanation and of the content of such proposed explanation.

- (2) An explanation made under this Standing Order shall be brief, non-argumentative and strictly personal and shall not be such as would cause debate or give rise to further explanations.
- (3) No member shall be permitted to ask questions at the conclusion of a personal explanation nor shall any debate arise thereon.

Rules of Debate

58. Calling of members to speak; addressing Chair

A member desiring to speak shall rise in his or her place. Should more than one member rise at the same time, the Ceann Comhairle shall call upon one of them. Members shall address the Chair.

59. Precedence of Chair

Whenever the Ceann Comhairle rises during a debate, any member then speaking, or offering to speak, shall resume his or her seat.

60. Speaking twice

No member shall be entitled to speak twice upon the same motion, except to close the debate upon a motion of which he or she was the proposer.

61. Interventions in debate

- (1) Unless the Dáil shall otherwise order, a member in possession in the course of debate may give way to another member who wishes to query or comment on points made in the course of the first member's speech: Provided that such intervention shall not exceed 30 seconds: and provided further that the Ceann Comhairle shall, as a general rule, only allow such interventions in the latter stages of a speech.
- (2) Any member who has given prior notice to the Ceann Comhairle may, by permission of the Ceann Comhairle, intervene to make a 30 second statement to clarify remarks made earlier in the course of his or her speech.
- (3) In either of the aforementioned cases, the Ceann Comhairle shall have discretion to add the time lost as a result of the interventions to the time available to the member in possession: Provided that, in his or her opinion, such addition shall not unduly affect

gcuirfidh an breisiú sin isteach go míchuí ar an ngnó agus faoi réir uasmhéid iomlán deich nóiméad a chur le díospóireacht lena mbainfidh tairiscint i ndáil le roinnt an ama.

62. Díospóireacht ar thairiscintí agus ar leasuithe

Ní dhéanfar díospóireacht ar thairiscint ná ar leasú go dtí go dtairgfear an cheist iomchuí ón gCathaoir.

63. Tairiscintí nó leasuithe do thitim ar lár

Más rud é nach ndéanfaidh comhalta an tairiscint nó nach dtairgfadh sé nó sí an leasú, a mbeidh a ainm nó a hainm léi nó leis, titfidh an tairiscint nó an leasú sin ar lár mura ndéantar í, nó mura dtairgtear é, ag comhalta éigin eile a mbeidh údarás aige nó aici uaidh nó uaithi.

64. Tairiscint ó chomhalta príobháideach do thitim ar lár

Tairiscint ó chomhalta príobháideach nach ndéanfar laistigh de dhá mhí dhéag ón dáta a ndearna an Cléireach í a fhoilsiú i dtosach agus fógra ina leith a thabhairt do chomhaltaí de bhun Bhuan-Ordú 37, measfar í a bheith tite ar lár, ach sin gan dochar do cheart comhaltaí an tairiscint sin a chur síos arís.

65. Tairiscintí nó leasuithe a tharraingt siar

Aon chomhalta a dhéanfaidh tairiscint nó a thairgfadh leasú, féadfaidh sé nó sí an tairiscint nó an leasú sin a tharraingt siar le cead na Dála.

66. Ábharthacht agus foirm leasuithe

Ní foláir gach leasú a bheith ag baint le hábhar na tairisceana ar a dtairgfear é, agus é a bheith ceaptha chun focail a ligean ar lár nó a chur isteach nó a mhalartú. Ní ghlacfar le haon leasú is ionann agus diúltú díreach.

67. Ní cheadófar díospóireacht tar éis an cheist a chur

Nuair a bheidh an cheist ar thairiscint nó ar leasú curtha ón gCathaoir, ní cheadófar a thuilleadh díospóireachta ar an tairiscint nó ar an leasú sin.

68. Rún a leasú nó a chealú

Ní féidir tairiscint a dhéanamh chun Rún a chealú nó a leasú, seachas Rún a bhaineann leis an Dáil a chur ar athló nó le Buan-Orduithe, ach amháin tar éis fógra a thabhairt ina sonrófar an Rún atá le cealú nó le leasú, agus ina luafar téarmaí na tairisceana atá le déanamh; ach ní dhéanfaidh an Cléireach aon tairiscint a fhoilsiú agus fógra ina leith a thabhairt do chomhaltaí de bhun Bhuan-Ordú 37, go ceann sé mhí ón dáta a glacadh le haon Rún den sórt sin, mura bhfaighfear aontú i scríbhinn ó 25 chomhalta ar a laghad nó ón séú cuid de chomhaltas Buan-Choiste, Roghchoiste nó Coiste Speisialta i gcás Rúin de chuid an Choiste.

STANDING ORDERS

business and subject to the addition of an overall maximum of ten minutes in a debate to which an allocation of time motion applies.

62. Debating of motions and amendments

A motion or amendment shall not be debated until the appropriate question has been proposed from the Chair.

63. When motions and amendments lapse

If a member does not move the motion or amendment which stands in his or her name, such motion or amendment shall lapse unless moved by some other member authorised by him or her.

64. Lapse of private member's motion

A private member's motion which is not moved within twelve months from the date on which it was first published by the Clerk and notified to members pursuant to Standing Order 37 shall be deemed to have lapsed, but without prejudice to the right of members to put down such motion again.

65. Motions and amendments may be withdrawn

A member who has made a motion or proposed an amendment may withdraw the same by leave of the Dáil.

66. Relevancy and form of amendments

Every amendment must be relevant to the motion to which it is proposed, and must be directed to omitting, adding, or substituting words. No amendment, which is equivalent to a direct negative, shall be accepted.

67. Debate not allowed after question put

When the question on a motion or an amendment has been put from the Chair, no further debate thereon shall be allowed.

68. Amending or rescinding Resolution

A motion to rescind or amend a Resolution, other than a Resolution relating to an adjournment of the Dáil or to Standing Orders, can only be made on notice that shall specify the Resolution to be rescinded or amended, and furnish the terms of the motion to be made; but no motion shall be published by the Clerk and notified to members pursuant to Standing Order 37, within six months from the date of its adoption, except with the written assent of not less than 25 members or one-sixth of the membership of a Standing, Select or Special Committee in the case of a Resolution of the Committee.

69. Srianta le díospóireacht: athrá na cainte céanna agus trácht roimh ré

- (1) Ní dhéanfaidh comhalta ar bith atrácht ar cheist a bhí faoi thrácht cheana taobh istigh de na sé mhí roimhe sin.
- (2) D'ainneoin mhír (1), beidh de rogha ag an gCeann Comhairle tréimhse is giorra ná sé mhí a chur i bhfeidhm i gcás an ghnó a shonraítear thíos de réir an chleachtais bhunaithe:
 - (a) míniú pearsanta ag comhalta, tar éis fógra a thabhairt don Cheann Comhairle agus le cead an Cheann Comhairle¹⁴;
 - (b) tairiscint mhuiníne as an Taoiseach agus/nó an Rialtas nó comhalta den Rialtas; agus
 - (c) tairiscint á ordú don Cheann Comhairle a ordú do Chléireach na Dála a Eascaire nó a hEascaire a chur amach chun comhalta a thoghadh chun aon fholúntas a tharlóidh ó am go ham a líonadh.¹⁵
- (3) Ní thráchtfaidh comhalta ar bith roimh ré ar aon ní a mbeidh fógra tugtha ina thaobh: Ach, nuair a bheidh an Ceann Comhairle á chinneadh cé acu atá, nó nach bhfuil, trácht ar aon ní as ordú ar an ábhar gur trácht roimh ré é, tabharfaidh sé nó sí aird ar an gcosúlacht atá ann go ndéanfar an ní ar a dtráchtar roimh ré a thabhairt faoi bhráid na Dála taobh istigh d'aimsir réasúnta.
- (4) Ní bhainfidh an Buan-Ordú seo le Buan-Choistí, Roghchoistí nó Coistí Speisialta.

70. Díospóireacht: nithe atá *sub judice*

Faoi réir i gcónaí cheart Dháil Éireann reachtaíocht a achtú faoi aon ní (agus aon treoirlínte a bheidh tarraingthe suas ag an gCoiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú ó am go ham), mura mbeidh bac air thairis sin faoi na Buan-Orduithe, ní choiscfear ar chomhalta aon ní a bhfuil tábhacht ghinearálta phoiblí ag baint leis a ardú sa Dáil, fiú amháin i gcás ina mbeidh imeachtaí dlí tionscanta: Ar choinníoll—

- (1) go mbeidh baint shoiléir ag an ní a ardófar le beartas poiblí;
- (2) nach bhféadfar ní a ardú i gcás ina mbaineann sé le cás ina mbeidh fógra seirbheáilte agus a bheidh le héisteacht os comhair giúiré nó a bheidh á éisteacht an tráth sin os comhair giúiré;

14 B.O. 57

15 B.O. 239(1)

69. Restrictions on debate: repetition and anticipation

- (1) No member shall re-open a discussion on a question already discussed during the preceding six months.
- (2) Notwithstanding paragraph (1), the Ceann Comhairle shall have discretion to apply a shorter period than six months to the business specified below in accordance with established practice:
 - (a) a personal explanation made by a member, following notice given to the Ceann Comhairle and by permission of the Ceann Comhairle¹⁴;
 - (b) a motion of confidence in the Taoiseach and/or the Government or a member of the Government; and
 - (c) a motion directing the Ceann Comhairle to direct the Clerk of the Dáil to issue his or her Writ for the election of a member to fill any vacancy that may occur from time to time¹⁵.
- (3) No member shall anticipate the discussion of any subject of which notice has been given: Provided that in determining whether a discussion is out of order on the ground of anticipation, regard shall be had by the Ceann Comhairle to the probability of the matter anticipated being brought before the Dáil within a reasonable time.
- (4) This Standing Order shall not apply to Standing, Select or Special Committees.

70. Debate: matters *sub judice*

Subject always to the right of Dáil Éireann to legislate on any matter (and any guidelines which may be drawn up by the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight from time to time), and unless otherwise precluded under Standing Orders, a member shall not be prevented from raising in the Dáil any matter of general public importance, even where court proceedings have been initiated: Provided that—

- (1) the matter raised shall be clearly related to public policy;
- (2) a matter may not be raised where it relates to a case where notice has been served and which is to be heard before a jury or is then being heard before a jury;

¹⁴ S.O. 57

¹⁵ S.O. 239(1)

- (3) nach n-ardófar ní ar shlí chomh follasach sin is gur dealraitheach go bhfuil iarracht á déanamh ag an Dáil luí isteach ar fheidhmeanna na gCúirteanna nó Binse Bhreithiúnaigh;
- (4) nach bhféadfaidh comhaltaí nithe a ardú ar mhodh substainteach (i.e. trí Cheist Pharlaiminte, ní a ardú faoi Bhuan-Ordú 39, tairiscint etc.) ach amháin i gcás inar gá fógra cuí a thabhairt ina leith; agus
- (5) nuair a bheidh cead tugtha ní a ardú, go mbeidh dualgas ar chomhaltaí i gcónaí gan tuairimí a thabhairt, más féidir in aon chor, arbh é an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith leo ná dochar a dhéanamh do thoradh imeachtaí.

71. Caint nach mbaineann le hábhar, nó athrá na cainte céanna

Aon chomhalta a leanfaidh de bheith ag déanamh cainte nach mbaineann le hábhar díospóireachta nó de bheith ag athrá na cainte céanna, nó ar dóigh leis an gCeann Comhairle gur chun gnó a thoirmeasc atá sé nó sí ag labhairt, féadfaidh an Ceann Comhairle a ordú dó nó di éirí as a óráid nó as a hóráid, tar éis iompar an chomhalta a chur in iúl don Dáil nó don Choiste.

72. Pribhléid: Caint a bhféadfadh dochar a bheith déanta léi: aighneacht a chur faoi bhráid an Chathaoirligh

- (1) Chun críche an Bhuan-Ordaithe seo, Bhuan-Ordú 73 agus Bhuan-Ordú 75—

ciallaíonn “go ndearnadh dochar le caint” go ndearnadh tagairt do dhuine as a ainm nó as a hainm, nó ar shlí ar furasta an duine sin a aithint, agus go bhfuil dóchúlacht shuntasach ann, maidir leis an duine sin—

- (a) go ndearnadh dochar dó nó di ina cháil nó ina cáil nó ina bhaint nó ina baint nó ina phlé nó ina plé le daoine eile,
- (b) go ndearnadh díobháil dó nó di ina shlí/slí bheatha, ina cheird/ceird, ina oifig/hoifig nó ina chreidmheas/creidmheas airgeadais, nó
- (c) go ndearnadh cur isteach míréasúnta ar a phríobháideacht nó a príobháideacht,

de bhíthin na tagartha sin a rinneadh dó nó di: Ar choinníoll, maidir le caint a rinne dochar do dhuine, nach gá gurb ionann agus mí-úsáid pribhléide í de réir bhrí na mBuan-Orduithe seo.

ciallaíonn “Cathaoirleach”—

- (a) i gcás imeachtaí Dháil Éireann, an Ceann Comhairle, nó
- (b) Cathaoirleach an Choiste i gcás imeachtaí—

STANDING ORDERS

- (3) a matter shall not be raised in such an overt manner so that it appears to be an attempt by the Dáil to encroach on the functions of the Courts or a Judicial Tribunal;
- (4) members may only raise matters in a substantive manner (i.e. by way of Parliamentary Question, matter raised under Standing Order 39, motion, etc.) where due notice is required; and
- (5) when permission to raise a matter has been granted, there will continue to be an onus on members to avoid, if at all possible, comment which might in effect prejudice the outcome of proceedings.

71. Irrelevance or repetition

A member who persists in irrelevance or repetition in debate, or who, in the opinion of the Ceann Comhairle, is speaking for the purpose of obstructing business, may be directed by the Ceann Comhairle to discontinue his or her speech after the attention of the Dáil or of the Committee has been called to his or her conduct.

72. Privilege: Utterances which may have had an adverse effect: Submission to Chair

- (1) For the purpose of this Standing Order, Standing Order 73 and Standing Order 75—

“adversely affected by an utterance” means that a person has been referred to in proceedings by name or in such a way as to be readily identifiable, and there is a significant likelihood that that person, to a substantial degree—

- (a) has been adversely affected in reputation, or in respect of dealings or associations with others,
- (b) has been injured in occupation, trade, office or financial credit, or

- (c) has had their privacy unreasonably invaded,

by reason of that reference to them: Provided that an utterance which has had an adverse effect on a person will not necessarily constitute an abuse of privilege within the meaning of these Standing Orders.

“Cathaoirleach” means—

- (a) the Ceann Comhairle in the case of the proceedings of Dáil Éireann, or
- (b) the Cathaoirleach of the Committee in the case of the proceedings of—

BUAN-ORDUITHE

- (i) Coiste arna cheapadh ag Dáil Éireann, nó
- (ii) Comhchoiste arna cheapadh ag an dá Theach,

nó aon Fhochoiste díobh sin,

ciallaíonn “Cléireach iomchuí” —

- (a) i gcás imeachtaí na Dála, Cléireach Dháil Éireann, nó
- (b) i gcás imeachtaí Roghchoiste, Coiste Speisialta nó Comhchoiste, Cléireach an Choiste.

folaíonn “imeachtaí” —

- (a) imeachtaí Dháil Éireann agus Choiste den Dáil uile, agus
- (b) i ndáil le Coistí—

- (i) imeachtaí Coiste arna cheapadh ag Dáil Éireann, agus
- (ii) imeachtaí Comhchoiste arna cheapadh ag an dá Theach,

nó aon Fhochoiste díobh sin, agus

folaíonn “caint” gach ní arna fhoilsiú i dTuirisc Oifigiúil na nDíospóireachtaí.

- (2) Ní bheidh feidhm ag an mBuan-Ordú seo agus Buan-Ordú 73 maidir le finné a bheidh ag láithriú os comhair Coiste de bhun ordachán faoi alt 67 nó 83 den Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta), 2013.
- (3) Aon duine a bheidh den tuairim go ndearna caint dochar dó nó di, féadfaidh sé nó sí aighneacht scríofa a chur faoi bhráid an Chléirigh iomchuí tráth nach déanaí ná 6 seachtaine tar éis an chaint a dhéanamh. Déanfaidh an Cléireach iomchuí, a luaithe is indéanta tar éis an aighneacht a bheith curtha faoina bhráid nó faoina bráid, an aighneacht a thabhairt don Chathaoirleach lena breithniú aige nó aici faoi mhír (4).
- (4) Déanfaidh an Cathaoirleach, a luaithe is indéanta agus de réir aon treoirlínte iomchuí arna n-eisiúint ag an nGasra Oibre de Chathaoirligh Coistí faoi Bhuan-Ordú 130, de réir mar is cuí, an gníomh, más ann, a bheidh le déanamh mar fhreagra ar aighneacht faoi mhír (3), a chinneadh, agus cuirfidh sé nó sí an méid sin in iúl don duine a rinne an aighneacht dá réir sin: Ar choinníoll thairis sin go bhféadfaidh an Ceann Comhairle, dá rogha féin, an aighneacht a tharchur aon tráth chuig an gCoiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú lena breithniú de réir Bhuan-Ordú 73.

STANDING ORDERS

- (i) a Committee appointed by Dáil Éireann, or
 - (ii) a Joint Committee appointed by both Houses,
- or any sub-Committee thereof,

“relevant Clerk” means—

- (a) in the case of Dáil proceedings, the Clerk of Dáil Éireann, or
- (b) in the case of the proceedings of a Select, Special or Joint Committee, the Clerk of the Committee.

“proceedings” include the proceedings of—

- (a) Dáil Éireann and Committee of the whole Dáil, and
- (b) in relation to Committees—
 - (i) a Committee appointed by Dáil Éireann, and
 - (ii) a Joint Committee appointed by both Houses,or any sub-Committee thereof, and

“utterance” includes all matters published in the Official Report of the Debates.

- (2) This Standing Order and Standing Order 73 shall not apply to a witness attending before a Committee pursuant to a direction under either sections 67 or 83 of the Houses of the Oireachtas (Inquiries, Privileges and Procedures) Act 2013.
- (3) A person who is of the opinion that they have been adversely affected by an utterance may make a written submission to the relevant Clerk not later than 6 weeks following the making of the utterance. The relevant Clerk shall, as soon as practicable following receipt of a submission, furnish the submission to the Cathaoirleach for his or her consideration under paragraph (4).
- (4) The Cathaoirleach shall, as soon as practicable, and in accordance with any relevant guidance issued by the Working Group of Committee Cathaoirligh under Standing Order 130 as appropriate, determine the action, if any, to be taken in response to a submission under paragraph (3), and shall notify the person who has made the submission accordingly: Provided further that the Ceann Comhairle may, at his or her discretion, at any time refer the submission to the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight for consideration in accordance with Standing Order 73.

73. Pribhléid: Caint a bhféadfadh dochar a bheith déanta léi: Aighneacht a chur faoi bhráid an Choiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú

(1) Aon duine—

(a) nach mbeidh sásta leis an bhfógra i dtaobh fhreagra an Chathaoirligh ar a aighneacht nó a haighneacht tosaigh faoi Bhuan-Ordú 72(4), nó

(b) nach mbeidh fógra den sórt sin faighte aige nó aici laistigh de 6 seachtaine tar éis an aighneacht tosaigh a dhéanamh,

féadfaidh sé nó sí, tráth nach déanaí ná 12 sheachtain tar éis an aighneacht tosaigh a dhéanamh, aighneacht eile a chur faoi bhráid an Choiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú.

(2) Ní cosc mír (1) ar dhuine a mbeidh fógra faighte aige nó aici mar fhreagra laistigh de 6 seachtaine tar éis aighneacht tosaigh a dhéanamh aighneacht eile a chur faoi bhráid an Choiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú: Ar choinníoll go ndéanfar an aighneacht eile tráth nach déanaí ná 12 sheachtain tar éis an aighneacht tosaigh a dhéanamh.

(3) Déanfaidh an Coiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú aon aighneacht nó tarchur—

(a) a dhéanfar faoi mhír (1), nó

(b) a dhéanfaidh an Ceann Comhairle faoi Bhuan-Ordú 72(4) nó faoin mBuan-Ordú seo,

a bhreithniú a luaithe is indéanta tar éis í nó é a fháil. Féadfaidh an Coiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú, mar eisceacht, a chinneadh go nglacfar le haighneacht tráth níos déanaí ná na tréimhsí ama a shonraítear sa Bhuan-Ordú seo, i gcás, sna himthosca iomchuí go léir, gur deimhin leis an gCoiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú gur ghníomhaigh an duine go pras agus go bhfuil cúiseanna dosháraithe ann, agus fianaise ag tacú leo, don Choiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú an aighneacht a ghlacadh.

(4) I gcás nach mbeidh aighneacht déanta faoi Bhuan-Ordú 72 nó faoin mBuan-Ordú seo, féadfaidh an Ceann Comhairle, i gcás go mbeidh sé nó sí den tuairim go bhféadfadh dochar a bheith déanta do dhuine, caint a tharchur chuig an gCoiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú lena breithniú de réir an Bhuan-Ordaithe seo.

73. Privilege: Utterances which may have had an adverse effect: Submission to Committee on Parliamentary Privileges and Oversight

(1) A person who—

- (a) is not satisfied with the notification of the response of the Cathaoirleach to his or her initial submission under Standing Order 72(4), or
- (b) has not received such a notification within 6 weeks of the making of the initial submission,

may, not later than 12 weeks following the making of the initial submission, make a further submission to the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight.

(2) Paragraph (1) shall not prevent a person who has received a notification in response within 6 weeks of making an initial submission from making a further submission to the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight: Provided that such further submission is made not later than 12 weeks after the initial submission.

(3) The Committee on Parliamentary Privileges and Oversight shall consider any submission or referral made—

(a) under paragraph (1), or

(b) by the Ceann Comhairle under Standing Order 72(4) or under this Standing Order,

as soon as practicable following its receipt. The Committee on Parliamentary Privileges and Oversight may, by exception, decide to accept a submission later than the time periods specified in this Standing Order where, in all the relevant circumstances, the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight is satisfied that the person has acted promptly, and that there are compelling reasons, supported by evidence, for the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight to accept the submission.

(4) Where a submission has not been made under Standing Order 72 or under this Standing Order, the Ceann Comhairle may, where he or she is of the opinion that a person may have been adversely affected, refer an utterance to the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight for consideration in accordance with this Standing Order.

BUAN-ORDUITHE

- (5) I gcás go bhfaighidh an Coiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú aighneacht nó tarchur faoin mBuan-Ordú seo, tabharfaidh sé fógra don chomhalta a rinne an chaint agus tabharfaidh sé deis don chomhalta sin aighneacht dá chuid féin nó dá cuid féin a chur faoi bhráid an Choiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú.
- (6) I gcás go mbaineann aighneacht nó tarchur faoin mBuan-Ordú seo le caint a rinne comhalta den Choiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú, staonfaidh an comhalta sin ó na himeachtaí go léir i leith na haighneachta nó an tarchuir sin: Ar choinníoll go bhféadfaidh comhalta eile ionadú a dhéanamh don chomhalta sin sna himeachtaí sin de réir Bhuan-Ordú 115(2).
- (7) Le linn dó cinneadh a dhéanamh faoin mBuan-Ordú seo (agus féadfaidh cinneadh i dtaobh ar tharla mí-úsáid pribhléide a bheith san áireamh), beidh aird ag an gCoiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú ar leas an phobail, nósanna imeachta cothroma agus riachtanais an cheartais aiceanta agus bunreachta, agus cibé cúinsí eile is cuí agus is iomchuí leis de réir mar a bheidh leagtha amach sna treoirlínte arna nglacadh ag an gCoiste de réir Bhuan-Ordú 129.
- (8) Le linn dó leas an phobail a bhreithniú chun cinneadh a dhéanamh faoin mBuan-Ordú seo, déanfaidh an Coiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú cothromaíocht a aimsiú—
 - (a) maidir le cearta comhaltaí chun gabháil faoi shaoirse do dhíospóireacht i dtaobh nithe a mbaineann tábhacht phoiblí leo (ar cearta iad atá faoi réir fhorálacha na mBuan-Orduithe agus rialuithe ón gCathaoir arna dtabhairt de bhun Bhuan-Ordú 75), agus
 - (b) cearta gach duine dá ndéanann an díospóireacht sin difear.
- (9) Chun críocha an Bhuan-Ordaithe seo, folaíonn “leas an phobail” breithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas, ach gan bheith teoranta dóibh:
 - (a) a mhéid a bhaineann an chaint le ní a bhaineann le beartas poiblí agus leis an gcéanna a chur chun cinn,
 - (b) a mhéid a bhaineann an chaint le ní is díol mór imní don phobal,
 - (c) an amhlaidh go ndearnadh an chaint le linn dualgas parlaiminteach comhalta a chomhlíonadh,
 - (d) a mhéid a rinneadh an chaint ar bhealach freagrach, lena n-áirítear í a bheith iomchuí maidir leis na himeachtaí, agus
 - (e) a mhéid a dhéanann an chaint dochar do dhuine ar féidir é nó í a aithint.

STANDING ORDERS

- (5) Where the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight has received a submission or referral under this Standing Order, it shall notify the member who made the utterance, and shall afford such member an opportunity to make their own submission to the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight.
- (6) Where a submission or referral under this Standing Order relates to an utterance by a member of the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight, such member shall recuse themselves from all proceedings in respect of that submission or referral: Provided that another member may substitute for such member for such proceedings in accordance with Standing Order 115(2).
- (7) When making a determination under this Standing Order (which may include a determination on whether an abuse of privilege has occurred), the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight shall have regard to the public interest, fair procedures and the requirements of natural and constitutional justice, and such other considerations as it considers appropriate and relevant as set out in such guidelines as shall be adopted by the Committee in accordance with Standing Order 129.
- (8) In considering the public interest for the purposes of making a determination under this Standing Order, the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight shall balance—
 - (a) the rights of members to engage freely in debate on matters of public importance (which rights are subject to the provisions of Standing Orders and rulings of the Chair made pursuant to Standing Order 75), and
 - (b) the rights of all persons affected by such debate.
- (9) For the purposes of this Standing Order, “public interest” includes, but is not limited to, consideration of the following matters:
 - (a) the degree to which the utterance is in relation to, and in furtherance of, a matter of public policy,
 - (b) the degree to which it relates to a matter of significant public concern,
 - (c) whether the utterance was made in the course of the performance of a member’s parliamentary duty,
 - (d) the degree to which it was made in a responsible manner, including its relevance to the proceedings, and
 - (e) the degree to which the utterance adversely affects an identifiable person.

BUAN-ORDUITHE

Féadfar cúinsí breise a leagan amach i dtreoirínte arna nglacadh ag an gCoiste de réir Bhuan-Ordú 129.

- (10) Tar éis dó cinneadh a dhéanamh faoi mhír (7), féadfaidh an Coiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú cibé moltaí is cuí leis a dhéanamh agus tuairisciú don Dáil ar an gcéanna. Féadfaidh ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh sna moltaí sin, ach gan bheith teoranta dóibh—

(a) go mbeidh sé ina threoir ag an Dáil don Choiste iomchuí cibé gníomh a dhéanamh, faoi réir cibé coinníollacha, a chinnfidh an Coiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú;

(b) go ndéanfaidh an Dáil comhalta a cháineadh ar chúiseanna a shonrófar:

Ar choinníoll, i gcás go ndéanfaidh an Coiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú moladh faoin mír seo, nach ndéanfaidh aon ní cosc a chur air a chinneadh gur mí-úsáid phribhléide í an chaint iomchuí.

- (11) Déanfaidh an Dáil tairiscint faoi mhír (10) a bhreithniú a luaithe is indéanta.

- (12) I gcás go gcinntear leis an tuarascáil ón gCoiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú gur tharla mí-úsáid phribhléide, cuirfear ceangal ar an gcomhalta a rinne an chaint í a tharraingt siar le linn imeachtaí den Dáil nó den Choiste iomchuí, de réir mar is cuí, agus laistigh de cibé tréimhse ama agus i cibé foirm focal a shonróidh an Coiste ina thuarascáil. Déanfaidh an Ceann Comhairle (nó Cathaoirleach an Choiste iomchuí, de réir mar a bheidh) tar éis dul i gcomhairle leis an gcomhalta lena mbaineann, an t-am agus an lá a dhéanfar an tarraingt siar a chinneadh, agus déanfaidh an Ceann Comhairle nó Cathaoirleach an Choiste iomchuí cinneadh an Choiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú i dtaobh na cainte a léamh amach díreach sula nglaofar ar an gcomhalta an chaint a tharraingt siar.

- (13) Más rud é nach ndéanfaidh an comhalta an chaint a rinne sé nó sí a tharraingt siar ar an modh atá leagtha amach i mír (12), déanfaidh an Ceann Comhairle (tar éis fógra, más infheidhme, a fháil ón gCléireach don Choiste iomchuí nach ndearna an comhalta an chaint a tharraingt siar) díreach roimh an Ord Gnó, nó díreach roimh Ceisteanna maidir le Beartas nó Reachtaíocht faoi Bhuan-Ordú 36, an chéad lá suí de chuid Dháil Éireann i ndiaidh an lae arna chinneadh chun an chaint a tharraingt siar, nó a luaithe is indéanta dá éis sin, cinneadh an Choiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú i dtaobh na cainte a léamh amach agus an comhalta a ainmniú lena fhionraí nó lena fionraí ó sheirbhís na Dála agus a cuid Coistí de réir Bhuan-Ordú 77.

74. Pribhléid: Réamhfhógra a thabhairt go bhfuil sé i gceist caint a dhéanamh

D'ainneoin fhorálacha Bhuan-Ordú 72 nó 73, aon chomhalta a mheasfaidh gurb é leas an phobail é go ndéanfaidh seisean nó sise caint a d'fhéadfadh, de réir na brí

STANDING ORDERS

Additional considerations may be set out in guidelines adopted by the Committee in accordance with Standing Order 129.

- (10) Having made a determination under paragraph (7), the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight may make such recommendations as it considers appropriate and shall report to the Dáil thereon. Such recommendations may include, but are not limited to, one or more of the following—
- (a) that the relevant Committee be instructed by the Dáil to take such action, subject to such conditions, as the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight shall determine;
 - (b) that a member be censured by the Dáil for stated reasons:

Provided that where the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight makes a recommendation under this paragraph, nothing shall preclude it from making a finding that the relevant utterance constituted an abuse of privilege.

- (11) The Dáil shall consider a motion under paragraph (10) as soon as is practicable.
- (12) Where the report of the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight finds that an abuse of privilege has occurred, the member who made the utterance is required to withdraw it during the proceedings of the Dáil or the relevant Committee, as appropriate, and within such time period and in such form of words as shall be specified by the Committee in its report. The Ceann Comhairle (or Cathaoirleach of the relevant Committee, as the case may be) shall, following consultation with the member concerned, determine the time and the day for the making of the withdrawal, and the Ceann Comhairle or Cathaoirleach of the relevant Committee shall read out the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight's finding on the utterance immediately prior to calling on the member to withdraw the utterance.
- (13) If the member does not withdraw their utterance in the manner outlined in paragraph (12), the Ceann Comhairle (having been notified where applicable by the Clerk to the relevant Committee that the member has not withdrawn the utterance), shall, immediately prior to the Order of Business, or immediately following Questions on Policy or Legislation under Standing Order 36, on the next sitting day of Dáil Éireann after the day determined for the withdrawal of the utterance, or as soon as is practicable thereafter, read out the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight's finding on the utterance and name the member for suspension from the service of the Dáil and its Committees in accordance with Standing Order 77.

74. Privilege: Prior notice of intention to make an utterance

Notwithstanding the provisions of Standing Order 72 or 73, any member who considers that it is in the public interest for him or her to make an utterance which could, within

dá bhforáiltear i mBuan-Ordú 72, dochar a dhéanamh do dhuine, féadfaidh sé nó sí réamhfhógra príobháideach i scríbhinn a thabhairt don Ceann Comhairle (nó do Cathaoirleach an Choiste iomchuí, de réir mar a bheidh) go bhfuil sé i gceist aige nó aici caint den sórt sin a dhéanamh agus na cúiseanna atá léi; agus déanfar an fógra sin a chur san áireamh le linn feidhmiú fhorálacha Bhuan-Ordú 73 a bheith á bhreithniú.

75. Ról an Cathaoirligh chun ord a choimeád agus rialuithe a thabhairt

- (1) Chun críche an Bhuan-Ordaithe seo, ciallóidh “Cathaoirleach” —
 - (a) an Ceann Comhairle, an Leas-Ceann Comhairle, nó Cathaoirleach sealadach ag gníomhú de bhun Bhuan-Ordú 18, nó
 - (b) Cathaoirleach, Leas-Cathaoirleach nó Cathaoirleach sealadach Coiste arna ainmniú nó arna hainmniú de bhun na mBuan-Orduithe seo;
- (2) Is é nó í an Cathaoirleach an t-aon bhreitheamh ar ord in imeachtaí agus tá údarás aige nó aici mí-ord a chosc agus iallach a chur géilleadh go tapaidh dá rialú.
- (3) Tá údarás ag an gCathaoirleach na Buan-Orduithe a léiriú agus rialú a thabhairt ar nithe nach dtagann go sainráite faoi réim na mBuan-Orduithe, lena n-áirítear, ach gan bheith teoranta dóibh, nithe a bhaineann le caint nach mbaineann le hábhar, le hathrá agus le húsáid chuí pribhléide le linn díospóireachta.
- (4) Ní dhéanfaidh aon ní sa Bhuan-Ordú seo, ná sna Buan-Orduithe seo i gcoitinne, cosc a chur ar an Teach comhalta a chur ar fionraí ó sheirbhís na Dála agus a cuid Coistí de réir fhorálacha Bhuan-Ordú 77.

76. Iompar mí-ordúil: caithfidh an comhalta imeacht as an Dáil

- (1) Ordóidh an Ceann Comhairle do chomhalta a bheidh á iompar nó á hiompar féin go han-mhí-ordúil imeacht as an Dáil láithreach agus fanacht aisti ar feadh an chuid eile de shuí an lae sin. Más rud é, áfach, gur dóigh leis an gCeann Comhairle, ar aon ócáid, nach leor na cumhachtaí a thugtar leis an mBuan-Ordú seo chun déileáil leis an gcion, féadfaidh sé nó sí, de réir an chéad Bhuan-Ordaithe ina dhiaidh seo, an comhalta sin a ainmniú mar gheall ar mhí-iompar, nó féadfaidh sé nó sí glaoch ar an Dáil chun breith a thabhairt ar iompar an chomhalta. Comhaltaí a n-ordófar dóibh imeacht as an Dáil de bhun an Bhuan-Ordaithe seo, nó a chuirfear ar fionraí de bhun an chéad Bhuan-Ordaithe ina dhiaidh seo, imeoidh siad láithreach ó mhaighin na Dála.
- (2) Ní fhéadfar comhalta a ainmniú ná ní fhéadfar glaoch ar an Dáil chun breith a thabhairt ar a iompar nó ar a hiompar ach amháin nuair a bheidh an Ceann Comhairle i gceannas.

STANDING ORDERS

the meaning provided for in Standing Order 72, adversely affect a person, may give prior private notice in writing to the Ceann Comhairle (or Cathaoirleach of the relevant Committee, as the case may be) of his or her intention to make such an utterance and the reasons therefor; and such notice shall be taken into account in the consideration of the application of the provisions of Standing Order 73.

75. Role of the Chair in maintaining order and making rulings

- (1) For the purpose of this Standing Order, “Cathaoirleach” shall mean—
 - (a) the Ceann Comhairle, the Leas-Cheann Comhairle, or a temporary Cathaoirleach acting pursuant to Standing Order 18, or
 - (b) a Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach or a temporary Cathaoirleach of a Committee appointed pursuant to these Standing Orders.
- (2) The Cathaoirleach is the sole judge of order in proceedings and has authority to suppress disorder, and to enforce prompt obedience to his or her ruling.
- (3) The Cathaoirleach has authority to interpret Standing Orders and to rule on matters which are not expressly covered in Standing Orders, including but not limited to matters relating to relevance, repetition and appropriate use of privilege during debate.
- (4) Nothing in this Standing Order, or in these Standing Orders generally, shall prevent the House from suspending a member from the service of the Dáil and its Committees in accordance with the provisions of Standing Order 77.

76. Disorderly conduct: member to withdraw from Dáil

- (1) The Ceann Comhairle shall order a member whose conduct is grossly disorderly to withdraw immediately from the Dáil for the remainder of that day’s sitting. If, however, on any occasion the Ceann Comhairle deems that the powers conferred under this Standing Order are inadequate to deal with the offence, he or she may, in accordance with the next succeeding Standing Order, name such member for misconduct, or he or she may call on the Dáil to adjudge upon his or her conduct. Members ordered to withdraw in pursuance of this Standing Order, or who are suspended in pursuance of the next succeeding Standing Order, shall forthwith withdraw from the precincts of the Dáil.
- (2) A member may be named or the Dáil called on to adjudge upon his or her conduct only when the Ceann Comhairle is in the Chair.

77. Comhalta a chur ar fionraí

- (1) Féadfaidh an Ceann Comhairle comhalta a ainmniú lena fhionraí nó lena fionraí ó sheirbhís na Dála agus a cuid Coistí, más rud é, i dtuairim an Cheann Comhairle, go bhfuil iompar an chomhalta sa Dáil nó i gCoiste den Dáil uile go han-mhí-ordúil.
- (2) Déanfaidh an Ceann Comhairle comhalta a ainmniú de réir fhorálacha na mBuan-Orduithe seo—
 - (a) i dtuarascáil ón gCoiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú ina mbeidh cinneadh gur mhí-úsáid comhalta pribhléid, nó
 - (b) sa tuarascáil de réir Bhuan-Ordú 122, ó Chathaoirleach Coiste, nó ó Choiste arna cheapadh ag an Dáil, gur iompair comhalta é ní féin go han-mhí-ordúil agus gur thug sé nó sí neamhaird ar údarás na Cathaoireach.
- (3) I gcás go mbeidh comhalta ainmnithe, déanfaidh an Ceann Comhairle tairiscint agus an cheist a chur láithreach san fhoirm chuí ar an tairiscint, agus ní cheadófar aon leasú, cur ar athló ná díospóireacht. Más rud é, ar fhógairt an toraidh, go mbeidh an comhalta ar fionraí ó sheirbhís na Dála, imeoidh an comhalta láithreach as an seomra: Ar choinníoll, ar bhonn eisceachtúil, go bhféadfar vótáil a éileamh ar an gceist agus déanfar an vótáil sin gan mhoill agus beidh an comhalta i dteideal vóta a chaitheamh in aon vótáil den sórt sin.
- (4) Faoi réir mhír (5), déanfaidh an Ceann Comhairle, ar scríbhinn aiféala lena mbeifear sásta agus a bheidh le cur ar Chín Lae Imeachtaí na Dála a fháil ó chomhalta a bheidh ar fionraí—
 - (a) an scríbhinn aiféala a leagan faoi bhráid na Dála, agus
 - (b) an tairiscint a dhéanamh díreach roimh an Ord Gnó, nó díreach tar éis Ceisteanna maidir le Beartas nó Reachtaíocht faoi Bhuan-Ordú 36, an chéad lá eile chun suí, gan fógra, leasú, cur ar athló ná díospóireacht, nó a luaithe is indéanta dá éis sin, agus cuirfidh sé nó sí láithreach an cheist chun an tOrdú fionraíochta a chur ar ceal, agus leis sin, ar fhógairt an toraidh, beidh an tOrdú ar ceal agus ligfear an comhalta ar ais: Ar choinníoll go bhféadfar, ar bhonn eisceachtúil, vótáil a éileamh faoin gceist agus go ndéanfar an vótáil sin láithreach.
- (5) I gcás comhalta a chur ar fionraí de bhun é nó í a bheith ainmnithe de bharr nach ndearna sé nó sí caint a cinneadh a bheith ina mí-úsáid phribhléide a tharraingt siar—
 - (a) ní cosc an fhionraí ar an gcomhalta do dhul isteach i Seomra na Dála chun an chaint a tharraingt siar agus chuige sin amháin, agus

STANDING ORDERS

77. Suspension of member

- (1) A member may be named by the Ceann Comhairle for suspension from the service of the Dáil and its Committees, where, in the opinion of the Ceann Comhairle, the member's conduct in the Dáil or in Committee of the whole Dáil is grossly disorderly.
- (2) A member shall be named by the Ceann Comhairle in accordance with the provisions of these Standing Orders—
 - (a) on a report of the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight containing a determination that a member has abused privilege, or
 - (b) on the report in accordance with Standing Order 122, of a Cathaoirleach of a Committee, or a Committee appointed by the Dáil, that a member has been grossly disorderly and has disregarded the authority of the Chair.
- (3) Where a member is named, the Ceann Comhairle shall move and forthwith put the question in the appropriate form on the motion, no amendment, adjournment or debate being allowed. If, on the declaration of the result, the member stands suspended from the service of the Dáil, the member shall withdraw from the chamber forthwith: Provided, on an exceptional basis, a division may be claimed on the question and shall take place immediately, and the member shall be entitled to vote in any such division.
- (4) Subject to paragraph (5), the Ceann Comhairle, on receiving from a suspended member a written and approved expression of regret, to be entered in the Journal of the Proceedings of the Dáil, shall—
 - (a) lay the expression of regret before the Dáil, and
 - (b) move the motion without notice, amendment, adjournment or debate immediately prior to the Order of Business, or immediately following Questions on Policy or Legislation under Standing Order 36, on the next sitting day, or as soon as is practicable thereafter, and forthwith put the question for the discharge of the Order of suspension, whereupon, on the declaration of the result, the Order shall be discharged, and the member re-admitted: Provided on an exceptional basis a division may be claimed on the question and shall take place forthwith.
- (5) Where a member is suspended pursuant to having been named for not having withdrawn an utterance found to be an abuse of privilege—
 - (a) suspension shall not prevent the member entering the Dáil Chamber solely for the purposes of withdrawing the utterance, and

- (b) i gcás go ndéanfaidh comhalta a chaint nó a caint a tharraingt siar, déanfaidh an Ceann Comhairle tairiscint chun an tOrdú fionraíochta a chur ar ceal de réir mhír (4): Ar choinníoll nach bhféadfar aon tairiscint a dhéanamh chun an tOrdú fionraíochta a chur ar ceal mura mbeidh a chaint nó a caint tarraingthe siar ag an gcomhalta, fiú amháin más rud é go mbeidh scríbhinn aiféala lena mbeifear sásta tugtha ag an gcomhalta don Cheann Comhairle.

78. Saghsanna Fionraíochta ó Sheirbhís na Dála agus a Coistí

- (1) Beidh ar áireamh san fhionraí ó sheirbhís na Dála, i gcás go ndéanfar an comhalta a ainmniú faoi Bhuan-Ordú 77—
 - (a) mar gheall ar iompar an-mhí-ordúil sa Dáil nó i gCoiste den Dáil uile, nó
 - (b) toisc nach ndearna sé nó sí caint ar cinneadh gur mhí-úsáid phribhléide í a tharraingt siar,

fionraí ó sheirbhís le haon Choiste arna cheapadh ag an Dáil chun ar ceapadh an comhalta roimh a fhionraí nó a fionraí, nó lena linn.
- (2) I gcás gur ainmníodh comhalta sa tuarascáil ó Chathaoirleach Coiste arna cheapadh ag an Dáil, nó sa tuarascáil ó Choiste arna cheapadh ag an Dáil, is ar fionraí ó sheirbhís leis an gCoiste sin amháin a bheidh an comhalta.
- (3) Beidh comhalta ar fionraí, ar an gcéad ócáid go ceann dhá lá suí, ar an dara hócáid go ceann ceithre lá suí agus ar an tríú hócáid nó ar aon ócáid ina dhiaidh sin go ceann ocht lá suí: Ar choinníoll—
 - (a) i gcás aon fhionraí, go ndéanfar an lá a cuireadh an comhalta ar fionraí a áireamh le linn líon na laethanta fionraí a ríomh, agus
 - (b) i gcás comhalta a chur ar fionraí de bhun é nó í a bheith ainmnithe—
 - (i) toisc nach ndearna sé nó sí caint ar cinneadh gur mhí-úsáid phribhléide í a tharraingt siar, nó
 - (ii) ar thuarascáil Coiste arna cheapadh ag an Dáil,

beidh an comhalta ar fionraí go ceann ceithre lá suí.
- (4) I gcás go ndéanfar comhalta a chur ar fionraí ó sheirbhís aon Choiste arna cheapadh ag an Dáil—

STANDING ORDERS

- (b) where the member has withdrawn their utterance, the Ceann Comhairle shall move to discharge the Order of suspension in accordance with paragraph (4): Provided that no motion for discharge of the Order of suspension may be made unless the member has withdrawn their utterance, even where the member has given the Ceann Comhairle a written and approved expression of regret.

78. Types of suspension from the service of the Dáil and its Committees

- (1) Suspension from the service of the Dáil where the member has been named under Standing Order 77—

- (a) for gross disorder in the Dáil or in Committee of the whole Dáil, or

- (b) for not having withdrawn an utterance found to be an abuse of privilege,

shall include suspension from the service of any Committee appointed by the Dáil to which the member shall have been appointed previous to, or during, his or her suspension.

- (2) Where a member has been named on the report of the Cathaoirleach of a Committee appointed by the Dáil, or on the report of a Committee appointed by the Dáil, the member's suspension shall be solely from service with that Committee.

- (3) A suspension of a member shall on the first occasion last for two sitting days, on the second occasion for four sitting days, and on the third or any subsequent occasion for eight sitting days: Provided that—

- (a) in any suspension, the day on which the member is suspended shall be counted in calculating the number of days, and

- (b) where a member is suspended pursuant to having been named—

- (i) for not having withdrawn an utterance found to be an abuse of privilege, or

- (ii) on the report of a Committee appointed by the Dáil,

the member's suspension shall last for four sitting days.

- (4) Where a member is suspended from the service of any Committee appointed by the Dáil—

- (a) forléireofar an tagairt do “lá suí” i mír (3) mar thagairt do líon na n-ócáidí a thiocfaidh Coiste le chéile (agus measfar gur cruinniú ar leithligh ó chruinniú de Chomhchoiste é cruinniú de Roghchoiste); agus
 - (b) i gcás nach ndéanfar an comhalta a chur ar fionraí ó sheirbhís na Dála ach go gcuirfear ar fionraí é nó í ó sheirbhís Coiste arna cheapadh ag an Dáil, agus ar an gcúis sin amháin, gheobhaidh Cathaoirleach an Choiste an scríbhinn aiféala faoi Bhuan-Ordú 77(4) agus féadfaidh sé nó sí í a cheadú. Déanfar scríbhinn aiféala lena mbeifear sásta a chur faoi bhráid na Dála, agus cuirfear cóip di chuig an gCeann Comhairle. Ar an gcóip a fháil, déanfaidh an Ceann Comhairle tairiscint chun an tOrdú fionraíochta a chur ar ceal de réir Bhuan-Ordú 77(4).
- (5) Ní cosc aon ní sa Bhuan-Ordú seo ar chomhalta gníomhú mar ionadaí do chomhalta a bheidh ar fionraí ó sheirbhís Coiste, de réir Bhuan-Ordú 115(2).

79. An Dáil a chur ar athló nó an suí a chur ar fionraí i gcás mí-oird mhóir

I gcás mí-oird mhóir, féadfaidh an Ceann Comhairle an Dáil a chur ar athló gan an cheist a chur, nó aon suí a chur ar fionraí go ceann tréimhse a luafaidh sé nó sí.

80. Tagairtí do chomhaltaí

Nuair a bheifear ag tagairt do chomhaltaí den Dáil, beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas—

- (a) Tagrófar (de réir mar is cuí sa chás) do chomhalta den Rialtas mar seo, an Taoiseach, an Tánaiste, nó Aire/an tAire; agus tagrófar d'Aire Stáit mar seo, an tAire Stáit ag
- (b) Tagrófar do chomhalta príobháideach den Dáil mar seo, an Teachta

81. An nós imeachta a bhaineann le Breitheamh a chur as oifig

- (1) Aon tairiscint (a dtabharfar “tairiscint Airteagal 35.4.1” mar thuairisc uirthi anseo ina dhiaidh seo) á éileamh Breitheamh a chur as oifig de dheasca mí-iompair nó míthreorach a luafar, de réir bhrí Airteagal 35.4.1° den Bhunreacht (nó, de réir mar a bheidh, de bhun alt 39 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1924 nó alt 20 den Acht Cúirteanna Breithiúnais (An Chúirt Dúiche), 1946), luafar inti na nithe ar dá réir a mhaíonn tairgtheoir na tairisceana sin gur ceart an Breitheamh arb é nó í is ábhar don tairiscint a chur as oifig de dheasca mí-iompair a luafar nó go bhfuil sé nó sí faoi mhíthreoir.
- (2) Féadfaidh an Dáil an tairiscint Airteagal 35.4.1° sin a dhiúltú, nó ar thairiscint a dhéanfar chun an díospóireacht a chur ar athló féadfaidh an Dáil, trí thairiscint, Roghchoiste a cheapadh chun fianaise a ghlacadh i leith na tairisceana Airteagal 35.4.1°

STANDING ORDERS

- (a) the reference to “sitting days” in paragraph (3) shall be interpreted as referring to the number of occasions on which a Committee meets (with a meeting of a Select Committee considered as a separate meeting to that of a Joint Committee); and
 - (b) where the member is not suspended from the service of the Dáil but is suspended solely from the service of a Committee appointed by the Dáil, the written expression of regret under Standing Order 77(4) shall be received by the Cathaoirleach of the Committee, who may approve it. An approved expression of regret shall be laid before the Dáil, and a copy sent to the Ceann Comhairle. On receipt of the copy, the Ceann Comhairle shall move to discharge the Order of suspension in accordance with Standing Order 77(4).
- (5) Nothing in this Standing Order shall prevent a member from acting in substitution for a member suspended from the service of a Committee, in accordance with Standing Order 115(2).

79. Adjournment of Dáil or suspension of sitting in case of great disorder

In the case of great disorder, the Ceann Comhairle may adjourn the Dáil without question put, or suspend any sitting for a time to be named by him or her.

80. References to members

In making references to members of the Dáil, the following rules shall apply—

- (a) A member of the Government shall (as the case may require) be referred to as the Taoiseach, the Tánaiste, or the Minister for and a Minister of State shall be referred to as the Minister of State at
- (b) A private member of the Dáil shall be referred to as Deputy

81. Procedure relating to removal of Judge

- (1) Any motion (hereafter described as “an Article 35.4.1° motion”) calling for the removal of a Judge for stated misbehaviour or incapacity within the meaning of Article 35.4.1° of the Constitution (or, as the case may be, pursuant to section 39 of the Courts of Justice Act 1924 or section 20 of the Courts of Justice (District Court) Act 1946), shall state the matters upon which it is contended by the proposer of the said motion that the Judge who is the subject matter of the motion should be removed for stated misbehaviour or that he or she is incapacitated.
- (2) The Dáil may either reject the Article 35.4.1° motion, or on a motion made to adjourn the debate may by motion appoint a Select Committee to take evidence in respect of the aforesaid Article 35.4.1° motion, provided that the Select Committee shall make

BUAN-ORDUITHE

a dúradh, ar choinníoll nach ndéanfaidh an Roghchoiste aon chinntí fíorais ná nach ndéanfaidh sé aon mholtaí i leith an chéanna ná nach léireoidh sé aon tuairimí i leith an chéanna.

- (3) I gcás nach ndéanfaidh an Dáil Roghchoiste a cheapadh sa tslí dá bhforáiltear i mír (2) den Bhuan-Ordú seo laistigh de chúig lá suí ón tráth a ndéanfaidh an Cléireach aon tairiscint Airteagal 35.4.1^o a fhoilsiú agus fógra ina leith a thabhairt do chomhaltaí de bhun Bhuan-Ordú 37, titfidh an tairiscint Airteagal 35.4.1^o sin ar lár.
- (4) Maidir leis an tairiscint lena gceapfar an Roghchoiste, déanfar téarmaí tagartha an Choiste a lua inti, míneofar inti na cumhachtaí a chineachtar chuige agus socrófar léi an líon comhaltaí a fhónfaidh air.
- (5) Déanfaidh an Roghchoiste, gach tráth, aird chuí a thabhairt ar na prionsabail Bhunreachta a bhaineann le cothroime bhunúsach nósanna imeachta agus ar riachtanais an cheartais aiceanta agus Bunreachta.
- (6) Déanfaidh an Roghchoiste gach beart lena chinntiú go ndéantar taifead cuí dá chuid imeachtaí.
- (7) Déanfar imeachtaí an Roghchoiste a éisteacht go príobháideach ach amháin a mhéid a ordóidh an Coiste a mhalairt tar éis iarraidh a fháil chuige sin ó Bhreitheamh arb é nó í is ábhar do thairiscint Airteagal 35.4.1^o.
- (8) Tar éis a chuid imeachtaí a chríochnú, déanfaidh an Roghchoiste tuarascáil ar na himeachtaí sin, mar aon le scríbhinní agus ábhar clos-amhairc cuí, a thabhairt don Dáil. Ar choinníoll go ndéanfaidh an Coiste a thuarascáil a chur chuig Cléireach na Dála ar dtús agus déanfaidh Cléireach na Dála socrú sa chéad ásc chun an tuarascáil a scaipeadh ar chomhaltaí na Dála agus a chur chuig an mBreitheamh arb é nó í is ábhar do thairiscint Airteagal 35.4.1^o. Ar choinníoll thairis sin go bhféadfaidh an Dáil, dá éis sin, a ordú go ndéanfar an tuarascáil a fhoilsiú agus a leagan faoi bhráid na Dála.
- (9) Tar éis don Dáil an tuarascáil sin a fháil, féadfaidh sí, le hOrdú, socrú a dhéanamh le haghaidh na díospóireachta ar an tairiscint Airteagal 35.4.1^o sin agus beidh na nithe seo a leanas san áireamh ann:
 - fógra cuí faoi thógáil na díospóireachta atá le hatógáil ar cibé cuid den tairiscint Airteagal 35.4.1^o á éileamh an Breitheamh lena mbaineann a chur as oifig;
 - gach comhalta do thabhairt urraim chuí do na prionsabail Bhunreachta a bhaineann le nósanna imeachta cothroma;
 - ceart a bheith ag an mBreitheamh agus ag a ionadaithe dlíthiúla nó a hionadaithe dlíthiúla chun éisteacht a fháil roimh aon vóta ar an tairiscint Airteagal 35.4.1^o sin;

STANDING ORDERS

no findings of fact nor make any recommendations in respect of same or express any opinions in respect of same.

- (3) Where the Dáil does not appoint a Select Committee in the manner provided for in paragraph (2) of this Standing Order within five sitting days of any Article 35.4.1° motion being published by the Clerk and notified to members pursuant to Standing Order 37, the said Article 35.4.1° motion shall lapse.
- (4) The motion appointing the Select Committee shall state the terms of reference of the Committee, define the powers devolved upon it and fix the number of members to serve on it.
- (5) The Select Committee shall at all times have due regard to the Constitutional principles of basic fairness of procedures and the requirements of natural and Constitutional justice.
- (6) The Select Committee shall take all steps to ensure that an appropriate record is taken of its proceedings.
- (7) The proceedings of the Select Committee shall be heard in private save insofar as otherwise directed by the Committee following a request in that behalf by a Judge who is the subject of an Article 35.4.1° motion.
- (8) Following the completion of its proceedings, the Select Committee shall furnish a report of those proceedings to the Dáil, together with appropriate transcripts and associated audio-visual material. Provided that the Committee shall first send its report to the Clerk of the Dáil, who shall arrange in the first instance for the report to be circulated to the members of the Dáil and to the Judge who is the subject matter of an Article 35.4.1° motion. Provided further that the Dáil may subsequently order that the report be published and laid before the Dáil.
- (9) Following receipt of the said report, the Dáil may by Order make provision for the debate on the said Article 35.4.1° motion which shall include:
 - due notice of the taking of the debate to be resumed on such part of the Article 35.4.1° motion calling for the removal of the Judge in question;
 - due observance by each member of the Constitutional principles of fair procedures;
 - the right of the Judge and his or her legal representatives to be heard prior to any vote on the said Article 35.4.1° motion;

— cibé rialacha speisialta nós imeachta a mheasfar is cuí.

- (10) Ní bheidh feidhm ag Buan-Ordú 72 i leith tairisceana Airteagal 35.4.1° agus ní ardófar ábhar tairisceana Airteagal 35.4.1° sa Dáil ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt leis an mBuan-Ordú seo.
- (11) Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt sa Bhuan-Ordú seo, ní bheidh feidhm ag Buan-Orduithe 102, 104, 107, 108, 109, 111, 113, 115, 116, 121, 154 ná 240(1) maidir le Roghchoiste arna cheapadh faoin mBuan-Ordú seo. Ar choinníoll, áfach, go mbeidh feidhm ag Buan-Ordú 154 más rud é go ndéanfaidh an Coiste, tar éis iarraidh a fháil chuige sin ón mBreitheamh arb é nó í is ábhar do thairiscint Airteagal 35.4.1°, a chinneadh a chuid imeachtaí a sheoladh go poiblí de réir mhír (7) den Bhuan-Ordú seo.
- (12) Maidir le Roghchoiste arna cheapadh faoin mBuan-Ordú seo, déanfar, le comhthoilíú Sheanad Éireann, é a chomhcheangal, le hOrdú ón Dáil, lena shamhail de Roghchoiste de chuid an tSeanaid arna cheapadh chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh i leith tairisceana comhfhreagraí Airteagal 35.4.1° a thairgfear sa Teach sin i leith an Bhreithimh chéanna. Ar choinníoll gur comhalta de Dháil Éireann Cathaoirleach na Roghchoistí arna gcomhcheangal amhlaidh.

Clabhsúr Díospóireachta

82. An clabhsúr

- (1) Tar éis ceist (nach ceist ar coiscedh díospóireacht uirthi cheana faoi na Buan-Orduithe) a thairiscint ón gCathaoir, sa Dáil, i gCoiste den Dáil uile nó i mBuan-Choiste, i Roghchoiste nó i gCoiste Speisialta, féadfaidh comhalta cead a éileamh chun a thairiscint, “Go gcuirfear an cheist anois”, agus mura rud é go bhfeicfear don Cheann Comhairle, don Leas-Cheann Comhairle nó, i gcás Buan-Choiste, Roghchoiste nó Coiste Speisialta, don Chathaoirleach gur sárú ar chearta mionlaigh a leithéid sin de thairiscint, nó nach leor an plé a rinneadh ar an gceist, nó gur mí-úsáid, i slí eile, ar na Buan-Orduithe seo an tairiscint, cuirfear láithreach an cheist, “Go gcuirfear an cheist anois”, agus cinnfear í gan leasú ná díospóireacht.
- (2) Nuair a bheidh glactha le tairiscint, “Go gcuirfear an cheist anois”, agus a bheifear tar éis an cheist lenar bhain sí a chinneadh, féadfar aon tairiscint eile a dhéanamh (má bhíonn an Ceann Comhairle, an Leas-Cheann Comhairle nó, i gcás Buan-Choiste, Roghchoiste nó Coiste Speisialta, an Cathaoirleach gan a chead nó a cead a dhiúltú, mar a dúradh) is gá chun aon cheist a chinneadh a tairgeadh cheana ón gCathaoir, agus cuirfear an tairiscint sin láithreach, agus cinnfear í gan leasú ná díospóireacht.

STANDING ORDERS

- such special rules of procedure as may be deemed appropriate.
- (10) Standing Order 72 shall not apply in respect of an Article 35.4.1° motion and the subject matter of an Article 35.4.1° motion shall not be raised in the Dáil save as otherwise provided by this Standing Order.
- (11) Save as otherwise provided for in this Standing Order, Standing Orders 102, 104, 107, 108, 109, 111, 113, 115, 116, 121, 154 and 240(1) shall not apply to a Select Committee appointed under this Standing Order. Provided, however, that if the Committee decides following a request in that behalf by the Judge, who is the subject matter of an Article 35.4.1° motion, to have its proceedings in public in accordance with paragraph (7) of this Standing Order, Standing Order 154 shall apply.
- (12) A Select Committee appointed under this Standing Order shall, with the concurrence of Seanad Éireann, be joined by Order of the Dáil with a similar Select Committee of that House appointed to perform its functions in respect of a corresponding Article 35.4.1° motion moved in that House in respect of the same Judge. Provided that the Cathaoirleach of the Select Committees so joined shall be a member of Dáil Éireann.

Closure of Debate

82. Closure

- (1) After a question (except a question already barred from debate under the Standing Orders) has been proposed from the Chair either in the Dáil, in a Committee of the whole Dáil, or in a Standing, Select or Special Committee, a member may claim to move, “That the question be now put”, and unless it shall appear to the Ceann Comhairle, the Leas-Cheann Comhairle or, in the case of a Standing, Select or Special Committee, the Cathaoirleach that such a motion is an infringement of the rights of a minority, or that the question has not been adequately discussed, or that the motion is otherwise an abuse of these Standing Orders, the question, “That the question be now put”, shall be put forthwith, and decided without amendment or debate.
- (2) When a motion “That the question be now put”, has been carried, and the question consequent thereon has been decided, any further motion may be made (the assent of the Ceann Comhairle, the Leas-Cheann Comhairle or, in the case of a Standing, Select or Special Committee, the Cathaoirleach, as aforesaid, not having been withheld), which may be requisite to bring to a decision any question already proposed from the Chair, and such motion shall be put forthwith, and decided without amendment or debate.

- (3) Ar choinníoll i gcónaí nach bhféadfaidh aon chomhalta cead a éileamh chun a thairiscint “Go gcuirfear an cheist anois” mura mbeidh an Ceann Comhairle, an Leas-Cheann Comhairle nó, i gcás Buan-Choiste, Roghchoiste nó Coiste Speisialta, an Cathaoirleach i gceannas.

Comhaltaí den Seanad a bheith i láthair

83. Comhaltaí den Rialtas nó Airí Stáit ar comhaltaí den Seanad iad

Féadfaidh comhalta den Rialtas nó Aire Stáit atá ina chomhalta nó ina comhalta den Seanad bheith i láthair agus éisteacht a fháil sa Dáil.¹⁶

Vótálacha

84. Péire a dhéanamh i gcás saoire mháithreachais nó saoire reachtúil eile

- (1) Féadfaidh an Ceann Comhairle fógra i scríbhinn a fháil á rá nach mbeidh comhalta i láthair sa seomra chun vóta a chaitheamh i vótáil i gcás go mbeidh péire déanta ag an gcomhalta sin le comhalta eile atá ar shaoire mháithreachais nó ar shaoire reachtúil eile.

- (2) Maidir le fógra i scríbhinn de bhun mhír (1)–

(a) féadfaidh an comhalta a sholáthróidh an péire é a thabhairt, nó

(b) féadfaidh Aoire páirtí nó grúpa é a thabhairt:

Ar choinníoll, i gcás go dtabharfaidh Aoire páirtí nó grúpa an fógra, nach gá ainm an chomhalta a sholáthróidh an péire a shonrú san fhógra, ach seachas sin a rá go bhfuil an péire á sholáthar ag comhalta den pháirtí nó den ghrúpa.

- (3) I gcás go bhfaighfear fógra de bhun mhír (1), ordóidh an Ceann Comhairle go ndéanfar nóta cuí a áireamh i dTuairisc Oifigiúil na nDíospóireachtaí maidir leis an vótáil nó na vótálacha iomchuí.
- (4) Déanfaidh an comhalta a sheolfaidh an fógra de bhun mhír (1) comhfhreagras daingniúcháin ón gcomhalta a thógfaidh an tsaoire a chur san áireamh, agus sonrófar san fhógra freisin dáta tosaigh agus dáta críochnaithe an tsocraithe.

¹⁶ Féach Airteagal 28.8 den Bhunreacht

STANDING ORDERS

- (3) Provided always that no member may claim to move “That the question be now put” unless the Ceann Comhairle, the Leas-Cheann Comhairle or, in the case of a Standing, Select or Special Committee, the Cathaoirleach is in the Chair.

Attendance of Members of Seanad

83. Members of Government or Ministers of State who are members of the Seanad

A member of the Government or a Minister of State who is a member of the Seanad may attend and be heard in the Dáil¹⁶.

Divisions

84. Pairing for maternity or other statutory leave

- (1) The Ceann Comhairle may receive a written notice that a member will not attend in the chamber to vote in a division where that member is pairing with another member who is on maternity or other statutory leave.
- (2) A written notice pursuant to paragraph (1) may be given by—
 - (a) the member who is providing the pair, or
 - (b) a Whip of a party or group:

Provided that where the notice is given by a Whip of a party or group, it need not specify the name of the member providing the pair, but may merely state that the pair is being provided by a member of the party or group.

- (3) Where a notice is received pursuant to paragraph (1), the Ceann Comhairle shall direct that an appropriate note shall be included in the Official Report of the Debates in respect of the relevant division or divisions.
- (4) The member sending the notice pursuant to paragraph (1) shall include confirmatory correspondence from the member taking the leave, and the notice shall also specify the start and end date of the arrangement.

¹⁶ See Article 28.8 of the Constitution

- (5) Féadfar fógra de bhun mhír (1) a chur ar aghaidh chuig an gCeann Comhairle maidir le vótáil a bheidh déanta cheana ach ní sheolfar é níos déanaí ná seachtain tar éis na vótála sin.

85. Vótáil a éileamh

- (1) Nuair a bheidh aon cheist le cur chun na Dála, nó chun Coiste den Dáil uile, éireoidh an Ceann Comhairle agus déarfadh sé nó sí, “Is í an cheist í go”, agus ansin léifidh sé nó sí nó luafadh sé nó sí an cheist, agus iarrfaidh ar na comhaltaí atá ar an tuairim sin “Tá” a rá, agus ar na comhaltaí atá ar a mhalairt de thuairim “Níl” a rá. De réir na bhfreagraí a thabharfar, measfaidh sé nó sí toradh na ceiste a chur, agus fógróidh sé nó sí cad é an toradh é, dar leis nó léi.
- (2) Tar éis don Cheann Comhairle a fhógairt cad é an toradh a bhí, dar leis nó léi, ar aon cheist a chur, féadfaidh comhalta ar bith a easaontaíonn vótáil a éileamh ar an gceist sin agus, air sin, déanfar an vótáil, faoi réir mhír (3), a chur siar go dtí an chéad tráth vótála seachtainiúla eile de réir ghnáthchúrsa laethúil an ghnó mar a mhínítear le Buan-Ordú 34. Ach, maidir le haon vótáil a éileofar ar lá na vótála seachtainiúla, ach roimh thráth na vótála seachtainiúla, déanfar í tráth na vótála seachtainiúla an lá sin.
- (3) Mura n-ordóidh an Dáil a mhalairt, déanfar vótálacha a éileofar ar na nithe seo a leanas a thógáil láithreach:
- (a) an Ceann Comhairle a thoghadh,
 - (b) an Taoiseach agus comhaltaí den Rialtas a ainmniú,
 - (c) tairiscint mhuiníne as an Rialtas nó as comhalta den Rialtas,
 - (d) tograí ar an Ord Gnó,
 - (e) tairiscint chun comhalta a chur ar fionraí,
 - (f) ceisteanna a éireoidh ag céim an Choiste, as Céim na Tuarascála agus as an gCéim Dheiridh de Bhillí.

86. Bualadh na gclog vótála agus an t-am chun glas a chur ar na doirse

- (1) Nuair a éileofar vótáil ar aon cheann de na nithe a liostaítear i mBuan-Ordú 85(3), déanfaidh an Ceann Comhairle (faoi réir mhíreanna (2) agus (3))—
- (a) a chur faoi deara na cloig vótála a bhualadh aon uair amháin ar feadh tréimhse nach lú ná sé nóiméad, agus
 - (b) a chur faoi deara glas a chur ar na doirse chomh luath, i ndiaidh seal nach lú ná ceithre nóiméad, agus a ordóidh sé nó sí é.

STANDING ORDERS

- (5) A notice pursuant to paragraph (1) may be forwarded to the Ceann Comhairle in respect of a division which has already occurred, but shall not be sent more than a week after that division.

85. Divisions may be demanded

- (1) When any question is to be put to the Dáil or to a Committee of the whole Dáil, the Ceann Comhairle shall rise and announce that “The question is that”, thereupon reading or stating the question, requiring that as many as are of that opinion shall say “Tá”, and as many as are of contrary opinion shall say “Níl”. He or she shall judge from the answers to his or her questions, and declare the result, in his or her opinion, of the putting of the question.
- (2) After the Ceann Comhairle shall have declared the result, in his or her opinion, of the putting of any question, any member who dissents may demand a division upon that question, whereupon the division shall, subject to paragraph (3), be deferred until the next weekly division time in accordance with the ordinary routine of Business as defined by Standing Order 34. Provided that any division demanded on the day of, but before, the weekly division time shall be taken at the weekly division time on that day.
- (3) Unless the Dáil shall otherwise order, divisions demanded on the following matters shall be taken forthwith:
- (a) election of Ceann Comhairle,
 - (b) nomination of Taoiseach and members of the Government,
 - (c) motion of confidence in the Government or a member of the Government,
 - (d) proposals on the Order of Business,
 - (e) motion to suspend a member,
 - (f) questions arising on the Committee, Report and Final Stages of Bills.

86. Division bells rung and time for locking doors

- (1) When a division is demanded on any of the matters listed in Standing Order 85(3), the Ceann Comhairle shall (subject to paragraphs (2) and (3))—
- (a) cause the division bells to be rung once for a period of not less than six minutes, and
 - (b) the doors to be locked so soon after the lapse of not less than four minutes as he or she shall direct.

BUAN-ORDUITHE

- (2) I gcás go ndéanfar an cheist ar éilíodh an vótáil uirthi a chur láithreach tar éis an toradh ar vótáil roimhe sin a fhógairt—
- (a) is é trí nóiméad ar a laghad fad na tréimhse a mbeidh na cloig vótála á mbualadh lena linn, agus
- (b) is é dhá nóiméad ar a laghad fad an tseala idir na cloig a bhualadh agus an glas a chur ar na doirse.
- (3) I gcás gur comhalta nach comhalta de ghrúpa mar a mhínítear i mBuan-Ordú 170 a d'éiligh an vótáil, is é dhá nóiméad ar a laghad fad an tseala idir na cloig a bhualadh agus an glas a chur ar na doirse.
- (4) Tráth na vótála seachtainiúla, arna déanamh de réir ghnáthchúrsa laethúil an ghnó mar a mhínítear le Buan-Ordú 34, nuair a bheidh an t-am ann chun déileáil le haon vótálacha a cuireadh siar faoi Bhuan-Ordú 85(2), déanfaidh an Ceann Comhairle (faoi réir mhír (5))—
- (a) a chur faoi deara na cloig vótála a bhualadh aon uair amháin ar feadh tréimhse nach lú ná sé nóiméad, agus
- (b) a chur faoi deara glas a chur ar na doirse chomh luath, i ndiaidh seal nach lú ná ceithre nóiméad, agus a ordóidh sé nó sí é.
- (5) I gcás go mbeidh níos mó ná aon vótáil amháin ann tráth na vótála seachtainiúla, arna déanamh de réir ghnáthchúrsa laethúil an ghnó mar a mhínítear le Buan-Ordú 34, maidir leis an dara vótáil den sórt sin agus le haon vótálacha ina dhiaidh sin—
- (a) is é nóiméad amháin ar a laghad fad na tréimhse a mbeidh na cloig vótála á mbualadh lena linn, agus
- (b) is é nóiméad amháin ar a laghad fad an tseala idir na cloig a bhualadh agus an glas a chur ar na doirse.

87. Vótálacha

Nuair a bheidh an glas curtha ar na doirse, agus gach aon duine imithe as na pasáistí vótála, ordóidh an Ceann Comhairle don Dáil nó don Choiste den Dáil uile, vótáil a dhéanamh, agus ceapfaidh sé nó sí beirt áiritheoir arna n-ainmniú go cuí do gach taobh: Ach, tar éis seal nach lú ná ceithre nóiméad nó dhá nóiméad nó nóiméad amháin, de réir mar a bheidh, mar a fhoráiltear i mBuan-Ordú 86, féadfaidh an Ceann Comhairle an cheist a chur arís, agus a fhógairt athuair cad é an toradh a bhí, dar leis nó léi, ar an gceist a chur, agus ní dhéanfar vótáil mura gcuirfear an t-athfhógra sin in amhras: Ar choinníoll, fairis sin, i gcás nach mbeidh áiritheoirí ainmnithe ag taobh amháin, go bhfógróidh an Ceann Comhairle cinneadh na Dála nó an Choiste i

STANDING ORDERS

- (2) Where the question on which the division has been demanded is put immediately after the result of an earlier division has been declared—
 - (a) the period for which the division bells are rung shall be not less than three minutes, and
 - (b) the interval between the ringing of the bells and the locking of the doors shall be not less than two minutes.
- (3) Where the division has been demanded by a member who is not a member of a group as defined in Standing Order 170, the interval between the ringing of the bells and the locking of the doors shall be not less than two minutes.
- (4) At the weekly division time taken in accordance with the ordinary routine of Business as defined by Standing Order 34, when the time has come to deal with any deferred divisions under Standing Order 85(2), the Ceann Comhairle shall (subject to paragraph (5))—
 - (a) cause the division bells to be rung once for a period of not less than six minutes, and
 - (b) the doors to be locked so soon after the lapse of not less than four minutes as he or she shall direct.
- (5) Where there is more than one division at the weekly division time taken in accordance with the ordinary routine of Business as defined by Standing Order 34, in respect of the second and any subsequent divisions—
 - (a) the period for which the division bells are rung shall be not less than one minute, and
 - (b) the interval between the ringing of the bells and the locking of the doors shall be not less than one minute.

87. Divisions

When the doors have been locked, and the division lobbies have been cleared, the Ceann Comhairle shall order the Dáil or Committee of the whole Dáil to divide, and shall appoint two duly nominated tellers for each side: Provided that after the lapse of not less than four or two minutes or one minute, as the case may be, as provided in Standing Order 86, the Ceann Comhairle may again put the question and declare afresh the result, in his or her opinion, of the putting of the question, and a division shall take place only if such fresh declaration is challenged: Provided further that, where tellers are not nominated by one side, the Ceann Comhairle shall declare the determination of the Dáil or Committee in favour of the other side: Provided always that the Ceann

bhfabhar an taoibh eile: Ar choinníoll i gcónaí, más dóigh leis an gCeann Comhairle nach gá vótáil, go bhféadfaidh sé nó sí, tar éis seal nach lú ná na ceithre nóiméad nó an dá nóiméad nó an t-aon nóiméad amháin sin, de réir mar a bheidh, a iarraidh ar na comhaltaí atá ag éileamh na vótála éirí ina n-áiteanna. Mura n-éireoidh deichniúr comhalta ar a laghad amhlaidh, fógróidh sé nó sí láithreach cinneadh na Dála nó an Choiste, agus cuirfear ar Chín Lae Imeachtaí na Dála ainmneacha na gcomhaltaí easaontacha a d'éirigh amhlaidh.

88. Vótálacha a dhéanamh trí mheán leictreonach

- (1) Mura n-ordóidh an Dáil a mhalairt, féadfar vótálacha sa Dáil a dhéanamh trí mheán leictreonach ach amháin i gcás vótálacha ar aon cheann de na nithe seo a leanas:

- (a) an Ceann Comhairle a thoghadh,

- (b) an Taoiseach agus comhaltaí an Rialtais a ainmniú,

- (c) tairiscint mhuiníne sa Rialtas.

- (2) I gcás go gcuirfidh an Ceann Comhairle in iúl don Dáil aon tráth nach féidir vótálacha a dhéanamh trí mheán leictreonach nó nach bhféadfar brath ar an toradh nó i gcás, ar aon chúis eile, gur dóigh leis nó léi nár chóir vótálacha a dhéanamh amhlaidh, féadfaidh an Ceann Comhairle a ordú don Dáil vótáil a dhéanamh nó vótáil a dhéanamh arís, de réir mar a bheidh, ar an gceist, cibé acu trí mheán leictreonach nó ar shlí eile, de réir mar is cuí leis nó léi sna himthosca, nó féadfaidh sé nó sí tógáil na vótála a chur siar go dtí cibé tráth ina dhiaidh sin a ordóidh sé nó sí.

- (3) Ar thoradh vótála arna déanamh trí mheán leictreonach a bheith fógartha ag an gCeann Comhairle, más rud é gur 10 vóta nó níos lú an difríocht idir líon na vótaí “Tá” agus líon na vótaí “Níl” i dtoradh na vótála sin, féadfaidh aon chomhalta a éileamh—

- (a) go ndéanfar an vótáil arís trí mheán leictreonach, nó

- (b) go ndéanfar an vótáil arís ar shlí seachas trí mheán leictreonach,

agus, mura áiritheoir arna ainmniú nó arna hainmniú chun críocha na vótála sin an comhalta a éilíonn amhlaidh, glaofaí an Ceann Comhairle ar na comhaltaí atá ag tacú leis an éileamh éirí ina n-áiteanna, agus

- (i) mura n-éireoidh fiche comhalta ar a laghad amhlaidh, fógróidh an Ceann Comhairle láithreach cinneadh na Dála nó cinneadh an Choiste den Dáil uile, agus cuirfear ar Chín Lae Imeachtaí na Dála ainmneacha na gcomhaltaí easaontacha a d'éirigh amhlaidh,

STANDING ORDERS

Comhairle may, after the lapse of not less than the said four or two minutes or one minute, as the case may be, if in his or her opinion a division is unnecessary, call upon the members who claim the division to rise in their places. If fewer than ten members so rise, he or she shall forthwith declare the determination of the Dáil or Committee, and the names of the members who so rise shall be recorded as dissenting in the Journal of the Proceedings of the Dáil.

88. Divisions: conduct of by electronic means

- (1) Unless the Dáil shall otherwise order, divisions in the Dáil may be conducted by electronic means save in the case of divisions on any of the following matters:
 - (a) election of Ceann Comhairle,
 - (b) nomination of the Taoiseach and members of the Government,
 - (c) motion of confidence in the Government.
- (2) Where the Ceann Comhairle informs the Dáil at any time that it is not possible to conduct divisions by electronic means or that the result may be unreliable or where, for any other reason, he or she considers that divisions should not be so conducted, the Ceann Comhairle may order the Dáil to divide or to divide again, as the case may be, on the question, whether by electronic means or otherwise, as he or she considers appropriate in the circumstances, or may postpone the taking of the division to such later time as he or she shall direct.
- (3) On the announcement by the Ceann Comhairle of the result of a division which has been taken by electronic means where, in the result of that division, the difference between the “Tá” and “Níl” votes is 10 or less, any member may demand—
 - (a) that the division be taken again by electronic means, or
 - (b) that the division be taken again otherwise than by electronic means,and the Ceann Comhairle shall, unless the member who so demands is a teller nominated for the purposes of that division, call upon the members who support the demand to rise in their places, and
 - (i) if fewer than twenty members so rise, the Ceann Comhairle shall forthwith declare the determination of the Dáil or Committee of the whole Dáil, and the names of the members who so rise shall be recorded as dissenting in the Journal of the Proceedings of the Dáil,

- (ii) má éiríonn fiche comhalta ar a laghad amhlaidh nó más áiritheoir arna ainmniú nó arna hainmniú chun críocha na vótála sin an comhalta a éilíonn amhlaidh, ordóidh an Ceann Comhairle don Dáil vótáil a dhéanamh arís ar an gceist sa tslí inar éilíodh amhlaidh.
- (4) Maidir le vótálacha trí mheán leictreonach, i gcás go ndéanfar an cheist ar éilíodh vótáil uirthi a chur láithreach tar éis an toradh ar vótáil roimhe sin a fhógairt, is é dhá nóiméad ar a laghad agus nóiméad amháin ar a laghad faoi seach fad na tréimhse a mbeidh na cloig vótála á mbualadh lena linn agus fad an tseala idir na cloig a bhualadh agus an glas a chur ar na doirse.

89. An vótáil a chur ar atráth i gcás bearta slándála speisialta a bheith i bhfeidhm

Déanfaidh an Ceann Comhairle, más rud é, le linn imeachtaí faoi Bhuan-Orduithe 86, 87 agus 88, i gcás aon vótála, gur deimhin leis nó léi gur cuireadh bac ar chomhaltaí an Seomra a shroicheadh mar is gnách mar gheall ar bhearta slándála speisialta a bheith i bhfeidhm i dTeach Laighean, na himeachtaí sin a stopadh agus tógáil na vótála sin a chur ar atráth go dtí cibé uair nó dáta ina dhiaidh sin a ordóidh sé nó sí.

90. Toradh na vótála a fhógairt

Ar chríochnú an chomhairimh, síneoidh na háiritheoirí páipéar vótála agus sínfear é chuig an gCeann Comhairle, agus craolfaidh seisean nó sise na huimhreacha agus fógróidh an cinneadh¹⁷. Athosclófar na doirse ansin.

91. Neamhréireachtaí maidir le vótálacha nó toirmeasc ar vótálacha

Más rud é, le linn imeachtaí faoi Bhuan-Orduithe 86, 87, 88 agus 90, gur deimhin leis an gCeann Comhairle—

- (i) gur tharla neamhréireacht nár réitigh na háiritheoirí, féadfaidh sé nó sí a ordú go dtógfar an vótáil athuair (mura rud é gur deimhin leis nó léi nach ndéanann an neamhréireacht difear ábhartha do na huimhreacha a bheidh taifeadta sa vótáil agus sa chás sin fógróidh sé nó sí cinneadh na Dála nó an Choiste); nó féadfaidh sé nó sí an fógra nó tógáil na vótála a chur siar go cibé uair nó dáta ina dhiaidh sin a ordóidh sé nó sí;
- (ii) gur cuireadh toirmeasc ar thógáil na vótála agus go ndiúltaíonn áiritheoirí taoibh amháin, gan cúis mhaith, Buan-Ordú 90 a chomhlíonadh, féadfaidh sé nó sí cinneadh na Dála nó an Choiste a fhógairt i bhfabhar an taoibh eile nó an fógra a chur siar go cibé uair nó dáta ina dhiaidh sin a ordóidh sé nó sí.

¹⁷ Féach freisin B.O. 22 agus 95 maidir le vótálacha agus córaim sa Dáil

STANDING ORDERS

- (ii) if twenty or more members so rise or if the member who so demands is a teller nominated for the purposes of that division, the Ceann Comhairle shall order the Dáil to divide again on the question in the manner so demanded.
- (4) In respect of divisions by electronic means, where the question on which a division has been demanded is put immediately after the result of an earlier division has been declared, the period for which the division bells are rung and the interval between the ringing of the bells and the locking of the doors shall be not less than two minutes and not less than one minute respectively.

89. Postponement of taking of division in case of special security measures

If, in the course of proceedings under Standing Orders 86, 87 and 88, in the case of any division, the Ceann Comhairle is satisfied that normal access by members to the Chamber has been impeded by the implementation of special security measures at Leinster House, he or she shall interrupt such proceedings and shall postpone the taking of such division to such later time or date as he or she shall direct.

90. Declaration of result of division

On the completion of the count, the tellers shall sign a division paper which shall be handed to the Ceann Comhairle who shall announce the numbers and declare the decision¹⁷. The doors shall then be re-opened.

91. Irregularities in, or obstruction of, divisions

If, in the course of proceedings under Standing Orders 86, 87, 88 and 90, the Ceann Comhairle is satisfied that—

- (i) an irregularity has occurred which has not been resolved by the tellers, he or she may order that the division be taken afresh (unless he or she is satisfied that the irregularity does not materially affect the numbers recorded in the division whereupon he or she shall declare the determination of the Dáil or the Committee); or he or she may postpone the declaration or the taking of the division to such later time or date as he or she shall direct;
- (ii) the taking of the division has been obstructed and the tellers of one side refuse to comply with Standing Order 90 without good reason, he or she may declare the determination of the Dáil or the Committee in favour of the other side or postpone the declaration to such later time or date as he or she may direct.

¹⁷ See also S.O.s 22 and 95 re divisions and quorums in the Dáil

92. Vóta cinniúna agus staonadh

- (1) Taobh amuigh de chás dá bhforáiltear a mhalairt leis an mBunreacht, déanfar ceisteanna sa Dáil nó i gCoiste den Dáil uile a chinneadh le tromlach vótaí na gcomhaltaí a bheidh i láthair agus a dhéanfaidh vótáil, ach gan an Ceann Comhairle, nó an comhalta a bheidh i gceannas, a áireamh, agus beidh vóta cinniúna aige nó aici sin nach foláir dó nó di a thabhairt más ionann líon na vótaí ar an dá thaobh.¹⁸
- (2) Ciallaíonn an abairt “comhaltaí a bheidh i láthair agus a dhéanfaidh vótáil” “comhaltaí a bheidh i láthair agus a chaithfidh vóta i bhfabhar nó i gcoinne na ceiste” agus ciallaíonn an abairt “staonadh” “staonadh ó vótáil i bhfabhar nó i gcoinne na ceiste”.
- (3) Féadfaidh comhaltaí a chlárú go foirmiúil gur staon siad ó vótáil, ach measfar, maidir le comhaltaí a staonfaidh ó vótáil, nach ndearna siad vótáil cibé acu a roghnóidh nó nach roghnóidh siad staonadh ó vótáil a chlárú go foirmiúil: Ar choinníoll go gcuirfear ar Chín Lae Imeachtaí na Dála ainmneacha na gcomhaltaí a staonfaidh ó vótáil agus a dhéanfaidh a staonadh a chlárú go foirmiúil.

Coistí

93. Dul i gCoiste

Rachaidh an Dáil i gCoiste aon uair a bheidh gnó le tógáil aici a bheidh le breithniú i gCoiste.

94. An córam i gCoiste den Dáil uile

Is é is córam i gCoiste den Dáil uile ná an líon céanna comhaltaí is gá chun córam den Dáil a dhéanamh.¹⁹

95. Easpa córaim i gCoiste den Dáil uile (lena n-áirítear ar thuairisc vótála)

Más rud é le linn suí de Choiste den Dáil uile, ar ócáid seachas le linn Bille comhalta phríobháidigh a bheith faoi bhreithniú, go gcuirfidh comhalta in iúl don Chathaoirleach nach bhfuil córam i láthair, nó más léir sin ó thuairisc vótála, buailfear na cloig vótála ar feadh seal nach lú ná trí nóiméad agus más rud é, i gceann seal nach lú ná trí nóiméad, go mbeifear fós gan chóram, athchromfaidh an Dáil ar a gnó agus tuairisceofar nach raibh córam i láthair. I gceann seal nach lú ná trí nóiméad, comhairfidh an Ceann Comhairle an Dáil (tar éis bhualadh na gclog), agus má bhítear fós gan chóram cuirfidh sé nó sí an suí ar fionraí go dtí uair is déanaí ná sin agus a luafaidh sé nó sí, nó cuirfidh sé nó sí an Dáil ar athló go dtí an chéad lá eile chun suí gan ceist a chur; agus ní mheasfar aon chinneadh a bheith déanta leis an vótáil sin; agus déanfar an

¹⁸ Féach Airteagal 15.11 den Bhunreacht

¹⁹ Féach B.O. 21

92. Casting vote and abstentions

- (1) Questions in the Dáil or in a Committee of the whole Dáil, shall, save as otherwise provided by the Constitution, be determined by a majority of the votes of the members present and voting, other than the Ceann Comhairle, or presiding member, who shall have and exercise a casting vote in the case of an equality of votes¹⁸.
- (2) The phrase “members present and voting” means “members present and casting an affirmative or negative vote” and the phrase “to abstain” means “to refrain from voting either for or against the question”.
- (3) Members may formally register their abstention but members who abstain from voting, whether they choose to formally register their abstention or not, shall be considered as not voting: Provided that the names of members who formally register abstention shall be recorded as abstaining in the Journal of the Proceedings of the Dáil.

Committees

93. Going into Committee

The Dáil shall go into Committee whenever it is to take business which is to be considered in Committee.

94. Quorum in Committee of the whole Dáil

The quorum in Committee of the whole Dáil shall consist of the same number of members as shall be requisite to form a quorum of the Dáil.¹⁹

95. Absence of a quorum in Committee of the whole Dáil (including on the report of a division)

If during a sitting of a Committee of the whole Dáil, other than while a private member’s Bill is under consideration, a member calls the attention of the Cathaoirleach to the fact that a quorum is not present, or if on the report of a division such fact shall appear, the division bells shall be rung for a period of not less than three minutes, and if after an interval of not less than three minutes a quorum is still not present, the Dáil shall resume and a report shall be made that a quorum was not present. The Ceann Comhairle shall, at the expiration of not less than three minutes (the bells having been rung) count the Dáil, and if a quorum is still not present he or she shall suspend the sitting to a later hour to be named by him or her, or shall adjourn the Dáil without question put until the next sitting day; and no decision shall be considered to have

¹⁸ See Article 15.11 of the Constitution

¹⁹ See S.O. 21

t-am a cuireadh an Dáil ar athló amhlaidh, mar aon le hainmneacha na gcomhaltaí a bhí i láthair, a chur síos ar Chín Lae Imeachtaí na Dála; ach má bhíonn córam i láthair rachaidh an Dáil i gCoiste arís.²⁰

96. An nós imeachta i gCoiste

- (1) Bainfidh na rialacha i dtaobh nós imeachta sa Dáil leis an nós imeachta i gCoiste den Dáil uile, agus i mBuan-Choistí, i Roghchoistí nó i gCoistí Speisialta, ach amháin go bhféadfaidh comhalta labhairt níos mó ná uair amháin ar an gceist chéanna.
- (2) Bainfidh na rialacha i dtaobh nós imeachta i Roghchoistí agus i mBuan-Choistí, de réir mar is cuí, le nós imeachta i gComhchoistí.
- (3) Bainfidh na rialacha i dtaobh nós imeachta i Roghchoistí, de réir mar is cuí, le nós imeachta i bhFochoistí de na Coistí sin.

97. An chéad chruinniú de Bhuan-Choiste, de Roghchoiste nó de Choiste Speisialta: cruinnithe a chur siar nó a thabhairt ar aghaidh

- (1) Is é Cléireach an Choiste a chomórfaidh an chéad chruinniú de Bhuan-Choiste, de Roghchoiste nó de Choiste Speisialta mura mbeidh an Dáil tar éis a mhalairt a ordú.
- (2) Féadfaidh Cathaoirleach Buan-Choiste, Roghchoiste nó Coiste Speisialta, le comhaontú dhá thrian ar a laghad de chomhaltaí an Choiste—
 - (a) cruinniú den Choiste a chomóradh le haghaidh dáta is luaithe ná an dáta a socraíodh ar an athló,
 - (b) cruinniú den Choiste a chur siar go dtí dáta nach déanaí ná trí seachtaine tar éis an dáta a socraíodh ar an athló.

98. Cruinnithe Coiste a Chur ar Fionraí

Féadfar tairiscint go gcuirfear cruinniú de Bhuan-Choiste, de Roghchoiste nó de Choiste Speisialta ar fionraí go dtí tráth is déanaí an lá céanna a dhéanamh, le cead ó Chathaoirleach an Choiste, agus gan fógra. Ceapfar leis an tairiscint sin an tráth a atosóidh an cruinniú. Ní ghlacfar le haon tairiscint den sórt sin más dóigh le Cathaoirleach an Choiste í a bheith á déanamh chun moill nó toirmeasc a chur ar an ngnó.

99. An Coiste um Fhormhaoirsiú Sainchúraim

- (1) Beidh arna bhunú, i ndiaidh ationól na Dála tar éis Olltoghcháin, Coiste um Fhormhaoirsiú Sainchúraim, chun na hiarrataí seo a leanas a bhreithniú, arb iarrataí iad a bhaineann le sainchúram Buanchóistí, Roghchoistí nó Coistí Speisialta:

²⁰ Féach freisin B.O. 22 agus 121 maidir le vótálacha agus córaim

STANDING ORDERS

been arrived at by such division; and the hour of such adjournment, as also the names of the members present, shall be entered in the Journal of the Proceedings of the Dáil; but if a quorum is present the Dáil shall again go into Committee.²⁰

96. Procedure in Committees

- (1) The rules as to procedure in the Dáil shall apply to procedure in Committee of the whole Dáil, and in Standing, Select or Special Committees, except that a member may speak more than once on the same question.
- (2) The rules as to procedure in Select and Standing Committees shall apply, as appropriate, to procedure in Joint Committees.
- (3) The rules as to procedure in Select Committees shall apply, as appropriate, to procedure in sub-Committees of such Committees.

97. First meeting of Standing, Select or Special Committee: postponement or bringing forward of meetings

- (1) The first meeting of a Standing, Select or Special Committee shall be summoned by the Clerk to the Committee unless the Dáil has otherwise ordered.
- (2) The Cathaoirleach of a Standing, Select or Special Committee may, with the agreement of not less than two-thirds of the members of the Committee—
 - (a) summon a meeting of the Committee for a date earlier than that fixed on the adjournment,
 - (b) postpone a meeting of the Committee to a date not later than three weeks from that fixed on the adjournment.

98. Suspension of Committee Meetings

A motion that a meeting of a Standing, Select or Special Committee be suspended until a later time on the same day may be made, by permission of the Cathaoirleach of the Committee, and without notice. Such motion shall fix the time of the resumption of the meeting. Any such motion which is deemed by the Cathaoirleach of the Committee to be dilatory or obstructive shall not be accepted.

99. Committee on Remit Oversight

- (1) A Committee on Remit Oversight shall stand established following the reassembly of the Dáil subsequent to a General Election, to consider the following requests relating to the remit of Standing, Select or Special Committees:

²⁰ See also S.O.s 22 and 121 re divisions and quorums

BUAN-ORDUITHE

- (a) iarraidh ó Choiste ar chinneadh i dtaobh an amhlaidh go dtagann breithniú ar ní faoina shainchúram,
 - (b) iarraidh ón gCeann Comhairle ar chinneadh faoi mhír (a) i leith Coiste ar leith,
 - (c) iarraidh ó Choiste chun a orduithe tagartha a leathnú chun críche áirithe, de réir Bhuan-Ordú 100, lena n-áirítear aon aighneacht ó Choiste dá ndéantar difear.
- (2) Chun críocha an Bhuan-Ordaithe seo agus Bhuan-Orduithe 100 agus 101—
- folóidh “ní a bhreithniú” aon togra ó Choiste chun gabháil do ghníomhaíocht, cumhacht a fheidhmiú nó feidhm a urscaoileadh,
- ciallóidh “sainchúram” orduithe tagartha Coiste arna n-údarú leis na Buan-Orduithe nó le hOrdú ón Dáil.
- (3) Déanfaidh an Coiste um Fhormhaoirsiú Sainchúraim iarraidh faoi mhír (1) a bhreithniú a luaithe is indéanta. Féachfaidh an Coiste le cinneadh a dhéanamh laistigh de sheachtain tar éis iarraidh a fháil, mura dtiocfaidh an Coiste ar an tuairim nach gá an ní a chinneadh go práinneach, agus sa chás sin tabharfar fógra don iarrthóir maidir leis an amscála le haghaidh cinneadh.
- (4) Beidh sé de chumhacht ag an gCoiste um Fhormhaoirsiú Sainchúraim cibé cinntí a dhéanamh, agus cibé coinníollacha a chur ag gabháil leo, de réir mar is cuí leis i ndáil le hiarrataí faoi mhír (1). I bhfeidhmiú na cumhachta sin, féadfaidh an Coiste a chinneadh go dtagann ní faoi shainchúram níos mó ná Coiste amháin, agus, más rud é go measfaidh sé gur gá déanamh amhlaidh, féadfaidh sé Coiste ceannais a ainmniú chun an ní a bhreithniú.
- (5) Le linn breithniú a dhéanamh ar iarrataí faoin mBuan-Ordú seo a bhaineann le Comhchoistí, déanfar an Coiste um Fhormhaoirsiú Sainchúraim a chomhcheangal le Coiste dá shamhail de chuid Sheanad Éireann chun bheith ina Chomhchoiste um Fhormhaoirsiú Sainchúraim.
- (6) I gcás go mbeidh comhalta den Choiste um Fhormhaoirsiú Sainchúraim ina chomhalta nó ina comhalta freisin de Choiste dá ndéanann aon iarraidh a bheidh le breithniú ag an gCoiste um Fhormhaoirsiú Sainchúraim difear dó, staonfaidh an comhalta sin ó pháirt a ghlacadh sna himeachtaí go léir i leith na hiarrata sin: Ar choinníoll go bhféadfaidh comhalta eile ionadaíocht a dhéanamh don chomhalta sin sna himeachtaí sin de réir Bhuan-Ordú 115(2).

STANDING ORDERS

- (a) a request by a Committee for a determination as to whether the consideration of a matter is within its remit,
 - (b) a request by the Ceann Comhairle for a determination under paragraph (a) in respect of a particular Committee,
 - (c) a request by a Committee for an extension to its orders of reference for a particular purpose, in accordance with Standing Order 100, including any submission from an affected Committee.
- (2) For the purpose of this Standing Order and Standing Orders 100 and 101–

“consideration of a matter” shall include any proposal by a Committee to engage in an activity, exercise a power or discharge a function,

“remit” shall mean the orders of reference of a Committee as authorised by Standing Orders or by Order of the Dáil.
- (3) The Committee on Remit Oversight shall consider a request under paragraph (1) as soon as is practicable. The Committee shall endeavour to make a determination within a week of receipt of a request, unless the Committee forms the opinion that the matter does not require an urgent determination, in which case the timescale for a decision will be notified to the requester.
- (4) The Committee on Remit Oversight shall have the power to make such determinations, and attach such conditions, as it sees fit in relation to requests under paragraph (1). In exercising this power, the Committee may determine that a matter is within the remit of more than one Committee, and, if it considers it necessary to do so, may designate a lead Committee to consider the matter.
- (5) When considering requests under this Standing Order which relate to Joint Committees, the Committee on Remit Oversight shall be joined with a similar Committee of Seanad Éireann, to form the Joint Committee on Remit Oversight.
- (6) Where a member of the Committee on Remit Oversight is also a member of a Committee affected by any request to be considered by the Committee on Remit Oversight, such member shall recuse themselves from all proceedings in respect of that request: Provided that another member may substitute for such member for such proceedings in accordance with Standing Order 115(2).

100. Féadfar treoir a iarraidh chun orduithe tagartha Coiste a leathnú

- (1) I gcás gur mian le Roghchoiste, Coiste Speisialta nó Buancoiste aon ní a bhreithniú, ar ní é, i dtuairim an Chathaoirligh, a d'fhéadfadh gan bheith ag teacht faoina shainchúram, iarrfaidh an Coiste ar an gCoiste um Fhormhaoirsiú Sainchúraim an ní a chinneadh; agus féadtar go mbeidh ar áireamh freisin san iarraidh ar chinneadh iarraidh chun orduithe tagartha an Choiste a leathnú más gá é chun an ní a bhreithniú.
- (2) Aon Choiste a mbeidh sé i gceist aige iarraidh a dhéanamh faoi mhír (1), tabharfaidh sé fógra d'aon Choiste dá ndéantar difear go bhfuil sé i gceist aige an iarraidh a dhéanamh, agus féadfaidh an Coiste dá ndéantar difear aighneacht a chur faoi bhráid an Choiste um Fhormhaoirsiú Sainchúraim i leith an ní sin. I gcás nach dtabharfaidh an Coiste iarrthach fógra do Choiste dá ndéantar difear de réir an Bhuan-Ordaithe seo, tabharfaidh an Coiste um Fhormhaoirsiú Sainchúraim fógra don Choiste sin dá ndéantar difear ar an iarraidh a fháil.
- (3) Áireofar na nithe seo a leanas in iarraidh faoi mhír (1) chuig an gCoiste um Fhormhaoirsiú Sainchúraim:
 - (a) scóip agus críoch an bhreithnithe a bheidh beartaithe ag an gCoiste ar an ní (lena n-áirítear an ní beacht atá le breithniú, an ghníomhaíocht a bhfuiltear le gabháil di, an chumhacht atá le feidhmiú nó an fheidhm atá le hurscaoileadh);
 - (b) an chúis ar cóir, le ceart, an ní a bheith ina ábhar do bhreithniú ag an gCoiste;
 - (c) an tslí ar a mbaineann an ní le feidhm de chuid na Dála;
 - (d) dearbhú gur thug an Coiste iarrthach fógra d'aon Choiste dá ndéantar difear gur beartaíodh an iarraidh a dhéanamh (lena n-áirítear aon fhreagra ón gCoiste dá ndéantar difear);
 - (e) más indéanta, na finnéithe nó na hearnálacha finnéithe a mbeartaíonn an Coiste iarrthach dul i mbun plé leo.
- (4) Féadfaidh an Coiste um Fhormhaoirsiú Sainchúraim a chinneadh iarraidh faoin mBuan-Ordú seo a dheonú nó a dheonú i bpáirt, agus féadfaidh sé cibé coinníollacha is cuí leis a chur ag gabháil lena chinneadh. Ina thaobh sin, féadfaidh an Coiste cibé faisnéis bhreise is cuí leis a iarraidh ar an gCoiste iarrthach agus féadfaidh sé dul i gcomhairle le haon Choiste eile, nó le haon daoine nó comhlachtaí is cuí leis.
- (5) Ar chinneadh faoi mhír (4) a dhéanamh chun orduithe tagartha Coiste a leathnú, déanfaidh an Coiste um Fhormhaoirsiú Sainchúraim tairiscint a chur síos chun treoir

100. Instruction may be sought for an extension of Committee orders of reference

- (1) Where a Select, Special or Standing Committee wishes to consider any matter which, in the opinion of the Cathaoirleach, may not be within its remit, the Committee shall make a request to the Committee on Remit Oversight for a determination on the matter; and the request for a determination may also include a request for an extension of the orders of reference of the Committee, if required for the purpose of consideration of the matter.
- (2) A Committee intending to make a request under paragraph (1) shall notify any affected Committee of its intention to make the request, and the affected Committee may make a submission to the Committee on Remit Oversight in respect of the matter. Where a requesting Committee fails to notify an affected Committee in accordance with this Standing Order, the Committee on Remit Oversight shall notify such affected Committee on receipt of the request.
- (3) A request to the Committee on Remit Oversight under paragraph (1) shall include the following:
 - (a) the scope and purpose of the Committee's proposed consideration of the matter (including the precise matter to be considered, the activity to be engaged in, the power to be exercised, or the function to be discharged);
 - (b) the reason the matter ought properly to be the subject of Committee consideration;
 - (c) the manner in which the matter relates to a function of the Dáil;
 - (d) confirmation that the requesting Committee has notified any affected Committee of the intention to make the request (including any response from the affected Committee);
 - (e) where practicable, the witnesses or categories of witnesses with whom the requesting Committee intends to engage.
- (4) The Committee on Remit Oversight may decide to grant, or partially grant, a request under this Standing Order, and may attach such conditions to its decision as it sees fit. In this regard, the Committee may seek such further information from the requesting Committee as it thinks fit, and may consult any other Committee, or any persons or bodies as it considers appropriate.
- (5) Upon making a decision under paragraph (4) to extend the orders of reference of a Committee, the Committee on Remit Oversight shall table a motion to instruct the

a thabhairt don Choiste de réir théarmaí a chinnte. Cinnfear tairiscint den sórt sin gan leasú.

- (6) Ní bhreithneoidh an Coiste iarrthach an ní mura mbeidh, agus go dtí go mbeidh, treoir tugtha ag an Dáil dó ar scór tairiscint arna cur síos ag an gCoiste um Fhormhaoirsiú Sainchúraim faoi mhír (5).

101. Treoir ón gCoiste um Fhormhaoirsiú Sainchúraim chun scor de ní

- (1) I gcás, i bhfeidhmiú a fheidhmeanna, go gcinnfidh an Coiste um Fhormhaoirsiú Sainchúraim gur ghníomhaigh Coiste (“an Coiste iomchuí”) nó go bhfuil sé ag gníomhú nó go bhfuil sé beartaithe aige gníomhú, de shárú ar a shainchúram, féadfaidh an Coiste um Fhormhaoirsiú Sainchúraim tairiscint a chur síos le haghaidh Ordú ó Dháil Éireann chun treoir a thabhairt don Choiste iomchuí de réir mhír (4).
- (2) Le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh tairiscint a chur síos faoi mhír (4), breithneoidh an Coiste an ndearna gníomhaíochtaí an Choiste iomchuí dochar, nó an dócha go ndéanfaidh siad dochar, d’aon duine, de réir bhrí Bhuan-Ordú 72.
- (3) I gcás go gcinnfidh an Coiste tairiscint a chur síos faoi mhír (4), féadfaidh sé a chinneadh freisin gur mhí-úsáid an Coiste iomchuí pribhléid trí ghníomhú lasmuigh dá shainchúram agus féadfaidh sé an cinneadh sin a thuairisciú don Dáil.
- (4) Maidir le tairiscint faoin mBuan-Ordú seo, tabharfar treoir léi don Choiste iomchuí scor den ní a bhreithniú nó a bhreithniú tuilleadh agus déanfaidh an Dáil an tairiscint sin an chéad uair is indéanta. Cinnfear tairiscint den sórt sin gan leasú. Ar an tairiscint a chomhaontú le hOrdú ón Dáil, scoirfidh an Coiste iomchuí den ní a bhreithniú de réir théarmaí an Ordaithe.
- (5) Go dtí go ndéanfar tairiscint faoi mhír (4) agus faoi réir mhír (6), tabharfaidh an Coiste um Fhormhaoirsiú Sainchúraim treoir scríofa don Choiste iomchuí chun scor den ní a bhreithniú agus déanfaidh sé cóip den treoir sin a sholáthar d’aon fhinné lena mbaineann sna himeachtaí: Ar choinníoll go ndéanfar tairiscint sa Dáil a luaithe is indéanta chun an treoir scríofa sin a dhearbhu, agus ar choinníoll fairis sin go scoirfidh an Coiste iomchuí, de réir mar a treoraíodh dó, mura mbeidh, agus go dtí go mbeidh, an treoir freaschurtha le hOrdú ón Dáil.
- (6) I gcás go dtabharfar treoir scríofa do Choiste iomchuí faoin mír seo agus sula ndéanfar tairiscint sa Dáil, féadfaidh an Coiste iomchuí gealltanais scríofa a thabhairt don Choiste um Fhormhaoirsiú Sainchúraim go seolfaidh sé a chuid imeachtaí ar shlí a chloífidh le téarmaí na teorach scríofa. I gcás go mbeidh sé sin inghlactha ag an gCoiste um Fhormhaoirsiú Sainchúraim, féadfaidh an Coiste iomchuí cromadh ar an modh a bheidh leagtha amach ina ghealltanais agus soláthróidh sé cóip den ghealltanais sin d’aon fhinné lena mbaineann sna himeachtaí. Ní dhéanfar aon tairiscint faoi mhír (5) fad a chloífidh an Coiste le téarmaí an ghealltanais scríofa.

STANDING ORDERS

Committee in accordance with the terms of its decision. Such motion shall be decided without amendment.

- (6) The requesting Committee shall not consider the matter unless and until it has been instructed by the Dáil on foot of a motion tabled by the Remit Oversight Committee under paragraph (5).

101. Instruction by Committee on Remit Oversight to desist

- (1) Where, in the exercise of its functions, the Committee on Remit Oversight determines that a Committee (“the relevant Committee”) has acted, is acting, or intends to act, in breach of its remit, the Committee on Remit Oversight may table a motion for an Order of Dáil Éireann to instruct the relevant Committee in accordance with paragraph (4).
- (2) In deciding whether to table a motion under paragraph (4), the Committee shall consider whether the relevant Committee’s actions have adversely affected, or are likely to adversely affect, any person, within the meaning of Standing Order 72.
- (3) Where the Committee decides to table a motion under paragraph (4), it may also determine that the relevant Committee has abused privilege by acting outside its remit and may report such determination to the Dáil.
- (4) A motion under this Standing Order shall instruct the relevant Committee to desist from considering or further considering the matter and shall be taken by the Dáil at the first practicable opportunity. Such motion shall be decided without amendment. Upon agreement of the motion by Order of the Dáil, the relevant Committee shall desist from considering the matter in accordance with the terms of the Order.
- (5) Pending the taking of a motion under paragraph (4) and subject to paragraph (6), the Committee on Remit Oversight shall give a written instruction to the relevant Committee to desist from considering the matter and shall provide a copy of such instruction to any witness concerned in the proceedings: Provided that a motion shall be taken in the Dáil for the purpose of confirming such written instruction as soon as is practicable, and provided further that the relevant Committee shall desist, as instructed, unless and until the instruction is reversed by Order of the Dáil.
- (6) Where a written instruction is given to a relevant Committee under this paragraph and before a motion is taken in the Dáil, the relevant Committee may give a written undertaking to the Committee on Remit Oversight that it will conduct its proceedings in such a way as to abide by the terms of the written instruction. Where this is acceptable to the Committee on Remit Oversight, the relevant Committee may proceed in the manner set out in its undertaking and shall provide a copy of such undertaking to any witness concerned in the proceedings. No motion shall be taken under paragraph (5) for so long as the Committee abides by the terms of the written undertaking.

102. Scóip agus Comhthéacs Gníomhaíochtaí Roghchoistí

- (1) Féadfaidh an Dáil Roghchoiste a cheapadh chun breithniú a dhéanamh agus, má cheadaítear sin, fianaise a ghlacadh ar aon Bhille, Meastachán nó ní, agus a thuairim a thuairisciú mar eolas agus mar chabhair don Dáil. Sa tairiscint sin, luafar go sonrach téarmaí tagartha an Choiste, míneofar na cumhachtaí a thugtar dó, socrófar an líon comhaltaí atá le fónamh air, luafar an córam agus féadfar dáta a cheapadh ar a ndéanfaidh an Coiste tuairisciú don Dáil.
- (2) Beidh sé ina threoir do gach Roghchoiste—
 - (a) nach bhféadfaidh sé ach na nithe sin a bhreithniú, gabháil do na gníomhaíochtaí sin, na cumhachtaí sin a fheidhmiú agus na feidhmeanna sin a urscaoileadh a údarófar go sonrach faoina orduithe tagartha agus faoi na Buan-Orduithe;
 - (b) go mbainfidh na nithe, na gníomhaíochtaí, na cumhachtaí agus na feidhmeanna sin le hullmhú tuarascála don Dáil agus nach n-éireoidh siad ach i gcomhthéacs ullmhú tuarascála den sórt sin;
 - (c) nach mbreithneoidh sé aon ní a bheidh á bhreithniú ag an gComhchoiste um Achainíocha ón bPobal agus um na hOmbudsmain, nó ar thug an Comhchoiste sin fógra faoi á rá go bhfuil beartaithe aige é a bhreithniú, i bhfeidhmiú a fheidhmeanna faoi Bhuan-Ordú 134(1); agus
 - (d) go staonfaidh sé ó aon ní a fhiosrú i seisiún poiblí nó ó fhaisnéis rúnda maidir le haon ní a fhoilsiú más rud é go n-iarrfaidh na daoine seo a leanas amhlaidh air, ar chúiseanna a shonrófar agus a thabharfar i scríbhinn—
 - (i) comhalta den Rialtas nó Aire Stáit, nó
 - (ii) sealbhóir príomhoifige comhlachta Stáit atá faoi chúram Roinne Rialtais, nó
 - (iii) sealbhóir príomhoifige comhlachta nach comhlacht Stáit, atá á mhaoiniú go páirteach ag an Stát,

Ar choinníoll go bhféadfaidh an Coiste achomharc a dhéanamh chuig an gCeann Comhairle in aghaidh aon iarrata den sórt sin a dhéanfar, agus is cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh an Cheann Comhairle.
- (3) Beidh sé ina threoir do gach Roghchoiste a gcuirtear Billí faoina mbráid go gcinnteoidh siad nach suífidh níos mó ná dhá Roghchoiste chun Bille a bhreithniú ar aon lá áirithe, mura rud é go ndéanfaidh an Dáil, tar éis do Chathaoirleach cheann de na Roghchoistí lena mbaineann fógra cuí a thabhairt don Choiste Gnó, an treoir sin a tharscaoileadh.

102. Scope and Context of Activities of Select Committees

- (1) The Dáil may appoint a Select Committee to consider and, if so permitted, to take evidence upon any Bill, Estimate or matter, and to report its opinion for the information and assistance of the Dáil. Such motion shall specifically state the orders of reference of the Committee, define the powers devolved upon it, fix the number of members to serve on it, state the quorum, and may appoint a date upon which the Committee shall report back to the Dáil.
- (2) It shall be an instruction to each Select Committee that—
 - (a) it may only consider such matters, engage in such activities, exercise such powers and discharge such functions as are specifically authorised under its orders of reference and under Standing Orders;
 - (b) such matters, activities, powers and functions shall be relevant to, and shall arise only in the context of, the preparation of a report to the Dáil;
 - (c) it shall not consider any matter which is being considered, or of which notice has been given of a proposal to consider, by the Joint Committee on Public Petitions and the Ombudsmen in the exercise of its functions under Standing Order 134(1); and
 - (d) it shall refrain from inquiring into in public session or publishing confidential information regarding any matter if so requested, for stated reasons given in writing, by—
 - (i) a member of the Government or a Minister of State, or
 - (ii) the principal office-holder of a State body within the responsibility of a Government Department, or
 - (iii) the principal office-holder of a non-State body which is partly funded by the State,

Provided that the Committee may appeal any such request made to the Ceann Comhairle, whose decision shall be final.
- (3) It shall be an instruction to all Select Committees to which Bills are referred that they shall ensure that not more than two Select Committees shall meet to consider a Bill on any given day, unless the Dáil, after due notice to the Business Committee by a Cathaoirleach of one of the Select Committees concerned, waives this instruction.

103. Feidhmeanna Roghchoistí Roinne

- (1) Féadfaidh an Dáil Roghchoiste Roinne a cheapadh chun breithniú a dhéanamh agus, mura bhforáiltear a mhalairt sna Buan-Orduithe seo nó le hordú, tuairisciú don Dáil ar aon ní a bhaineann le—
 - (a) reachtaíocht, beartas, rialachas, caiteachas agus riaradh—
 - (i) Roinne Rialtais, agus
 - (ii) comhlachtaí Stáit atá faoi chúram na Roinne sin, agus
 - (b) feidhmíocht comhlachta nach comhlacht Stáit, i ndáil le comhaontú chun seirbhísí a sholáthar a bheidh déanta aige le haon Roinn Rialtais nó comhlacht Stáit den sórt sin.
- (2) Déanfaidh Roghchoiste arna cheapadh de bhun an Bhuan-Ordaithe seo nithe eile a bhreithniú freisin, ar nithe iad—
 - (a) a bheidh arna dtarchur chuig an gCoiste de bhua na mBuan-Orduithe seo nó an dlí reachtúil, nó
 - (b) a tharchuirfear chuig an gCoiste le hordú ón Dáil.
- (3) Is é an príomhchuspóir a bheidh le Coiste do bhreithniú nithe a bhaineann le beartas, rialachas, caiteachas agus riarachán faoi mhír (1)—
 - (a) cuntasacht an Aire nó an Aire Stáit iomchuí, agus
 - (b) measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na Roinne Rialtais iomchuí nó comhlachta Stáit atá faoi chúram na Roinne iomchuí le linn seirbhísí poiblí a sholáthar, agus na torthaí beartaithe á mbaint amach, lena n-áirítear luach ar airgead.
- (4) Ní bhreithneoidh Roghchoiste arna cheapadh de bhun an Bhuan-Ordaithe seo aon ní a bhaineann le cuntais a bheidh iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ná tuarascálacha de chuid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste mura rud é—
 - (a) go ndéanfaidh an Coiste um Chuntais Phoiblí toiliú leis an mbreithniú sin, nó
 - (b) go bhfuil tuarascáil tugtha ag an gCoiste um Chuntais Phoiblí ar na cuntais nó na tuarascálacha sin.
- (5) Féadfar Roghchoiste arna cheapadh de bhun an Bhuan-Ordaithe seo a chomhcheangal le Roghchoiste arna cheapadh ag Seanad Éireann chun bheith ina Chomhchoiste agus chun gníomhú mar Chomhchoiste chun críocha mhír (1) agus cibé críocha

STANDING ORDERS

103. Functions of Departmental Select Committees

- (1) The Dáil may appoint a Departmental Select Committee to consider and, unless otherwise provided for in these Standing Orders or by order, to report to the Dáil on any matter relating to—
 - (a) legislation, policy, governance, expenditure and administration of—
 - (i) a Government Department, and
 - (ii) State bodies within the responsibility of such Department, and
 - (b) the performance of a non-State body in relation to an agreement for the provision of services that it has entered into with any such Government Department or State body.
- (2) A Select Committee appointed pursuant to this Standing Order shall also consider such other matters which—
 - (a) stand referred to the Committee by virtue of these Standing Orders or statute law, or
 - (b) shall be referred to the Committee by order of the Dáil.
- (3) The principal purpose of Committee consideration of matters of policy, governance, expenditure and administration under paragraph (1) shall be—
 - (a) for the accountability of the relevant Minister or Minister of State, and
 - (b) to assess the performance of the relevant Government Department or of a State body within the responsibility of the relevant Department, in delivering public services while achieving intended outcomes, including value for money.
- (4) A Select Committee appointed pursuant to this Standing Order shall not consider any matter relating to accounts audited by, or reports of, the Comptroller and Auditor General unless the Committee of Public Accounts—
 - (a) consents to such consideration, or
 - (b) has reported on such accounts or reports.
- (5) A Select Committee appointed pursuant to this Standing Order may be joined with a Select Committee appointed by Seanad Éireann to be and act as a Joint Committee for the purposes of paragraph (1) and such other purposes as may be specified in these

BUAN-ORDUITHE

eile a shonrófar sna Buan-Orduithe seo nó le hordú ón Dáil: Ar choinníoll nach mbreithneoidh an Comhchoiste—

- (a) Céim an Choiste de Bhille,
 - (b) Meastacháin i gcomhair Seirbhísí Poiblí, nó
 - (c) togra in aon tairiscint arna tarchur chuig an gCoiste le hordú ón Dáil maidir le comhaontú idirnáisiúnta a tharraingeodh muirear ar chistí poiblí a cheadú.
- (6) Déanfar aon tuarascáil a bheartóidh an Comhchoiste a thabhairt, arna glacadh ag an gComhchoiste, a thabhairt do dhá Theach an Oireachtais.
- (7) Beidh Cathaoirleach an Roghchoiste arna cheapadh de bhun an Bhuan-Ordaithe seo ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach ar an gComhchoiste freisin.
- (8) I gcás go mbeartóidh Roghchoiste breithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas—
- (a) dréachtghníomhartha reachtacha AE arna dtarchur chuig an Roghchoiste faoi Bhuan-Ordú 142, lena n-áirítear an chaoi a gcomhlíonann na gníomhartha sin prionsabal na coimhdeachta,
 - (b) tograí eile le haghaidh reachtaíocht AE agus saincheisteannta beartais gaolmhara, lena n-áirítear cláir agus treoirlínte arna n-ullmhú ag an gCoimisiún Eorpach mar bhonn le gníomh reachtach a d'fhéadfaí a dhéanamh,
 - (c) doiciméid neamhreachtach arna bhfoilsíú ag aon institiúid de chuid AE i ndáil le nithe a bhaineann le beartas AE, nó
 - (d) nithe a liostaítear lena mbreithniú ar an gclár oibre do chruinnithe den Chomhairle (Airí) iomchuí de chuid an Aontais Eorpaigh agus toradh na gcruinnithe sin,
- féadfar fógra dá réir a thabhairt do na daoine seo a leanas, agus beidh de cheart acu a bheith i láthair agus páirt a ghlacadh sa mbreithniú sin gan ceart a bheith acu tairiscintí nó leasuithe a dhéanamh ná ceart vótála:
- (i) comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa arna dtoghadh ó thoghlaigh in Éirinn,
 - (ii) comhaltaí de thoscaireacht na hÉireann chuig Tionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa, agus
 - (iii) ar chuireadh a fháil ón gCoiste, comhaltaí eile de Pharlaimint na hEorpa.

STANDING ORDERS

Standing Orders or by order of the Dáil: Provided that the Joint Committee shall not consider—

- (a) the Committee Stage of a Bill,
 - (b) Estimates for Public Services, or
 - (c) a proposal contained in a motion for the approval of an international agreement involving a charge upon public funds referred to the Committee by order of the Dáil.
- (6) Any report that the Joint Committee proposes to make shall, on adoption by the Joint Committee, be made to both Houses of the Oireachtas.
- (7) The Cathaoirleach of the Select Committee appointed pursuant to this Standing Order shall also be Cathaoirleach of the Joint Committee.
- (8) Where a Select Committee proposes to consider—
- (a) EU draft legislative acts standing referred to the Select Committee under Standing Order 142, including the compliance of such acts with the principle of subsidiarity,
 - (b) other proposals for EU legislation and related policy issues, including programmes and guidelines prepared by the European Commission as a basis of possible legislative action,
 - (c) non-legislative documents published by any EU institution in relation to EU policy matters, or
 - (d) matters listed for consideration on the agenda for meetings of the relevant Council (of Ministers) of the European Union and the outcome of such meetings,

the following may be notified accordingly and shall have the right to attend and take part in such consideration without having a right to move motions or amendments or the right to vote:

- (i) members of the European Parliament elected from constituencies in Ireland,
- (ii) members of the Irish delegation to the Parliamentary Assembly of the Council of Europe, and
- (iii) at the invitation of the Committee, other members of the European Parliament.

BUAN-ORDUITHE

- (9) Féadfaidh Roghchoiste arna cheapadh de bhun an Bhuan-Ordaithe seo, i leith aon Ombudsman a bhfuil sé de chúram air nó uirthi formhaoirsiú a dhéanamh ar sheirbhísí poiblí faoi réim chúram beartais na Roinne iomchuí, breithniú a dhéanamh—
- (a) ar cibé tairiscintí a bhaineann le hOmbudsman a cheapadh agus a tharchuirfear chuig an gCoiste, agus
- (b) ar cibé tuarascálacha Ombudsman a leagfar faoi bhráid ceachtar Teach den Oireachtas nó faoi bhráid an dá Theach sin agus a roghnóidh an Coiste: Ar choinníoll go mbeidh feidhm ag forálacha Bhuan-Ordú 139 i gcás nach mbeidh an tuarascáil Ombudsman, nó cuid nó codanna di, breithnithe ag an Roghchoiste laistigh de thréimhse dhá mhí (gan tréimhsí sosa na Nollag, na Cásca nó an tsamhraidh a chur san áireamh) tar éis an tuarascáil a leagan faoi bhráid ceachtar Teach den Oireachtas nó faoi bhráid an dá Theach sin.

104. Cumhachtaí Coistí

Mura n-ordóidh an Dáil a mhalairt, beidh na cumhachtaí seo a leanas ag Coiste arna cheapadh de bhun na mBuan-Orduithe seo:

- (1) an chumhacht fianaise béil agus fianaise scríofa a iarraidh agus na nithe seo a leanas a chlóbhualadh agus a fhoilsiú ó am go ham—
- (a) miontuairiscí ar an bhfianaise sin a éisteadh go poiblí, agus
- (b) cibé fianaise i scríbhinn is cuí leis an gCoiste;
- (2) an chumhacht Fochoistí a cheapadh agus aon ní a chuimsítear lena orduithe tagartha a tharchur chuig na Fochoistí sin agus aon cheann dá chumhachtaí a tharmligean chuig na Fochoistí sin, lena n-áirítear an chumhacht tuairisciú go díreach don Dáil;
- (3) an chumhacht moltaí a dhréachtú maidir le hathrú reachtaíochta agus maidir le reachtaíocht nua;
- (4) i ndáil le haon ionstraim reachtúil, lena n-áirítear na hionstraimí reachtúla sin a leagtar, nó a leagtar ina ndrucht, faoi bhráid ceachtar Tí den Oireachtas nó faoi bhráid an dá Theach sin, an chumhacht—
- (a) ceangal a chur ar aon Roinn Rialtais nó ar aon údarás déanta ionstraimí lena mbaineann—
- (i) meabhrán a chur faoi bhráid an Roghchoiste ina míneofar aon ionstraim reachtúil, nó

STANDING ORDERS

- (9) A Select Committee appointed pursuant to this Standing Order may, in respect of any Ombudsman charged with oversight of public services within the policy remit of the relevant Department consider—
- (a) such motions relating to the appointment of an Ombudsman as may be referred to the Committee, and
 - (b) such Ombudsman reports laid before either or both Houses of the Oireachtas as the Committee may select: Provided that the provisions of Standing Order 139 apply where the Select Committee has not considered the Ombudsman report, or a portion or portions thereof, within two months (excluding Christmas, Easter or summer recess periods) of the report being laid before either or both Houses of the Oireachtas.

104. Powers of Committees

Unless the Dáil shall otherwise order, a Committee appointed pursuant to these Standing Orders shall have the following powers:

- (1) power to invite and receive oral and written evidence and to print and publish from time to time—
 - (a) minutes of such evidence as was heard in public, and
 - (b) such evidence in writing as the Committee thinks fit;
- (2) power to appoint sub-Committees and to refer to such sub-Committees any matter comprehended by its orders of reference and to delegate any of its powers to such sub-Committees, including power to report directly to the Dáil;
- (3) power to draft recommendations for legislative change and for new legislation;
- (4) in relation to any statutory instrument, including those laid or laid in draft before either or both Houses of the Oireachtas, power to—
 - (a) require any Government Department or other instrument-making authority concerned to—
 - (i) submit a memorandum to the Select Committee explaining the statutory instrument, or

BUAN-ORDUITHE

- (ii) a bheith i láthair ag cruinniú den Roghchoiste chun aon ionstraim reachtúil den sórt sin a mhíniú: Ar choinníoll go bhféadfaidh an Roinn sin nó an t-údarás sin diúltú a bheith i láthair ar chúiseanna a thabharfar i scríbhinn don Roghchoiste, agus féadfaidh an Roghchoiste tuairisciú don Dáil ina leith sin, agus
 - (b) moladh a dhéanamh, más dóigh leis gur gá gníomh den sórt sin a dhéanamh, i dtaobh ar chóir an ionstraim a neamhniú nó a leasú;
- (5) an chumhacht ceangal a chur ar chomhalta den Rialtas nó ar Aire Stáit a bheith i láthair os comhair an Roghchoiste chun na nithe seo a leanas a phlé—
- (a) beartas, nó
 - (b) reachtaíocht bheartaithe phríomha nó thánaisteach (sula bhfoilseofar an reachtaíocht sin),
- a bhfuil sé nó sí freagrach astu go hoifigiúil: Ar choinníoll go bhféadfaidh comhalta den Rialtas nó Aire Stáit diúltú a bheith i láthair ar chúiseanna a shonrófar agus a thabharfar i scríbhinn don Roghchoiste, agus féadfaidh an Roghchoiste tuairisciú don Dáil ina leith sin: agus ar choinníoll fairis sin go bhféadfaidh comhalta den Rialtas nó Aire Stáit a iarraidh a bheith i láthair ag cruinniú den Roghchoiste, lena chumasú dó nó di an beartas nó an reachtaíocht bheartaithe sin a phlé;
- (6) an chumhacht ceangal a chur ar chomhalta den Rialtas nó ar Aire Stáit a bheith i láthair os comhair an Roghchoiste agus mionteagaisc ó bhéal a thabhairt, i seisiún príobháideach más rud é go n-iarraíodh an comhalta den Rialtas nó an tAire Stáit amhlaidh, roimh chruinnithe iomchuí de Chomhairle an Aontais Eorpaigh chun a chumasú don Roghchoiste a thuairimí a chur in iúl: Ar choinníoll go bhféadfaidh an Coiste ceangal a chur ar chomhalta den Rialtas nó ar Aire Stáit a bheith i láthair amhlaidh tar éis na gcruinnithe sin freisin;
- (7) an chumhacht ceangal a chur ar Chathaoirleach ainmnithe comhlachta nó gníomhaireachta atá faoi choimirce Roinne a bheith i láthair os comhair an Roghchoiste, sula gceapfar é nó í, chun na tosaíochtaí straitéiseacha atá aige nó aici maidir leis an ról a phlé;
- (8) an chumhacht ceangal a chur ar chomhalta den Rialtas nó ar Aire Stáit atá freagrach go hoifigiúil in Acht a chur i ngníomh freastal os comhair Roghchoiste i ndáil le tuarascáil faoi Bhuan-Ordú 204 a bhreithniú;
- (9) faoi réir aon srianta a bheidh forordaithe thairis sin le dlí, an chumhacht ceangal a chur ar shealbhóirí príomhoifige—
- (a) comhlachta Stáit atá faoi chúram Roinne Rialtais, nó

STANDING ORDERS

- (ii) attend a meeting of the Select Committee to explain any such statutory instrument: Provided that the authority concerned may decline to attend for reasons given in writing to the Select Committee, which may report thereon to the Dáil, and
 - (b) recommend, where it considers that such action is warranted, that the instrument should be annulled or amended;
- (5) power to require that a member of the Government or Minister of State shall attend before the Select Committee to discuss—
 - (a) policy, or
 - (b) proposed primary or secondary legislation (prior to such legislation being published),for which he or she is officially responsible: Provided that a member of the Government or Minister of State may decline to attend for stated reasons given in writing to the Select Committee, which may report thereon to the Dáil: and provided further that a member of the Government or Minister of State may request to attend a meeting of the Select Committee to enable him or her to discuss such policy or proposed legislation;
- (6) power to require that a member of the Government or Minister of State shall attend before the Select Committee and provide, in private session if so requested by the attendee, oral briefings in advance of relevant meetings of the Council of the European Union to enable the Select Committee to make known its views: Provided that the Committee may also require such attendance following such meetings;
- (7) power to require that the Chairperson designate of a body or agency under the aegis of a Department shall, prior to his or her appointment, attend before the Select Committee to discuss his or her strategic priorities for the role;
- (8) power to require that a member of the Government or Minister of State who is officially responsible for the implementation of an Act shall attend before a Select Committee in relation to the consideration of a report under Standing Order 204;
- (9) subject to any constraints otherwise prescribed by law, power to require that principal office-holders of a—
 - (a) State body within the responsibility of a Government Department, or

(b) comhlachta nach comhlacht Stáit, atá á mhaoiniú go páirteach ag an Stát,

bheith i láthair ag cruinnithe den Roghchoiste, de réir mar is cuí, chun saincheisteanna a phlé a bhfuil siad freagrach iontu go hoifigiúil: Ar choinníoll go bhféadfaidh sealbhóir oifige den sórt sin diúltú a bheith i láthair ar chúiseanna a shonrófar agus a thabharfar i scríbhinn don Roghchoiste, agus féadfaidh an Roghchoiste tuairisciú don Dáil ina leith sin; agus

(10) an chumhacht—

(a) seirbhísí daoine a bhfuil saineolas nó eolas teicniúil acu a fhostú, d'fhonn cabhrú leis nó le haon Fhochoiste dá chuid le linn nithe áirithe a bhreithniú; agus

(b) tabhairt faoi thaisteal;

Ar choinníoll go mbeidh na cumhachtaí faoin mír seo faoi réir cibé moltaí a dhéanfaidh an Gasra Oibre de Chathaoirligh Coistí faoi Bhuan-Ordú 130(5)(a).

105. Cúrsaí oird a ardú i gCoiste

(1) I gcás, i gcúrsa imeachtaí Coiste arna cheapadh ag an Dáil, nó aon Fhochoiste den Choiste sin, go n-iarrfaidh comhalta nó finné rialú maidir le cúrsa oird, rialóidh an Cathaoirleach láithreach, nó a luaithe is indéanta, maidir leis an ní.

(2) Féadfaidh cúrsaí oird faoi mhír (1) a bheith bainteach leis na nithe seo a leanas ach gan bheith teoranta dóibh—

(a) an ábharthacht a bhaineann leis na himeachtaí maidir le horduithe tagartha an Choiste,

(b) an ábharthacht a bhaineann le ceistiú maidir leis an ní nó na nithe atá faoi scrúdú le linn na n-imeachtaí mar atá leagtha amach sa chuireadh don fhinné,

(c) caint a dhéanfar i gcúrsa na n-imeachtaí,

(d) fógra neamhleor i dtaobh nithe a thógfair le linn na n-imeachtaí, lena n-áirítear doiciméid,

(e) comhlíonadh aon treoirlínte nó aon phrótacal a bheidh glactha ag an gCoiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú de réir Bhuan-Ordú 129, agus

(f) aon ní eile a bhaineann le seoladh na n-imeachtaí i gcoitinne.

STANDING ORDERS

(b) non-State body which is partly funded by the State,

shall attend meetings of the Select Committee, as appropriate, to discuss issues for which they are officially responsible: Provided that such an office-holder may decline to attend for stated reasons given in writing to the Select Committee, which may report thereon to the Dáil; and

(10) power to—

(a) engage the services of persons with specialist or technical knowledge, to assist it or any of its sub-Committees in considering particular matters; and

(b) undertake travel;

Provided that the powers under this paragraph are subject to such recommendations as may be made by the Working Group of Committee Cathaoirligh under Standing Order 130(5)(a).

105. Raising matters of order in Committee

(1) Where, in the course of the proceedings of a Committee appointed by the Dáil, or any sub-Committee thereof, a member or a witness requests a ruling on a matter of order, the Cathaoirleach shall rule on the matter forthwith, or as soon as is practicable.

(2) Matters of order under paragraph (1) may relate but are not limited to—

(a) the relevance of the proceedings to the orders of reference of the Committee,

(b) the relevance of questioning to the matter or matters under examination during the proceedings as set out in the invitation to the witness,

(c) utterances made in the course of the proceedings,

(d) inadequate notice of matters raised during the proceedings, including documents,

(e) compliance with any guidelines or protocol adopted by the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight in accordance with Standing Order 129, and

(f) any other matter related to the general conduct of the proceedings.

106. Ordachán inordaitheachta (gnáthghnó Coiste)

- (1) Beidh feidhm ag forálacha an Bhuan-Ordaithe seo maidir le Coiste atá ag seoladh gnáthghnó Coiste (i.e. aon ghnó, seachas Fiosrúchán de chuid Chuid 2²¹), agus atá ag tabhairt ordacháin nó a thug ordachán (dá ngairtear “ordachán inordaitheachta” sa Bhuan-Ordú seo) arna mhíniú in alt 76 den Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta), 2013.
- (2) Tabharfaidh an Coiste atá ag tabhairt ordachán inordaitheachta na nithe seo a leanas don duine dá dtugtar an t-ordachán sin:
 - (a) fógra réasúnach faoin dáta a cheanglaítear air nó uirthi a bheith i láthair; agus/nó,
 - (b) tréimhse réasúnach chun fianaise nó doiciméad a sholáthar, nó chun an t-ordachán a chomhlíonadh ar shlí eile.
- (3) Déanfaidh an Coiste atá ag tabhairt ordachán inordaitheachta a chur in iúl don duine dá dtugtar an t-ordachán sin na mór-réimsí gnó atá nó a bheidh an Coiste a sheoladh agus lena mbaineann an t-ordachán, agus beidh an t-ordachán iomchuí i gcónaí maidir le himeachtaí an Choiste.
- (4) Aon duine a fhreastalaíonn os comhair Coiste de bhun ordachán inordaitheachta, féadfaidh duine amháin eile, ar duine é nó í a fhéadfaidh a bheith ina chleachtóir dlí nó ina cleachtóir dlí, a bheith ina theannta nó ina teannta, tar éis don duine sin fógra réasúnach a thabhairt don Choiste.
- (5) Aon Choiste atá ag tabhairt ordachán inordaitheachta nó a thug ordachán inordaitheachta, agus tar éis do dhuine ordachán a chomhlíonadh, gníomhóidh an Coiste sin agus aird chuí aige ar na nithe seo a leanas:
 - (a) nósanna imeachta cothroma;
 - (b) cearta an duine dá dtugtar an t-ordachán; agus
 - (c) cearta aon duine eile dá ndéanann an t-ordachán difear.

107. Comhchruinnithe de Roghchoistí

Beidh de chumhacht ag gach Roghchoiste a iarraidh ar Roghchoiste eile go dtionólfar comhchruinniú den dá Choiste chun ní sonrach nó nithe sonracha comhghníomhaíochta a bhreithniú agus, i gcás aon chomhchruinnithe den sórt sin—

21 Féach an míniú in B.O. 146

106. Compellability direction (ordinary Committee business)

- (1) The provisions of this Standing Order shall apply to a Committee conducting ordinary Committee business (i.e. any business, other than a Part 2 inquiry²¹) which is giving or has given a direction (referred to in this Standing Order as a “compellability direction”) as defined in section 76 of the Houses of the Oireachtas (Inquiries, Privileges and Procedures) Act 2013.
- (2) The Committee giving a compellability direction will provide the person who is given that direction with:
 - (a) reasonable notice of his or her required attendance date; and/or,
 - (b) a reasonable period for providing evidence or a document, or otherwise complying with the direction.
- (3) The Committee giving a compellability direction will inform the person who is given that direction of the broad areas of business that the Committee is or will be conducting to which the direction relates, and the direction shall at all times be relevant to the proceedings of the Committee.
- (4) Any person attending before a Committee pursuant to a compellability direction may, having given reasonable notice to the Committee, be accompanied by one other person who may be a legal practitioner.
- (5) A Committee which is giving or has given a compellability direction, and following the compliance by a person with a direction, will act with due regard to:
 - (a) fair procedures;
 - (b) the rights of the person given the direction; and
 - (c) the rights of any other person affected by the direction.

107. Joint Meetings of Select Committees

Each Select Committee shall have power to request of another Select Committee that a joint meeting of both Committees be held to consider a specific matter or matters of common activity and, in the case of any such joint meeting—

²¹ See definition in S.O. 146

- (a) gníomhóidh Cathaoirleach an Choiste iarrthaigh mar Chathaoirleach agus, mura féidir don Chathaoirleach a bheith i láthair, beidh feidhm ag forálacha Bhuan-Ordú 113(3) agus (5);
- (b) beidh feidhm ag forálacha an dá Choiste i dtaobh córaim fara an modhnú go laghdófar gach córam den sórt sin de leath agus ansin go gcothromófar é suas go dtí an chéad slánuimhir eile is gaire; agus
- (c) ní bheidh feidhm ag orduithe tagartha an dá Choiste ach amháin a mhéid is orduithe iad a bhaineann leis an dá Choiste.

108. Cumhacht Roghchoiste chun a thuairim a thuairisciú, agus chun tuairisc speisialta a thabhairt

Féadfaidh Roghchoiste, dár tugadh cumhacht chun fios a chur ar dhaoine, ar pháipéir, agus ar thaifid, a thuairimí agus a thagairtí, mar aon le miontuairiscí na fianaise a glacadh os a chomhair, a thuairisciú don Dáil, agus fós tuairisc speisialta a thabhairt ar nithe ar bith is cuí leis a chur faoi bhráid na Dála.

109. Tuarascálacha Roghchoistí a Chlóbhualadh agus a Fhoilsiú, Cláir Oibre agus Tuarascálacha Bliantúla Roghchoistí

- (1) Faoi réir mhír (2), déanfar gach tuarascáil a bheartóidh Roghchoiste a thabhairt, arna glacadh ag an Roghchoiste, a leagan faoi bhráid Dháil Éireann láithreach, mar aon le haon doiciméad a bhaineann leis an gcéanna a bheartaíonn an Roghchoiste a fhoilsiú, agus as a aithle sin beidh cumhacht ag an Roghchoiste an tuarascáil sin agus an doiciméad nó na doiciméid sin, de réir mar a bheidh, a chlóbhualadh agus a fhoilsiú: Ar choinníoll go bhféadfaidh Roghchoiste cumhachtaí faoin mír seo a tharmligean go sainráite chun aon cheann dá Fhochoistí, i ndáil le tuarascálacha i gcoitinne nó i ndáil le tuarascáil ar leithligh.
- (2) D'ainneoin ghinearáltaíocht mhír (1), measfar gurb ionann Cléireach na Dála d'fháil Teachtaireachta, de réir Bhuan-Ordú 110, agus an Roghchoiste do thabhairt tuarascála ar an mBille nó ar an Meastachán, de réir mar a bheidh.
- (3) Faoi réir Bhuan-Ordú 128, déanfaidh gach Roghchoiste a nósanna imeachta, agus a ról i gcoitinne, a athbhreithniú go leanúnach, agus tabharfaidh sé tuarascáil faoi na nithe sin don Choiste um Buan-Orduithe agus Athleasú na Dála uair amháin ar a laghad gach bliain.
- (4) A luaithe is féidir i ndiaidh a cheaptha agus uair in aghaidh na bliana ina dhiaidh sin, ullmhóidh gach Roghchoiste clár oibre agus leagfaidh sé an clár sin faoi bhráid Dháil Éireann.

STANDING ORDERS

- (a) the Cathaoirleach of the requesting Committee shall act as Cathaoirleach and, in the unavoidable absence of the Cathaoirleach, the provisions of Standing Order 113(3) and (5) shall apply;
- (b) the quorum provisions of both Committees shall apply with the modification that each such quorum shall be halved and then rounded up to the next nearest whole number; and
- (c) the orders of reference of the two Committees shall apply only insofar as they are common to both.

108. Power of a Select Committee to report opinion and make special report

A Select Committee, empowered to send for persons, papers, and records, may report its opinions and observations, together with the minutes of evidence taken before it, to the Dáil, and also make a special report of any matters which it may think fit to bring to the notice of the Dáil.

109. Printing and Publication of Select Committee Reports, Work Programmes and Annual Reports of Select Committees

- (1) Subject to paragraph (2), every report which a Select Committee proposes to make shall, on adoption by the Select Committee, be laid before Dáil Éireann forthwith, together with any document relating thereto which the Select Committee proposes to publish, whereupon the Select Committee shall be empowered to print and publish such report and the said document or documents, as the case may be: Provided that a Select Committee may expressly delegate powers under this paragraph to any of its sub-Committees, in respect of reports generally or in respect of an individual report.
- (2) Notwithstanding the generality of paragraph (1), the receipt by the Clerk of the Dáil of a Message, in accordance with Standing Order 110, shall be deemed to be the report of the Select Committee on the Bill or Estimate as the case may be.
- (3) Subject to Standing Order 128, each Select Committee shall review its procedures, and its role generally, on an ongoing basis, and shall report at least once in each year to the Committee on Standing Orders and Dáil Reform on these matters.
- (4) As soon as may be following its appointment and thereafter at annual intervals, each Select Committee shall prepare a work programme and shall lay such programme before Dáil Éireann.

(5) Déanfaidh gach Roghchoiste, ó am go ham de réir mar is cuí leis an Roghchoiste, miontuairiscí ar a chuid imeachtaí a leagan faoi bhráid Dháil Éireann.

(6) I gcás—

(a) go mbeidh dáta ceaptha ag Dáil Éireann don Roghchoiste chun tuairisciú don Dáil agus gur mó ná bliain amháin an seal idir an dáta sin a cheapadh agus an dáta chun tuairisciú, nó

(b) nach mbeidh aon dáta ceaptha ag Dáil Éireann chun tuairisciú,

déanfaidh an Roghchoiste sin, ar chothrom dháta a cheaptha gach bliain tar éis bhliain an cheaptha sin, tuarascáil bhliantúil a thabhairt do Dháil Éireann ina mbeidh mionsonraí—

(i) faoin obair a bheidh curtha i gcrích ag an Roghchoiste, agus

(ii) faoin obair a bheidh ar siúl ag an Roghchoiste,

agus féadfar, má mheasann an Roghchoiste gur cuí é, an tuarascáil i dtaobh a nósanna imeachta, agus i dtaobh a ról, (agus sa chás sin cuirfear cóip den tuarascáil bhliantúil ar aghaidh chuig an gCoiste um Buan-Orduithe agus Athleasú na Dála), an clár oibre agus miontuairiscí ar a chuid imeachtaí dá dtagraítear i míreanna (3), (4) agus (5) faoi seach den Bhuan-Ordú seo a bheith ar áireamh sa tuarascáil bhliantúil.

110. Teachtaireachtaí ó Roghchoistí i nDáil le Billí nó Meastacháin

I gcás go mbeidh Roghchoiste tar éis a bhreithniú a chríochnú ar Bhille nó ar Mheastachán a bhí curtha faoina bhráid ag an Dáil, cuirfidh an Coiste Teachtaireacht á rá sin chuig an Dáil. Is i scríbhinn agus arna síniú ag Cléireach an Choiste a bheidh Teachtaireachtaí den sórt sin agus díreofar chuig Cléireach na Dála iad. Is é Cléireach na Dála a ghlacfaidh Teachtaireachtaí ó Roghchoistí. Cuirfidh an Ceann Comhairle aon Teachtaireacht den sórt sin in iúl don Dáil a luaithe is caoithiúil.²²

111. Díospóireacht ar thuarascálacha ó Choistí

(1) Más rud é go ndéanfaidh Buan-Choiste, Roghchoiste, Coiste Speisialta nó Comhchoiste, de réir mar a bheidh, tuarascáil a thabhairt ina bhfuil iarraidh go ndéanfaidh an Dáil díospóireacht ar an tuarascáil, déanfar tairiscint go dtabharfaidh an Dáil an tuarascáil dá haire a luaithe is indéanta tar éis don Choiste an tuarascáil a ghlacadh: Ar choinníoll go measfar aon tairiscint den sórt sin nach ndéanfar laistigh de dhá mhí dhéag ón dáta a ndearna an Cléireach í a fhoilsiú i dtosach agus fógra ina leith a thabhairt do chomhaltaí de bhun Bhuan-Ordú 37 a bheith tite ar lár, ach sin gan dochar don cheart chun an tairiscint sin a chur síos arís.

²² Féach freisin B.O. 109(2), 143(2) agus 195

STANDING ORDERS

- (5) Each Select Committee shall, from time to time as the Select Committee sees fit, lay minutes of its proceedings before Dáil Éireann.
- (6) Where—
- (a) Dáil Éireann has appointed a date upon which a Select Committee shall report back to the Dáil and the interval between the appointment of such date and the date for reporting back exceeds one year, or
- (b) no date for reporting back has been appointed by Dáil Éireann,
- such Select Committee shall, on the anniversary of its appointment in each year following the year of such appointment, make an annual report to Dáil Éireann which shall detail—
- (i) the work carried out by the Select Committee, and
- (ii) the work in progress by the Select Committee,

and may include, if the Select Committee deems appropriate, the report on its procedures and its role (in which case, a copy of the annual report shall be forwarded to the Committee on Standing Orders and Dáil Reform), the work programme and minutes of proceedings referred to in paragraphs (3), (4) and (5) respectively of this Standing Order.

110. Messages from Select Committees in relation to Bills or Estimates

Where a Select Committee shall have completed its consideration of a Bill or Estimate referred to it by the Dáil, the Committee shall send a Message to this effect to the Dáil. Such Messages shall be in writing, signed by the Clerk to the Committee, and shall be addressed to the Clerk of the Dáil. Messages from Select Committees shall be received by the Clerk of the Dáil. The Ceann Comhairle shall, at the first convenient opportunity, communicate any such Message to the Dáil.²²

111. Debating of reports from Committees

- (1) Where a Standing, Select, Special or Joint Committee, as the case may be, makes a report containing a request that the report be debated by the Dáil, a motion to take note of the report shall, as soon as practicable after the adoption of the report by the Committee, be tabled: Provided that any such motion which is not moved within twelve months from the date on which it was first published by the Clerk and notified to members pursuant to Standing Order 37 shall be deemed to have lapsed, but without prejudice to the right to put down such motion again.

²² See also S.O.s 109(2), 143(2) and 195

- (2) Féadfaidh Cathaoirleach an Choiste fógra a thabhairt gur mian leis nó léi tuarascáil ó Choiste a tharraingt anuas lena breithniú aon dara Déardaoín, is tuarascáil ó Choiste a leagadh faoi bhráid na Dála agus a bhfuil tairiscint go ndéanfaidh an Dáil an tuarascáil a thabhairt dá haire foilsithe ag an gCléireach agus fógra ina leith tugtha do na comhaltaí de bhun Bhuan-Ordú 37: Ar choinníoll go bhfaighidh an Coiste Gnó an fógra sin tráth nach déanaí ná 11 a.m. an ceathrú lá roimh chruinniú seachtainiúil an Choiste Gnó.
- (3) Is é an Coiste Gnó a chinnefidh cén tuarascáil ó Choiste a bheidh le breithniú aon dara Déardaoín.
- (4) Ní thabharfar thar dhá uair an chloig ar fad le haghaidh na díospóireachta ar an tairiscint go ndéanfaidh an Dáil an tuarascáil a thabhairt dá haire.

Ar choinníoll go mbeidh feidhm ag na teorainneacha ama agus ag an ord cainteoirí seo a leanas maidir leis an díospóireacht:

(a) maidir leis na hóráidí seo a leanas—

- (i) óráid an chomhalta a thairgfídh an tairiscint, arb é nó í Cathaoirleach an Choiste, nó ar comhalta eile den Choiste a bheidh ainmnithe ina ionad nó ina hionad, é nó í, agus
- (ii) óráid ó chomhalta den Rialtas nó ó Aire Stáit, a dhéanfaidh freagra an Rialtais ar an tuarascáil, lena n-áirítear freagra an Rialtais ar aon mholtaí atá ar áireamh ann, a leagan amach,

ní rachaidh siad thar 15 nóiméad i ngach cás;

(b) ní rachaidh óráid gach comhalta eile ar a nglao far thar deich nóiméad;

(c) beidh comhalta den Rialtas nó Aire Stáit, a fhéadfaidh labhairt faoi dhó, i dteideal óráid a thabhairt go díreach roimh an bhfreagra ón tairgtheoir, agus ní rachaidh an óráid sin thar deich nóiméad;

(d) beidh an tairgtheoir i dteideal tréimhse nach faide ná deich nóiméad le haghaidh óráid freagartha; agus

(e) beidh gach comhalta i dteideal a gcuid ama a roinnt.

112. Féadfar dáta a cheapadh don Choiste Speisialta chun tuairisciú don Dáil

Déanfar, más gá sin, leis an Ordú ón Dáil ag cur Coiste Speisialta ar bun chun Bille a bhreithniú²³ dáta a cheapadh don Choiste chun tuairisciú don Dáil.

23 B.O. 188

STANDING ORDERS

- (2) The Cathaoirleach of the Committee may give notice that he or she wishes to bring forward for consideration on an alternate Thursday, a Committee report that has been laid before the Dáil and in respect of which a motion to take note of the report has been published by the Clerk and notified to members pursuant to Standing Order 37: Provided that such notice shall be received by the Business Committee not later than 11 a.m. on the fourth day preceding the weekly meeting of the Business Committee.
- (3) The Committee report to be considered on an alternate Thursday shall be determined by the Business Committee.
- (4) The time allowed for the debate on the motion to take note of the report shall not exceed a period of two hours in the aggregate.

Provided that the following time limits and sequence of speakers shall apply to the debate:

(a) the speeches of—

- (i) the member proposing the motion who shall be the Cathaoirleach of the Committee or another member of the Committee nominated in his or her stead, and
- (ii) a member of the Government or Minister of State, who shall outline the Government's response to the report, including the Government's response to any recommendations contained therein,

shall not exceed 15 minutes in each case;

- (b) the speech of each other member called upon shall not exceed ten minutes;
- (c) a member of the Government or Minister of State, who may speak twice, shall be entitled to make a speech immediately before the reply by the proposer, which shall not exceed ten minutes;
- (d) the proposer shall be entitled to not more than ten minutes for a speech in reply; and
- (e) all members shall be entitled to share their time.

112. Date may be fixed for reporting back by Special Committee

The Order of the Dáil setting up a Special Committee to consider a Bill²³ shall if necessary fix a date upon which the Committee shall report back to the Dáil.

²³ S.O. 188

113. Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach agus Cathaoirligh shealadacha

- (1) I ngach Coiste, ní bheidh ach aon vóta amháin ag an gCathaoirleach.
- (2) Déanfar cion de phoist mar Chathaoirleach a leithroinnt ar an bpáirtí nó ar na páirtithe sa Rialtas agus ar gach grúpa sa Dáil (mar a mhínítear i mBuan-Ordú 170). Déanfar an cion sin a ríomh de réir chóras d'Hondt agus, faoin gcóras sin, roghnóidh an páirtí nó na páirtithe sa Rialtas agus gach grúpa post ar leith mar Chathaoirleach de réir mar a dhéanfar na poist a leithroinnt, gan poist arna leithroinnt cheana le Buan-Ordú nó le hOrdú ón Dáil a áireamh: Ach ní cead do pháirtí Rialtais an Chathaoirleacht ar an gCoiste um Chuntais Phoiblí a roghnú. Ceapfaidh an Teach gach Cathaoirleach, de réir fhorálacha an Bhuan-Ordaithe seo agus na mBuan-Orduithe i gcoitinne.
- (3) Féadfaidh gach Coiste duine dá chomhaltaí a thoghadh chun bheith ina Leas-Chathaoirleach. Mura féidir don Chathaoirleach a bheith i láthair, déanfaidh an Leas-Chathaoirleach na dualgais a chomhlíonadh a chuirtear ar an gCathaoirleach leis na Buan-Orduithe, agus an t-údarás a fheidhmiú a thugtar dó nó di leis na Buan-Orduithe.
- (4) Ar dhul i gCeannas dó nó di den chéad uair tar éis a thofa nó a tofa, tabharfaidh an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach an dearbhú seo a leanas:

“Dearbhaím go sollúnta go ndéanfaidh mé, go cuí agus go dílis agus a mhéid is eol agus is cumas dom, oifig Chathaoirleach/Leas-Chathaoirleach an [cuir isteach ainm an Choiste] a fheidhmiú gan scáth gan fabhar, na rialacha mar atá siad leagtha síos ag an Teach a chur i bhfeidhm go cothrom neamhchlaonta, ord a choimeád agus cearta agus pribhléidí comhaltaí a chaomhnú de réir an Bhunreachta agus na mBuan-Orduithe.”

- (5) I gcás nach féidir do Chathaoirleach Coiste (ná don Leas-Chathaoirleach má bhíonn sé nó sí ceaptha) a bheith i láthair, cromfaidh an Coiste láithreach ar dhuine dá chomhaltaí a bheidh i láthair a thoghadh chun na dualgais a chomhlíonadh a chuirtear ar an gCathaoirleach leis na Buan-Orduithe, agus an t-údarás a fheidhmiú a thugtar dó nó di leis na Buan-Orduithe, fad a bheidh an Cathaoirleach nó an Leas-Chathaoirleach as láthair amhlaidh.
- (6) I gcás go scoirfidh Cathaoirleach Coiste atá ag seoladh fiosrúchán de chuid Chuid 2²⁴ de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Choiste sin, déanfaidh an Dáil, le Rún, Cathaoirleach a cheapadh as measc an chuid eile de chomhaltaí an Choiste.²⁵

24 Féach an míniú in B.O. 146

25 Féach Cuid 3 den Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta), 2013 i ndáil le fiosrúcháin de chuid Chuid 2 agus nósanna imeachta córa

113. Cathaoirleach, and Leas-Chathaoirleach and temporary Cathaoirligh

- (1) In every Committee, the Cathaoirleach shall have only one vote.
- (2) A proportion of Cathaoirleach posts shall be allocated to the party or parties in Government and each group in the Dáil (as defined in Standing Order 170). Such proportion shall be calculated according to the d'Hondt system, and under such system, the party or parties in Government and each group shall choose a particular Cathaoirleach post as the posts are allocated, excluding posts already allocated by Standing Orders or by Order of the Dáil: Provided that a Government party may not choose the post of Cathaoirleach of the Committee of Public Accounts. The House shall appoint each Cathaoirleach, in accordance with the provisions of this Standing Order and of Standing Orders generally.
- (3) Every Committee may elect one of its members to be Leas-Chathaoirleach. In the unavoidable absence of the Cathaoirleach, the Leas-Chathaoirleach shall perform the duties devolved upon, and exercise the authority conferred upon, the Cathaoirleach by Standing Orders.
- (4) Upon first taking the Chair after his or her election, the Cathaoirleach and Leas-Chathaoirleach shall make the following declaration:

"I do solemnly declare that I will duly and faithfully and to the best of my knowledge and ability, execute the office of Cathaoirleach/[Leas-Chathaoirleach] of the..... [insert the name of Committee] without fear or favour, apply the rules as laid down by the House in an impartial and fair manner, maintain order and uphold the rights and privileges of members in accordance with the Constitution and Standing Orders."

- (5) Where the Cathaoirleach of a Committee (and the Leas-Chathaoirleach, if appointed) is unavoidably absent, the Committee shall at once proceed to elect one of its members present to perform the duties devolved upon, and exercise the authority conferred upon, the Cathaoirleach by Standing Orders for the duration of such absence.
- (6) Where the Cathaoirleach of a Committee which is conducting a Part 2 inquiry²⁴ ceases to be a member of that Committee, the Dáil shall, by Resolution, appoint a Cathaoirleach from amongst the remaining Committee members.²⁵

²⁴ See definition in S.O. 146

²⁵ See Part 3 of the Houses of the Oireachtas (Inquiries, Privileges and Procedures) Act 2013 in relation to Part 2 inquiries and fair procedures

114. Freagracht Cathaoirleach Coiste maidir le Buan-Orduithe, rialacha agus prótacail a chomhlíonadh

- (1) Beidh Cathaoirleach gach Coiste arna cheapadh ag an Dáil freagrach as a áirithiú go gcomhlíonfaidh a Choiste nó a Coiste na Buan-Orduithe agus na rialacha a bheidh leagtha síos ag an Teach nó na Tithe agus as imeachtaí an Choiste a sheoladh go hordúil agus go cothrom, de réir Bhuan-Ordú 75.
- (2) Beidh an Cathaoirleach freagrach as—
 - (a) a chinntiú go ngníomhóidh an Coiste faoi réim a orduithe tagartha arna gcinneadh ag an Teach,
 - (b) a chinntiú go ngníomhóidh an Coiste faoi réim théarmaí aon chuireadh arna eisiúint chuig aon fhinné chun láithriú os comhair an Choiste,
 - (c) ord a choimeád sa Choiste, lena n-áirítear rialú maidir le cúrsaí oird nuair a iarrfaidh comhalta, finné nó tríú páirtí air nó uirthi déanamh amhlaidh,
 - (d) cothromaíocht a aimsiú maidir le cearta daoine dá dtagraítear le linn imeachtaí agus cearta comhaltaí, ag féachaint do cibé treoirlínte nó prótacail a bheidh glactha ag an gCoiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú de réir Bhuan-Ordú 129, agus
 - (e) a chinntiú go gcomhlíonfar cibé rialacha riaracháin lena rialófar Coistí agus a chinneadh Coimisiún Thithe an Oireachtais.
- (3) I gcás go dtabharfaidh Cathaoirleach rialú maidir leis an gCoiste do chloí lena chuid orduithe tagartha faoi mhír (2)(a) den Bhuan-Ordú seo, tabharfar fógra maidir leis an rialú sin don Choiste agus don Cheann Comhairle ina cháil nó ina cáil mar Chathaoirleach an Choiste um Fhormhaoirsiú Sainchúraim.
- (4) Más rud é, i dtuairim an Choiste iomchuí, gur mhainnigh Cathaoirleach an Choiste a fhreagrachtaí nó a freagrachtaí a urscaoileadh mar atá leagtha amach sna Buan-Orduithe seo, féadfaidh an Coiste, ar thairiscint shubstainteach, an Cathaoirleach a cháineadh agus tuairisciú don Choiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú ar an gcéanna.

115. Comhaltas *Ex Officio* de Roghchoistí, Ionadú iontu, agus Freastal orthu

- (1) An comhalta den Rialtas atá i mbun na Roinne iomchuí, beidh sé nó sí ina comhalta nó ina comhalta *ex officio* de Roghchoiste arna cheapadh de bhun Bhuan-Ordú 103, agus beidh sé nó sí i dteideal vótáil in imeachtaí Roghchoiste, chun na nithe seo a leanas a bhreithniú:

114. Responsibility of Cathaoirleach of the Committee for compliance with Standing Orders, rules and protocols

- (1) The Cathaoirleach of every Committee appointed by the Dáil shall be responsible for ensuring compliance by his or her Committee with the Standing Orders and rules laid down by the House/s and for the orderly and fair conduct of the proceedings of the Committee, in accordance with Standing Order 75.
- (2) It shall be the responsibility of the Cathaoirleach to—
 - (a) ensure that the Committee acts within the scope of its orders of reference as determined by the House,
 - (b) ensure that the Committee acts within the scope of the terms of any invitation issued to any witness to appear before the Committee,
 - (c) maintain order in the Committee, including ruling on matters of order when requested to do so by a member, witness or third party,
 - (d) balance the rights of persons referred to during proceedings with the rights of members, having regard to such guidelines or protocols as shall be adopted by the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight in accordance with Standing Order 129, and
 - (e) ensure compliance with such administrative rules governing Committees as may be determined by the Houses of the Oireachtas Commission.
- (3) Where a Cathaoirleach makes a ruling in respect of adherence by the Committee to its orders of reference under paragraph (2)(a) of this Standing Order, such ruling shall be notified to the Committee, and to the Ceann Comhairle in his or her capacity as Cathaoirleach of the Committee on Remit Oversight.
- (4) Where in the opinion of the relevant Committee, the Cathaoirleach of the Committee has failed to discharge his or her responsibilities as set out in these Standing Orders, the Committee may, on substantive motion, censure the Cathaoirleach and report thereon to the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight.

115. *Ex Officio* Membership of, Substitution in, and Attendance at Select Committees

- (1) The member of the Government in charge of the relevant Department shall be an *ex officio* member of a Select Committee appointed pursuant to Standing Order 103, and shall be entitled to vote in Select Committee proceedings, for the purpose of consideration of the following matters:

BUAN-ORDUITHE

- (a) Billí;
- (b) tograí a bheidh in aon tairiscint, lena n-áirítear aon tairiscint de réir bhrí Bhuan-Ordú 228,
- (c) Meastacháin i gcomhair Seirbhísí Poiblí, agus
- (d) Grinnscrúdú ar Bhillí comhaltaí príobháideacha de réir Bhuan-Ordú 185,

Ar choinníoll go bhféadfaidh an comhalta sin den Rialtas comhalta eile den Rialtas a ainmniú chun gníomhú ina ionad nó ina hionad féin chun na críche sin.

- (2) (a) I gcás comhalta a bheidh ainmnithe chun fónamh ar Roghchoiste nó ar Choiste Speisialta a bheith as láthair, féadfaidh ionadaí páirt a ghlacadh sna himeachtaí agus beidh sé nó sí i dteideal vótáil in ionad an chomhalta a bheidh as láthair: Ar choinníoll nach comhalta den Rialtas ná Aire Stáit an t-ionadaí ainmnithe.
- (b) Chun críocha an Bhuan-Ordaithe seo, maidir le comhalta a bheartóidh gníomhú mar ionadaí ar chomhalta a bheidh as láthair (nó ar ionadaí nach mbeidh i láthair), ní aithneofar é nó í sa cháil sin ach amháin i gcás go gcuirfidh sé nó sí in iúl do chléireach an Choiste, roimh an gcruinniú nó le linn an chruinnithe, go bhfuil sé beartaithe aige nó aici ionadú a dhéanamh, faoi réir fhorálacha fhomhír (c).

Ach i gcás go mbeartóidh an t-ionadaí tairiscintí a dhéanamh ina ainm nó ina hainm féin, ní foláir dó nó di an t-ionadú a chur in iúl i scríbhinn do chléireach an Choiste roimh dhul in éag don sprioc-am iomchuí chun tairiscintí a chur isteach.

- (c) Ní bheidh ionadú mar a fhoráiltear i bhfomhír (b) bailí ach amháin—
 - (i) más comhalta de pháirtí nó de chomhlacht comhaltaí ag a bhfuil ionadaíocht sa Rialtas an comhalta nó an t-ionadaí a bheidh as láthair, i gcás go bhfuil an comhalta a bheidh ag tabhairt fógra ina chomhalta nó ina comhalta d’aon pháirtí nó d’aon chomhlacht comhaltaí den sórt sin; agus
 - (ii) mura comhalta de pháirtí nó de chomhlacht comhaltaí ag a bhfuil ionadaíocht sa Rialtas an comhalta nó an t-ionadaí a bheidh as láthair, i gcás go bhfuil an comhalta a bheidh ag tabhairt fógra sa pháirtí nó sa ghrúpa céanna (mar a mhínítear i mBuan-Ordú 170) leis an gcomhalta nó leis an ionadaí a bheidh as láthair.
- (d) Féadfaidh comhalta de Choiste, lena n-áirítear ionadaí—

STANDING ORDERS

- (a) Bills;
- (b) proposals contained in any motion, including any motion within the meaning of Standing Order 228;
- (c) Estimates for Public Services; and
- (d) Scrutiny of Private Members' Bills in accordance with Standing Order 185:

Provided that such member of the Government may nominate another member of the Government or a Minister of State to act in his or her stead for that purpose.

- (2) (a) In the absence of a member nominated to serve on a Select or Special Committee, a substitute may take part in the proceedings and shall be entitled to vote in the absent member's stead: Provided that the nominated substitute may not be a member of the Government or a Minister of State.
- (b) For the purposes of this Standing Order, a member proposing to act as a substitute for an absent member (or for a substitute not in attendance), shall only be recognised as such where he or she informs the Committee clerk, either prior to, or during the course of the meeting, of his or her intention to substitute, subject to the provisions of subparagraph (c).

Provided that where the substitute intends to move motions in his or her own name, he or she must inform the Committee clerk, in writing, of the substitution before the expiry of the relevant deadline for submission.

- (c) A substitution as provided for in subparagraph (b) shall only be valid—
 - (i) if the absent member or substitute is a member of a party or a body of members represented in Government, where the member giving notice is a member of any such party or body of members; and
 - (ii) if the absent member or substitute is not a member of a party or a body of members represented in Government, where the member giving notice is in the same party or group (as defined in Standing Order 170) as the absent member or substitute.

- (d) A member of a Committee, including a substitute, may—

- (i) i gcás go bhfuil sé nó sí ina chomhalta nó ina comhalta de pháirtí nó de chomhlacht comhaltaí ag a bhfuil ionadaíocht sa Rialtas, tairiscintí a dhéanamh agus leasuithe a thairiscint in ainm aon chomhalta den Choiste ar comhalta é nó í d'aon pháirtí nó d'aon chomhlacht comhaltaí den sórt sin;
 - (ii) i gcás nach bhfuil sé nó sí ina chomhalta nó ina comhalta de pháirtí nó de chomhlacht comhaltaí ag a bhfuil ionadaíocht sa Rialtas, tairiscintí a dhéanamh agus leasuithe a thairiscint in ainm aon chomhalta den Choiste atá sa pháirtí nó sa ghrúpa céanna (mar a mhínítear i mBuan-Ordú 170).
- (3) Féadfaidh comhaltaí de Dháil Éireann, nach comhaltaí de Roghchoiste, a bheith i láthair agus páirt a ghlacadh in imeachtaí aon Roghchoiste nó Fochoiste gan ceart vótála a bheith acu ná an ceart tairiscintí a dhéanamh, ach amháin de réir mhír (2), agus de thoradh fhorálacha Bhuan-Ordú 189 i ndáil le leasuithe ar Bhillí a chur síos.
- (4) Féadfaidh comhaltaí páirt a ghlacadh i gcruinniú de Bhuanchoiste, de Roghchoiste nó de Choiste Speisialta trí cibé ardán sonraithe físchomhdhála a bheidh arna cheadú agus arna sholáthar ag Coimisiún Thithe an Oireachtais: Ar choinníoll, i gcás gur go poiblí a sheolfar an cruinniú, nach bhféadfaidh comhalta páirt a ghlacadh amhlaidh ach amháin ó ionad laistigh de mhaighne an Oireachtais; Ar choinníoll thairis sin nach gceadófar páirt a ghlacadh i vótálacha trí ardán den sórt sin, cibé acu an mbeidh an Coiste i seisiún poiblí nó i seisiún príobháideach.

116. Cruinnithe Príobháideacha Coistí

- (1) Faoi réir mhír (2) den Bhuan-Ordú seo, féadfaidh comhaltaí de Dháil Éireann cuairteoirí agus ionadaithe údaraithe Nuachtán a thabhairt isteach chuig cruinnithe de Bhuan-Choistí, de Roghchoistí nó de Choistí Speisialta.²⁶
- (2) Féadfaidh Buan-Choiste, Roghchoiste nó Coiste Speisialta tráth ar bith, le hOrdú, teacht le chéile go príobháideach agus déanfar gach cuairteoir agus ionadaí údaraithe Nuachtán a dhúnadh amach as an Seomra fad a bheidh an t-Ordú sin i bhfeidhm.

117. Vótáil a dhéanamh i gCoistí: comhionannas vótaí agus cásanna ina mbíonn tosaíocht ag vótáil Dála

- (1) Déanfar vótáil i mBuan-Choistí, i Roghchoistí nó i gCoistí Speisialta tríd an gCléireach a bheidh ag freastal ar an gCoiste do ghlaoch ainmneacha na gcomhaltaí agus, más ionann líon na vótaí ar an dá thaobh, cinnfear gur freagra diúltach a tugadh ar an gceist.
- (2) Má éilítear vótáil i Roghchoiste nó i gCoiste Speisialta, cuirfear an glas ar na doirse agus déanfar an vótáil i ndiaidh seal ocht nóiméad nó a luaithe a bheidh comhaltaí uile an Choiste (nó na hionadaithe uile a bheidh ainmnithe go cuí, de réir mar a bheidh)

²⁶ Féach freisin B.O. 154

STANDING ORDERS

- (i) where he or she is a member of a party or a body of members represented in Government, move motions and amendments in the name of any member of the Committee who is a member of any such party or body of members;
 - (ii) where he or she is not a member of a party or a body of members represented in Government, move motions and amendments in the name of any member of the Committee who is in the same party or group (as defined in Standing Order 170).
- (3) Members of Dáil Éireann, not being members of a Select Committee, may attend and take part in proceedings of any Select Committee or sub-Committee without having a right to vote or to move motions, save in accordance with paragraph (2), and further to the provisions of Standing Order 189 in relation to the tabling of amendments to Bills.
- (4) Members may participate in a meeting of a Standing, Select or Special Committee by means of such specified videoconferencing platform as may be approved and provided by the Houses of the Oireachtas Commission: Provided that, where the meeting is in public, a member may so participate only from within the parliamentary precincts; Provided further that participation in divisions by means of such platform shall not be permitted, whether the Committee is in public or in private session.

116. Private Meetings of Committees

- (1) Subject to paragraph (2) of this Standing Order, visitors and authorised representatives of the Press may be introduced by members of Dáil Éireann to meetings of Standing, Select or Special Committees.²⁶
- (2) A Standing, Select or Special Committee may at any time, by Order, meet in private and all visitors and authorised representatives of the Press shall be excluded for the duration of such Order.

117. Taking of divisions in Committees: equality of votes and where Dáil division takes precedence

- (1) Divisions in Standing, Select or Special Committees shall be taken by the Clerk attending the Committee calling the names of the members and, in the event of there being an equality of votes, the question shall be decided in the negative.
- (2) When a division is demanded in a Select or Special Committee, the doors shall be locked and the division taken after the lapse of eight minutes or as soon as all members of the Committee (or duly nominated substitutes, as the case may be) are

²⁶ See also S.O. 154

i láthair, cibé acu is luaithe: Ar choinníoll, i gcás go mbeifear tar éis vótáil a éileamh i Roghchoiste nó i gCoiste Speisialta agus go n-éileofar vótáil dá éis sin sa Dáil sula mbeidh cromtha ag an gCléireach a bheidh ag freastal ar an gCoiste ar an vótáil a dhéanamh trí ainmneacha chomhaltaí an Choiste a ghlaoch, go ndéanfar an vótáil sin i Roghchoiste nó i gCoiste Speisialta a chur siar go dtí tar éis chríochnú na vótála sa Dáil agus chríochnú aon vótálacha eile sa Dáil a éileofar láithreach dá éis sin, mura rud é go gcinntídh an Coiste a mhalairt i dtosach an chruinnithe.

118. Córam Roghchoistí

- (1) Mura bhforáiltear a mhalairt leis na Buan-Orduithe seo nó le hOrdú ón Dáil, triúr is córam do Roghchoiste nó d'Fhochoiste de Roghchoiste.²⁷
- (2) Ní dhéanfar comhalta de Dháil Éireann a bheidh i láthair de bhun Bhuan-Ordú 115(3) a áireamh chun córam a chinneadh.
- (3) Déanfar comhalta den Rialtas nó Aire Stáit a bheidh i láthair de bhun Bhuan-Ordú 115(1) a áireamh chun córam a chinneadh.
- (4) Is é is córam do Chomhchoiste córam cónasctha an dá Roghchoiste atá ar áireamh ann, lúide duine amháin: Ar choinníoll, chun córam a chinneadh, gur comhalta de Dháil Éireann duine amháin ar a laghad de na comhaltaí a bheidh i láthair agus gur comhalta de Sheanad Éireann duine amháin ar a laghad de na comhaltaí a bheidh i láthair nó, chun críche Bhuan-Ordú 115(4), a bheidh ag glacadh páirt in imeachtaí ar cibé ardán sonraithe físchomhdhála arna cheadú agus arna sholáthar ag Coimisiún Thithe an Oireachtais: Ar choinníoll fairis sin go ndéanfar tagairtí sna Buan-Orduithe do bheith i láthair, do pháirt a ghlacadh in imeachtaí, do bheith i láthair agus páirt a ghlacadh, a fhorléiriú dá réir sin.

119. Asláithreacht le linn d'fhinné fianaise a thabhairt

- (1) Faoi réir Bhuan-Ordú 120, i gcás aon chomhalta de Choiste atá ag seoladh fiosrúchán de chuid Chuid 2²⁸ (i gcás go bhfuil an chumhacht ag an bhfiosrúchán cinntí fórais a dhéanamh) a bheith as láthair le linn d'fhinné aon fhianaise a thabhairt ag cruinniú den Choiste, déanfaidh an Cathaoirleach tairiscint a chur síos le haghaidh Rún ó Dháil Éireann chun an comhalta a chur den Choiste de réir alt 20(4) den Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta), 2013.
- (2) Chun críocha an Bhuan-Ordaithe seo agus Bhuan-Ordú 120, is finné é nó í aon duine a thugann fianaise ó bhéal don Choiste seachas fostaithe de chuid Choimisiún Thithe an Oireachtais agus aon duine ag a bhfuil eolas nó saineolas teicniúil arna fhrúiliú nó arna frúiliú ag Coimisiún Thithe an Oireachtais.

²⁷ Féach freisin B.O. 121 maidir le vótálacha agus córaim i gCoistí

²⁸ Féach an míniú in B.O. 146

STANDING ORDERS

present, whichever is the earlier: Provided that, where a division has been demanded in Select or Special Committee and a division is subsequently demanded in the Dáil before the Clerk attending the Committee has commenced taking the division by calling the names of the members of the Committee, such division in Select or Special Committee shall be postponed until after the conclusion of the division in the Dáil and the conclusion of any other divisions in the Dáil demanded immediately thereafter, unless the Committee shall decide otherwise at the commencement of the meeting.

118. Quorum of Select Committees

- (1) Unless otherwise provided by these Standing Orders or by Order of the Dáil, the quorum of a Select Committee or of a sub-Committee thereof, shall be three.²⁷
- (2) A member of Dáil Éireann attending pursuant to Standing Order 115(3) shall not be counted for the purposes of determining a quorum.
- (3) A member of the Government or Minister of State attending pursuant to Standing Order 115(1) shall be counted for the purposes of determining a quorum.
- (4) The quorum of a Joint Committee shall be the combined quorum of the two Select Committees of which it is comprised, minus one: Provided that for the purposes of determining a quorum, at least one of the members present or, for the purpose of Standing Order 115(4) taking part in proceedings on such specified videoconferencing platform as may be approved and provided by the Houses of the Oireachtas Commission, shall be a member of Dáil Éireann and one a member of Seanad Éireann: Provided further that references in Standing Orders to being present, taking part in proceedings, attending and participating shall be construed accordingly.

119. Absence for witness evidence

- (1) Subject to Standing Order 120, in the event of any member of a Committee which is conducting a Part 2 inquiry²⁸ (where the inquiry has the power to make findings of fact) being absent for any witness evidence at a meeting of the Committee, the Cathaoirleach shall table a motion for a Resolution of Dáil Éireann to remove the member from the Committee in accordance with section 20(4) of the Houses of the Oireachtas (Inquiries, Privileges and Procedures) Act 2013.
- (2) For the purpose of this Standing Order and Standing Order 120, a witness is any person giving oral evidence to the Committee save for employees of, and any person with technical knowledge or expertise engaged by, the Houses of the Oireachtas Commission.

²⁷ See also S.O. 121 re divisions and quorums in Committees

²⁸ See definition in S.O. 146

120. Asláithreacht le linn d'fhinné fianaise a thabhairt mar gheall ar imthosca eisceachtúla

Más rud é go bhfuil, nó go mbeidh, comhalta de Choiste atá ag seoladh fiosrúchán de chuid Chuid 2²⁹ (i gcás go bhfuil an chumhacht ag an bhfiosrúchán cinntí fíorais a dhéanamh) as láthair le linn d'fhinné aon fhianaise a thabhairt ag cruinniú den Choiste, agus go gcomhaontaíonn an Coiste gur imthosca eisceachtúla is cúis leis an asláithreacht:

- (1) féadfaidh sé a chinneadh gan dul ar aghaidh le fianaise an fhinné nó tosach fhianaise an fhinné a chur siar; nó
- (2) i gcás go bhfuil an Coiste den tuairim gur gá dul ar aghaidh le fianaise an fhinné, féadfaidh sé, tar éis comhairle dlí a bhreithniú, dul ar aghaidh leis an gcruinniú más rud é:
 - (a) go dtoilíonn an finné go ndéanfar a fhianaise nó a fianaise a éisteacht gan an comhalta a bheith i láthair; agus
 - (b) go gcomhaontaíonn an finné le haon bhearta eile is gá agus/nó is cuí de réir na comhairle dlí a bheidh tugtha don Choiste,

agus ní dhéanfaidh an Cathaoirleach an tairiscint a chur síos (faoi Bhuan-Ordú 119) le haghaidh Rún chun an comhalta a chur den Choiste.

121. Easpa córaim i mBuan-Choiste, i Roghchoiste nó i gCoiste Speisialta (lena n-áirítear ar thuairisc vótála)

- (1) Más rud é, laistigh de sheal ceathrú uaire an chloig tar éis an ama a bheidh ceaptha le haghaidh an chruinnithe de Bhuan-Choiste, de Roghchoiste nó de Choiste Speisialta, nach mbeidh córam i láthair, beidh an Coiste ar athló agus déanfaidh an Cléireach a bheidh ag freastal ar an gCoiste, tar éis ainmneacha na gcomhaltaí a d'fhreastail a chur síos i miontuairiscí imeachtaí an Choiste nó na hainmneacha a thaifeadadh ar cibé slí a ordóidh Cléireach an Choiste lena mbaineann, cruinniú a chomórath le haghaidh lae dá éis sin nó le haghaidh trátha ina dhiaidh sin an lá céanna.
- (2) Más rud é, aon tráth le linn cruinnithe de Bhuan-Choiste, de Roghchoiste nó de Choiste Speisialta, go gcuirfidh aon chomhalta in iúl don Chathaoirleach nach bhfuil córam i láthair, nó más léir sin ó thuairisc vótála, agus más rud é i gceann seal nach lú ná ocht nóiméad go mbeifear fós gan chóram, cuirfidh an Cathaoirleach an cruinniú ar fionraí go dtí uair is déanaí ná sin agus a luafaidh sé nó sí, nó cuirfidh sé nó sí an cruinniú ar athló go dtí lá ina dhiaidh sin gan ceist a chur; agus ní mheasfar aon chinneadh a bheith déanta leis an vótáil sin; agus déanfar an uair a cuireadh an cruinniú ar athló amhlaidh, mar aon le hainmneacha na gcomhaltaí a bhí i láthair, a chur síos i miontuairiscí

29 Féach an míniú in B.O. 146

120. Absence for witness evidence due to exceptional circumstances

Where a member of a Committee which is conducting a Part 2 inquiry²⁹ (where the inquiry has the power to make findings of fact) is or will be absent for any witness evidence at a meeting of the Committee, and the Committee agrees that the absence is due to exceptional circumstances:

- (1) it may decide not to proceed with the witness evidence or to postpone the commencement of the witness evidence; or
- (2) where the Committee is of the view that it is necessary to proceed with the witness evidence, it may, following the consideration of legal advice, proceed with the meeting where:
 - (a) the witness consents to having their evidence heard without the member; and
 - (b) the witness agrees to any other measures that, according to the legal advice given to the Committee, is necessary and/or appropriate,

and the Cathaoirleach will not table the motion (under Standing Order 119) for a Resolution to remove the member from the Committee.

121. Absence of quorum in Standing, Select or Special Committee (including on the report of a division)

- (1) If, within the lapse of a quarter of an hour after the time appointed for the meeting of a Standing, Select or Special Committee, a quorum is not present, the Committee shall stand adjourned and the Clerk attending the Committee, after entering the names of the members who attended in the minutes of proceedings of the Committee or recording the names in such manner as the Clerk to the Committee concerned may direct, shall convene a meeting for a subsequent day or for a later time on the same day.
- (2) If at any stage during a meeting of a Standing, Select or Special Committee, any member calls the attention of the Cathaoirleach to the fact that a quorum is not present, or if on the report of a division, such fact shall appear, and if after a lapse of time of not less than eight minutes, a quorum is still not present, the Cathaoirleach shall suspend the meeting to a later hour to be named by him or her, or shall adjourn the meeting without question put to a subsequent day; and no decision shall be considered to have been arrived at by such division; and the hour of such adjournment, as also the names of the members present, shall be entered in the

²⁹ See definition in S.O. 146

imeachtaí an Choiste nó a thaifeadadh ar cibé slí a ordóidh Cléireach an Choiste lena mbaineann.³⁰

122. Iompar mí-ordúil i gCoistí

- (1) Ordóidh Cathaoirleach Coiste a bheidh ceaptha ag Dáil Éireann, nó Fochoiste dá chuid, do chomhalta den Choiste, do chomhalta de Dháil Éireann a bheidh i láthair de bhun Bhuan-Ordú 115, nó d'aon duine eile a bheidh i láthair, a bheidh á iompar nó á hiompar féin go han-mhí-ordúil, imeacht láithreach ón gcruinniú den Choiste agus fanacht as ar feadh an chuid eile den chruinniú sin. An comhalta nó an duine eile a n-ordófar dó nó di imeacht de bhun an Bhuan-Ordaithe seo, imeoidh sé nó sí láithreach ón gcruinniú.
- (2) Chun críocha an Bhuan-Ordaithe seo, folóidh iompar an-mhí-ordúil neamhaird a thabhairt ar údarás na Cathaoireach, amhail ordachán arna thabhairt ag an gCathaoirleach dó nó di chun scor de cheistiú áirithe a shárú nó diúltú caint a tharraingt siar nuair a ordóidh an Cathaoirleach dó nó di déanamh amhlaidh.
- (3) Más rud é, gur dóigh le Cathaoirleach Coiste a bheidh ceaptha ag an Dáil, nó aon Fhochoiste dá chuid, ar aon ócáid, nach leor na cumhachtaí a thugtar faoi mhír (1) chun déileáil le hiompar mí-ordúil comhalta, féadfaidh an Cathaoirleach tuarascáil a thabhairt don Dáil san fhoirm thíos, ina molfar go n-ainmneofar an comhalta lena fhionraí nó lena fionraí ó sheirbhís leis an gCoiste. Craolfaidh an Cathaoirleach, ag an gcruinniú ag ar tharla an t-iompar mí-ordúil go bhfuil beartaithe aige nó aici an tuarascáil a thabhairt, agus cuirfidh sé nó sí teachtaireacht i scríbhinn ina thaobh sin chuig Cléireach na Dála agus í san fhoirm seo a leanas:

“Tuiriscím leis seo go bhfuil an Teachta [cuir isteach ainm an Teachta] lena ainmniú/lena hainmniú le cur ar fionraí ó sheirbhís [cuir isteach ainm an Choiste] de réir Bhuan-Ordú 77, tar éis dó/di iompar/ an-mhí-ordúil a dhéanamh agus neamhaird a thabhairt ar m'údarás mar Chathaoirleach an [cuir isteach an dáta].”

Is ionann teachtaireacht den sórt sin agus tuarascáil faoin mír seo.

- (4) Féadfaidh Cathaoirleach Coiste, in ionad tuarascáil a thabhairt faoi mhír (3), a mholadh go ndéanfaidh an Coiste ina iomláine tuarascáil a thabhairt san fhoirm thíos, i ndáil le hiompar mí-ordúil comhalta, is tuarascáil ina molfar go ndéanfar an comhalta a fhionraí ó sheirbhís leis an gCoiste. I gcás go gcomhaontóidh Coiste tuarascáil den sórt sin a thabhairt, cuirfidh sé teachtaireacht i scríbhinn ina thaobh sin chuig Cléireach na Dála agus í san fhoirm seo a leanas:

“Tuiriscíonn.....[cuir isteach ainm an Choiste] leis seo go bhfuil an Teachta [cuir isteach ainm an Teachta] lena ainmniú/lena hainmniú le cur ar

30 Féach freisin B.O. 22 agus 95 maidir le vótálacha agus córaim sa Dáil

STANDING ORDERS

minutes of proceedings of the Committee or recorded in such manner as the Clerk to the Committee concerned may direct.³⁰

122. Disorderly conduct in Committees

- (1) The Cathaoirleach of a Committee appointed by Dáil Éireann, or a sub-Committee thereof, shall order a member of the Committee, a member of Dáil Éireann attending pursuant to Standing Order 115, or any other person present, whose conduct is grossly disorderly, to withdraw immediately from the meeting of the Committee for the remainder of that meeting. The member or other person ordered to withdraw in pursuance of this Standing Order shall forthwith withdraw from the meeting.
- (2) For the purposes of this Standing Order, gross disorder shall include disregarding the authority of the Chair, such as contravening a direction by the Cathaoirleach to cease particular questioning or refusing to withdraw an utterance when directed to do so by the Cathaoirleach.
- (3) If, on any occasion, the Cathaoirleach of a Committee appointed by the Dáil, or any sub-Committee thereof, deems that the powers conferred under paragraph (1) are inadequate to deal with the disorderly conduct of a member, the Cathaoirleach may make a report to the Dáil in the form below, recommending that the member be named for suspension from service with the Committee. The Cathaoirleach shall announce at the meeting at which the disorderly conduct occurs that he or she intends to make the report, and shall send a message in that regard to the Clerk of the Dáil in writing and in the following form:

“I hereby report that Deputy..... [*insert the name of the deputy*] at a meeting of the..... [*insert the name of the Committee*] on..... [*insert the date*] having been grossly disorderly and having disregarded my authority as Chair, falls to be named for suspension from the service of the..... [*insert the name of the Committee*] in accordance with Standing Order 77.”

Such a message shall constitute a report under this paragraph.

- (4) A Cathaoirleach of a Committee may, in place of making a report under paragraph (3), propose that a report be made by the Committee as a whole in the form below in relation to the disorderly conduct of a member, recommending that the member be suspended from the service of the Committee. Where a Committee has agreed to make such a report, it shall send a message to the Clerk of the Dáil in writing and in the following form:

“The..... [*insert the name of the Committee*] hereby reports that Deputy..... [*insert the name of the deputy*] at a meeting on.....

³⁰ See also S.O.s 22 and 95 re divisions and quorums in the Dáil

fionraí ó sheirbhís..... [cuir isteach ainm an Choiste] de réir Bhuan-Ordú 77, tar éis dó nó di iompar an-mhí-ordúil a dhéanamh agus neamhaird a thabhairt ar údarás na Cathaoireach ag cruinniú an [cuir isteach an dáta].”

Is ionann teachtaireacht den sórt sin agus tuarascáil faoin mír seo.

- (5) Ar Chléireach na Dála d’fháil tuarascála faoi mhír (3) nó (4), déanfaidh an Ceann Comhairle, díreach roimh an Ord Gnó, nó díreach tar éis Ceisteanna maidir le Beartas nó Reachtaíocht faoi Bhuan-Ordú 36, ar an gcéad lá suí eile, nó a luaithe is indéanta ina dhiaidh sin, an comhalta a ainmniú [tar éis fógra ina thaobh sin a thabhairt don Choiste Gnó] de réir Bhuan-Ordú 77, agus beidh feidhm ag forálacha an Bhuan-Ordaithe sin.

123. Cruinniú Buan-Choiste, Roghchoiste nó Coiste Speisialta a chur ar athló nó ar fionraí i gcás mí-oird mhóir

I gcás mí-oird mhóir, féadfaidh Cathaoirleach Buan-Choiste, Roghchoiste nó Coiste Speisialta an cruinniú a chur ar athló gan ceist a chur, nó an cruinniú a chur ar fionraí go ceann tréimhse a luafaidh sé nó sí.

124. Brath claontachta — freagracht comhalta

- (1) Más rud é, maidir le comhalta, gur comhalta é nó í de Choiste a bhfuil fiosrúchán de chuid Chuid 2³¹ á sheoladh nó le seoladh aige, nó go gceaptar é nó í chuig Coiste a bhfuil fiosrúchán de chuid Chuid 2 á sheoladh nó le seoladh aige, agus go bhfuil an comhalta sin ar an eolas faoi aon ní i ndáil leis nó léi féin a bhféadfadh duine réasúnach a bhrath dá dheasca go bhfuil claontacht i gceist i ndáil leis an gcomhalta sin do bheith páirteach san fhiosrúchán sin, ansin staonfaidh an comhalta sin ó pháirt a ghlacadh san fhiosrúchán sin.
- (2) Féadfaidh comhalta iarratas a dhéanamh chuig an gCoiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú ar thuairim i dtaobh an bhféadfadh duine réasúnach a bhrath go bhfuil claontacht i gceist i ndáil leis an gcomhalta sin do bheith páirteach i bhfiosrúchán de chuid Chuid 2. Is é a bheidh mar thoradh ar an tuairim a iarradh tairiscint i dtaobh an mbeidh an comhalta sin ina chomhalta nó ina comhalta den Choiste fiosrúcháin, de réir Bhuan-Ordú 126(4).
- (3) Sna Buan-Orduithe seo, i gcás tagairt a bheith déanta go bhféadfadh duine réasúnach a bhrath go bhfuil claontacht i gceist, ciallaíonn sí go bhféadfadh an duine a bhrath go bhfuil claontacht i gceist i ndáil leis na nithe seo a leanas—

31 Féach an míniú in B.O. 146

STANDING ORDERS

[insert the date] having been grossly disorderly and having disregarded the authority of the Chair, falls to be named for suspension from the service of the..... [insert the name of the Committee] in accordance with Standing Order 77.”

Such a message shall constitute a report under this paragraph.

- (5) On receipt by the Clerk of the Dáil of a report under paragraph (3) or (4), the Ceann Comhairle shall, immediately prior to the Order of Business, or immediately following Questions on Policy or Legislation under Standing Order 36, on the next sitting day, or as soon as is practicable thereafter, name the member [*having previously notified the Business Committee in that regard*] in accordance with Standing Order 77, and the provisions of that Standing Order shall apply.

123. Adjournment or suspension of meeting of Standing, Select or Special Committee in case of great disorder

In the case of great disorder, the Cathaoirleach of a Standing, Select or Special Committee may adjourn the meeting without question put or may suspend the meeting for a time to be named by him or her.

124. Perception of bias – responsibility of member

- (1) If a member is a member of a Committee which is conducting or which is to conduct a Part 2 inquiry³¹, or is appointed to a Committee which is conducting or which is to conduct a Part 2 inquiry, and that member is aware of anything in his or her own behalf which might lead to a perception of bias arising in a reasonable person in relation to that member’s participation in that inquiry, then that member shall recuse himself or herself from participating in that inquiry.
- (2) A member may apply to the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight for an opinion as to whether a perception of bias might arise in a reasonable person in relation to that member’s participation in a Part 2 inquiry. The opinion sought shall result in a motion in relation to whether that member shall be a member of the inquiry Committee, in accordance with Standing Order 126(4).
- (3) In these Standing Orders, where reference is made to a perception of bias which might arise in a reasonable person, this means a perception of bias which might arise in relation to—

31 See definition in S.O. 146

- (a) baint nó plé a bheith ag comhalta le haon ní is ábhar d'fhiosrúchán de chuid Chuid 2, i gcás go bhféadfadh duine réasúnach a bhrath go bhfuil claontacht i gceist de dheasca na bainte sin nó an phlé sin;
- (b) caint a bheidh déanta ag comhalta faoin ní nó faoi na nithe is ábhar don fhiosrúchán; nó
- (c) aon imthosca iomchuí eile.

125. Comhalta a chur de Choiste fiosrúcháin i ndáil le brath claontachta

I gcás go staonfaidh comhalta ó pháirt a ghlacadh i bhfiosrúchán de chuid Chuid 2 ar na forais go bhféadfadh duine réasúnach a bhrath go bhfuil claontacht i gceist i ndáil leis an gcomhalta sin do bheith páirteach san fhiosrúchán, beartóidh an Dáil le rún, a luaithe is indéanta, go gcuirfear an comhalta den Choiste fiosrúcháin.

126. Nósanna imeachta maidir le brath claontachta

- (1) (a) Féadfaidh aon duine aighneacht a chur faoi bhráid an Choiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú ina n-éileofar go bhféadfadh duine réasúnach a bhrath go bhfuil claontacht i gceist i ndáil le comhalta a bheidh ceaptha chun páirt a ghlacadh i bhfiosrúchán de chuid Chuid 2. Is i scríbhinn a bheidh aighneacht den sórt sin agus beidh ar áireamh inti fianaise a bheidh mar thaca leis an éileamh.

Ar choinníoll, i gcás nach gcomhlíonfaidh an aighneacht na coinníollacha sin, go gcuirfidh an Coiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú an méid sin in iúl don duine agus go dtabharfaidh sé deis dó nó di an aighneacht a chur faoi bhráid an Choiste ar an modh ceart.

- (b) Déanfaidh an Coiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú, a luaithe is indéanta, an aighneacht faoi mhír (a) a bhreithniú agus deis a thabhairt don chomhalta atá i gceist aighneacht a chur faoi bhráid an Choiste mar chosaint ar a sheasamh nó ar a seasamh i cibé foirm is cuí leis an gCoiste.
- (2) (a) Maidir le comhalta a iarrfaidh tuairim faoi Bhuan-Ordú 124(2) i dtaobh an bhféadfadh duine réasúnach a bhrath go bhfuil claontacht i gceist i ndáil leis an gcomhalta sin do bheith páirteach i bhfiosrúchán de chuid Chuid 2, is i scríbhinn a dhéanfaidh sé nó sí an iarraidh chuig an gCoiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú agus beidh ina teannta cúis nó cúiseanna go bhfuil an tuairim á iarraidh.
- (b) Déanfaidh an Coiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú, a luaithe is indéanta, an tuairim arna iarraidh faoi mhír (a) a bhreithniú.

STANDING ORDERS

- (a) a member's connection or dealings with any matter the subject of a Part 2 inquiry, where that connection or those dealings might lead to a perception of bias in a reasonable person;
- (b) a member's utterances on the matter or matters the subject of the inquiry; or
- (c) any other relevant circumstances.

125. Removal from inquiry Committee in relation to perception of bias

Where a member has recused himself or herself from a Part 2 inquiry, on the grounds that a perception of bias might arise in a reasonable person in relation to that member's participation in the inquiry, the Dáil shall resolve, as soon as is practicable, that the member be removed from the inquiry Committee.

126. Procedures re perception of bias

- (1) (a) Any person may make a submission to the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight claiming that a perception of bias might arise in a reasonable person in relation to a member appointed to take part in a Part 2 inquiry. Such submission shall be in writing and shall include evidence in support of the claim.

Provided that where the submission does not fulfil these conditions, the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight shall inform the person of such, and afford them the opportunity to make the submission in the correct manner.

- (b) The Committee on Parliamentary Privileges and Oversight shall, as soon as is practicable, consider the submission under paragraph (a), and give the member in question the opportunity to make a submission to the Committee in defence of his or her position, in such form as the Committee sees fit.
- (2) (a) A member who seeks an opinion under Standing Order 124(2) on whether a perception of bias might arise in a reasonable person in relation to that member's participation in a Part 2 inquiry, shall make the request to the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight in writing, with a reason or reasons why the opinion is being sought.
 - (b) The Committee on Parliamentary Privileges and Oversight shall, as soon as is practicable, consider the opinion sought under paragraph (a).

- (3) I gcás go mbeidh an Coiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú tar éis aighneacht faoi mhír (1), nó tuairim arna hiarraidh faoi mhír (2), a bhreithniú, déanfaidh sé, a luaithe is indéanta agus más rud é nach mbeidh an comhalta iomchuí tar éis staonadh ó pháirt a ghlacadh san fhiosrúchán de chuid Chuid 2, tuarascáil a thabhairt i ndáil leis an gcomhalta do bheith páirteach san fhiosrúchán de chuid Chuid 2, mar aon le moladh—
- (a) gurb amhlaidh, tríd is tríd, go bhféadfadh duine réasúnach a bhrath, go bhfuil claontacht i gceist i ndáil leis an gcomhalta, nó
- (b) nach amhlaidh, tríd is tríd, go bhféadfadh duine réasúnach a bhrath go bhfuil claontacht i gceist i ndáil leis an gcomhalta.
- (4) A luaithe is indéanta tar éis tuarascáil faoi mhír (3) a ghlacadh, déanfaidh an Coiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú an tuarascáil sin a leagan faoi bhráid na Dála, agus ainmneoidh sé duine dá chomhaltaí chun tairiscint a chur síos a luaithe is indéanta—
- (a) ina dtabharfar dá aire an moladh sa tuarascáil, agus
- (b) á mholadh go ndéanfar—
- (i) an comhalta atá i gceist a dheimhniú mar chomhalta den Choiste fiosrúcháin, nó
- (ii) an comhalta atá i gceist a chur den Choiste fiosrúcháin.
- (5) Déanfaidh an Dáil an tairiscint faoi mhír (4) a bhreithniú a luaithe is indéanta.

127. Cléireach Coiste do Scaipeadh Doiciméad

Ní dhéanfar aon doiciméad a gheobhaidh Cléireach Buan-Choiste nó Roghchoiste nó Fochoiste de a choimeád siar, a tharraingt siar nó a athrú gan fhios don Choiste, nó don Fochoiste, de réir mar is cuí, nó gan ceadú uaidh. Chun críocha an Bhuan-Ordaithe seo, féadfar a chur in iúl do Chomhaltaí go bhfuarthas doiciméid den sórt sin, le toiliú an Choiste nó an Fochoiste lena mbaineann, trí liosta de dhoiciméid den sórt sin a scaipeadh ó am go ham, de réir mar a chinneadh an Coiste nó an Fochoiste.

128. An Coiste um Buan-Orduithe agus Athleasú na Dála

- (1) Beidh arna bhunú, i ndiaidh ationól na Dála tar éis Olltoghcháin, Coiste ar a dtabharfar an Coiste um Buan-Orduithe agus Athleasú na Dála (dá ngairtear “an Coiste” anseo ina dhiadh seo sa Bhuan-Ordú seo).

STANDING ORDERS

- (3) Where the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight has considered either a submission under paragraph (1), or an opinion sought under paragraph (2), it shall, as soon as is practicable, and if the member in question has not recused himself or herself from the Part 2 inquiry, make a report in relation to the participation of the member in the Part 2 inquiry, with a recommendation that, on balance—
- (a) a perception of bias might arise in a reasonable person in relation to the member, or
 - (b) a perception of bias might not arise in a reasonable person in relation to the member.
- (4) As soon as is practicable after its adoption of a report under paragraph (3), the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight shall lay such report before the Dáil, and shall nominate one of its members to table a motion, as soon as is practicable, which—
- (a) takes note of the recommendation in the report, and
 - (b) proposes that either—
 - (i) the member in question be confirmed as a member of the inquiry Committee, or
 - (ii) the member in question be removed from the inquiry Committee.
- (5) The Dáil shall consider the motion under paragraph (4) as soon as is practicable.

127. Circulation of Documents by Clerk to Committee

No document received by the Clerk to a Standing or Select Committee or a sub-Committee thereof shall be withheld, withdrawn or altered without the knowledge and approval of the Committee or sub-Committee, as may be appropriate. For the purposes of this Standing Order, the receipt of such documents may, with the consent of the Committee or sub-Committee concerned, be brought to the attention of members by the circulation, from time to time as the Committee or sub-Committee may decide, of a list of such documents.

128. Committee on Standing Orders and Dáil Reform

- (1) There shall stand established, following the reassembly of the Dáil subsequent to a General Election, a Committee, which shall be called the Committee on Standing Orders and Dáil Reform (hereinafter referred to in this Standing Order as “the Committee”).

BUAN-ORDUITHE

- (2) Is iad na feidhmeanna seo a leanas a bheidh ag an gCoiste—
- (a) cúrsaí nós imeachta i gcoitinne a bhreithniú, lena n-áirítear an nós imeachta i mBuan-Choistí, i Roghchoistí nó i gCoistí Speisialta, agus cibé moltaí a mheasfaidh sé is gá agus is cuí a dhéanamh maidir le leasuithe ar na Buan-Orduithe,
 - (b) breithniú a dhéanamh maidir le Buan-Choistí, Roghchoistí nó Coistí Speisialta nua a bhunú agus moltaí a dhéanamh ina leith sin, agus
 - (c) gnáthchúrsa laethúil Gnó a mholadh de réir Bhuan-Ordú 34, lena chomhaontú ag an Teach: Ar choinníoll go bhféadfaidh an Coiste Gnó moltaí a chur faoi bhráid an Choiste ina leith sin.
- (3) Beidh na cumhachtaí seo a leanas ag an gCoiste:
- (a) an chumhacht chun Fochoistí a cheapadh mar a mhínítear i mBuan-Ordú 104(2);
 - (b) an chumhacht chun sainchomhairleoirí a fhostú mar a mhínítear i mBuan-Ordú 104(10) seachas mar a mhínítear sa choinníoll a ghabhann leis;
 - (c) an chumhacht chun taisteal mar a mhínítear i mBuan-Ordú 104(10), seachas mar a mhínítear sa choinníoll a ghabhann leis;
 - (d) an chumhacht chun tuarascálacha a chlóbhualadh agus a fhoilsiú agus chun a údarú d'Fhochoistí tuairisciú díreach don Dáil mar a mhínítear i mBuan-Ordú 109(1).
- (4) Is iad a bheidh ar an gCoiste an Ceann Comhairle, arb é nó í an Cathaoirleach é nó í, *ex officio*, agus gan aige nó aici ach vóta amháin agus seacht gcomhalta dhéag eile; agus ochtar is córam don Choiste. Mura féidir don Cheann Comhairle a bheith i láthair, féadfaidh an Leas-Cheann Comhairle gníomhú mar Chathaoirleach. Beidh an Coiste comhdhéanta ar chuma go ndéanfaidh sé ionadaíocht chothrom don Dáil.
- (5) I gcás comhalta a bheidh ainmnithe chun fónamh ar an gCoiste a bheith as láthair, féadfar ionadaí a ainmniú chun páirt a ghlacadh sna himeachtaí agus beidh sé nó sí i dteideal vótáil in ionad an chomhalta a bheidh as láthair agus tairiscintí agus leasuithe a dhéanamh ina ainm féin nó ina hainm féin.
- (6) Maidir leis an gCoiste, is é an Coiste arb é an Fochoiste ar Athleasú na Dála a bhí mar theideal air, faoi Bhuan-Orduithe Dháil Éireann i dTaobh Gnó Phoiblí, roimhe seo ag leanúint ar marthain dó é.

STANDING ORDERS

- (2) The functions of the Committee shall be to—
 - (a) consider matters of procedure generally, including procedure in Standing, Select or Special Committees, and make such recommendations on amendments to Standing Orders as it considers necessary and appropriate,
 - (b) consider and make recommendations on the establishment of new Standing, Select or Special Committees, and
 - (c) propose an ordinary routine of Business pursuant to Standing Order 34, for agreement by the House: Provided that the Business Committee may make recommendations to the Committee in this regard.
- (3) The Committee shall have the following powers:
 - (a) power to appoint sub-Committees as defined in Standing Order 104(2);
 - (b) power to engage consultants as defined in Standing Order 104(10), other than as defined in the proviso thereto;
 - (c) power to travel as defined in Standing Order 104(10), other than as defined in the proviso thereto;
 - (d) power to print and publish reports and to authorise sub-Committees to report directly to the Dáil as defined in Standing Order 109(1).
- (4) The Committee shall consist of the Ceann Comhairle, who *ex officio* shall be Cathaoirleach, and who shall have only one vote, and seventeen other members; and eight shall constitute a quorum. In the unavoidable absence of the Ceann Comhairle, the Leas-Ceann Comhairle may act as Cathaoirleach. The Committee shall be constituted so as to be impartially representative of the Dáil.
- (5) In the absence of a member nominated to serve on the Committee, a substitute may be nominated to take part in the proceedings and shall be entitled to vote in the absent member's stead and to move motions and amendments in his or her own name.
- (6) The Committee is a continuation in being of the sub-Committee which, under the Standing Orders of Dáil Éireann relative to Public Business, was previously titled the sub-Committee on Dáil Reform.

129. An Coiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú

- (1) Beidh arna bhunú, i ndiaidh ationól na Dála tar éis Olltoghcháin, Buanchóiste ar a dtabharfar an Coiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú (dá ngairtear “an Coiste” anseo ina dhiadh seo sa Bhuan-Ordú seo).
- (2) Is iad na feidhmeanna seo a leanas a bheidh ag an gCoiste—
 - (a) nithe a bhreithniú a bhaineann leis na pribhléidí parlaiminteacha a ghabhann le comhaltas de Dháil Éireann agus a Coistí, lena n-áirítear tuairisciú don Dáil maidir le mí-úsáid phribhléide agus aighneachtaí nó tarchuir i ndáil le caint pharlaiminteach de bhun Bhuan-Ordú 73,
 - (b) maoirseacht a dhéanamh ar an nós imeachta i gcoitinne, lena n-áirítear an nós imeachta i mBuanchóistí, i Roghchoistí, agus i gCoistí Speisialta agus go háirithe—
 - (i) aighneachtaí agus tarchuir a bhreithniú agus, más cuí, cinntí a dhéanamh ar aighneachtaí nó ar tharchuir i ndáil le caint pharlaiminteach i gCoistí de bhun Bhuan-Ordú 73,
 - (ii) treoirlínte a ghlacadh agus a fhoilsiú de réir Bhuan-Ordú 73(7),
 - (iii) gníomhú mar an Coiste um Fhormhaoirsiú Sainchúraim de bhun Bhuan-Orduithe 99 go 101 go huile,
 - (iv) prótacal a ghlacadh agus a fhoilsiú maidir le daoine do thabhairt fianaise do Choistí de chuid Thithe an Oireachtais,
 - (v) tuarascáil ó Choiste maidir le Cathaoirleach a cháineadh de bhun Bhuan-Ordú 114(4) a bhreithniú,
 - (c) feidhmeanna a chomhlíonadh i ndáil le fiosrúcháin de chuid Chuid 2 de réir mar a leanas:
 - (i) gníomhú mar an Coiste ainmnithe i ndáil le haon tograí le haghaidh fiosrúcháin de chuid Chuid 2 de réir mar a leagtar amach i mBuan-Orduithe 145 go 150 go huile, agus
 - (ii) nithe a bhreithniú a bhaineann le brath go bhfuil claontacht i gceist i leith fiosrúcháin de chuid Chuid 2 a bhreithniú de réir mar a leagtar amach i mBuan-Orduithe 124 go 126 go huile,
 - (d) cibé treoirlínte is cuí leis a eisiúint i ndáil le—

129. Committee on Parliamentary Privileges and Oversight

- (1) There shall stand established, following the reassembly of the Dáil subsequent to a General Election, a Standing Committee, to be known as the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight (hereinafter referred to in this Standing Order as “the Committee”).
- (2) The functions of the Committee shall be to—
 - (a) consider matters relating to the parliamentary privileges attaching to membership of Dáil Éireann and its Committees, including reporting to the Dáil on abuse of privilege and considering submissions or referrals in relation to parliamentary utterances pursuant to Standing Order 73,
 - (b) oversee procedure generally, including procedure in Standing, Select and Special Committees and in particular to—
 - (i) consider and where appropriate make determinations on submissions or referrals in relation to parliamentary utterances in Committees pursuant to Standing Order 73,
 - (ii) adopt and publish guidelines in accordance with Standing Order 73(7),
 - (iii) act as the Committee on Remit Oversight pursuant to Standing Orders 99 to 101 inclusive,
 - (iv) adopt and publish a protocol for persons giving evidence to Committees of the Houses of the Oireachtas,
 - (v) consider a report from a Committee on censure of a Cathaoirleach pursuant to Standing Order 114(4),
 - (c) perform functions in relation to Part 2 inquiries as follows:
 - (i) to act as the designated Committee in relation to any proposals for a Part 2 inquiry as set out in Standing Orders 145 to 150 inclusive, and
 - (ii) to consider matters relating to perception of bias in respect of a Part 2 inquiry as set out in Standing Orders 124 to 126 inclusive,
 - (d) issue such guidelines as it considers appropriate in relation to—

BUAN-ORDUITHE

- (i) fiosrúcháin de chuid Chuid 2, agus
- (ii) gnó Coiste eile i gcás go mbeidh cumhacht tugtha chun fios a chur ar dhaoine agus chun fios a chur i ndáil le páipéir agus taifid,

de réir ailt 19 agus 79 den Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta), 2013,

- (e) feidhmeanna a chomhlíonadh i dtaobh doiciméid (scríbhinní) oifigiúla na Dála agus páipéir phríobháideacha a comhaltaí a chosaint (a dhídean) faoi Airteagal 15.10 den Bhunreacht, ar feidhmeanna iad a thugtar le Buan-Orduithe 162 agus 163,
- (f) feidhmeanna a chomhlíonadh mar an coiste de chuid Chuid 10 agus an coiste de chuid Chuid 11 faoin Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta), 2013, ar feidhmeanna iad a thugtar le Buan-Orduithe 164 agus 165.

(3) Beidh na cumhachtaí seo a leanas ag an gCoiste:

- (a) an chumhacht chun Fochoistí a cheapadh mar a mhínítear i mBuan-Ordú 104(2);
- (b) an chumhacht chun sainchomhairleoirí a fhostú mar a mhínítear i mBuan-Ordú 104(10), seachas mar a mhínítear sa choinníoll a ghabhann leis;
- (c) an chumhacht chun taisteal mar a mhínítear i mBuan-Ordú 104(10) seachas mar a mhínítear sa choinníoll a ghabhann leis;
- (d) an chumhacht chun tuarascálacha a chlóbhualadh agus a fhoilsiú agus chun a údarú d'Fhochoistí tuairisciú díreach don Dáil mar a mhínítear i mBuan-Ordú 109(1);
- (e) an chumhacht chun gníomhú thar ceann Dháil Éireann agus comhaltaí Dháil Éireann i ndáil le haon imeachtaí dlíthiúla nó éisteacht phoiblí nó fiosrúchán poiblí eile; agus
- (f) an chumhacht chun toiliú a thabhairt i scríbhinn maidir le hordachán nó ordacháin a thabhairt i ndáil le daoine, páipéir agus taifid le haghaidh gnó Coiste, seachas fiosrúcháin de chuid Chuid 2.

(4) Is iad a bheidh ar an gCoiste an Ceann Comhairle, arb é nó í an Cathaoirleach é nó í, *ex officio*, agus gan aige nó aici ach vóta amháin, agus seacht gcomhalta dhéag eile; agus ochtar is córam don Choiste. Mura féidir don Chathaoirleach a bheith i láthair, féadfaidh an Leas-Cheann Comhairle gníomhú mar Chathaoirleach ina ionad nó ina hionad. Beidh an Coiste comhdhéanta ar chuma go ndéanfaidh sé ionadaíocht chothrom don Dáil.

STANDING ORDERS

- (i) Part 2 inquiries, and
- (ii) other Committee business where a power to send for persons, papers and records has been conferred,

in accordance with sections 19 and 79 of the Houses of the Oireachtas (Inquiries, Privileges and Procedures) Act 2013,

- (e) perform functions relating to the protection of the official documents of the Dáil and the private papers of its members under Article 15.10 of the Constitution, as conferred by Standing Orders 162 and 163,
 - (f) perform the functions as the Part 10 committee and the Part 11 committee under the Houses of the Oireachtas (Inquiries, Privileges and Procedures) Act 2013, as conferred by Standing Orders 164 and 165.
- (3) The Committee shall have the following powers:
- (a) power to appoint sub-Committees as defined in Standing Order 104(2);
 - (b) power to engage consultants as defined in Standing Order 104(10), other than as defined in the proviso thereto;
 - (c) power to travel as defined in Standing Order 104(10), other than as defined in the proviso thereto;
 - (d) power to print and publish reports and to authorise sub-Committees to report directly to the Dáil as defined in Standing Order 109(1);
 - (e) power to act on behalf of Dáil Éireann and members of Dáil Éireann in relation to any legal proceedings or other public hearing or inquiry; and
 - (f) power to give consent in writing to the giving of a direction or directions in relation to persons, papers and records for Committee business, other than Part 2 inquiries.
- (4) The Committee shall consist of the Ceann Comhairle, who *ex officio* shall be Cathaoirleach, and who shall have only one vote, and seventeen other members; and eight shall constitute a quorum. In the unavoidable absence of the Ceann Comhairle, the Leas-Ceann Comhairle may act as Cathaoirleach. The Committee shall be constituted so as to be impartially representative of the Dáil.

- (5) Maidir leis an gCoiste, is é an Coiste arb é an Coiste um Nós Imeachta, agus an Coiste um Nós Imeachta agus Pribhléidí roimhe sin, a bhí mar theideal air, faoi Bhuan-Orduithe Dháil Éireann i dTaobh Gnó Phoiblí, roimhe seo ag leanúint ar marthain dó é.

130. Gasra Oibre de Chathaoirligh Coistí

- (1) I ndiaidh ationól na Dála tar éis Olltoghcháin, beidh Buancoiste arna bhunú dá ngairfear Gasra Oibre de Chathaoirligh Coistí, a bhreithneoidh oibriú na gCoistí i gcoitinne.
- (2) Is é a bheidh i gcomhaltas an Choiste Cathaoirleach gach Buancoiste, Roghchoiste, Coiste Speisialta agus Comhchoiste, seachas an Coiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú, an Coiste um Buan-Orduithe agus Athleasú na Dála agus an Coiste Gnó, agus seisear is córam don Choiste.
- (3) Féadfaidh Leas-Chathaoirleach an Bhuan-Choiste, an Roghchoiste, an Choiste Speisialta nó an Chomhchoiste a mbeidh Cathaoirleach an Ghasra Oibre ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach air, a bheith i láthair agus páirt a ghlacadh in imeachtaí an Choiste gan ceart vótála a bheith aige nó aici ná an ceart tairiscintí a dhéanamh.
- (4) Gan dochar do ghinearáltacht mhír (1), féadfaidh an Coiste breithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas—
- (a) éifeachtacht chóras na gCoistí,
 - (b) moltaí athleasaithe agus beartais a bhaineann le córas na gCoistí nó a bhfuil tionchar acu air,
 - (c) nithe is ábhar comhleasa do Chathaoirligh na gCoistí agus eisiúint treorach do Choistí i gcoitinne,
 - (d) sceidealú reachtaíochta sna Coistí,
 - (e) tograí a dhéanann difear do sholáthar seirbhísí do Choistí, agus
 - (f) aon ní eile a bhféadfar dul i gcomhairle leis ina leith faoi mhír (8).
- (5) Déanfaidh an Coiste, go háirithe, na nithe seo a leanas a bhreithniú agus a chinneadh—
- (a) cionroinnt airgid a bheidh ar fáil do Choistí le haghaidh comhairleachta agus taistil, ach sin faoi réir thoiliú Choimisiún Thithe an Oireachtais; agus
 - (b) leithroinnt na cóiríochta a bheidh ar fáil do chruinnithe Coiste:

STANDING ORDERS

- (5) The Committee is a continuation in being of the Committee which, under the Standing Orders of Dáil Éireann relative to Public Business, was previously titled the Committee on Procedure, and prior to that, the Committee on Procedure and Privileges.

130. Working Group of Committee Cathaoirligh

- (1) There shall stand established, following the reassembly of the Dáil subsequent to a General Election, a Standing Committee, to be known as the Working Group of Committee Cathaoirligh, which shall consider the operation of Committees generally.
- (2) The membership of the Committee shall be the Cathaoirleach of each Standing, Select, Special and Joint Committee, with the exception of the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight, the Committee on Standing Orders and Dáil Reform and the Business Committee, and the quorum of the Committee shall be six.
- (3) The Leas-Chathaoirleach of the Standing, Select, Special or Joint Committee which is chaired by the Cathaoirleach of the Working Group may attend and take part in proceedings of the Committee without having the right to vote or to move motions.
- (4) Without prejudice to the generality of paragraph (1), the Committee may consider—
- (a) the effectiveness of the Committee system,
 - (b) reform and policy proposals relating to, or impacting on, the Committee system,
 - (c) matters of common interest to Cathaoirligh and the issuing of guidance for Committees generally,
 - (d) scheduling of legislation in Committees,
 - (e) proposals which affect the delivery of services to Committees, and
 - (f) any other matter on which it may be consulted under paragraph (8).
- (5) The Committee shall, in particular, consider and decide on—
- (a) apportionment of moneys available to Committees for consultancy and travel, subject to the consent of the Houses of the Oireachtas Commission; and
 - (b) allocation of accommodation available for Committee meetings:

BUAN-ORDUITHE

Ar choinníoll nach mbeidh feidhm ag an mír seo maidir leis an gCoiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú, leis an gCoiste um Buan-Orduithe agus Athleasú na Dála ná leis an gCoiste Gnó.

- (6) Láithreoidh an Taoiseach os comhair an Choiste le linn sheisiúin Earraigh agus Fómhair na Dála araon chun saincheistean maidir le beartas poiblí a phlé, agus comhaontóidh an Coiste clár oibre do na cruinnithe sin leis an Taoiseach roimh ré.
- (7) Féadfaidh an Coiste, faoi réir forálacha reachtaíochta lena rialaítear Seirbhís Thithe an Oireachtais, agus faoi réir thoiliú Choimisiún Thithe an Oireachtais, más cuí, moltaí a dhéanamh faoi aon ní is iomchuí maidir le soláthar seirbhísí do Choistí atá faoina chúram.
- (8) Féadfaidh an Coiste dul i gcomhairle leis an gCoiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú, leis an gCoiste um Buan-Orduithe agus Athleasú na Dála agus leis an gCoiste Gnó, agus féadfaidh na Coistí sin dul i gcomhairle leis an gCoiste, i ndáil le nithe a fhearann ar Choistí. Féadfaidh an Coiste cibé moltaí is cuí leis i ndáil le nithe a fhearann ar Choistí a chur faoi bhráid na gcomhlachtaí sin.
- (9) Ainmneoidh an páirtí sa Rialtas nó an grúpa (mar a mhínítear i mBuan-Ordú 170) ar a bhfuil an líon is mó de phoist faoi chóras d'Hondt leithroinnte, de bhun Bhuan-Ordú 113(2), duine dá Chathaoirligh lena cheapadh nó lena ceapadh ag an Teach mar Chathaoirleach an Choiste.
- (10) Beidh ag an gCoiste na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 104(1), (2), (5)(a) agus (10).

131. An Coiste um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann

- (1) I ndiaidh ationól na Dála tar éis Olltoghcháin, beidh Roghchoiste arna bhunú dá ngairfear an Coiste um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann chun na feidhmeanna a thugtar dó leis na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001 a chomhlíonadh.
- (2) Cúigear comhalta a bheidh ar an gCoiste ar córam triúr díobh.
- (3) Déanfar gach tuarascáil a bheartaíonn an Coiste a dhéanamh, ar an gCoiste do ghlacadh léi, a leagan láithreach faoi bhráid Dháil Éireann.
- (4) Beidh cumhacht ag an gCoiste, mar a mhínítear i mBuan-Ordú 104(10) chun sainchomhairleoirí a fhostú agus chun taisteal.
- (5) D'ainneoin aon ní dá mhalairt atá i mír (1), beidh feidhm ag na Buan-Orduithe seo maidir leis an gCoiste ar gach slí eile amhail is dá mba Bhuan-Choiste é: Ar choinníoll, go mbeidh feidhm ag Buan-Ordú 115 chun críocha comhairliúcháin dá bhforáiltear in

STANDING ORDERS

Provided that this paragraph shall not apply to the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight, the Committee on Standing Orders and Dáil Reform or the Business Committee.

- (6) The Taoiseach shall appear before the Committee in both the Spring and the Autumn Dáil sessions to discuss matters of public policy, and the Committee shall agree an agenda for those meetings with the Taoiseach in advance.
- (7) The Committee may, subject to the provisions of legislation governing the Houses of the Oireachtas Service, and the consent of the Houses of the Oireachtas Commission where appropriate, make recommendations on any matter relevant to the provision of services to Committees falling within its remit.
- (8) The Committee may consult with, and be consulted by, the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight, the Committee on Standing Orders and Dáil Reform, and the Business Committee in relation to matters affecting Committees. The Committee may make such recommendations to those bodies in relation to matters affecting Committees as it considers appropriate.
- (9) The party in Government or the group (as defined in Standing Order 170) which has been allocated the most posts under the d'Hondt system, pursuant to Standing Order 113(2), shall nominate one of its Cathaoirligh for appointment by the House as Cathaoirleach of the Committee.
- (10) The Committee shall have the powers defined in Standing Order 104(1), (2), (5)(a) and (10).

131. Committee on Members' Interests of Dáil Éireann

- (1) There shall stand established, following the reassembly of the Dáil subsequent to a General Election, a Select Committee, which shall be called the Committee on Members' Interests of Dáil Éireann, to perform the functions conferred on it by the Ethics in Public Office Acts 1995 and 2001.
- (2) The Committee shall consist of five members of whom three shall constitute a quorum.
- (3) Every report which the Committee proposes to make shall, on adoption by the Committee, be laid before Dáil Éireann forthwith.
- (4) The Committee shall have the power, as defined in Standing Order 104(10), to engage consultants and to travel.
- (5) Notwithstanding anything to the contrary in paragraph (1), these Standing Orders shall otherwise apply to the Committee in all respects as though it were a Standing Committee: Provided that, Standing Order 115 shall apply for the purposes of

alt 5(1) agus maidir le treoirlínte a eisiúint de bhun alt 12(1)(c) de na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001.

132. Coiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge

- (1) Beidh arna bhunú, i ndiaidh ationól na Dála tar éis Olltoghcháin, Buanchóiste, a chomhcheanglófar le Coiste dá shamhail de chuid an tSeanaid chun Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge a chomhdhéanamh, chun na feidhmeanna a leagtar amach sa Bhuan-Ordú seo a chomhlíonadh, seachas na feidhmeanna a leagtar amach i mír (3) arb é Buan-Choiste na Dála a chomhlíonfaidh iad.
- (2) Breithneoidh an Comhchoiste ábhair bheartais a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge agus atá go ginearálta faoi chúram Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí gaolmhara agus breithneoidh sé, go háirithe—
 - (a) straitéis i ndáil leis an nGaeilge, lena n-áirítear an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2010-2030 agus aon straitéis a bheidh ann sa todhchaí, agus cur chun cinn na Gaeilge i gcoitinne,
 - (b) litríocht, ceol agus cultúr na Gaeilge agus nithe gaolmhara,
 - (c) úsáid is leithne na Gaeilge in imeachtaí dhá Theach an Oireachtais agus ina gCoistí agus timpeall an dá Theach a chur chun cinn,
 - (d) an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear dul chun cinn maidir le cur i ngníomh Scéimeanna Gaeilge i gcomhlachtaí poiblí,
 - (e) tuarascálacha ón gCoimisinéir Teanga agus nithe gaolmhara,
 - (f) nithe a bhaineann leis an bhForas Teanga, i ndáil le Foras na Gaeilge agus le Gníomhaireacht na hUltaise araon,
 - (g) teagasc na Gaeilge agus oideachas trí mheán na Gaeilge,
 - (h) freagrachtaí reachtúla Raidió Teilifís Éireann agus Údarás Craolacháin na hÉireann i ndáil leis an nGaeilge,
 - (i) nithe a bhaineann le craoltóirí Gaeilge, lena n-áirítear TG4, Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life agus Raidió Rí-Rá, agus
 - (j) aon nithe eile a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge.

STANDING ORDERS

consultation provided in section 5(1) and issuance of guidelines pursuant to section 12(1)(c) of the Ethics in Public Office Acts 1995 and 2001.

132. Committee on the Irish Language, Gaeltacht and the Irish-speaking Community

- (1) There shall stand established following the reassembly of the Dáil subsequent to a General Election, a Standing Committee which shall be joined with a similar Committee of the Seanad to constitute the Joint Committee on the Irish Language, Gaeltacht and the Irish-speaking Community, to perform the functions set out in this Standing Order, other than those set out at paragraph (3) which shall be performed by the Dáil Standing Committee.
- (2) The Joint Committee shall consider policy matters relating to the Irish language, Gaeltacht and the Irish-speaking Community generally within the remit of Government Departments and associated public bodies and, in particular, shall consider—
 - (a) strategy in relation to the Irish language, including the 20 Year Strategy on the Irish Language 2010-2030 and future strategies, and the promotion of the Irish language in general,
 - (b) Irish language literature, music, culture and related matters,
 - (c) the promotion of the wider use of Irish in the proceedings of both Houses of the Oireachtas, their Committees and in the environs of both Houses,
 - (d) the promotion of the Irish language across the civil and public service, including progress in the implementation of Irish Language Schemes in public bodies,
 - (e) reports of An Coimisinéir Teanga and related matters,
 - (f) matters relating to An Foras Teanga, both in relation to Foras na Gaeilge and the Ulster Scots Agency,
 - (g) the teaching of Irish and education in Irish,
 - (h) the statutory responsibilities of Raidió Teilifís Éireann and the Broadcasting Authority of Ireland in relation to the Irish language,
 - (i) matters relating to Irish language broadcasters, including TG4, Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life and Raidió Rí-Rá, and
 - (j) any other matters relating to the Irish language, Gaeltacht and the Irish-speaking Community.

BUAN-ORDUITHE

- (3) Breithneoidh Buan-Choiste na Dála—
- (a) cibé Billí a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge,
 - (b) cibé nithe gaolmhara eile, a tharchuirfidh an Dáil chuige, agus
 - (c) cibé Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead agus ar Bheartas agus ráitis bhliantúla aschuir, lena n-áirítear feidhmíocht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht in úsáid airgid phoiblí maidir leis an nGaeilge, maidir leis an nGaeltacht agus maidir le Pobal Labhartha na Gaeilge, a roghnóidh an Coiste.
- (4) Naonúr comhaltaí de Dháil Éireann a bheidh ar Bhuan-Choiste na Dála, ar córam triúr díobh. Ceathrar is córam don Chomhchoiste, ar comhalta de Dháil Éireann duine amháin acu ar a laghad agus ar comhalta de Sheanad Éireann duine amháin acu ar a laghad. Beidh Cathaoirleach Bhuan-Choiste na Dála ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach ar an gComhchoiste freisin.
- (5) Déanfaidh Buanchoiste na Dála na feidhmeanna a leagtar amach i mBuan-Ordú 103 a chomhlíonadh maidir le gach ní a bhaineann leis an nGaeltacht agus a thagann faoi fhreagracht na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus beidh aige na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 104.
- (6) Beidh ag an gComhchoiste, maidir lena chúram, na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 104, seachas mír (6).
- (7) Féadfaidh an Comhchoiste breithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas—
- (a) scéim ghinearálta nó dréacht-cheannteidil aon Bhille a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge de bhun Bhuan-Ordú 181,
 - (b) aon tuarascáil iar-achtacháin a leagfaidh comhalta den Rialtas nó Aire Stáit faoi bhráid ceachtar Teach nó an dá Theach maidir le haon Bhille, arna achtú ag Tithe an Oireachtais de bhun Bhuan-Ordú 204, a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge; agus
 - (c) ar choinníoll go mbeidh an coiste earnála iomchuí tar éis toiliú leis sin.
- (8) Beidh feidhm ag forálacha Bhuan-Orduithe 107, 109 agus 115 maidir le Buan-Choiste na Dála agus maidir leis an gComhchoiste, de réir mar is cuí.
- (9) Míneofar an Comhchoiste mar an “Comhchoiste Oireachtais” chun críocha an Achta Craolacháin, 2009, a mhéid a bhaineann sé le TG4.

STANDING ORDERS

- (3) The Dáil Standing Committee shall consider such—
 - (a) Bills relating to the Irish language, Gaeltacht and the Irish-speaking Community,
 - (b) other related matters, as shall be referred to it by the Dáil, and
 - (c) such Value for Money and Policy Reviews and annual output statements, including performance, efficiency and effectiveness in the use of public moneys on the Irish language, Gaeltacht and the Irish-speaking Community as the Committee may select.
- (4) The Dáil Standing Committee shall consist of nine members of Dáil Éireann, of whom three shall constitute a quorum. The quorum of the Joint Committee shall be four, of whom at least one shall be a member of Dáil Éireann and one a member of Seanad Éireann. The Cathaoirleach of the Dáil Standing Committee shall also be the Cathaoirleach of the Joint Committee.
- (5) The Dáil Standing Committee shall perform the functions set out in Standing Order 103 in respect of all matters relating to the Gaeltacht within the responsibility of the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media and shall have the powers defined in Standing Order 104.
- (6) The Joint Committee shall, in respect of its remit, have the powers defined in Standing Order 104, other than paragraph (6).
- (7) The Joint Committee may consider—
 - (a) the general scheme or draft heads of any Bill relating to the Irish language, Gaeltacht, and the Irish-speaking Community pursuant to Standing Order 181,
 - (b) any post-enactment report laid before either House or both Houses by a member of the Government or Minister of State on any Bill relating to the Irish language, Gaeltacht and the Irish-speaking Community enacted by the Houses of the Oireachtas pursuant to Standing Order 204, and
 - (c) provided the relevant sectoral committee has consented thereto.
- (8) The provisions of Standing Orders 107, 109 and 115 shall apply to the Dáil Standing and Joint Committee as appropriate.
- (9) The Joint Committee shall be defined as the “Joint Oireachtas Committee” for the purposes of the Broadcasting Act 2009 insofar as it relates to TG4.

133. Gnóthaí Eorpacha a bhreithniú

- (1) (a) Cuirfear síos tairiscint roimh gach Uachtaránacht AE ó Chomhalta den Rialtas lena glacadh ag an Dáil ina leagfar amach tosaíochtaí an Rialtais d'Uachtaránacht AE de thuras na huaire.
- (b) Déanfaidh an Taoiseach ráitis leis an Dáil roimh gach cruinniú den Chomhairle Eorpach agus/nó dá éis.
- (c) D'ainneoin ghinearáltaacht Bhuan-Orduithe 103 agus 104 agus ag féachaint do Chlár Oibre Bliantúil CE agus do thosaíochtaí an Rialtais d'Uachtaránacht AE de thuras na huaire arna nglacadh, is feidhm de chuid an Roghchoiste um Ghnóthaí Eorpacha clár oibre AE bliantúil a thíolacadh lena ghlacadh ag Dáil Éireann ar mhodh tairisceana ina leagfar amach a chuid tosaíochtaí féin agus tosaíochtaí Coistí eile arna mbunú faoi Bhuan-Ordú 103.
- (2) Déanfaidh Dáil Éireann agus a cuid Roghchoistí rannpháirtíocht i ngnóthaí an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn, lena n-áirítear trí bhearta amhail Seachtain na hEorpa agus tograí agus tionscnaimh AE a bhreithniú, chun feasacht phoiblí fheabhsaithe ar ról an Aontais Eorpaigh a chothú.
- (3) De réir Acht an Aontais Eorpaigh (Grinnscrúdú), 2002, tabharfaidh an Roghchoiste um Ghnóthaí Eorpacha tuarascáil bhliantúil do Dháil Éireann ar oibriú an Achta seo sa bhliain roimhe sin agus áireofar sa tuarascáil sin bearta agus tionscnaimh/ gníomhaíochtaí formhaoirsithe, amhail teagmháil le hAirí roimh Chomhairle AE, arna ndéanamh ag Dáil Éireann agus a cuid Roghchoistí chun ról AE a chur chun cinn.

An Comhchoiste um Achainíocha ón bPobal agus um na hOmbudsmain

134. An Comhchoiste um Achainíocha ón bPobal agus um na hOmbudsmain

- (1) Beidh arna bhunú, i ndiaidh ationól na Dála tar éis Olltoghcháin, Buan-Choiste, a chomhcheanglófar le Coiste dá shamhail de chuid Sheanad Éireann, chun bheith ina Chomhchoiste um Achainíocha ón bPobal agus um na hOmbudsmain, chun breithniú a dhéanamh ar an méid seo a leanas—
 - (a) achainíocha ón bpobal a bheidh dírithe chuig Tithe an Oireachtais agus a bheidh arna dtarchur chuig an gCoiste de réir Bhuan-Orduithe 135 go 138, go huile;
 - (b) cibé nithe eile a tharchuirfidh Tithe an Oireachtais chuig an gCoiste; agus
 - (c) aon nithe gaolmhara eile.

STANDING ORDERS

133. Consideration of European Affairs

- (1)
 - (a) A motion shall be tabled in advance of each EU Presidency by a Member of the Government for adoption by the Dáil setting out the Government's priorities for the EU Presidency for the time being.
 - (b) The Taoiseach will make statements to the Dáil in advance of and/or following each European Council meeting.
 - (c) Notwithstanding the generality of Standing Orders 103 and 104 and having regard to the EC Annual Work Programme and the Government priorities for the EU Presidency for the time being as adopted, it shall be a function of the Select Committee on European Union Affairs to present an annual EU work programme for adoption by Dáil Éireann by way of motion which shall set out its own priorities and those of other Committees established under Standing Order 103.
- (2) Dáil Éireann and its Select Committees will promote engagement in European Union affairs, including through measures such as Europe Week and the consideration of EU proposals and initiatives, to foster greater public awareness of the role of the European Union.
- (3) In accordance with the European Union (Scrutiny) Act 2002, the Select Committee on European Affairs shall make an annual report to Dáil Éireann on the operation in the preceding year of this Act and include in such report measures and oversight initiatives/activities, such as pre-EU Council engagement with Ministers, taken by Dáil Éireann and its Select Committees to promote the role of the EU.

Joint Committee on Public Petitions and the Ombudsmen

134. Joint Committee on Public Petitions and the Ombudsmen

- (1) There shall stand established, following the reassembly of the Dáil subsequent to a General Election, a Standing Committee, which shall be joined with a similar Committee of Seanad Éireann, to form the Joint Committee on Public Petitions and the Ombudsmen, to consider—
 - (a) public petitions addressed to the Houses of the Oireachtas which shall stand referred to the Committee in accordance with Standing Orders 135 to 138, inclusive;
 - (b) such other matters as may be referred to the Committee by the Houses of the Oireachtas; and
 - (c) any other related matters.

BUAN-ORDUITHE

- (2) Féadfaidh an Coiste freisin breithniú a dhéanamh ar ní is díol imní nó spéise don phobal i gcoitinne i ndáil le cumhachtaí reachtacha Thithe an Oireachtais nó le saincheist beartais phoiblí: Ar choinníoll go rachaidh Cathaoirleach an Chomhchoiste, roimh thosach an bhreithnithe sin, i gcomhairle leis an gCoiste iomchuí arna bhunú de bhun Bhuan-Ordú 103.
- (3) Seacht gcomhalta de Dháil Éireann a bheidh ar an mBuan-Choiste. Ceathrar is córam don Chomhchoiste, ar comhalta de Dháil Éireann duine amháin díobh ar a laghad agus ar comhalta de Sheanad Éireann duine amháin díobh ar a laghad. Beidh Cathaoirleach an Chomhchoiste ina chomhalta nó ina comhalta de Dháil Éireann.
- (4) Beidh na cumhachtaí seo a leanas ag an gComhchoiste:
 - (a) na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 104, seachas míreanna (4), (6) agus (7) den Bhuan-Ordú sin; agus
 - (b) cumhacht chun aon ní a bheidh arna bhreithniú aige (agus ar cinneadh dóthain tábhachta a bheith leis chun go bhfuil gá le breithniú breise) a tharchur chuig an gComhchoiste iomchuí a bheidh arna cheapadh faoi Bhuan-Ordú 103 chun é a bhreithniú tuilleadh agus tuairisciú don Choiste.
- (5) Beidh feidhm ag forálacha Bhuan-Ordú 115, seachas mír (1) den Bhuan-Ordú sin, maidir leis an gComhchoiste.
- (6) Féadfaidh an Comhchoiste dul i mbun plé leis an gCoiste um Achainíocha de chuid Pharlaimint na hEorpa, le hoifigí an Ombudsman Eorpaigh agus oifigí ombudsman idirnáisiúnta, lena n-áirítear plé i ndáil leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh.
- (7) Beidh sé ina threoir don Chomhchoiste nach mbreithneoidh sé aon ní a bheidh á bhreithniú ag an gCoiste um Chuntais Phoiblí, nó ar thug an Coiste sin fógra faoi á rá go bhfuil beartaithe aige é a bhreithniú, i bhfeidhmiú a fheidhmeanna faoi Bhuan-Ordú 226 agus/nó Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.
- (8) Ullmhóidh an Comhchoiste clár oibre bliantúil agus tuarascáil bhliantúil, mar atá leagtha amach i mBuan-Ordú 109, agus leagfar iad faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais.

135. Achainí a thaisceadh

- (1) Féadfar achainí a dhíriú chuig Tithe an Oireachtais maidir le ní is díol imní nó spéise don phobal i gcoitinne i ndáil lena gcumhachtaí reachtacha nó le saincheist beartais phoiblí.
- (2) Féadfaidh pearsa aonair, comhlacht corpraithe nó comhlachas neamhchorpraithe daoine achainí a thaisceadh.

STANDING ORDERS

- (2) The Committee may also consider a matter of general public concern or interest in relation to the legislative powers of the Houses of the Oireachtas or an issue of public policy: Provided that prior to the commencement of such consideration, the Cathaoirleach of the Joint Committee shall consult with the relevant Committee established pursuant to Standing Order 103.
- (3) The Standing Committee shall consist of seven members of Dáil Éireann. The quorum of the Joint Committee shall be four, of whom at least one shall be a member of Dáil Éireann and one a member of Seanad Éireann. The Cathaoirleach of the Joint Committee shall be a member of Dáil Éireann.
- (4) The Joint Committee shall have the following powers:
 - (a) the powers defined in Standing Order 104, other than paragraphs (4), (6) and (7) thereof; and
 - (b) power to refer any matter which has been considered by it (and which has been concluded to be of sufficient importance to require additional consideration) to the relevant Joint Committee appointed under Standing Order 103 for further consideration and report back to the Committee.
- (5) The provisions of Standing Order 115, other than paragraph (1) thereof, shall apply to the Joint Committee.
- (6) The Joint Committee may engage with the Committee on Petitions of the European Parliament, the European Ombudsman and International ombudsman offices, including in relation to the European Citizens' Initiative.
- (7) It shall be an instruction to the Joint Committee that it shall not consider any matter which is being considered, or of which notice has been given of a proposal to consider, by the Committee of Public Accounts in the exercise of its functions under Standing Order 226 and/or the Comptroller and Auditor General (Amendment) Act 1993.
- (8) The Joint Committee shall prepare an annual work programme and an annual report as outlined in Standing Order 109, which shall be laid before both Houses of the Oireachtas.

135. Lodging of petitions

- (1) A petition may be addressed to the Houses of the Oireachtas on a matter of general public concern or interest in relation to their legislative powers or an issue of public policy.
- (2) A petition may be lodged by an individual person, a body corporate or an unincorporated association of persons.

- (3) Luafar go soiléir in achainí—
- (a) ainm an achainígh;
 - (b) seoladh de chuid an achainígh ar chóir gach comhfhreagras a bhaineann leis an achainí a sheoladh chuige; agus
 - (c) ainm agus seoladh aon duine atá ag tacú leis an achainí.
- (4) Beidh gach achainí a dhíreofar chuig Tithe an Oireachtais arna tarchur chuig an gComhchoiste um Achainíocha on bPobal agus um na hOmbudsmain (dá ngairtear “an Coiste” sa Bhuan-Ordú seo agus i mBuan-Orduithe 136, 137 agus 138).
- (5) Cinnfidh an Coiste, ó am go ham—
- (a) foirm chuí achainíocha;
 - (b) an modh ar a dtaiscfear achainíocha leis na Tithe; agus
 - (c) cibé nithe eile i ndáil le hachainíocha a bhreithniú is cuí leis an gCoiste agus nach ndéantar foráil lena n-aghaidh ar shlí eile sna Buan-Orduithe seo.

136. Inghlacthacht achainíocha

- (1) Tá achainí inghlactha mura rud é—
- (a) go n-iarrtar léi ar an Dáil aon ní a dhéanamh seachas ní a bhfuil cumhacht ag an Dáil é a dhéanamh;
 - (b) nach gcomhlíonann sí na Buan-Orduithe nó nach bhfuil sí i bhfoirm chuí ar shlí eile;
 - (c) go bhfuil sí *sub judice* de réir bhrí Bhuan-Ordú 70;
 - (d) go bhfuil teanga inti atá maslach nó ar de chineál clúmhilleach í;
 - (e) gurb ionann í agus achainí, nó go bhfuil sí i dtéarmaí atá go substaintiúil de shamhail achainí, a thionscain an duine céanna, an comhlacht corpraithe céanna nó an comhlachas neamhchorpraithe céanna, nó a tionscnaíodh thar a cheann nó thar a ceann, le linn shaolré na Dála sin agus a dúnadh le comhaontú an Choiste;
 - (f) go bhfuil sí suaibhreasach, cráiteach nó gur mí-úsáid ar an gcóras achainíocha í ar shlí eile; agus

STANDING ORDERS

- (3) A petition shall clearly indicate—
 - (a) the name of the petitioner;
 - (b) an address of the petitioner to which all communications concerning the petition should be sent; and
 - (c) the name and address of any person supporting the petition.
- (4) All petitions addressed to the Houses of the Oireachtas shall stand referred to the Joint Committee on Public Petitions and the Ombudsmen (referred to in this Standing Order and Standing Orders 136, 137 and 138 as “the Committee”).
- (5) The Committee shall, from time to time, determine—
 - (a) the proper form of petitions;
 - (b) the manner in which petitions are to be lodged with the Houses; and
 - (c) such other matters in relation to the consideration of petitions as the Committee considers appropriate and which are not otherwise provided for in these Standing Orders.

136. Admissibility of petitions

- (1) A petition is admissible unless it—
 - (a) requests the Dáil to do anything other than the Dáil has power to do;
 - (b) does not comply with Standing Orders or is otherwise not in proper form;
 - (c) is *sub judice* within the meaning of Standing Order 70;
 - (d) contains language which is offensive or in the nature of being defamatory;
 - (e) is the same as, or in substantially similar terms to, a petition brought by or on behalf of the same person, body corporate or unincorporated association during the lifetime of that Dáil and which was closed by agreement of the Committee;
 - (f) is frivolous, vexatious or otherwise constitutes an abuse of the petitions system; and

- (g) go gceanglaítear léi ar an gCoiste gearán aonair a bhreithniú ab ábhar do chinneadh ó Ombudsman, nó ó chomhlacht rialála poiblí nó comhlacht arna bhunú chun críche sásaimh.
- (2) I ndáil le hachainíocha inghlactha, i gcás achainí ina bpléitear—
 - (a) le nithe áitiúla nó réigiúnacha; nó
 - (b) le nithe ar mó is cuí do chomhlacht rialála poiblí nó comhlacht arna bhunú chun críche sásaimh iad;

suífidh an Coiste gur úsáid an t-achainíoch na bealaí achomhairc nó sásaimh go léir atá ar fáil sula mbreithneoidh an Coiste an ní.
- (3) Breithneoidh an Coiste agus cinnfidh sé i gcás díospóide an bhfuil achainí inghlactha agus tabharfaidh sé fógra don achainíoch faoina chinneadh agus faoi na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin.

137. Gníomh a dhéanamh maidir le hachainíocha

- (1) Má tá achainí inghlactha, déanfaidh an Coiste cibé gníomh is cuí leis i ndáil leis an achainí sin.
- (2) Gan dochar do ghinearáltacht mhír (1), féadfaidh an Coiste—
 - (a) an achainí a tharchur chuig Ombudsman nó chuig comhlacht rialála poiblí nó comhlacht arna bhunú chun críche sásaimh;
 - (b) an achainí a tharchur chuig aon Choiste eile is cuí leis, mar aon le hiarraidh go ndéanfar í a bhreithniú tuilleadh agus tuairisciú don Choiste; agus
 - (c) tuarascáil a thabhairt don Dáil mar aon le moltaí, lena n-áirítear iarraidh go ndéanfaidh an Dáil díospóireacht ar an tuarascáil.
- (3) Tabharfaidh an Coiste fógra don achainíoch faoi aon ghníomh a dhéanfar faoi mhír (2).

138. Achainíocha a dhúnadh

- (1) Féadfaidh an Coiste achainí a dhúnadh aon tráth.
- (2) I gcás go ndúnfaidh an Coiste achainí, tabharfaidh sé fógra don achainíoch go bhfuil an achainí dúnta agus faoi na cúiseanna ar dúnadh í.

STANDING ORDERS

- (g) requires the Committee to consider an individual complaint which has been the subject of a decision by an Ombudsman, or by a regulatory public body or a body established for the purpose of redress.
- (2) In relation to admissible petitions, where a petition deals with—
 - (a) local or regional matters; or
 - (b) matters which are more appropriate to a regulatory public body or a body established for the purpose of redress;

the Committee shall establish that all available avenues of appeal or redress have been utilised by the petitioner prior to the Committee considering the matter.
- (3) The Committee shall consider and decide in a case of dispute whether a petition is admissible and shall notify the petitioner of its decision and of the reasons for that decision.

137. Actions in relation to petitions

- (1) If a petition is admissible, the Committee shall take such action as it considers appropriate in relation to that petition.
- (2) Without prejudice to the generality of paragraph (1), the Committee may—
 - (a) refer the petition to an Ombudsman or a regulatory public body or a body established for the purpose of redress;
 - (b) refer the petition to any other Committee as it considers appropriate, with a request for further consideration and report back to the Committee; and
 - (c) report to the Dáil with recommendations, including a request that the report be debated by the Dáil.
- (3) The Committee shall notify the petitioner of any action taken under paragraph (2).

138. Closing of petitions

- (1) The Committee may close a petition at any time.
- (2) Where the Committee closes a petition it shall notify the petitioner that the petition is closed and of the reasons for closing it.

139. Tuarascáil Ombudsman a bhreithniú

I gcás nach ndéanfaidh Roghchoiste, faoi Bhuan-Ordú 103(9)(b), tuarascáil Ombudsman, nó cuid nó codanna di, a bhreithniú laistigh de thréimhse dhá mhí (gan tréimhsí sosa na Nollag, na Cásca nó an tsamhraidh a chur san áireamh) tar éis an tuarascáil a leagan faoi bhráid ceachtar Tí den Oireachtas nó faoi bhráid an dá Theach sin, cromfaidh an Coiste ar an tuarascáil Ombudsman, nó aon chodanna di nach mbeidh breithnithe ag an Roghchoiste, a bhreithniú.

Ról Dháil Éireann faoi Airteagal 29.4 den Bhunreacht (An Conradh ar an Aontas Eorpach agus an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh: Conradh Liospóin)

140. Socruithe idirthréimhseacha

- (1) Beidh arna bhunú i ndiaidh ationóil na Dála tar éis Olltoghcháin, Roghchoiste a mbeidh na cumhachtaí a leagtar amach i mBuan-Orduithe 142, 143 agus 144 arna dtabhairt dó.
- (2) Ceapfaidh an Dáil, tráth nach déanaí ná an tríú lá suí i ndiaidh an ationóil sin, trí chomhalta dhéag chuig an Roghchoiste a bhunófar faoi mhír (1) den Bhuan-Ordú seo, ar córam cúigear díobh, agus le linn di é sin a dhéanamh, déanfaidh sí—
 - (a) na feidhmeanna a bheidh le comhlíonadh ag an Roghchoiste a mhíniú, agus
 - (b) na cumhachtaí, más ann, a bheidh le tarmligean chun an Roghchoiste faoi Bhuan-Ordú 104 a mhíniú.

141. Treoracha do Roghchoistí áirithe

- (1) Maidir le Roghchoiste dá mbeidh cumhachtaí tugtha faoi Bhuan-Orduithe 142, 143 nó 144 agus a bheidh comhcheangailte le Roghchoiste arna cheapadh ag Seanad Éireann chun Comhchoiste a dhéanamh, féadfaidh sé a chinneadh, áfach, gníomhú mar Roghchoiste den Dáil maidir le ní sonraithe nó nithe sonraithe nó ar feadh tréimhse ama sonraithe chun na cumhachtaí a dúradh a fheidhmiú.
- (2) Beidh sé ina threoir do Roghchoiste dá mbeidh cumhachtaí tugtha faoi Bhuan-Orduithe 142, 143 nó 144 nach ndéanfaidh sé breithniú ar aon ní a chuimsítear leis na Buan-Orduithe a luadh cheana i gcás go mbeidh an ní sin á bhreithniú cheana féin ag Roghchoiste eile.
- (3) Beidh de chumhacht ag gach Roghchoiste dá mbeidh cumhachtaí tugtha faoi Bhuan-Orduithe 142, 143 nó 144 a iarraidh ar Roghchoiste eile de cheachtar Teach dá mbeidh na cumhachtaí sin tugtha sa tslí chéanna go dtionólfar comhchruinniú den dá Choiste

139. Consideration of Ombudsman report

Where a Select Committee does not under Standing Order 103(9)(b) consider an Ombudsman report, or a portion or portions thereof, within two months (excluding Christmas, Easter or summer recess periods) of the report being laid before either or both Houses of the Oireachtas, the Committee shall proceed to consider the Ombudsman report, or any portions thereof not considered by the Select Committee.

Role of Dáil Éireann under Article 29.4 of the Constitution (Treaty on European Union and Treaty on the Functioning of the European Union: the Lisbon Treaty)

140. Transitional arrangements

- (1) There shall stand established, following the reassembly of the Dáil subsequent to a General Election, a Select Committee which shall stand conferred with the powers set out in Standing Orders 142, 143 and 144.
- (2) The Dáil shall, not later than the third sitting day following such reassembly, appoint thirteen members to the Select Committee established under paragraph (1) of this Standing Order, of whom five shall constitute a quorum, and in so doing, shall—
 - (a) define the functions to be performed by the Select Committee, and
 - (b) define the powers, if any, to be devolved upon the Select Committee under Standing Order 104.

141. Instructions to certain Select Committees

- (1) A Select Committee on which powers have been conferred under Standing Orders 142, 143 or 144 and which has been joined with a Select Committee appointed by Seanad Éireann to form a Joint Committee may nevertheless decide to act as a Select Committee of the Dáil in respect of a specified matter or matters or for a specified time period for the purpose of exercising the said powers.
- (2) It shall be an instruction to a Select Committee on which powers have been conferred under Standing Orders 142, 143 or 144 that it shall not enter into consideration of any matter comprehended by the aforementioned Standing Orders where such matter is already under consideration by another Select Committee.
- (3) Each Select Committee on which powers have been conferred under Standing Orders 142, 143 or 144 shall have power to request of another Select Committee of either House on which such powers have been similarly conferred that a joint meeting of

BUAN-ORDUITHE

chun ní sonrach nó nithe sonracha comhghníomhaíochta a bhreithniú agus, i gcás aon chomhchruinnithe den sórt sin—

- (a) gníomhóidh Cathaoirleach an Choiste iarrthaigh mar Chathaoirleach agus, mura féidir don Chathaoirleach a bheith i láthair, beidh feidhm ag forálacha Bhuan-Ordú 113(3) agus (5);
- (b) beidh feidhm ag forálacha an dá Choiste i dtaobh córaim fairis an modhnú go laghdófar gach córam den sórt sin de leath agus ansin go gcothromrófar é suas go dtí an chéad slánuimhir eile is gaire; agus
- (c) ní bheidh feidhm ag orduithe tagartha an dá Choiste ach amháin a mhéid is orduithe iad a bhaineann leis an dá Choiste.

142. Dréachtghníomhartha reachtacha: teorainn ocht seachtaine chun tuairim a nochtadh i dtaobh sárú ar an gcoimhdeacht (“cárta buí agus oráiste”)

- (1) De réir Airteagal 6 de Phrótacal Uimh. 2 a ghabhann leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (*Prótacal maidir le Prionsabail na Coimhdeachta agus na Comhréireachta a Chur i bhFeidhm*) arna chur chun feidhme le halt 7(3) d’Acht an Aontais Eorpaigh, 2009, féadfaidh an Dáil a chumhachtú do Roghchoiste tuairim réasúnaithe a fhoirmiú nach gcomhlíonann dréachtghníomh reachtach (de réir bhrí Airteagal 3 den Phrótacal sin) prionsabal na coimhdeachta.
- (2) Beidh gach dréachtghníomh reachtach a chuirfear ar aghaidh chuig an Dáil faoi Airteagal 4 den Phrótacal a dúradh arna tharchur chuig Roghchoiste a chumhachtaítear faoin mBuan-Ordú seo.
- (3) Beidh sé ina threoir do Roghchoiste a chumhachtaítear faoin mBuan-Ordú seo—
 - (a) le linn dó tuairim réasúnaithe a fhoirmiú i dtaobh an gcomhlíonann dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta, go rachaidh an Coiste i gcomhairle le cibé Coistí eile agus le cibé páirtithe leasmhara is cuí leis;
 - (b) más rud é gurb é tuairim an Choiste nach gcomhlíonann dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta, go ndéanfaidh sé tuairim réasúnaithe sa chéill sin a chur isteach ar mhodh tuarascála a leagfar os comhair na Dála; agus
 - (c) i gcás go mbeidh tuarascáil leagtha ag an gCoiste faoi mhír (3)(b) den Bhuan-Ordú seo, go ndéanfaidh an Cathaoirleach, láithreach, tairiscint maidir léi a chur síos faoi alt 7(3) d’Acht an Aontais Eorpaigh, 2009;

STANDING ORDERS

both Committees be held to consider a specific matter or matters of common activity and, in the case of any such joint meeting—

- (a) the Cathaoirleach of the requesting Committee shall act as Cathaoirleach and, in the unavoidable absence of the Cathaoirleach, the provisions of Standing Order 113(3) and (5) shall apply;
- (b) the quorum provisions of both Committees shall apply with the modification that each such quorum shall be halved and then rounded up to the next nearest whole number; and
- (c) the orders of reference of the two Committees shall apply only insofar as they are common to both.

142. Draft legislative acts: eight week limit to express opinion on infringement of subsidiarity (“yellow and orange card”)

- (1) In accordance with Article 6 of Protocol No. 2 to the Treaty on European Union and the Treaty on the Functioning of the European Union (*Protocol on the Application of the Principles of Subsidiarity and Proportionality*) as applied by section 7(3) of the European Union Act 2009, the Dáil may empower a Select Committee to form a reasoned opinion that a draft legislative act (within the meaning of Article 3 of the said Protocol) does not comply with the principle of subsidiarity.
- (2) All draft legislative acts forwarded to the Dáil under Article 4 of the said Protocol shall stand referred to a Select Committee empowered under this Standing Order.
- (3) It shall be an instruction to a Select Committee empowered under this Standing Order that—
 - (a) in forming a reasoned opinion on whether a draft legislative act complies with the principle of subsidiarity, the Committee shall consult with such other Committees and such stakeholders as it considers appropriate;
 - (b) where the Committee is of the opinion that a draft legislative act does not comply with the principle of subsidiarity, it shall submit a reasoned opinion to this effect by way of a report which shall be laid before the Dáil; and
 - (c) where a report has been laid by the Committee under paragraph (3)(b) of this Standing Order, the Cathaoirleach shall forthwith table a motion thereon under section 7(3) of the European Union Act 2009;

BUAN-ORDUITHE

Ar choinníoll, maidir leis an tuairim réasúnaithe a bheidh leagtha amach i dtuarascáil an Choiste, go bhféadfaidh an Dáil, trí leasú ar an tairiscint a bheidh curtha síos ag an gCathaoirleach faoin mír seo, tuairim a chur ina hionad, cur léi nó í a athrú ar shlí eile.

- (4) I gcás go n-aontaíonn an Dáil tairiscint a bheidh curtha síos de bhun mhír (3)(c) den Bhuan-Ordú seo, tar éis í a leasú nó gan í a leasú, cuirfidh an Ceann Comhairle faoi deara cóip—

- (a) den Rún a bheidh aontaithe ag an Dáil,
- (b) den tuairim réasúnaithe a bheidh aontaithe ag an Dáil, agus
- (c) den tuarascáil ón gCoiste dá dtagraítear i mír (3)(c),

a chur chuig Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán na Comhairle agus Uachtarán an Choimisiúin.

143. Athruithe i gcinnteoireacht AE: teorainn sé mhí chun cur ina gcoinne (“cárta dearg”)

- (1) Féadfaidh an Dáil a chumhachtú do Roghchoiste breithniú a dhéanamh ar cibé fógraí—

- (a) faoin tríú fomhír d’Airteagal 48.7 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (*passerelle ginearálta*: athrú ó ghníomhú d’aon toil go dtí gníomhú trí thromlach cáilithe nó ó nós imeachta reachtach speisialta go dtí gnáthnós imeachta reachtach) arna cur chun feidhme le halt 7(1) d’Acht an Aontais Eorpaigh, 2009, agus
- (b) faoin tríú fomhír d’Airteagal 81.3 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (*passerelle dhlí an teaghlaigh*: athrú go dtí gnáthnós imeachta reachtach le haghaidh beart a bhaineann leis an dlí teaghlaigh agus a mbeidh impleachtaí trasteorann acu) arna cur chun feidhme le halt 7(2) d’Acht an Aontais Eorpaigh, 2009,

a tharchuirfidh an Dáil chuig an gCoiste ó am go ham.

- (2) Beidh sé ina threoir do Roghchoiste a chumhachtaítear faoin mBuan-Ordú seo—

- (a) le linn dó fógraí den sórt sin a bhreithniú, go rachaidh an Coiste i gcomhairle le cibé Coistí eile agus le cibé páirtithe leasmhara is cuí leis;
- (b) i gcás go mbeidh an Coiste i gcoinne an chinnidh dá dtagraíonn an fógra, go leagfaidh sé tuarascáil sa chéill sin os comhair na Dála;

STANDING ORDERS

Provided that the Dáil may substitute, add to or otherwise vary, the reasoned opinion set out in the Committee's report by way of amendment to the motion tabled by the Cathaoirleach under this paragraph.

- (4) Where the Dáil agrees a motion tabled pursuant to paragraph (3)(c) of this Standing Order, either with or without amendment, the Ceann Comhairle shall cause a copy of—

- (a) the Resolution agreed by the Dáil,
- (b) the reasoned opinion agreed by the Dáil, and
- (c) the report of the Committee referred to in paragraph (3)(c),

to be sent to the Presidents of the European Parliament, the Council and the Commission.

143. Changes in EU decision-making: six month limit to oppose (“red card”)

- (1) The Dáil may empower a Select Committee to consider such notifications under—

- (a) the third subparagraph of Article 48.7 of the Treaty on European Union (*general passerelle*: change from unanimity to qualified majority or from special legislative procedure to ordinary legislative procedure) as applied by section 7(1) of the European Union Act 2009, and
- (b) the third subparagraph of Article 81.3 of the Treaty on the Functioning of the European Union (*family law passerelle*: change to ordinary legislative procedure for measures concerning family law with cross-border implications) as applied by section 7(2) of the European Union Act 2009,

as may be referred to the Committee from time to time by the Dáil.

- (2) It shall be an instruction to a Select Committee empowered under this Standing Order that—

- (a) in considering such notifications, the Committee shall consult with such other Committees and such stakeholders as it considers appropriate;
- (b) where the Committee is opposed to the decision to which the notification refers, it shall lay a report to this effect before the Dáil;

- (c) i gcás go mbeidh tuarascáil leagtha ag an gCoiste faoi mhír (2)(b) den Bhuan-Ordú seo, go ndéanfaidh an Cathaoirleach, láithreach, tairiscint maidir léi a chur síos faoi alt 7(1) nó 7(2) d'Acht an Aontais Eorpaigh, 2009, mar is cuí; agus
 - (d) i gcás nach mbeidh an Coiste i gcoinne an chinnidh dá dtagraíonn an fógra, go gcuirfidh sé Teachtaireacht chuige sin chun na Dála de réir an nós imeachta atá leagtha amach i mBuan-Ordú 110.
- (3) Cuirfidh an Ceann Comhairle faoi deara cóip de gach Rún arna dhéanamh ag an Dáil faoi mhír (2)(c) den Bhuan-Ordú seo a chur chuig Uachtarán na Comhairle Eorpaí nó chuig an gComhairle de réir mar is cuí, mar aon le cóip den Tuarascáil dá dtagraíonn an Rún.

144. Gníomhartha reachtacha: sárú ar an gcoimhdeacht: iarraidh ar athbhreithniú ag Cúirt Bhreithiúnais AE

- (1) De réir Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 2 a ghabhann leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (*Prótacal maidir le Prionsabail na Coimhdeachta agus na Comhréireachta a Chur i bhFeidhm*) arna chur chun feidhme le halt 7(4) d'Acht an Aontais Eorpaigh, 2009, féadfaidh an Dáil a chumhachtú do Roghchoiste breithniú a dhéanamh i dtaobh an ndéanann aon ghníomh de chuid institiúide den Aontas Eorpach sárú ar phrionsabal na coimhdeachta.
- (2) Beidh sé ina threoir do Roghchoiste a chumhachtaítear faoin mBuan-Ordú seo—
- (a) le linn dó breithniú a dhéanamh i dtaobh an ndéanann gníomh de chuid institiúide den Aontas Eorpach sárú ar phrionsabal na coimhdeachta, go rachaidh an Coiste i gcomhairle le cibé Coistí eile agus le cibé páirtithe leasmhara is cuí leis;
 - (b) más rud é—
 - (i) gurb é tuairim an Choiste go ndéanann gníomh de chuid institiúide den Aontas Eorpach sárú ar phrionsabal na coimhdeachta, agus
 - (ii) gur mian leis an gCoiste go ndéanfaí imeachtaí ag lorg athbhreithniú ar an ngníomh lena mbaineann a thionscnamh i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh,go leagfaidh sé tuarascáil sa chéill sin os comhair na Dála; agus
 - (c) i gcás go mbeidh tuarascáil leagtha ag an gCoiste faoi mhír (2)(b) den Bhuan-Ordú seo, go ndéanfaidh an Cathaoirleach, láithreach, tairiscint maidir léi a chur síos faoi alt 7(4) d'Acht an Aontais Eorpaigh, 2009.

STANDING ORDERS

- (c) where a report has been laid by the Committee under paragraph (2)(b) of this Standing Order, the Cathaoirleach shall forthwith table a motion thereon under section 7(1) or 7(2) of the European Union Act 2009, as appropriate; and
 - (d) where the Committee is not opposed to the decision to which the notification refers, it shall send a Message to this effect to the Dáil in accordance with the procedure set out in Standing Order 110.
- (3) The Ceann Comhairle shall cause a copy of all Resolutions made by the Dáil under paragraph (2)(c) of this Standing Order to be sent to the President of the European Council or the Council as appropriate, together with a copy of the Report to which the Resolution refers.

144. Legislative acts: infringement of subsidiarity: request for review by EU Court of Justice

- (1) In accordance with Article 8 of Protocol No. 2 to the Treaty on European Union and the Treaty on the Functioning of the European Union (*Protocol on the Application of the Principles of Subsidiarity and Proportionality*) as applied by section 7(4) of the European Union Act 2009, the Dáil may empower a Select Committee to consider whether any act of an institution of the European Union infringes the principle of subsidiarity.
- (2) It shall be an instruction to a Select Committee empowered under this Standing Order that—
- (a) in considering whether an act of an institution of the European Union infringes the principle of subsidiarity, the Committee shall consult with such other Committees and such stakeholders as it considers appropriate;
 - (b) where the Committee is—
 - (i) of the opinion that an act of an institution of the European Union infringes the principle of subsidiarity; and
 - (ii) wishes that proceedings seeking a review of the act concerned be brought to the Court of Justice of the European Union,

it shall lay a report to this effect before the Dáil; and

- (c) where a report has been laid by the Committee under paragraph (2)(b) of this Standing Order, the Cathaoirleach shall forthwith table a motion thereon under section 7(4) of the European Union Act 2009.

- (3) Cuirfidh an Ceann Comhairle faoi deara cóip de gach Rún arna dhéanamh ag an Dáil de réir mhír (2)(c) den Bhuan-Ordú seo a chur chuig an Aire iomchuí.

Fiosrúcháin de chuid Chuid 2

145. Fiosrúcháin de chuid Chuid 2

- (1) Ceadóidh an Dáil fiosrúcháin de chuid Chuid 2³² a sheoladh de réir na mBuan-Orduithe seo.
- (2) Déanfaidh Coiste a bheartaíonn fiosrúchán de chuid Chuid 2 a sheoladh togra iomchuí ina thaobh sin a chur, faoi Bhuan-Ordú 146, faoi bhráid Coiste arna ainmniú ag an Dáil faoi na Buan-Orduithe seo chun na tograí sin a ghlacadh.
- (3) Cuirfidh an Coiste a bheidh ainmnithe chun tograí iomchuí a ghlacadh faoi deara na tograí sin a mheasúnú agus ullmhóidh sé tuarascáil iomchuí ar na tograí iomchuí sin.
- (4) Ní foláir go gceadóidh an Dáil na tearmaí tagartha le haghaidh fiosrúchán de chuid Chuid 2, de réir Bhuan-Ordú 149, agus ní rithfidh an Dáil aon Rún maidir le Téarmaí Tagartha, ná ní dhiúltóidh sí aon rún den sórt sin a rith, sula ndéanfar an tuarascáil arna hullmhú faoi mhír (3) a bhreithniú.
- (5) Déanfaidh an Dáil foilsiú tuarascálacha eatramhacha nó críochnaitheacha³³ de chuid Coiste a bheidh ag seoladh fiosrúchán de chuid Chuid 2 a cheadú de réir Bhuan-Ordú 151.

146. An Coiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú chun fógra maidir le togra iomchuí a ghlacadh

- (1) Is é an Coiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú an Coiste ainmnithe faoi Bhuan-Ordú 145(2) chun fógra maidir le togra iomchuí a ghlacadh ó aon Choiste a bheartaíonn fiosrúchán de chuid Chuid 2 a sheoladh.
- (2) Déanfaidh an Coiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú, ó am go ham, rialacha agus nósanna imeachta a bhaineann le measúnú tograí iomchuí a cheapadh agus a leagan faoi bhráid na Dála ó am go ham, lena n-áirítear rialacha agus nósanna imeachta a bhaineann le haon chomhairliúchán maidir le tograí iomchuí agus aon mhodh measúnachta a bhaineann leo.

32 Féach an míniú in B.O. 146

33 Féach Cuid 4 den Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta), 2013 i ndáil le tuarascálacha ó Choistí a bheidh ag seoladh fiosrúcháin de chuid Chuid 2

STANDING ORDERS

- (3) The Ceann Comhairle shall cause a copy of all Resolutions made by the Dáil in accordance with paragraph (2)(c) of this Standing Order to be sent to the relevant Minister.

Part 2 inquiries

145. Part 2 inquiries

- (1) The Dáil shall approve the conducting of Part 2 inquiries³² in accordance with these Standing Orders.
- (2) A Committee which proposes to conduct a Part 2 inquiry shall make a relevant proposal in that regard, under Standing Order 146, to a Committee designated by the Dáil under these Standing Orders to receive such proposals.
- (3) The Committee designated to receive relevant proposals shall cause those proposals to be evaluated and shall make a relevant report on those relevant proposals.
- (4) The terms of reference for a Part 2 inquiry must be approved by the Dáil, in accordance with Standing Order 149, and no Terms of Reference Resolution shall be passed, or be declined to be passed, by the Dáil, prior to the consideration of the report prepared under paragraph (3).
- (5) The publication of final or interim reports³³ of a Committee conducting a Part 2 inquiry shall be approved by the Dáil in accordance with Standing Order 151.

146. Committee on Parliamentary Privileges and Oversight to receive notice of relevant proposal

- (1) The Committee on Parliamentary Privileges and Oversight shall be the designated Committee under Standing Order 145(2) to receive notice of a relevant proposal from any Committee which proposes to conduct a Part 2 inquiry.
- (2) The Committee on Parliamentary Privileges and Oversight shall from time to time devise and lay before the Dáil rules and procedures relating to evaluation of relevant proposals, including rules and procedures relating to any consultation on and method of assessment of relevant proposals.

³² See definition in S.O. 146

³³ See Part 4 of the Houses of the Oireachtas (Inquiries, Privileges and Procedures) Act 2013 in relation to reports of Committees conducting Part 2 inquiries

- (3) Chun críocha na mBuan-Orduithe seo, ach amháin i gcás go gcuirtear a mhalairt in iúl, ciallaíonn “fiosrúchán de chuid Chuid 2” fiosrúchán faoi Chaibidil 1 de Chuid 2 den Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta), 2013.
- (4) Chun críocha na mBuan-Orduithe seo, ach amháin i gcás go gcuirtear a mhalairt in iúl, ciallóidh tuarascálacha eatramhacha agus tuarascálacha críochnaitheacha i ndáil le fiosrúcháin de chuid Chuid 2 tuarascálacha eatramhacha agus tuarascálacha críochnaitheacha faoi ailt 33(1) agus 34(1) den Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta), 2013.

147. Togra iomchuí

Maidir le togra iomchuí faoi Bhuan-Ordú 145(2), a mhéid is indéanta, beidh ann na nithe seo a leanas nó díreofar ann ar na nithe seo a leanas—

- (a) an cineál fiosrúcháin de chuid Chuid 2 atá beartaithe de bhun ailt 7 go 11, go huile, den Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta), 2013;
- (b) an ní nó na nithe is ábhar don fhiosrúchán beartaithe, chun a shonrú, a mhéid is indéanta, an t-iompar, na teagmhais, na gníomhaíochtaí, na himthosca, na córais, na cleachtais nó na nósanna imeachta a bheidh le fiosrú, lena n-áirítear—
 - (i) na dátaí a tharla, nó na tréimhsí ar lena linn a tharla an t-iompar nó na teagmhais, ná dátaí a gabhadh de láimh nó na tréimhsí ar lena linn a gabhadh de láimh na gníomhaíochtaí, na dátaí a d’eascair nó na tréimhsí ar lena linn a d’eascair na himthosca, nó na dátaí a bhí, nó na tréimhsí ar lena linn a bhí na córais, na cleachtais nó na nósanna imeachta i ngníomh,
 - (ii) an áit nó an ceantar inar tharla an t-iompar nó na teagmhais, inar gabhadh de láimh na gníomhaíochtaí, inar eascair na himthosca, nó ina raibh na córais, na cleachtais nó na nósanna imeachta i ngníomh, agus
 - (iii) na daoine lena mbaineann an t-iompar nó na teagmhais sin, na gníomhaíochtaí nó na himthosca sin, nó na daoine a bhfuil a ngníomhaíochtaí, a gcórais, a gcleachtais nó a nósanna imeachta le fiosrú;
- (c) an amhlaidh go mbaineann an ní nó na nithe le feidhm de chuid na Dála;
- (d) an chúis gur chóir gurbh ábhar d’fhiosrúchán de chuid Chuid 2 an ní nó na nithe, seachas é nó iad a scrúdú trí fhoirmeacha eile d’imscrúdú parlaiminteach;
- (e) i ndáil leis an gCoiste a bheartaíonn an fiosrúchán a sheoladh—

STANDING ORDERS

- (3) For the purposes of these Standing Orders, except where otherwise indicated, “Part 2 inquiry” means an inquiry under Chapter 1 of Part 2 of the Houses of the Oireachtas (Inquiries, Privileges and Procedures) Act 2013.
- (4) For the purposes of these Standing Orders, except where otherwise indicated, interim and final reports in relation to Part 2 inquiries shall mean interim and final reports under sections 33(1) and 34(1) of the Houses of the Oireachtas (Inquiries, Privileges and Procedures) Act 2013.

147. Relevant proposal

A relevant proposal under Standing Order 145(2) shall address or contain, in so far as is practicable—

- (a) the type of Part 2 inquiry proposed pursuant to sections 7 to 11, inclusive, of the Houses of the Oireachtas (Inquiries, Privileges and Procedures) Act 2013;
- (b) the matter or matters the subject of the proposed inquiry, to specify, as far as is practicable, the conduct, events, activities, circumstances, systems, practices or procedures to be inquired into, including—
 - (i) the dates on which, or the periods during which, the conduct or events occurred, the activities were undertaken, the circumstances arose, or the systems, practices or procedures were in operation,
 - (ii) the location or area where the conduct or events occurred, the activities were undertaken, the circumstances arose, or the systems, practices or procedures were in operation, and
 - (iii) the persons to whom that conduct or those events, activities or circumstances relate, or whose activities, systems, practices or procedures are to be inquired into;
- (c) whether the matter or matters relate to a function of the Dáil;
- (d) the reason the matter or matters ought to be the subject of a Part 2 inquiry, rather than being examined through other forms of parliamentary investigation;
- (e) in relation to the Committee proposing to conduct the inquiry—

BUAN-ORDUITHE

- (i) an chúis, de thoradh a orduithe tagartha láithreacha, go measann sé gur chóir dó an fiosrúchán a sheoladh, nó
 - (ii) na hathruithe, más ann, ar a orduithe tagartha láithreacha is gá, ina thuairim, chun go seolfaidh sé an fiosrúchán;
- (f) an sceideal ama a bhfuiltear ag súil lena úsáid i dtaca leis an bhfiosrúchán beartaithe, lena n-áirítear an le linn tréimhse aonair nó ina chéimeanna a bheartaítear an fiosrúchán beartaithe a sheoladh;
- (g) na hathruithe, más ann, is gá a dhéanamh, i dtuairim an Choiste a bheartaíonn an fiosrúchán a sheoladh, ar an dlí reachtúil, chun an fiosrúchán a sheoladh;
- (h) dréacht-Rún maidir le Téarmaí Tagartha á rá, *inter alia*, maidir leis an gCoiste a bheartaíonn an fiosrúchán a sheoladh, le linn dó é a sheoladh, an amhlaidh—
- (i) go mbeartaíonn sé cinntí fíorais a dhéanamh, lena n-áirítear cinntí fíorais a d'fhéadfadh cur i gcoinne dea-chlú duine (ag brath ar chineál an fhiosrúcháin atá beartaithe), nó i ndáil le mí-iompar iomchuí,
 - (ii) go mbeartaíonn sé moltaí a dhéanamh ag eascairt as na nithe seo a leanas—
 - (I) a chinntí fíorais, nó
 - (II) na cinntí fíorais arna ndéanamh ag Coiste eile le linn fiosrúchán eile de chuid Chuid 2 a sheoladh má luaitear go sainráite sna téarmaí tagartha don fhiosrúchán eile sin de chuid Chuid 2 go bhféadfar a chinntí fíorais a úsáid i bhfiosrúcháin eile de chuid Chuid 2,
 - (iii) go mbeartaíonn sé go bhféadfaidh Coiste eile a chinntí fíorais, más ann, a úsáid le linn fiosrúchán eile de chuid Chuid 2 a sheoladh,
 - (iv) go bhfuil nó go mbeidh an chumhacht aige chun fios a chur ar dhaoine nó chun fios a chur i ndáil le páipéir agus taifid;
- agus
- (i) cibé nithe eile i ndáil leis an bhfiosrúchán beartaithe is cuí leis an gCoiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú.

STANDING ORDERS

- (i) the reason that it, further to its existing orders of reference, considers that it ought to conduct the inquiry, or
 - (ii) the changes, if any, to its existing orders of reference, which are, in its opinion, necessary for it to conduct the inquiry;
- (f) the anticipated time schedule for the proposed inquiry, including whether it is proposed to conduct the proposed inquiry in a single period or in phases;
- (g) the changes, if any, to statute law, which are, in the opinion of the Committee proposing to conduct the inquiry, necessary to conduct the inquiry;
- (h) a draft Terms of Reference Resolution, which shall state, *inter alia*, whether the Committee proposing to conduct the inquiry, in conducting it—
- (i) proposes to make findings of fact, including findings of fact that may impugn the good name of a person (depending on the type of inquiry proposed), or in relation to relevant misbehaviour,
 - (ii) proposes to make recommendations arising from—
 - (I) its findings of fact, or
 - (II) the findings of fact made by another Committee in conducting another Part 2 inquiry if the terms of reference for that other Part 2 inquiry expressly state that its findings of fact may be used in other Part 2 inquiries,
 - (iii) proposes that its findings of fact, if any, may be used by another Committee in conducting another Part 2 inquiry,
 - (iv) has or is to have the power to send for persons, papers or records;
- and
- (i) such other matters in relation to the proposed inquiry as the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight considers appropriate.

148. An Coiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú do bhreithniú togra iomchuí

Le linn breithniú a dhéanamh ar thogra iomchuí arna dhéanamh de bhun Bhuan-Orduithe 145(2) agus 147, déanfaidh an Coiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú na nithe seo a leanas a bhreithniú—

- (a) an cóir fiosrúchán beartaithe de chuid Chuid 2 a sheoladh;
- (b) mura cóir é a sheoladh, an cóir gníomh malartach a bhreithniú;
- (c) más cóir an fiosrúchán a sheoladh—
 - (i) cén Coiste ar cóir dó é a sheoladh;
 - (ii) cén modh, faoi ailt 7 go 11 go huile den Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta), 2013, ar ar cóir é a sheoladh; agus
 - (iii) an dréacht-Rún maidir le Téarmaí Tagartha don fhiosrúchán beartaithe; agus
- (d) cibé nithe eile i ndáil leis an bhfiosrúchán beartaithe is cuí leis an gCoiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú.

149. Tuarascáil iomchuí agus Rún maidir le Téarmaí Tagartha

- (1) Cuirfidh an Coiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú faoi deara tuarascáil iomchuí faoi Bhuan-Ordú 145(3) a ullmhú maidir le haon tograí iomchuí a fhaigheann sé le haghaidh fiosrúchán de chuid Chuid 2 agus déanfaidh sé, a luaithe is indéanta tar éis an tuarascáil iomchuí a ghlacadh, an tuarascáil iomchuí a leagan faoi bhráid na Dála, agus déanfaidh comhalta a bheidh ainmnithe ag an gCoiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú tairiscint a chur síos chun an tuarascáil iomchuí agus na moltaí atá inti a bhreithniú.
- (2) Déanfar moltaí sa tuarascáil iomchuí i ndáil leis na nithe atá i mBuan Ordú 148, agus féadtar go mbeidh ar áireamh sa tuarascáil sin an dréacht-Rún maidir le Téarmaí Tagartha i ndáil leis an togra iomchuí, mar aon le haon leasuithe air is cuí leis an gCoiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú, lena mbreithniú ag an Dáil.
- (3) Déanfaidh an Dáil an tuarascáil iomchuí agus na moltaí a bheidh inti a bhreithniú agus ní dhéanfaidh sí Rún maidir le Téarmaí Tagartha a rith faoi Bhuan-Ordú 145(4) i ndáil leis an togra iomchuí, ná ní dhiúltóidh sí Rún den sórt sin a rith, go dtí go mbeidh an breithniú sin déanta.

148. Committee on Parliamentary Privileges and Oversight consideration of relevant proposal

When considering a relevant proposal made pursuant to Standing Orders 145(2) and 147, the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight shall consider—

- (a) whether a proposed Part 2 inquiry should be conducted;
 - (b) if it should not be conducted, whether an alternative course of action should be considered;
 - (c) if the inquiry should be conducted—
 - (i) the Committee by which it should be conducted;
 - (ii) the manner, under sections 7 to 11, inclusive, of the Houses of the Oireachtas (Inquiries, Privileges and Procedures) Act 2013, in which it should be conducted; and
 - (iii) the draft Terms of Reference Resolution for the proposed inquiry;
- and
- (d) such other matters in relation to the proposed inquiry as the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight considers appropriate.

149. Relevant report and Terms of Reference Resolution

- (1) The Committee on Parliamentary Privileges and Oversight shall cause to be prepared a relevant report under Standing Order 145(3) on any relevant proposals it receives for a Part 2 inquiry and shall, as soon as is practicable after its adoption of the relevant report, lay the relevant report before the Dáil, and a member nominated by the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight shall table a motion to consider the relevant report and the recommendations contained therein.
- (2) The relevant report shall make recommendations in relation to the matters contained in Standing Order 148, and may include the draft Terms of Reference Resolution in relation to the relevant proposal, with any amendments thereto which are considered appropriate by the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight, for consideration by the Dáil.
- (3) The Dáil shall consider the relevant report and the recommendations therein and shall neither pass nor decline to pass a Terms of Reference Resolution under Standing Order 145(4) in relation to the relevant proposal until such consideration has been given.

150. Fiosrúchán ina dhiaidh sin

Más mian le Coiste a bheidh ag seoladh fiosrúchán de chuid Chuid 2 fiosrúchán iarmhartach a sheoladh, ar fiosrúchán é nach dtagann faoi réim an Rúin maidir le Téarmaí Tagartha arna rith ag an Dáil, tabharfaidh sé tuilleadh fógra i scríbhinn i dtaobh togra iomchuí breise don Choiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú, agus beidh feidhm ag forálacha Bhuan-Orduithe 145 go 149 go huile maidir leis an togra iomchuí breise sin.

151. Tuarascálacha ar fhiosrúcháin de chuid Chuid 2

D'ainneoin ghinearáltacht Bhuan-Orduithe 108 agus 109³⁴, i gcás go dtabharfaidh Coiste a bheidh ag seoladh fiosrúchán de chuid Chuid 2 tuarascáil eatramhach nó tuarascáil chríochnaitheach, déanfar an tuarascáil a chur chuig Cléireach na Dála ar dtús agus déanfaidh sé nó sí socrú, a luaithé is indéanta, chun an tuarascáil a scaipeadh ar na comhaltaí. I gcás go mbeidh an tuarascáil sin scaipthe ag Cléireach na Dála ar na comhaltaí, féadfaidh an Dáil, i gcás gur tuarascáil eatramhach an tuarascáil, a ordú dá éis sin go ndéanfar an tuarascáil a leagan faoi bhráid na Dála agus a phoibliú, agus déanfaidh an Dáil, i gcás gur tuarascáil chríochnaitheach an tuarascáil, a ordú go ndéanfar an tuarascáil a leagan faoi bhráid na Dála agus a phoibliú.

152. Dualgas comhalta sláine fiosrúcháin a chosaint

Beidh sé ina dhualgas ginearálta ar chomhalta sláine fiosrúcháin de chuid Chuid 2 a chosaint, lena n-áirítear rúndacht pléití agus doiciméad a bhaineann leis an bhfiosrúchán a chothabháil.

153. Urscaoileadh ó Choiste

- (1) I gcás go ndéanfaidh comhalta de Choiste a mbeidh fiosrúchán de chuid Chuid 2 á sheoladh aige ordachán arna thabhairt ag an gCathaoirleach dó nó di chun scor de cheistiú áirithe a shárú, féadfaidh an Coiste comhaontú a dhéanamh tuarascáil a thabhairt don Dáil, á mholadh go ndéanfar an comhalta a bheidh i gceist a urscaoileadh ón gCoiste.
- (2) I gcás go measfaidh Coiste a mbeidh fiosrúchán de chuid Chuid 2 á sheoladh aige gur sháraigh duine dá chomhaltaí ceanglas de chuid an Achta Fiosrúchán is infheidhme maidir leis an bhfiosrúchán de chuid Chuid 2, agus gur sárú tromchúiseach an sárú i dtuairim an Choiste, féadfaidh an Coiste comhaontú a dhéanamh tuarascáil a thabhairt don Dáil—
 - (a) ina sonrófar an t-alt iomchuí de chuid an Achta Fiosrúchán ina bhfuil an ceanglas a sáraíodh, agus an fhianaise a bhaineann leis an sárú; agus

34 Féach Cuid 3 den Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta), 2013 i ndáil le fiosrúcháin de chuid Chuid 2 agus nósanna imeachta córa

150. Subsequent inquiry

If a Committee conducting a Part 2 inquiry wishes to conduct a consequential inquiry not covered by the Terms of Reference Resolution passed by the Dáil, it shall give further notice in writing of an additional relevant proposal to the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight, to which additional relevant proposal the provisions of Standing Orders 145 to 149, inclusive, shall apply.

151. Part 2 inquiry reports

Notwithstanding the generality of Standing Orders 108 and 109³⁴, where a Committee conducting a Part 2 inquiry makes an interim or final report, the report shall first be sent to the Clerk of the Dáil, who shall as soon as is practicable arrange for its circulation to members. Where members have been circulated with such a report by the Clerk of the Dáil, the Dáil may, where the report is an interim report, subsequently order that the report be laid before the Dáil and made public, and shall, where the report is a final report, order that the report be laid before the Dáil and made public.

152. Duty of member to uphold integrity of inquiry

It shall be a general duty of a member to uphold the integrity of a Part 2 inquiry, including maintaining the confidentiality of deliberations and documents relating to the inquiry.

153. Discharge from Committee

- (1) Where a member of a Committee which is conducting a Part 2 inquiry contravenes a direction given to him or her by the Cathaoirleach to cease particular questioning, the Committee may agree to report to the Dáil, recommending that the member in question be discharged from the Committee.
- (2) Where a Committee which is conducting a Part 2 inquiry considers that one of its members has contravened a requirement of the Inquiries Act applicable to the Part 2 inquiry, and, in the opinion of the Committee, the contravention is a serious contravention, the Committee may agree to report to the Dáil—
 - (a) specifying the relevant section of the Inquiries Act containing the requirement which has been contravened, and the evidence relating to the contravention; and

³⁴ See Part 3 of the Houses of the Oireachtas (Inquiries, Privileges and Procedures) Act 2013 in relation to Part 2 inquiries and fair procedures

- (b) ina molfar go ndéanfar an comhalta a bheidh i gceist a urscaoileadh ón gCoiste.
- (3) Le linn dó a fheidhmeanna faoi mhír (2) a chomhlíonadh, déanfaidh an Coiste, gach tráth, aird chuí a thabhairt ar na prionsabail Bhunreachta a bhaineann le cothroime bhunúsach nósanna imeachta agus ar riachtanais an cheartais aiceanta agus Bunreachta.
- (4) A luaithe is indéanta tar éis dó tuarascáil faoi mhír (1) nó faoi mhír (2) a ghlacadh, déanfaidh an Coiste an tuarascáil a leagan faoi bhráid na Dála, agus déanfaidh an Cathaoirleach tairiscint a chur síos, a luaithe is indéanta, á mholadh go dtabharfaidh an Dáil an moladh sa tuarascáil dá haire agus go ndéanfaidh sí an comhalta a bheidh i gceist a urscaoileadh ón gCoiste.
- (5) Déanfaidh an Dáil tairiscint faoi mhír (4) a bhreithniú a luaithe is indéanta.
- (6) Ní bheidh feidhm ag forálacha Bhuan-Ordú 151 maidir le tuarascáil faoin mBuan-Ordú seo.
- (7) Na tagairtí do “an tAcht Fiosrúcháin” sa Bhuan-Ordú seo, is tagairtí iad don Acht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta), 2013.

Cuairteoirí

154. Tabhairt isteach cuairteoirí ag comhaltaí: Ionadaithe Nuachtáin

Féadfaidh comhaltaí cuairteoirí a thabhairt isteach chun cibé áiteanna a choimeádfaidh an Ceann Comhairle in áirithe dóibh, agus féadfaidh ionadaithe údaraithe Nuachtán a bheith i láthair ag suíonna na Dála nó ag suíonna Coiste den Dáil uile.³⁵

155. Cuairteoirí agus ionadaithe Nuachtáin a dhúnadh amach i gcás éigeandála

I gcás éigeandáil speisialta a bheith ann, féadfaidh comhalta den Rialtas a thairiscint, gan fógra a thabhairt, go ndúnfar gach cuairteoir agus ionadaí Nuachtán amach as an Seomra, agus déanfar amhlaidh le hordú ón gCeann Comhairle, má thóilíonn dhá thrian de na comhaltaí a bheidh i láthair leis an tairiscint sin.³⁶

³⁵ Féach freisin B.O. 116

³⁶ Féach Airteagal 15.8.2° den Bhunrecht

STANDING ORDERS

- (b) recommending that the member in question be discharged from the Committee.
- (3) In performing its functions under paragraph (2), the Committee shall at all times have due regard to the Constitutional principles of basic fairness of procedures and the requirements of natural and Constitutional justice.
- (4) As soon as is practicable after its adoption of a report under paragraph (1) or paragraph (2), the Committee shall lay the report before the Dáil, and the Cathaoirleach shall table a motion, as soon as is practicable, proposing that the Dáil takes note of the recommendation in the report and discharges the member in question from the Committee.
- (5) The Dáil shall consider a motion under paragraph (4) as soon as is practicable.
- (6) The provisions of Standing Order 151 shall not apply to a report under this Standing Order.
- (7) References in this Standing Order to “the Inquiries Act” are references to the Houses of the Oireachtas (Inquiries, Privileges and Procedures) Act 2013.

Visitors

154. Introduction of visitors by members: Press

Visitors may be introduced by members to such places as may be reserved for them by the Ceann Comhairle, and authorised representatives of the Press may be present at sittings of the Dáil, or of a Committee of the whole Dáil.³⁵

155. Exclusion of visitors and Press representatives in emergency

In case of special emergency, a member of the Government may move, without notice, that all visitors and Press representatives be excluded from the Chamber, and this shall be done by direction of the Ceann Comhairle, with the assent of two-thirds of the members present.³⁶

³⁵ See also S.O. 116

³⁶ See Article 15.8.2° of the Constitution

Oifig an Chléirigh agus Taifid na Dála

156. Cín Lae na Dála

Coimeádfaidh an Cléireach cuntas ar imeachtaí uile na Dála, nó an Choiste den Dáil uile, agus nuair a bheidh miontuairiscí na n-imeachtaí léite agus sínithe ag an gCeann Comhairle beidh siad ina gCín Lae ar Imeachtaí na Dála agus clóbhuailfear ansin iad.

157. Taifid agus scríbhinní a choimeád

Coimeádfaidh an Cléireach gach Cín Lae ar Imeachtaí, agus gach taifead nó scríbhinn eile leis an Dáil, agus ní dhéanfaidh sé nó sí ná ní cheadóidh sé nó sí aon Chín Lae ar na hImeachtaí ná aon taifid ná scríbhinní den sórt sin a thabhairt amach as an Seomra nó na hoifigí, gan cead nó Ordú sainráite ón Dáil, ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt sna Buan-Orduithe seo: Ach má bhíonn an Dáil curtha ar athló go ceann aon tréimhse is faide ná seachtain, féadfaidh an Ceann Comhairle an cead sin a thabhairt agus tuairisceoidh sé nó sí é sin don Dáil ar theacht le chéile arís di.

158. Ceannas ar fhoireann na Parlaiminte

Is ag an gCléireach a bheidh stiúradh agus rialú na n-oifigeach agus na comhfhoirne uile, faoi réir cibé orduithe a gheobhaidh sé nó sí, ó am go ham, ón gCeann Comhairle, nó ón Dáil.

159. An Cléireach as láthair

Nuair a bheidh an Cléireach as láthair comhlíonfaidh nó oibreoidh an Leas-Chléireach, a mhéid a cheadaítear sin leis an dlí, gach dualgas a chuirtear ar an gCléireach, agus gach cumhacht a thugtar dó nó di, leis na Buan-Orduithe seo nó leis an dlí.

160. An Cléireach agus an Leas-Chléireach as láthair

Má bhíonn an Cléireach agus an Leas-Chléireach as láthair, féadfaidh an Ceann Comhairle duine de chomhfhoireann Thithe an Oireachtais a cheapadh, de thuras na huaire, chun na dualgais a chomhlíonadh agus na cumhachtaí a oibriú a chuirtear ar an gCléireach agus a thugtar dó nó di leis na Buan-Orduithe seo.

Doiciméid (Scríbhinní) Oifigiúla, Páipéir Phríobháideacha agus Cumarsáidí Rúnda

161. Doiciméid (scríbhinní) oifigiúla agus páipéir phríobháideacha

(1) Mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt:

Office of Clerk and Records of the Dáil

156. Journal of the Dáil

All proceedings of the Dáil, or of the Committee of the whole Dáil, shall be noted by the Clerk, and the minutes of proceedings after being perused and signed by the Ceann Comhairle shall constitute the Journal of the Proceedings of the Dáil which shall then be printed.

157. Custody of records and documents

The Clerk shall have custody of all Journals of Proceedings, records, or other documents belonging to the Dáil, and he or she shall neither take nor permit to be taken any such Journals of Proceedings, records or documents from the Chamber or offices, without the express leave or Order of the Dáil, except as otherwise provided for in these Standing Orders: Provided, however, that in the event of the Dáil being adjourned for any period longer than a week, such leave may be given by the Ceann Comhairle who shall report the same to the Dáil upon its reassembling.

158. Control over Parliamentary staff

The Clerk shall have the direction and control over all the officers and joint staff, subject to such orders as he or she may, from time to time, receive from the Ceann Comhairle, or the Dáil.

159. Absence of Clerk

All the duties devolved upon, and all the powers conferred upon, the Clerk by these Standing Orders or by law, shall in his or her absence and to the extent permitted by law, be performed or exercised by the Clerk-Assistant.

160. Absence of Clerk and Clerk-Assistant

If both the Clerk and the Clerk-Assistant be absent, the Ceann Comhairle may appoint, for the time being, a member of the joint staff of the Houses of the Oireachtas to perform the duties devolved upon, and exercise the powers conferred upon the Clerk by these Standing Orders.

Official Documents, Private Papers and Confidential Communications

161. Official documents and private papers

(1) Unless the context otherwise requires:

BUAN-ORDUITHE

- (a) ciallaíonn “doiciméad oifigiúil” (dá ngairtear “scríbhinn oifigiúil” in Airteagal 15.10 de Bhunreacht na hÉireann) i mBuan-Ordú 162 doiciméad oifigiúil chun críocha an Bhuan-Ordaithe sin, agus ciallaíonn sé i mBuan-Ordú 164 doiciméad oifigiúil mar a mhínítear é in alt 112(1) d’Acht 2013;
 - (b) folaíonn aon tagairt do Bhuan-Ordú 162 tagairt do Sceideal 1 a ghabhann leis na Buan-Orduithe seo;
 - (c) ciallaíonn “páipéar príobháideach” i mBuan-Ordú 163 páipéar príobháideach chun críocha an Bhuan-Ordaithe sin;
 - (d) ciallaíonn “Acht 2013” sa Bhuan-Ordú seo agus i mBuan-Orduithe 164 agus 165 an tAcht um Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta), 2013; agus
 - (e) i mBuan-Ordú 163 agus i Sceideal 1 a ghabhann leis na Buan-Orduithe seo, ciallaíonn “sealbhóir oifige” an Taoiseach, an Tánaiste, Aire den Rialtas, Aire Stáit, nó comhalta arb é nó í an tArd-Aighne.
- (2) Ní tharscaoilfidh cosaint arna tabhairt i dtaobh doiciméid le Buan-Ordú 162 nó 163 nó dá bhua teidlíocht aon duine, ná ní dhéanfaidh sí dochar do theidlíocht aon duine (lena n-áirítear an Dáil nó aon cheann dá Coistí) aon phribhléid nó díolúine eile a agairt, mar shampla, pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil nó díolúine maidir le leas an phobail, a fhéadfaidh a bheith ag gabháil, nó a bhféadfar an argóint a dhéanamh ina leith í a bheith ag gabháil, leis an doiciméad.
- (3) I Sceideal 1 a ghabhann leis na Buan-Orduithe seo, ciallaíonn “oifigeach don Dáil” an Ceann Comhairle, an Leas-Cheann Comhairle, aon Chathaoirleach sealadach, an Cathaoirleach nó an Leas-Chathaoirleach ar aon Choiste den Dáil, an Cléireach, agus an Leas-Chléireach, agus an Cléireach d’aon Choiste den Dáil, agus pléifear le haon ní arna dhéanamh ag duine éigin nó maidir le duine éigin ar fhoireann de chuid comhalta i gcáil an duine sin mar chomhalta foirne den sórt sin mar ní a bheidh déanta ag an gcomhalta nó maidir leis an gcomhalta.
- (4) Ní foláir plé le doiciméad, is doiciméad oifigiúil chun críocha Bhuan-Ordú 162 nó is páipéar príobháideach chun críocha Bhuan-Ordú 163, ar mhodh rúin, agus ceanglaítear leis na Buan-Orduithe seo é a choimeád ar mhodh rúin.
- (5) I mBuan-Orduithe 162 agus 163, tá de bhrí le “doiciméad” an míniú atá in alt 2(1) d’Acht 2013, agus bainfidh sé le cóip den doiciméad in aon ghaireacht.

STANDING ORDERS

- (a) an “official document” in Standing Order 162 means an official document for the purposes of that Standing Order, and in Standing Order 164 means an official document as defined in section 112(1) of the 2013 Act;
 - (b) any reference to Standing Order 162 includes a reference to Schedule 1 to these Standing Orders;
 - (c) a “private paper” in Standing Order 163 means a private paper for the purposes of that Standing Order;
 - (d) the “2013 Act” in this Standing Order and in Standing Orders 164 and 165 means the Houses of the Oireachtas (Inquiries, Privileges and Procedures) Act 2013; and
 - (e) in Standing Order 163 and Schedule 1 to these Standing Orders “office-holder” means the Taoiseach, the Tánaiste, a Minister of the Government, a Minister of State, or a member who is the Attorney-General.
- (2) The conferral of protection on a document by or by virtue of Standing Order 162 or 163 does not waive or prejudice the entitlement of any person (including the Dáil or any of its Committees) to invoke any other privilege or immunity, for example, legal professional privilege or public interest immunity, that may attach, or may arguably attach, to the document.
- (3) In Schedule 1 to these Standing Orders, an “officer of the Dáil” means the Ceann Comhairle, the Leas-Cheann Comhairle, any temporary Cathaoirleach, the Cathaoirleach or Leas-Chathaoirleach of any Committee of the Dáil, the Clerk, and the Clerk-Assistant, and the Clerk of any Committee of the Dáil, and anything done by or to some person on a member’s staff in that person’s capacity as such is to be treated as having been done by or to the member.
- (4) A document which is an official document for the purposes of Standing Order 162 or a private paper for the purposes of Standing Order 163, must be treated as confidential, and is required by these Standing Orders to be kept confidential.
- (5) In Standing Orders 162 and 163 “document” imports the definition contained in section 2(1) of the 2013 Act, and extends to a copy of the document at any remove.

162. Doiciméid (scríbhinní) oifigiúla agus an Bunreacht

- (1) Déantar an Buan-Ordú seo d'fhonn éifeacht a thabhairt d'Airteagal 15.10 den Bhunreacht a mhéid a dhéanann sé foráil maidir le doiciméid (scríbhinní) oifigiúla na Dála a chosaint (a dhídean).
- (2) Chun críche an Bhuan-Ordaithe seo, is éard iad doiciméid oifigiúla na doiciméid go léir atá i gcoimeád na Dála nó Coiste den Dáil, nó ar leis an Dáil nó Coiste den Dáil iad, nó atá faoina rialú ag an Dáil nó ag Coiste, agus:
 - (a) a ullmhófar nó a ullmhaíodh d'fhonn aon ghnó de chuid na Dála nó de chuid Coiste den sórt sin a dhéanamh, nó chun críocha a bheidh teagmhasach leis an gcéanna,
 - (b) a chruthófar nó a cruthaíodh leis na Buan-Orduithe seo nó dá mbun, nó le hOrdú nó le hordachán den Dáil nó de Choiste den sórt sin nó dá bhun,
 - (c) a thabharfar nó a tugadh i bhfianaise don Dáil nó do Choiste den sórt sin, nó
 - (d) a thabharfar nó a tugadh ar aird don Dáil nó do Choiste den sórt sin, nó a chuirfear nó a cuireadh faoi bhráid na Dála nó Coiste den sórt sin:

murar leagadh an doiciméad, nó mura bhfuil sé le leagan faoi láthair, faoi bhráid na Dála nó murar cuireadh é, nó mura bhfuil sé le cur faoi láthair, go dleathach ar shlí eile sa réimse poiblí.

- (3)
 - (a) Pléifear leis na hearnálacha doiciméad sa Sceideal 1 a ghabhann leis na Buan-Orduithe seo, faoi réir fhomhír (d) den mhír seo, mar dhoiciméid a thagann faoi réim mhír (2)(a) nó (2)(b).
 - (b) Féadfaidh an Coiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú, faoi réir an Bhuan-Ordaithe seo, earnálacha eile doiciméad a ainmniú a bpléifear leo mar dhoiciméid a thagann faoi réim mhír (2)(a) nó (2)(b) agus féadfaidh an Coiste sin, aon tráth, an t-ainmniú sin a athrú nó a chúlghairm.
 - (c) Ní foláir aon ainmniú, aon athrú nó aon chúlghairm dá dtagraítear i bhfomhír (b) den mhír seo a fhoilsiú a luaithe is indéanta tar éis a dhéanta nó a déanta.
 - (d) Maidir le doiciméid a thairgfear do Chléireach Coiste den Dáil ach a ndiúltóidh an Coiste iad a ghlacadh, agus doiciméid a thabharfar do Choiste den sórt sin ach a bheidh scortha, le breith ón gCoiste de réir reachta, de bheith ina ndoiciméid de chuid an Choiste sin, ní doiciméid oifigiúla iad agus pléifear leo mar dhoiciméid nach raibh riamh ina ndoiciméid oifigiúla, mura gcáileoidh siad ar fhoras éigin eile.

162. Official documents and the Constitution

- (1) This Standing Order is made for the purposes of giving effect to Article 15.10 of the Constitution in so far as it provides for the protection of the official documents of the Dáil.
- (2) For the purpose of this Standing Order, official documents are all documents in the custody of, or belonging to, the Dáil or a Committee of the Dáil, or over which the Dáil or Committee exercises control, and which:
 - (a) are or have been prepared for the purposes of, or purposes incidental to, transacting any business of the Dáil or of such a Committee,
 - (b) are or have been created by or pursuant to these Standing Orders, or to an Order or direction of the Dáil or of such a Committee,
 - (c) are or have been given in evidence to the Dáil or to such a Committee, or
 - (d) are or have been presented or submitted to the Dáil or to such a Committee:

unless the document has been, or is presently to be, laid before the Dáil or has been, or is presently to be, otherwise lawfully placed in the public domain.

- (3)
 - (a) The categories of documents in Schedule 1 to these Standing Orders are, subject to subparagraph (d) of this paragraph, to be treated as falling within the scope of paragraph (2)(a) or (2)(b).
 - (b) The Committee on Parliamentary Privileges and Oversight may, subject to this Standing Order, designate other categories of documents that are to be treated as falling within paragraph (2)(a) or (2)(b), and may at any time vary or revoke that designation.
 - (c) Any designation, variation, or revocation referred to in subparagraph (b) of this paragraph must be published as soon as practicable after it is made.
 - (d) Documents proffered to the Clerk of a Committee of the Dáil but which the Committee declines to receive, and documents given to such a Committee but which have ceased by decision of the Committee in accordance with statute to be documents of that Committee, are not, and are to be treated as never having been, official documents, unless they qualify on some other ground.

BUAN-ORDUITHE

- (4) Ní thabharfaidh an Cléireach rochtain ar dhoiciméad oifigiúil, ná ní cheadóidh sé nó sí doiciméad oifigiúil a nochtadh, mura rud é go mbeidh, agus a mhéid a bheidh, foráil déanta le haghaidh na rochtana sin nó an nochtana sin i mír (5) nó (6) nó faoi mhír (5) nó (6), nó ar shlí eile sna Buan-Orduithe seo nó fúthu.
- (5) (a) Féadfar rochtain ar dhoiciméad oifigiúil sonraithe nó ar dhoiciméid oifigiúla shonraithe a thabhairt, nó féadfar a nochtadh a cheadú, aon tráth, cibé acu i gcoitinne nó chun críche sonraí, agus cibé acu gan choinníoll nó ar théarmaí arna gcinneadh:
- (i) le Rún ón Dáil; nó
 - (ii) ag an gCoiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú thar ceann na Dála.
- (b) Dá ndéanfaí an Dáil a chur ar athló go ceann aon tréimhse is faide ná seachtain, féadfaidh an Ceann Comhairle an fheidhm is infheidhmithe ag an gCoiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú nó ag an Dáil faoi fhomhír (a) a fheidhmiú agus ní foláir don Cheann Comhairle tuairisc a thabhairt don Dáil, ar í a ationól, ina luafar go ndearna sé nó sí amhlaidh.
- (c) Ní foláir don Choiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú, don Dáil nó don Cheann Comhairle, i bhfeidhmiú a gcumhachtaí dóibh faoi fhomhír (a) nó (b), aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas:
- (i) a mhéid a bhaineann an doiciméad nó na doiciméid le ní a mbaineann tábhacht phoiblí leis nó a bhaineann le leas an phobail;
 - (ii) cearta agus leasanna aon duine dá ndéantar difear; agus
 - (iii) aon imthosca iomchuí eile.
- (6) (a) Maidir le deonú rochtana ar dhoiciméad oifigiúil, nó nochtadh doiciméid oifigiúil, do Choimisiún Thithe an Oireachtais nó dá fhoireann, ag an Dáil nó ag Coiste den Dáil nó thar a ceann nó thar a cheann, d'fhonn a chumasú don Choimisiún sin nó do Sheirbhís Thithe an Oireachtais a fheidhmeanna reachtúla nó a feidhmeanna reachtúla a chomhall:
- (i) ní gá aon toiliú dá bhforáiltear i mír (5) nó fúithi, aon chead nó Ordú faoi Bhuan-Ordú 157, ná aon cheadú eile faoi na Buan-Orduithe seo, cibé slí ar a dtuairiscítear é, lena aghaidh,
 - (ii) ní dhéantar leis an doiciméad a chur sa réimse poiblí ná cur isteach ar shlí eile ar rúndacht an doiciméid, ná

STANDING ORDERS

- (4) The Clerk must not afford access to, or allow disclosure of, an official document unless, and to the extent that, that access or disclosure is provided for in or under paragraph (5) or (6) or otherwise in or under these Standing Orders.
- (5) (a) At any time, access to a specified official document, or specified official documents, may be afforded, or disclosure of it or them allowed, whether generally or for a specific purpose, and whether unconditionally or on terms:
 - (i) by Resolution of the Dáil; or
 - (ii) by the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight on behalf of the Dáil.
- (b) Should the Dáil be adjourned for any period longer than a week, the function exercisable by the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight or the Dáil under subparagraph (a) may be exercised by the Ceann Comhairle who must report his or her having done so to the Dáil once it reassembles.
- (c) The Committee on Parliamentary Privileges and Oversight, the Dáil, or the Ceann Comhairle must, in exercising their powers under subparagraph (a) or (b), have regard to:
 - (i) the extent to which the document or documents relates or relate to a matter of public importance or public interest;
 - (ii) the rights and interests of any person affected; and
 - (iii) any other relevant circumstances.
- (6) (a) The grant of access to, or the disclosure of, an official document afforded by or on behalf of the Dáil or a Committee of the Dáil, to the Houses of the Oireachtas Commission or its staff, for the purpose of enabling either that Commission or the Houses of the Oireachtas Service to discharge its statutory functions:
 - (i) does not require any consent provided for in or under paragraph (5), any leave or Order under Standing Order 157, or any other permission under these Standing Orders however described;
 - (ii) does not place the document in the public domain, or otherwise impinge on its confidentiality; and

BUAN-ORDUITHE

- (iii) ní bhaineann sé den doiciméad an stádas atá aige mar dhoiciméad oifigiúil.
- (b) Aon chomhalta a bhfuil seilbh nó rochtain aige nó aici ar dhoiciméad oifigiúil de réir na mBuan-Orduithe seo nó le húdarás dleathach eile, féadfaidh sé nó sí, gan aon toiliú dá bhforáiltear i mír (5) nó fúithi, nó dá bhforáiltear ar shlí eile sna Buan-Orduithe seo nó fúthu, an doiciméad oifigiúil a úsáid chun aon ghnó de chuid na Dála, nó de chuid Coiste den Dáil, a dhéanamh, nó chun críocha atá teagmhasach leis an gcéanna, más úsáid de shórt a luaitear sna Buan-Orduithe seo an úsáid sin, agus sin fiú amháin má thagann an doiciméad isteach sa réimse poiblí dá thoradh sin.
- (7) Maidir leis an gcead nó leis an ordú a luaitear i mBuan-Ordú 157, ní dheonófar ná ní dhéanfar é i leith doiciméad oifigiúil ach amháin de réir an Bhuan-Ordaithe seo.
- (8) Ní dhéanfaidh comhalta, ach amháin mar a fhoráiltear i mír (5) nó (6) nó faoin gcéanna, nó ar shlí eile sna Buan-Orduithe seo nó fúthu, aon doiciméad oifigiúil nó lánas an doiciméid sin a nochtadh go poiblí. Is mí-úsáid pribhléide *prima facie* é aon chomhalta do nochtadh, de shárú ar an mír seo, doiciméad oifigiúil nó a lánais.
- (9) (a) Maidir le doiciméid atá i gcoimeád dhá Theach an Oireachtais, nó Comhchoiste, nó ar le dhá Theach an Oireachtais, nó le Comhchoiste, iad, nó ar a bhfeidhmíonn an dá Theach nó Comhchoiste rialú, bainfidh cosaint an Bhuan-Ordaithe seo leo, ar choinníoll go bhfuil contrapháirt i mBuan-Orduithe an tSeanaid do na téarmaí den Bhuan-Ordú seo lena dtugtar an chosaint sin.
- (b) Féadfar deonú rochtana ar dhoiciméad oifigiúil a thuairiscítear i bhfomhír (a) a cheadú nó a thabhairt, nó nochtadh an chéanna a cheadú nó a thabhairt, más rud é:
- (i) go bhfuil contrapháirt i mBuan-Orduithe an tSeanaid don fhoráil den Bhuan-Ordú seo chun an rochtain sin a thabhairt nó an nochtadh sin a cheadú; agus
- (ii) más gá toiliú dá bhforáiltear i mír (5) nó fúithi, nó ar shlí eile sna Buan-Orduithe seo nó fúthu, le haghaidh na rochtana nó an nochtadh sin, go ndeonóidh an dá Theach comhthoilithe.

163. Páipéir phríobháideacha agus an Bunreacht

- (1) Déantar an Buan-Ordú seo chun éifeacht a thabhairt d’Airteagal 15.10 den Bhunreacht a mhéid a dhéantar foráil leis maidir le páipéir phríobháideacha comhaltaí a chosaint (a dhídean).

STANDING ORDERS

- (iii) does not deprive the document of its status as an official document.
 - (b) A member who has possession of, or access to, an official document in accordance with these Standing Orders or by other lawful authority may use, without any consent provided for in or under paragraph (5) or otherwise in or under these Standing Orders, the official document for the purposes of, or purposes incidental to, transacting any business of the Dáil or of a Committee of the Dáil, once that use is contemplated by these Standing Orders, and even if the document comes into the public domain as a result.
- (7) The leave or Order contemplated by Standing Order 157 must not in respect of an official document be granted or made other than in accordance with this Standing Order.
- (8) A member must not, except as provided for in or under paragraph (5) or (6) or otherwise in or under these Standing Orders, disclose in public any official document or the contents of that document. Disclosure by any member, in breach of this paragraph, of an official document or its contents, is *prima facie* an abuse of privilege.
- (9) (a) This Standing Order's protection extends to documents in the custody of, or belonging to, both Houses of the Oireachtas or a Joint Committee, or over which both Houses or a Joint Committee exercise control, provided that the terms of this Standing Order affording that protection have a counterpart in the Standing Orders of the Seanad.
- (b) The grant of access to, or disclosure of, an official document described in subparagraph (a) may be allowed or afforded where:
- (i) the provision in this Standing Order for affording that access or allowing that disclosure has a counterpart in the Standing Orders of the Seanad; and
 - (ii) if consent provided for in or under paragraph (5) or otherwise in or under these Standing Orders is required for that access or disclosure, concurring consents are granted by both Houses.

163. Private papers and the Constitution

- (1) This Standing Order is made for the purposes of giving effect to Article 15.10 of the Constitution in so far as it provides for the protection of the private papers of members.

BUAN-ORDUITHE

- (2) Chun críche an Bhuan-Ordaithe seo, is éard iad páipéir phríobháideacha comhalta na doiciméid go léir a bhfuil súil réasúnach ag an gcomhalta ina leith gur páipéir phríobháideacha iad, agus:
 - (a) a ullmhaítear chun na gcríoch seo a leanas, nó chun críoch atá teagmhasach leo:
 - (i) aon ghnó de chuid na Dála, nó aon Choiste den Dáil, a dhéanamh, nó
 - (ii) ról an chomhalta mar ionadaí poiblí;
 - (b) ach:
 - (i) i gcás inar sealbhóir oifige an comhalta, nach doiciméid a bhaineann le feidhmeanna an chomhalta mar shealbhóir oifige (cibé acu atá na doiciméid sin á sealbhú ag an gcomhalta, ag Roinn nó Oifig an tsealbhóra oifige, ag aon duine dá chomhairleoirí speisialta nó dá chomhairleoirí speisialta, nó ag duine éigin eile); ná
 - (ii) nach bhfuil sa réimse poiblí go dleathach.
- (3) Folaíonn tagairt do chomhalta sa Bhuan-Ordú seo:
 - (a) de réir mar is féidir sa chomhthéacs, iarchomhalta ina cháil nó ina cáil mar iarchomhalta, agus
 - (b) de réir mar a éilíonn an comhthéacs, comhalta éagtha, mar aon lena sheiceadóirí nó lena seiceadóirí nó lena riarthóirí ina gcáil mar sheiceadóirí nó riarthóirí.
- (4) Beidh comhalta i dteideal diúltú d'iarraidh ar rochtain ar aon cheann dá pháipéir phríobháideacha, nó dá pháipéir phríobháideacha, nó ar an gcéanna a nochtadh, agus más chuig an Dáil, chuig aon cheann dá coistí, nó chuig an gCléireach a dhéantar an iarraidh ar an gcéad ásc, ní foláir don Chléireach diúltú don iarraidh agus a chur in iúl gan mhoill don chomhalta go ndearnadh an iarraidh.
- (5) Ní dhéanfaidh comhalta páipéar príobháideach aon chomhalta eile nó lánas an pháipéir phríobháidigh sin a nochtadh go poiblí ach amháin le toiliú sainráite an chomhalta eile sin. Is mí-úsáid pribhléide *prima facie* é aon chomhalta do nochtadh, de shárú ar an mír seo, páipéar príobháideach comhalta eile nó a lánais.

164. Doiciméid oifigiúla agus Acht 2013

- (1) Déantar an Buan-Ordú seo chun tuilleadh éifeachta a thabhairt do Chuid 11 d'Acht 2013 i leith dhoiciméid oifigiúla na Dála.

STANDING ORDERS

- (2) For the purpose of this Standing Order, the private papers of a member are all documents concerning which the member has a reasonable expectation of privacy, and:
 - (a) which are prepared for the purposes of, or purposes incidental to:
 - (i) transacting any business of the Dáil or any Committee of the Dáil; or
 - (ii) the member's role as public representative; but
 - (b) which are not:
 - (i) where the member is an office-holder, documents relating to the member's functions as office-holder (whether those documents are held by the member, by the office-holder's Department or Office, by any of his or her special advisers, or by some other person); or
 - (ii) lawfully in the public domain.
- (3) A reference to a member in this Standing Order includes:
 - (a) where the context admits, a former member in his or her capacity as a former member, and
 - (b) where the context requires, a deceased member, as well as his or her executors or administrators in their capacity as executors or administrators.
- (4) A member is entitled to refuse a request for access to, or disclosure of, any of his or her private papers, and if the request is made in the first instance to the Dáil, to any of its Committees, or to the Clerk, the Clerk must refuse the request and without delay inform the member that it has been made.
- (5) A member must not disclose in public the private paper of any other member or the contents of that private paper other than with the express consent of that other member. Disclosure by any member, in breach of this paragraph, of another member's private paper or its contents, is *prima facie* an abuse of privilege.

164. Official documents and the 2013 Act

- (1) This Standing Order is made to give further effect to Part 11 of the 2013 Act in respect of the official documents of the Dáil.

BUAN-ORDUITHE

- (2) Ar an Dáil do cheadú an Bhuan-Ordaithe seo, tá an Coiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú arna cheapadh mar an coiste de chuid Chuid 11 dá bhforáiltear i gCuid 11 d'Acht 2013.
- (3) Féadfaidh an coiste de chuid Chuid 11, aon tráth, uaidh féin nó ar iarratas ó aon chomhalta, ordachán de bhun alt 113(1) d'Acht 2013, ina sonraítear na hearnálacha doiciméad atá le bheith ina ndoiciméid oifigiúla, a thabhairt, a athrú nó a chúlghairm, agus ní foláir aon ordachán, athrú nó cúlghairm den sórt sin a fhoilsiú a luaithis is indéanta tar éis a dhéanta nó a déanta.
- (4) I gcás go bhfuil doiciméad á shealbhú ag an Dáil agus an Seanad i gcomhpháirt, ní doiciméad oifigiúil de cheachtar Teach chun críocha Acht 2013 an doiciméad sin mura bhfuil ordachán i bhfeidhm ó na coistí de chuid Chuid 11 den dá Theach á rá go bhfuil an eárnáil doiciméad lena mbaineann an doiciméad arna hainmniú mar eárnáil doiciméad oifigiúil.
- (5) (a) Féadfaidh an coiste de chuid Chuid 11 breithniú a dhéanamh ar iarratas le haghaidh rochtain ar dhoiciméad oifigiúil nó ar dhoiciméid oifigiúla, nó le haghaidh nochtadh an chéanna, agus féadfaidh sé moladh a dhéanamh don Dáil i leith an iarratais sin.

(b) Féadfaidh an Dáil, faoi réir fhomhír (c), le Rún, toiliú go hiomlán nó go páirteach le harratas den sórt sin, agus is é an Rún sin an toiliú i scríbhinn ón Dáil arna thabhairt de réir na mBuan-Ordaithe seo mar a luaitear le halt 114(1)(a) d'Acht 2013.

(c) Ceanglaítear comhthoilithe i scríbhinn ón dá Theach le haghaidh rochtain ar dhoiciméad oifigiúil den dá Theach nó le haghaidh nochtadh an chéanna.

(d) Féadfaidh toiliú faoi fhomhír (b) a bheith ginearálta nó chun críche sonraí, agus féadfaidh sé a bheith gan choinníoll nó ar théarmaí.

165. Páipéir phríobháideacha, cumarsáidí rúnda agus Acht 2013

- (1) Déantar an Buan-Ordú seo chun tuilleadh éifeachta a thabhairt do Chuid 10 d'Acht 2013 i leith páipéir phríobháideacha agus cumarsáidí rúnda comhalta ar bith.
- (2) Ar an Dáil do cheadú an Bhuan-Ordaithe seo, tá an Coiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú arna cheapadh mar an coiste de chuid Chuid 10 dá bhforáiltear i gCuid 10 d'Acht 2013.
- (3) Féadfaidh an coiste de chuid Chuid 10 treoirlinnte agus prótacail mar a luaitear le halt 108 d'Acht 2013 a ullmhú agus féadfaidh sé a mholadh go ndéanfaidh an Dáil iad a ghlacadh.

STANDING ORDERS

- (2) On the approval of this Standing Order by the Dáil, the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight stands appointed as the Part 11 committee provided for in Part 11 of the 2013 Act.
- (3) The Part 11 committee may at any time, either of its own motion or on application by any member, give, vary, or revoke a direction pursuant to section 113(1) of the 2013 Act specifying the categories of documents which are to be official documents, and any such direction, variation, or revocation must be published as soon as practicable after it is made.
- (4) Where a document is held jointly by the Dáil and the Seanad, that document is not an official document of either House for the purposes of the 2013 Act unless there is in force a direction of the Part 11 committees of both Houses that the category of documents to which the document belongs stands designated as official documents.
- (5)
 - (a) The Part 11 committee may consider an application for access to, or disclosure of, an official document or official documents, and may make a recommendation to the Dáil in respect of that application.
 - (b) The Dáil may, subject to subparagraph (c), by Resolution consent fully or in part to such an application, and that Resolution is the consent in writing of the Dáil given in accordance with these Standing Orders as contemplated by section 114(1)(a) of the 2013 Act.
 - (c) Access to, or disclosure of, an official document of both Houses requires the concurring consents in writing of both Houses.
 - (d) A consent under subparagraph (b) may either be general or for a specific purpose, and may be unconditional or on terms.

165. Private papers, confidential communications and the 2013 Act

- (1) This Standing Order is made to give further effect to Part 10 of the 2013 Act in respect of the private papers and confidential communications of any member.
- (2) On the approval of this Standing Order by the Dáil, the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight stands appointed as the Part 10 committee provided for in Part 10 of the 2013 Act.
- (3) The Part 10 committee may prepare guidelines and protocols as contemplated by section 108 of the 2013 Act and recommend their adoption by the Dáil.

Tuairisc Oifigiúil na nDíospóireachtaí

166. Eisiúint faoi mhaoirseacht an Cheann Comhairle

- (1) Déanfar Tuairisc Oifigiúil ar Dhíospóireachtaí na Dála do gach suí a eisiúint faoi mhaoirseacht an Cheann Comhairle.
- (2) I gcás ina n-iarrfaidh comhalta amhlaidh, ordóidh an Ceann Comhairle ráiteas táblach achomair ina mbeidh eolas staitistiúil a bhainfidh go díreach le hóráid an chomhalta a thabhairt i dTuairisc Oifigiúil na nDíospóireachtaí: Ar choinníoll—
 - (a) go sroichfidh gach ráiteas den sórt sin Eagarthóir na nDíospóireachtaí sula ndéanfar an óráid lena mbaineann sé agus go ndéanfar tagairt dó i gcúrsa na hóráide sin, agus
 - (b) nach faide an ráiteas nó na ráitis sin ná an tríú cuid d'óráid an chomhalta.
- (3) I ndáil le vótáil den Teach, i gcás go n-iarrfaidh comhalta amhlaidh, ordóidh an Ceann Comhairle go ndéanfar míniú gearr an chomhalta ar an tslí inar vótáil sé nó sí nó ar an gcúis ar staon sé nó sí ón vótáil a thabhairt i dTuairisc Oifigiúil na nDíospóireachtaí, ar choinníoll go ndéanfaidh an comhalta an iarraidh sin laistigh de sheachtain amháin ón vótáil.
- (4) Déanfar cóip de Thuairisc Oifigiúil na nDíospóireachtaí, nó aon chuid di, i dteannta gach foilseacháin eile de chuid na Dála, a chur ar fáil do gach Comhalta i bhfoirm leictreonach nó i bhfoirm chlóite nó sa dá fhoirm, de réir mar a mholfaidh an Coiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú don Cheann Comhairle, agus déanfaidh an Ceann Comhairle cinneadh faoin moladh sin, ach amháin go mbeidh na heagraín lena mbaineann mír (6) sa dá fhoirm.
- (5) D'ainneoin mhír (4), ní dhéanfaidh fágáil ar lár aon eiliminte de Thuairisc Oifigiúil na nDíospóireachtaí as an eagrán neamhcheartaithe aon difear dá sheasamh mar fhoilseachán de chuid na Dála.
- (6) Déanfar eagrán ceartaithe de Thuairisc Oifigiúil na nDíospóireachtaí a ullmhú i bhfoirm imleabhar ceangailte ó am go ham de réir mar a chinnefidh an Ceann Comhairle.
- (7) Beidh an ceart eisiach ag an gCeann Comhairle a údarú, más gá, Tuairisc Oifigiúil na nDíospóireachtaí a atáirgeadh i bhfoirm ar bith: Ar choinníoll go bhféadfaidh an Ceann Comhairle, más iomchuí, a ordú agus a údarú do Chléireach na Dála dul i mbun na socruithe is gá agus na socruithe is gá a dhéanamh le tríú páirtithe chun iad a atáirgeadh.

Official Report of Debates

166. Issue under supervision of Ceann Comhairle

- (1) An Official Report of the Debates of the Dáil for each sitting shall be issued under the supervision of the Ceann Comhairle.
- (2) Where a member so requests, the Ceann Comhairle shall direct that a concise tabular statement containing statistical information which is directly relevant to the member's speech be furnished in the Official Report of the Debates: Provided that—
 - (a) each such statement reaches the Editor of Debates prior to the making of the speech to which it relates and is referred to in the course of such speech, and
 - (b) such statement or statements do not exceed one-third of the member's speech in length.
- (3) In relation to a division of the House, where a member so requests, the Ceann Comhairle shall direct that the member's brief explanation for the way in which he or she voted, or for his or her abstention from the vote, be furnished in the Official Report of the Debates, provided that the member makes their request within one week of the division.
- (4) A copy of the Official Report of the Debates, or any part thereof, as well as every other publication of the Dáil, shall be made available to every member either in electronic or printed form or both, as may be recommended by the Committee on Parliamentary Privileges and Oversight to the Ceann Comhairle who shall make a determination on such recommendation, except that the editions to which paragraph (6) applies shall be in both forms.
- (5) Notwithstanding paragraph (4), the exclusion of any element of the Official Report of the Debates from the unrevised edition shall not affect its standing as a publication of the Dáil.
- (6) A revised edition of the Official Report of the Debates shall be prepared in bound volumes, at such periods as the Ceann Comhairle shall determine.
- (7) The Ceann Comhairle shall have the exclusive right to authorise, where necessary, the reproduction, in any form, of the Official Report of the Debates: Provided that the Ceann Comhairle may, where appropriate, direct and authorise the Clerk of the Dáil to enter into and make the necessary arrangements with third parties for their reproduction.

- (8) Gan dochar do ghinearáltacht mhír (5) agus d'ainneoin í a fhágáil ar lár as an eagrán neamhcheartaithe de Thuairisc Oifigiúil na nDíospóireachtaí de réir mhír (4), is é an seasamh a bheidh ag téacs, agus freagra, gach Ceiste, a mbeidh réiltín curtha léi de réir Bhuan-Ordú 51(2) nó a gcuirfear freagra ar fáil ina leith i dThuairisc Oifigiúil na nDíospóireachtaí de réir Bhuan-Ordú 51(3), an seasamh a bheadh aici murach gur fágadh ar lár í amhlaidh.

Imeachtaí a Chraoladh

167. Coinníollacha maidir le craoladh imeachtaí

Go n-údarófar do chraoltóirí náisiúnta, áitiúla agus coigríche craoladh fuaime agus físe a dhéanamh ar imeachtaí na Dála agus a cuid Coistí, agus go n-údarófar iad a chraoladh freisin ar an idirlíon trí mheán an ghréasáin dhomhanda, ach sin faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

- (a) nach ndéanfar taifeadtaí ná sleachta de na himeachtaí a úsáid i gcláir siamsaíochta, i gcláir aoire polaitiúla, i gcraoltaí páirtithe polaitíochta ná in aon chineál fógraíochta ná poiblíochta, seachas i bhfoirm tréiléar do chláir nuachta agus cúrsaí reatha;
- (b) go gcinnteoidh craoltóirí go mbainfidh cothromaíocht pholaitíochta leis an ábhar a úsáideann siad;
- (c) go gceadófar do chraoltóirí, faoi réir cheadú an Chomhchoiste Riaracháin nó Fochoiste de, tuairisciú beo a dhéanamh ar aon mhír gnó ach sin faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:
 - (i) nach gcuirfear isteach ar an mír sin le tráchttaireacht, anailísiú ná agaí tráchtála, agus
 - (ii) nach ndéanfar an mhír sin a athchraoladh go hiomlán ná go páirteach ach amháin mar a cheadaítear sa Bhuan-Ordú seo agus faoi réir a théarmaí;

agus

- (d) go ndéanfar an cóipcheart sa chlosábhar agus san ábhar teilifísithe go léir a dhílsiú don Cheann Comhairle thar ceann Dháil Éireann agus a cuid Coistí.

STANDING ORDERS

- (8) Without prejudice to the generality of paragraph (5) and notwithstanding their exclusion from the unrevised edition of the Official Report of Debates in accordance with paragraph (4), the standing of the text of, and answers to, all Questions which have been distinguished by an asterisk in accordance with Standing Order 51(2) or in respect of which an answer shall be provided in the Official Report of Debates in accordance with Standing Order 51(3) shall be that which would have applied had they not been so excluded.

Broadcasting of Proceedings

167. Conditions on broadcasting of proceedings

The broadcasting on sound and vision of the proceedings of the Dáil and its Committees by national, local and foreign broadcasters, and also on the internet via the world wide web, shall be authorised subject to the following conditions:

- (a) that recordings or extracts of the proceedings shall not be used in programmes of light entertainment, political satire, party political broadcasts or in any form of advertising or publicity, other than in the form of news and current affairs programme trailers;
 - (b) that broadcasters shall ensure political balance in the material they use;
 - (c) that, subject to the approval of the Joint Administration Committee or a sub-Committee thereof, broadcasters may be permitted to carry live coverage of any item of business subject to the following provisos:
 - (i) that such item shall not be interrupted by commentary, analysis or commercial breaks, and
 - (ii) that such item may not be re-broadcast in whole or in part except as permitted in and subject to the terms of this Standing Order;
- and
- (d) that copyright of all audio and televised material shall be vested in the Ceann Comhairle on behalf of Dáil Éireann and its Committees.

Gnó Comhaltaí Príobháideacha

168. Roinnt an ama idir gnó Rialtais agus gnó comhaltaí príobháideacha

- (1) Stopfar gnó Rialtais nó Gnó Príobháideach, de réir mar a bheidh, chun gnó comhaltaí príobháideacha a thógáil ar feadh dhá uair an chloig ar an Máirt agus ar an gCéadaoin, de réir ghnáthchúrsa laethúil an Ghnó mar a mhínítear le Buan-Ordú 34.
- (2) De réir ghnáthchúrsa laethúil an ghnó mar a mhínítear le Buan-Ordú 34, déanfar ceann de na míreanna gnó seo a leanas (a bheidh roghnaithe ag an gCoiste Gnó de bhun Bhuan-Ordaithe 111, 169 nó 187) a thógáil ar feadh tréimhse nach faide ná dhá uair an chloig:
 - (a) an Dara Céim de Bhille arna thionscnamh ag comhalta príobháideach,
 - (b) tairiscint maidir le tuarascáil ó Choiste, nó
 - (c) tairiscint a bhaineann leis an Ordú do Chéim an Choiste de Bhille comhalta phríobháidigh.
- (3) Féadfaidh comhalta den Choiste Gnó, thar ceann an Choiste agus gan fógra a thabhairt, a thairiscint ar an Ord Gnó aon Mháirt nó i dtosach Gnó Poiblí aon Chéadaoin nó Déardaoin, nach stopfar, an lá sin ná le linn na tréimhse a shonrófar sa tairiscint, gnó Rialtais nó Gnó Príobháideach, de réir mar a bheidh, a shonrófar, má bhíonn sé faoi bhreithniú an uair a bheidh socraithe chun gnó comhaltaí príobháideacha a thógáil. Cinnfear tairiscint den sórt sin gan leasú.

169. Billí comhaltaí príobháideacha gach dara Déardaoin

- (1) Féadfaidh aon chomhalta seachas comhalta den Rialtas nó Aire Stáit fógra a thabhairt gur mian leis nó léi Bille a tharraingt anuas lena bhreithniú aon dara Déardaoin, ar Bille é a thionscain sé nó sí agus atá ag an Dara Céim nó ag Ordú don Dara Céim: Ar choinníoll go bhfaighidh an Coiste Gnó an fógra sin tráth nach déanaí ná 11 a.m. an ceathrú lá roimh chruinniú seachtainiúil an Choiste Gnó
- (2) Is é an Coiste Gnó a chinnfidh cén Bille comhaltaí príobháideacha a bheidh le breithniú aon dara Déardaoin.
- (3) Déanfar aon Bhille a bheidh le breithniú aon dara Déardaoin de bhun an Bhuan-Ordaithe seo a chur síos don Dara Céim agus ní thabharfar thar dhá uair an chloig ar fad le haghaidh na díospóireachta ar an tairiscint don dara léamh:

Private Members' Business

168. Allocation of time between Government business and private members' business

- (1) Government business or Private Business, as the case may be, shall be interrupted to take private members' business for two hours on Tuesdays and on Wednesdays, in accordance with the ordinary routine of Business as defined by Standing Order 34.
- (2) In accordance with the ordinary routine of Business as defined by Standing Order 34, one of the following items of business (having been selected by the Business Committee pursuant to Standing Orders 111, 169 or 187) shall be taken for not more than two hours:
 - (a) the Second Stage of a Bill initiated by a private member,
 - (b) a motion for a Committee report, or
 - (c) a motion relating to the Order for Committee Stage of a private member's Bill.
- (3) A member of the Business Committee may move on behalf of the Committee and without notice, on the Order of Business on any Tuesday or at the commencement of Public Business on any Wednesday or Thursday that, on that day or during the period specified in the motion, specified Government business or Private Business, as the case may be, shall not be interrupted if under consideration at the time fixed for taking private members' business. Such motion shall be decided without amendment.

169. Private members' Bills on alternate Thursdays

- (1) Any member other than a member of the Government or Minister of State may give notice that he or she wishes to bring forward for consideration, on an alternate Thursday, a Bill that has been initiated by him or her and is at Second Stage or Order for Second Stage: Provided that such notice shall be received by the Business Committee not later than 11 a.m. on the fourth day preceding the weekly meeting of the Business Committee.
- (2) The private member's Bill to be considered on an alternate Thursday shall be determined by the Business Committee.
- (3) Any Bill to be considered on an alternate Thursday pursuant to this Standing Order shall be set down for Second Stage and the time allowed for the debate on the motion for second reading shall not exceed a period of two hours in the aggregate:

BUAN-ORDUITHE

Ar choinníoll go mbeidh feidhm ag na teorainneacha ama agus ag an ord cainteoirí seo a leanas maidir leis an díospóireacht:

- (a) maidir leis na hóráidí seo a leanas—
 - (i) óráid an chomhalta a thairgfídh an tairiscint don dara léamh ar an mBille, agus
 - (ii) óráid ó chomhalta den Rialtas nó ó Aire Stáit,ní rachaidh siad thar 15 nóiméad i ngach cás;
- (b) ní rachaidh óráid gach comhalta eile ar a nglaofar thar deich nóiméad;
- (c) beidh comhalta den Rialtas nó Aire Stáit, a fhéadfaidh labhairt faoi dhó, i dteideal óráid a thabhairt go díreach roimh an bhfreagra ón tairgtheoir, agus ní rachaidh an óráid sin thar cúig nóiméad;
- (d) beidh an tairgtheoir i dteideal tréimhse nach faide ná deich nóiméad le haghaidh óráid freagartha; agus
- (e) beidh gach comhalta i dteideal a gcuid ama a roinnt.

Grúpaí

170. Grúpaí

- (1) Is éard is grúpa ann comhlacht comhaltaí sa Fhreasúra a fhéadfaidh leas a bhaint as na cearta dá bhforáiltear sna Buan-Orduithe seo i ndáil le grúpaí.
- (2) Cúigear an líon íosta comhaltaí nach foláir a bheith ann chun aitheantas mar ghrúpa a fháil.
- (3) I gcás go ndéanfar comhaltaí de pháirtí polaitíochta cláraithe a thoghadh chun na Dála, gairfear “páirtí” de na comhaltaí tofa sin sna Buan-Orduithe seo, agus tabharfar aitheantas mar ghrúpa do pháirtí den sórt sin go huathoibríoch i gcás go mbeidh cúigear comhaltaí nó níos mó ann.
- (4) Maidir le comhlacht comhaltaí ina mbeidh aon teaghlaim de na hearnálacha comhaltaí seo a leanas—
 - (a) comhaltaí de pháirtí ina bhfuil cúigear comhaltaí nó níos mó,
 - (b) comhaltaí de pháirtí ar lú a líon comhaltaí ná cúigear,

STANDING ORDERS

Provided that the following time limits and sequence of speakers shall apply to the debate:

- (a) the speeches of—
 - (i) the member proposing the motion for the second reading of the Bill, and
 - (ii) a member of the Government or Minister of State,shall not exceed 15 minutes in each case;
- (b) the speech of each other member called upon shall not exceed ten minutes;
- (c) a member of the Government or Minister of State, who may speak twice, shall be entitled to make a speech immediately before the reply by the proposer, which shall not exceed five minutes;
- (d) the proposer shall be entitled to not more than ten minutes for a speech in reply; and
- (e) all members shall be entitled to share their time.

Groups

170. Groups

- (1) A group is a body of members in Opposition who may avail of the rights provided for in these Standing Orders for groups.
- (2) The minimum number of members required to be recognised as a group is five.
- (3) Where members of a registered political party are elected to the Dáil, those elected members are referred to in these Standing Orders as a “party”, and such a party is automatically recognised as a group where it has five members or more.
- (4) A body of members which includes any combination of the following categories of members—
 - (a) members of a party with five members or more,
 - (b) members of a party with fewer than five members,

(c) comhaltaí neamhpháirtí,

féadfar aitheantas mar ghrúpa a thabhairt dó freisin, agus gairfear grúpa teicniúil de.

(5) Ní cead a bheith ar áireamh i ngrúpa—

(i) páirtí ina mbeidh Aire nó Aire Stáit;

(ii) comhalta ar Aire nó Aire Stáit é nó í;

(iii) roinnt comhaltaí de pháirtí ach gan na comhaltaí eile.

(6) Ní cead do chomhalta de ghrúpa teicniúil a bheith ina chomhalta nó ina comhalta de ghrúpa teicniúil eile freisin.

(7) Níl teorainn ar bith leis an líon grúpaí a fhéadfar a aithint i nDáil.

171. Cearta grúpaí: ní cead do chomhaltaí tairbhe a bhaint “faoi dhó”

(1) Tá ag grúpaí na cearta a shanntar dóibh sna Buan-Orduithe seo i ndáil leis na nithe seo a leanas—

(i) Ceisteanna ó Cheannairí,

(ii) Ceisteanna a mbeidh tosaíocht sonraithe dóibh,

(iii) gnó comhaltaí príobháideacha,

(iv) na hóráidí tosaigh maidir leis an tairiscint chun Bille a léamh an dara huair,

(v) an ceart chun ráiteas gairid a dhéanamh i gcoinne moladh ar an Ord Gnó, agus

(vi) cibé cearta eile a thabharfar do ghrúpaí sna Buan-Orduithe seo.

(2) Maidir le páirtí dá dtugtar aitheantas mar ghrúpa go huathoibríoch, agus atá tar éis dul i gcomhcheangal le comhaltaí eile chun grúpa teicniúil a dhéanamh, ní cead dó leas a bhaint ach amháin as na cearta sin a eascraíonn as a chomhaltas de ghrúpa teicniúil.

172. Aitheantas a thabhairt do ghrúpaí: ag scríobh chuig an gCeann Comhairle

(1) Tugtar aitheantas mar ghrúpa go huathoibríoch do pháirtí ina bhfuil cúigear comhaltaí nó níos mó, agus ní gá don pháirtí scríobh chuig an gCeann Comhairle chun aitheantas a fháil.

STANDING ORDERS

- (c) non-party members,
may also be recognised as a group, and shall be referred to as a technical group.
- (5) A group may not include—
 - (i) a party which contains a Minister or Minister of State;
 - (ii) a member who is a Minister or Minister of State;
 - (iii) some of the members of a party but not the others.
- (6) A member of a technical group may not also be a member of another technical group.
- (7) There is no limit on the number of groups which may be recognised in a Dáil.

171. Rights of groups: members may not benefit “on the double”

- (1) Groups have the rights assigned to them in these Standing Orders in relation to—
 - (i) Leaders’ Questions,
 - (ii) Questions nominated for priority,
 - (iii) private members’ business,
 - (iv) the opening speeches on the motion for the second reading of a Bill,
 - (v) the right to make a brief statement opposing a proposal on the Order of Business,
and
 - (vi) such other rights as may be provided for groups in these Standing Orders.
- (2) A party which is automatically recognised as a group, and which has joined with other members to form a technical group, may only avail of those rights arising from its membership of a technical group.

172. Recognition of groups: writing to the Ceann Comhairle

- (1) A party with five members or more is automatically recognised as a group, and need not write to the Ceann Comhairle for recognition.

- (2) Déanfaidh comhaltaí a bheidh ag iarraidh aitheantas a bheith acu mar ghrúpa teicniúil iarraidh i scríbhinn, a bheidh sínithe ag gach duine de na comhaltaí a bheidh ag déanamh na hiarrata, a chur chuig an gCeann Comhairle.

173. Ag dul isteach i ngrúpa

Aithnítear comhalta a bheith curtha le grúpa teicniúil i gcás go síneoidh comhordaitheoir an ghrúpa theicniúil agus an comhalta nua fógra i scríbhinn don Cheann Comhairle á rá sin.

174. Comhalta do scor de bheith ina chomhalta nó ina comhalta de ghrúpa

- (1) Scoirfidh comhalta de bheith ina chomhalta nó ina comhalta de ghrúpa i gcás gur deimhin leis an gCeann Comhairle go bhfuil an comhalta tar éis deireadh a chur le gach baint a bhí aige nó aici leis an ngrúpa.
- (2) I gcás go n-imeoidh comhalta ó pháirtí agus go rachaidh sé nó sí isteach i bpáirtí eile nó, i gcás comhalta neamh-pháirtí, i gcás go rachaidh an comhalta sin isteach i bpáirtí, measfar gur cuid dá pháirtí polaitíochta nua nó dá páirtí polaitíochta nua é nó í chun críocha grúpa, ar choinníoll go mbeidh a chomhaltas nó a comhaltas de réir na rialacha sna Buan-Orduithe seo a bhaineann le comhaltas grúpaí: Ar choinníoll fairis sin go dtabharfar neamhaird ar chomhalta nó ar chomhaltaí a chur le páirtí ar shlí seachas le corrthoghchán nó le hOlltoghchán nuair a bheidh tosaíocht páirtí á cinneadh.

175. Scor de stádas grúpa

- (1) Scoirfidh grúpa teicniúil d'aitheantas mar ghrúpa a bheith aige i gcás go síneoidh aon chomhalta agus gach comhalta de na comhaltaí atá fágtha den ghrúpa fógra i scríbhinn don Cheann Comhairle á rá sin.
- (2) Scoirfidh aon ghrúpa (lena n-áirítear grúpa teicniúil) d'aitheantas mar ghrúpa a bheith aige más deimhin leis an gCeann Comhairle gur lú a líon comhaltaí ná cúigear. I gcás den sórt sin, scríobhfaidh an Ceann Comhairle chuig an ngrúpa á rá sin.
- (3) I gcás gur lú an líon comhaltaí d'iar-ghrúpa (lena n-áirítear grúpa teicniúil) ná cúigear de bharr corrholúntas nó corrholúntais sa Dáil, ní chaillfidh an t-iar-ghrúpa a chearta go dtí go mbeifear ar an eolas faoi thoradh aon chorrthoghcháin iarmhartaigh.
- (4) I gcás gur mian le iar-ghrúpa aitheantas mar ghrúpa a bheith aige athuair, síneoidh gach comhalta dá iar-chomhaltaí fógra i scríbhinn don Cheann Comhairle. Ar choinníoll, más rud é gur de thoradh corrholúntais a cailleadh an stádas grúpa, nach gá an fógra i scríbhinn a chur chuig an gCeann Comhairle ach amháin i gcás grúpa teicniúil. I gcás nach bhfuil san iar-ghrúpa ach aon pháirtí amháin agus go dtoghfar an comhalta nua chun an pháirtí sin, ní gá an fógra i scríbhinn a chur. Ar choinníoll nach dtabharfar aitheantas do ghrúpa, riamh ná i gcás ar bith, i gcás nach mbeidh a chomhaltas de réir

STANDING ORDERS

- (2) Members who seek to be recognised as a technical group shall send a request in writing to the Ceann Comhairle, signed by each of the members making the request.

173. Joining a group

The addition of a member to a technical group is recognised where the coordinator of the technical group and the new member sign a notification in writing to the Ceann Comhairle to that effect.

174. Cessation of membership of a group

- (1) A member ceases to be a member of a group where the Ceann Comhairle is satisfied that the member has severed all connections with the group.
- (2) Where a member leaves a party and joins another, or, in the case of a non-party member, where that member joins a party, he or she is considered part of his or her new political party for group purposes, provided that his or her membership is in compliance with the rules contained in these Standing Orders relating to membership of groups: Provided further that the addition of a member or members to a party otherwise than at a bye-election or a General Election shall be disregarded when determining the precedence of a party.

175. Cessation of group status

- (1) A technical group shall cease to be recognised as a group where any and all of the remaining members of the group sign a notification in writing to the Ceann Comhairle to that effect.
- (2) Any group (including a technical group) ceases to be recognised as a group where the Ceann Comhairle is satisfied that its number has fallen below five. In such a case, the Ceann Comhairle shall write to the group to that effect.
- (3) Where the number of a former group (including a technical group) has fallen below five as a result of a casual vacancy or vacancies in the Dáil, the former group shall not lose its rights until the result of any consequential bye-election is known.
- (4) Where a former group wishes to be recognised again as a group, all of its former members shall sign a notification in writing to the Ceann Comhairle. Provided that where group status was lost as a result of a casual vacancy, the written notification need only be sent to the Ceann Comhairle in the case of a technical group. Where the former group consists only of a single party, and the new member is elected to that party, it is not necessary to send the written notification. Provided always and in any case that a group shall not be recognised where its membership is

na rialacha a leagtar amach sna Buan-Orduithe seo agus a bhaineann le comhaltas grúpaí.

176. Comhaltaí de ghrúpaí do thíolacadh Billí agus do dhéanamh tairiscintí

- (1) Beidh de cheart ag gach grúpa comhalta den ghrúpa a ainmniú chun Bille a thíolacadh ar choinníoll nach mbeidh os comhair na Dála Bille eile arna thíolacadh ag comhalta a bheidh ainmnithe ag an ngrúpa.
- (2) Beidh de cheart ag gach grúpa de réir uainíochta comhalta den ghrúpa a ainmniú chun tairiscint ina ainm nó ina hainm a dhéanamh nó dul ar aghaidh le Céim de Bhille sa Dáil.
- (3) Déanfar an t-ord ina bhféadfaidh na grúpaí éagsúla feidhm a bhaint as an gceart faoi mhír (2) a chinneadh de réir an lín comhaltaí atá sna grúpaí, agus tosach labhartha á thabhairt do ghrúpa is mó ar ghrúpa is lú. I gcás comhlíon comhaltaí, cinnfear an tosaíocht le crannchur: Ar choinníoll go mbeidh tosach labhartha ag grúpa nach bhfuil ann ach páirtí aonair ar ghrúpa teicniúil.

Gnó Comhaltaí Príobháideacha: Teorainn ama le díospóireacht

177. Teorainn ama le díospóireacht

- (1) Ní thabharfar thar dhá uair an chloig ar fad le haghaidh na díospóireachta ar thairiscint ó chomhalta príobháideach, seachas tairiscint a bhainfidh le céim ar bith de Bhille. Nuair a bheidh an tréimhse sin caite, agus mura mbeidh na himeachtaí críochnaithe roimhe sin, cuirfidh an Ceann Comhairle, láithreach, an cheist nó na ceisteanna is gá chun na himeachtaí ar an tairiscint agus ar aon leasú uirthi a chríochnú.
- (2) Ní thabharfar thar cheithre huaire an chloig ar fad, seachas i gcás Bille a roghnófar lena bhreithniú aon dara Déardaoin, na díospóireachta ar an tairiscint don Dara Céim de Bhille a thionscnóidh comhalta príobháideach. Nuair a bheidh an tréimhse sin caite, agus mura mbeidh na himeachtaí críochnaithe, cuirfidh an Ceann Comhairle, láithreach, an cheist nó na ceisteanna is gá chun na himeachtaí ar an tairiscint agus aon leasú uirthi a chríochnú.
- (3) I gcás vótáil a bheith ar siúl ag an am a bheidh socraithe chun gnó comhaltaí príobháideacha a thógáil faoi Bhuan-Ordú 168, déanfar aon am a chaithfear chun an vótáil sin a thógáil a bhaint as na teorainneacha ama atá leagtha amach i míreanna (1) agus (2) den Bhuan-Ordú seo.
- (4) I gcás tairisceana lena mbaineann aon teorainn ama, ní rachaidh óráid an chomhalta a mholfaidh í thar 20 nóiméad, agus beidh an comhalta a rinne an tairiscint, nó cibé comhalta eile, nach mbeidh labhartha cheana aige nó aici, a údaróidh sé nó sí chuige

STANDING ORDERS

not in compliance with the rules set out in these Standing Orders relating to the membership of groups.

176. Presentation of Bills and moving of motions by members of groups

- (1) Each group shall have the right to nominate a member of the group to present a Bill provided that there is not before the Dáil another Bill presented by a member nominated by the group.
- (2) Each group shall have the right in rotation to nominate a member of the group either to move a motion standing in his or her name or to proceed with a Stage of a Bill in the Dáil.
- (3) The order in which the right under paragraph (2) may be exercised by the various groups shall be determined on the basis of the numbers of members in the groups, a larger group having precedence over a smaller one. In the case of an equality of numbers, precedence shall be determined by lot: Provided that a group which consists only of a single party shall have precedence over a technical group.

Private Members' Business: Time limits to debate

177. Time limits to debate

- (1) The time allowed for the debate on a motion proposed by a private member, other than a motion relating to any stage of a Bill, shall not exceed a period of two hours in the aggregate. At the expiration of the said period, if the proceedings have not previously been concluded, the Ceann Comhairle shall put forthwith the question or questions necessary to bring to a conclusion the proceedings on the motion and on any amendment thereto.
- (2) The time allowed for the debate on the motion for the Second Stage of a Bill initiated by a private member shall not exceed a period of four hours in the aggregate, other than a Bill selected for consideration on an alternate Thursday. At the expiration of the said period, if the proceedings have not been concluded, the Ceann Comhairle shall put forthwith the question or questions necessary to bring to a conclusion the proceedings on the motion and any amendment thereto.
- (3) Where a division is in progress at the time fixed for taking private members' business under Standing Order 168, any time which elapses in order to take such division shall be deducted from the time limits set out in paragraphs (1) and (2) of this Standing Order.
- (4) The speech of a member proposing a motion to which any time limit applies shall not exceed 20 minutes, and the member proposing, or such other member who has not already spoken as he or she may authorise in that behalf, shall be entitled to not less

sin, i dteideal 10 nóiméad ar a laghad le haghaidh óráide freagartha; ní rachaidh óráid aon chomhalta eile sa díospóireacht thar 20 nóiméad.

Ar choinníoll go mbeidh na teorainneacha ama agus an t-ord cainteoirí ar thairiscint ó chomhalta príobháideach a bheidh teoranta do dhá uair an chloig, ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt leis na Buan-Orduithe seo, de réir na sealanna cainte a bheidh in Ordú seisiúnach arna cheadú ag an gCoiste um Buan-Orduithe agus Athleasú na Dála;

Ar choinníoll fairis sin go bhféadfaidh grúpa, sa chás go roghnóidh siad gan leas a bhaint as an seal ama Freasúra atá acu, comhaontú a dhéanamh le faighteoir (i.e. grúpa eile nó comhalta aonair), go bhféadfaidh an faighteoir an t-am a úsáid. Tabharfar fógra don Cheann Comhairle roimh am comhaltaí príobháideacha maidir le haon chomhaontú den sórt sin chun am a aistriú, agus ní fhágfaidh aon am breise a gheofar faoin gcoinníoll seo go mbeidh teideal ag comhalta labhairt faoi dhó;

Ar choinníoll fairis sin go mbeidh tosaíocht ag grúpa nach bhfuil ann ach aon pháirtí amháin ar ghrúpa teicniúil.

Billí, Rúin agus Orduithe

178. Nithe a ndéileálfar leo trí Rún nó Ordú a thairiscint, nó trí Bhille

- (1) Aon ní a bheidh le cinneadh ag an Dáil, is trí Rún simplí nó Ordú a thairiscint, nó trí Bhille a thionscnamh, a thabharfar os comhair na Dála é.
- (2) Ar na nithe a bhféadfar déileáil leo le Rún áirítear Buan-Orduithe, an Dáil a chur ar athló, an Ceann Comhairle nó an Leas-Cheann Comhairle a cheapadh nó a chur as oifig, comhbhrón, cáineadh, buíochas agus tuairim a chur in iúl, agus aon ní eile a fhéadfaidh an Dáil, de réir dlí, a chinneadh le Rún simplí.

Féadfaidh an Taoiseach, nó comhalta den Rialtas, ag gníomhú dó nó di thar ceann an Taoisigh, vóta comhbhróin a thairiscint, gan fógra a thabhairt.

- (3) Ar na nithe a bhféadfar déileáil leo le hOrdú áirítear comhaltaí a chur ar fionraí, Coistí a cheapadh, comhaltaí a cheapadh chun Coistí agus comhaltaí a bhaint de Choistí, Billí agus scríbhinní a chlóbhualadh, agus ceisteanna nós imeachta i gcoitinne.
- (4) Ar na nithe a ndéileálfar leo le Billí áirítear gach togra reachtaíochta.

STANDING ORDERS

than 10 minutes for a speech in reply; the speech of any other member in the course of the debate shall not exceed 20 minutes.

Provided that the time limits and sequence of speakers on a motion proposed by a private member which is limited to two hours, save as otherwise provided for in these Standing Orders, shall be in accordance with the speaking slots contained in a sessional Order approved by the Committee on Standing Orders and Dáil Reform;

Provided further that where a group chooses not to avail of their Opposition time slot, they may agree with a recipient (i.e., another group or an individual member), that the recipient may use the time. Any such agreement to transfer time shall be notified to the Ceann Comhairle in advance of private members' time, and any additional time received under this proviso shall not give a member an entitlement to speak twice;

Provided further that a group which consists only of a single party shall have precedence over a technical group.

Bills, Resolutions and Orders

178. Matters dealt with by motion for Resolution or Order, or by Bill

- (1) Any matter for decision by the Dáil shall be brought before it by motion for a simple Resolution or Order, or by the initiation of a Bill.
- (2) The matters that may be dealt with by Resolution shall include Standing Orders, adjournments of the Dáil, appointment or removal of the Ceann Comhairle or the Leas-Cheann Comhairle, expressions of condolence, censure, thanks, and opinion, and any other matter which, by law, the Dáil may decide by simple Resolution.

A vote of condolence may be moved, without notice, by the Taoiseach, or a member of the Government acting for him or her.

- (3) The matters that may be dealt with by Order shall include the suspension of members, appointment of Committees, appointment of members to, and removal of members from, Committees, the printing of Bills and documents, and questions of procedure generally.
- (4) The matters which shall be dealt with by Bills shall include all proposals for legislation.

Ráitis Chomhbhróin

179. Ráitis chomhbhróin

Ag suí den Dáil tar éis d'iarchomhalta den Dáil, do chomhalta den Dáil, do Cheann Stáit, do Phríomh-Aire nó do dhuine eile de stádas comhchosúil d'fháil bháis, féadfar éisteacht a thabhairt do ráitis chomhbhróin de réir socruithe a chomhaontóidh an Teach de thoradh moladh i dtuarascáil an Choiste Gnó faoi Bhuan-Ordú 31.

Billí a Rith

An Chéad Chéim

180. Billí a thionscnamh

- (1) Déanfaidh an Ceann Comhairle téacs gach Bille a thíolacfar nó a bheidh le tabhairt isteach a scrúdú le go mbeidh sé de réir na mBuan-Orduithe agus déanfaidh an Cléireach teideal an Bhille mar aon le gearrthuirisc ar a chuspóir, a d'ullmhaigh tairgtheoir an Bhille agus lenar ghlac an Ceann Comhairle, a fhoilsiú agus fógra ina leith a thabhairt do chomhaltaí de réir Bhuan-Ordú 37, faoi réir mhír (6).
- (2) Féadfaidh comhalta ar bith a thairiscint go dtabharfar cead chun Bille a thabhairt isteach, faoi réir mhír (6). Tabharfaidh an Ceann Comhairle cead don chomhalta sin ráiteas mínitheach a dhéanamh ar an mBille sin nach faide ná cúig nóiméad ar fad.
- (3) Má chuirtear i gcoinne cead chun Bille a thabhairt isteach, tar éis an ráiteas ón gcomhalta a bheidh ag lorg cead, tabharfaidh an Ceann Comhairle cead don chomhalta a chur i gcoinne na tairisceana ráiteas mínitheach a dhéanamh nach faide ná cúig nóiméad ar fad sula gcuirfear an cheist ar an tairiscint sin.
- (4) Má thugtar cead Bille a thabhairt isteach, déanfar Ordú don dara léamh agus clóbhuailefear an Bille.
- (5) Féadfaidh comhalta den Rialtas, Aire Stáit nó comhalta príobháideach a ainmneofar chuige sin faoi Bhuan-Ordú 176(1) Bille a thíolacadh gan cead roimh ré a fháil ón Teach agus clóbhuailefear aon Bhille a thíolacfar amhlaidh agus déanfar Ordú don dara léamh, faoi réir mhír (6).
- (6) I gcás go mbeidh Bille clóbhuaile cheana féin, nó go mbeidh cead tugtha ag an Dáil é a thabhairt isteach, ní cead do chomhalta príobháideach Bille a thíolacadh ná a thairiscint go dtabharfar cead Bille a thabhairt isteach, más é tuairim an Cheann Comhairle gurb ionann a ábhar agus an Bille céadluaite nó go bhfuil a ábhar go substaintiúil de shamhail an Bhille chéadluaite. I gcás go mbeidh scrúdú á dhéanamh

Expressions of Sympathy

179. Expressions of sympathy

At a sitting of the Dáil following the death of a former member of the Dáil, a member of the Dáil, a Head of State, Prime Minister or other person of similar status, expressions of sympathy may be heard in accordance with arrangements agreed by the House further to a recommendation in the report of the Business Committee under Standing Order 31.

Passing of Bills

First Stage

180. Initiation of Bills

- (1) The text of every Bill presented or to be introduced shall be examined by the Ceann Comhairle for compliance with Standing Orders and the title of the Bill and a short description of its purpose, prepared by the proposer and accepted by the Ceann Comhairle, shall be published by the Clerk and notified to members pursuant to Standing Order 37, subject to paragraph (6).
- (2) Any member may move for leave to introduce a Bill, subject to paragraph (6). The Ceann Comhairle shall permit that member to make an explanatory statement thereon not exceeding five minutes in length.
- (3) If a motion for leave to introduce a Bill be opposed, following the statement by the member seeking leave, the Ceann Comhairle shall permit an explanatory statement not exceeding five minutes in length from the member who opposes the motion before putting the question thereon.
- (4) If leave to introduce a Bill is given, an Order shall be made for its second reading and the Bill shall be printed.
- (5) A member of the Government, Minister of State or a private member nominated for the purpose under Standing Order 176(1) may present a Bill without previously obtaining leave of the House and any Bill so presented shall be printed and an Order for its second reading shall be made, subject to paragraph (6).
- (6) Where a Bill has already been printed, or the Dáil has given leave to introduce it, a private member may not present, or move for leave to introduce, a Bill, the content of which, in the opinion of the Ceann Comhairle, is identical or substantially similar to the first-mentioned Bill. Where the Ceann Comhairle is examining Bills for compliance with Standing Orders, and finds that two or more Bills are identical or substantially similar,

ag an gCeann Comhairle ar Bhillí le go mbeidh siad de réir na mBuan-Orduithe agus go bhfionnfaidh sé nó sí gurb ionann dhá Bhille nó níos mó nó go bhfuil dhá Bhille nó níos mó go substaintiúil de shamhail a chéile, is é nó is í an comhalta a thionscain an Bille is túisce a gheobhaidh an Ceann Comhairle an comhalta dá gceadófar é a thíolacadh nó a thairiscint go dtabharfar cead é a thabhairt isteach.

181. Breithniú réamhreachtach ar Bhillí Rialtais agus iad a fhoilsiú

- (1) Tabharfaidh comhalta den Rialtas nó Aire Stáit dréacht-cheannteidil nó scéim ghinearálta Bille beartaithe (dá ngairtear “na ceannteidil/an scéim” sa Bhuan-Ordú seo) don Choiste ag a bhfuil cumhacht faoi Bhuan-Ordú 103 chun Billí arna bhfoilsiú ag an Aire sin a bhreithniú (an “Coiste iomchuí”) chun críocha grinnscrúdaithe réamhreachtaigh (“grinnscrúdú”).
- (2) I gcás nach ndéanfar na ceannteidil/an scéim a sholáthar de bhun mhír (1), agus gur mian leis an Aire an Bille beartaithe a thionscnamh de bhun Bhuan-Ordú 180, déanfaidh sé nó sí tairiscint a chur síos ar fhógra a thabhairt sna téarmaí seo a leanas, agus féadfar an Bille beartaithe a thionscnamh i gcás go gcomhaontóidh an Dáil an tairiscint:

“Go bhféadfar dul ar aghaidh le tionscnamh an [cuir isteach gearrtheideal an Bhille] de bhun Bhuan-Ordú 180 d’ainneoin nach bhfuil dréacht-cheannteidil nó scéim ghinearálta an Bhille tugtha don Choiste ag a bhfuil cumhacht faoi Bhuan-Ordú 103 chun Billí arna bhfoilsiú ag an Aire [cuir isteach teideal an Aire] a bhreithniú.”.

Ar choinníoll nach mbeidh feidhm ag an gceanglas na dréacht-cheannteidil nó an scéim a thabhairt don Choiste maidir leis na Billí seo a leanas:

- (a) an Bille Airgeadais lena dtugtar éifeacht do Rúin Airgeadais arna ndéanamh de bhun an Achta um Bhailiú Shealadach Cánach, 1927 lá an Bhuiséid,
 - (b) an Bille Leasa Shóisialaigh lena dtugtar éifeacht do bhearta lá an Bhuiséid, agus
 - (c) an Bille Leithreasa.
- (3) I gcás go dtabharfaidh Aire na ceannteidil/an scéim do Choiste iomchuí de bhun mhír (1), ní fhéadfar an Bille beartaithe a thionscnamh de bhun Bhuan-Ordú 180 go dtí go mbeidh ocht seachtaine caite ón data ar tugadh na ceannteidil/an scéim, seachas i gcás—
 - (a) go mbeidh grinnscrúdú críochnaithe ag an gCoiste iomchuí agus tuairisc tugtha aige ar an toradh,

STANDING ORDERS

the member sponsoring the Bill first received by the Ceann Comhairle shall be the member permitted to present or move for leave to introduce it.

181. Pre-legislative consideration and publication of Government Bills

- (1) A member of the Government or a Minister of State shall give the draft heads or general scheme of a proposed Bill (in this Standing Order referred to as the “heads/scheme”) to the Committee empowered under Standing Order 103 to consider Bills published by that Minister (the “relevant Committee”) for the purposes of pre-legislative scrutiny (“scrutiny”).
- (2) Where the heads/scheme are not provided pursuant to paragraph (1), and the Minister wishes to initiate the proposed Bill pursuant to Standing Order 180, they shall table a motion on notice in the following terms, and the proposed Bill may be initiated where the Dáil agrees the motion:

“That initiation of the [insert short title of Bill] may proceed pursuant to Standing Order 180 notwithstanding that the draft heads or general scheme of the Bill have not been given to the Committee empowered under Standing Order 103 to consider Bills published by the [insert title of Minister].”

Provided that the requirement to give the heads/scheme to the relevant Committee shall not apply to the following Bills:

- (a) the Finance Bill giving effect to Financial Resolutions made pursuant to the Provisional Collection of Taxes Act 1927 on Budget day,
 - (b) the Social Welfare Bill giving effect to Budget day measures, and
 - (c) the Appropriation Bill.
- (3) Where a Minister gives the heads/scheme to a relevant Committee pursuant to paragraph (1), the proposed Bill may not be initiated pursuant to Standing Order 180 until eight weeks have elapsed from the date the heads/scheme were given, save where—
 - (a) the relevant Committee has completed scrutiny and has reported on the outcome,

BUAN-ORDUITHE

- (b) go mbeidh cinneadh déanta ag an gCoiste iomchuí nach mian leis grinnscrúdú a sheoladh, agus go mbeidh an cinneadh sin tugtha le fios don Aire, nó
- (c) go mbeidh tarscaoileadh faighte ag an Aire de bhun mhír (4).
- (4) Tar éis dó nó di na ceannteidil/an scéim a thabhairt don Choiste iomchuí, agus i gcás nach mbeidh feidhm ag na heisceachtaí i bhfomhíreanna (a) agus (b) de mhír (3), féadfaidh Aire tarscaoileadh a iarraidh chun go gceadófar an Bille beartaithe a thionscnamh sula mbeidh na n-ocht seachtaine a cheanglaítear le mír (3) caite. Faoi réir mhír (7), is chuig an gCoiste iomchuí a dhéanfar iarraidh den sórt sin.
- (5) I gcás go ndiúltóidh Coiste iomchuí iarraidh ar tharscaoileadh arna déanamh de bhun mhír (4), féadfaidh an tAire a iarraidh ar an gCoiste Gnó cinneadh a dhéanamh maidir leis an ní: Ar choinníoll, i gcás go gcinneadh an Coiste Gnó nár chóir grinnscrúdú a tharscaoileadh, go bhféadfadh an tAire tairiscint a chur síos ar fhógra a thabhairt sna téarmaí seo a leanas, agus féadfar an Bille beartaithe a thionscnamh i gcás go gcomhaontóidh an Dáil an tairiscint:
- “Go bhféadfar dul ar aghaidh le tionscnamh an [cuir isteach gearrtheideal an Bhille] de bhun Bhuan-Ordú 180 d’ainneoin nach bhfuil grinnscrúdú réamhreachtach ar an mBille de bhun Bhuan-Ordú 181 tarscaoilte.”*
- (6) Chun críocha an Bhuan-Ordaithe seo, ní dhéanfar tréimhsí sosa na Nollag, na Cásca nó an tsamhraidh a chur san áireamh nuair a bheidh an tréimhse ocht seachtain á ríomh.
- (7) I gcás gur Bille omnibus an Bille beartaithe, lena gcuimsítear réimse beartais dhá roinn Rialtais nó níos mó, féadfar iarraidh ar tharscaoileadh faoi mhír (4) a dhéanamh chuig an gCoiste Gnó ar an gcéad ásc.

Meabhráin Mhíniúcháin

182. Meabhráin mhíniúcháin a sholáthar le haghaidh Billí

Ní chlóbhuailfear Bille ach amháin má bhíonn Meabhrán Míniúcháin ag gabháil leis ina ndéanfar, i dtéarmaí soiléire—

- (a) cuspóir an Bhille a leagan amach i gcomhthéacs an dlí atá ann cheana agus na n-athruithe atá beartaithe sa Bhille, agus
- (b) forálacha an Bhille a mhíniú alt ar alt.

STANDING ORDERS

- (b) the relevant Committee has decided that it does not wish to conduct scrutiny, and has advised the Minister accordingly, or
 - (c) the Minister has received a waiver pursuant to paragraph (4).
- (4) Having given the heads/scheme to the relevant Committee, and where the exceptions contained in subparagraphs (a) and (b) of paragraph (3) do not apply, a Minister may request a waiver to allow the proposed Bill to be initiated before the eight weeks required by paragraph (3) have elapsed. Subject to paragraph (7), such a request for a waiver shall be made to the relevant Committee.
- (5) Where a relevant Committee declines a request for a waiver made pursuant to paragraph (4), the Minister may request the Business Committee to make a determination on the matter: Provided that where the Business Committee determines that scrutiny should not be waived, the Minister may table a motion on notice in the following terms, and the proposed Bill may be initiated before the eight weeks have elapsed where the Dáil agrees the motion:
- “That initiation of the [insert short title of Bill] may proceed pursuant to Standing Order 180 notwithstanding that pre-legislative scrutiny of the Bill pursuant to Standing Order 181 has not been waived.”.*
- (6) For the purposes of this Standing Order, Christmas, Easter and summer recess periods shall not be reckoned in the calculation of the period of eight weeks.
- (7) Where a proposed Bill is of an omnibus nature, encompassing the policy areas of two or more Government departments, a request for a waiver pursuant to paragraph (4) may be made to the Business Committee in the first instance.

Explanatory Memoranda

182. Provision of explanatory memoranda for Bills

A Bill shall be printed only if accompanied by an Explanatory Memorandum which shall, in clear terms—

- (a) set out the purpose of the Bill in the context of existing law and the changes proposed in the Bill, and
- (b) explain the provisions of the Bill on a section-by-section basis.

An Dara Céim

183. An Dara Léamh

- (1) Sa díospóireacht ar an tairiscint, go léifear an Bille an dara huair anois, ní thráchtfar ach ar bhunbhrí an Bhille. Féadfar leasuithe a dhéanamh ar an tairiscint sin—
 - (i) tríd an bhfocal “anois” a ligean ar lár agus na focail “ráithe ó inniu”, nó “sé mhí ó inniu”, nó dáta éigin eile, a chur i ndeireadh na tairisceana;
 - (ii) trí na focail go léir nó cuid de na focail i ndiaidh “Go” a scríosadh agus focail a chur ina n-ionad ag lua cúis éigin speisialta i gcoinne an Bille a léamh an dara huair.
- (2) Mura n-ordóidh an Dáil a mhalairt, ní rachaidh—
 - (i) óráid an chomhalta den Rialtas nó an Aire Stáit a thairgfídh an tairiscint don dara léamh ar an mBille,
 - (ii) óráid an phríomhurlabhraí a ainmneoidh gach ceann de na grúpaí, mar a mhínítear i mBuan-Ordú 170, ná
 - (iii) óráid comhalta arb é nó í Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach an Choiste a cheapfar chun Billí a bhreithniú i leith na Roinne Rialtais iomchuí, nó comhalta den Choiste a ainmneofar ina ionad nó ina hionad, ag labhairt dó nó di i ndáil le breithniú réamhrechtach an Choiste sin ar an mBille,

thar 20 nóiméad: Ar choinníoll, i gcás gurb é tuairim an Choiste Gnó gur ceart, i leith Bille áirithe, an t-am le haghaidh gach óráide sa chéad bhabhta sin a fhadú de mhéid áirithe, go n-áireoidh sé togra chuige sin ina thuarascáil faoi Bhuan-Ordú 31(3).

Ní rachaidh óráid aon chomhalta eile i gcúrsa na díospóireachta thar 20 nóiméad.

Ar choinníoll go mbeidh tosach labhartha, chun críocha an Bhuan-Ordaithe seo, ag grúpa nach bhfuil ann ach aon pháirtí amháin ar ghrúpa teicniúil;

Ar choinníoll fairis sin, maidir le comhalta arb é nó í Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach an Choiste a cheapfar chun Billí a bhreithniú i leith na Roinne Rialtais iomchuí, nó comhalta den Choiste a ainmneofar ina ionad nó ina hionad, nach bhféadfaidh sé nó sí óráid a thabhairt de bhun fhomhír (iii) ach amháin i gcás go mbeidh breithniú réamhrechtach déanta ar an mBille faoi Bhuan-Ordú 181. Ar choinníoll fairis sin nach bhfágfaidh an óráid sin go mbeidh cosc ar an gcomhalta sin óráid eile a thabhairt i gcáil phearsanta le linn na díospóireachta;

Second Stage

183. Second Reading

- (1) The debate on the motion, that the Bill be now read a second time, shall be confined to the general principle of the Bill. Amendments may be made to this motion—
 - (i) by omitting the word “now” and adding at the end of the motion the words “this day three months”, or “this day six months”, or some other date;
 - (ii) by deleting all or some of the words after “That” and substituting words which state some special reason against the second reading of the Bill.
- (2) Unless the Dáil shall otherwise order, the speech of—
 - (i) the member of the Government or Minister of State proposing the motion for the second reading of the Bill,
 - (ii) the main spokesperson nominated by each of the groups, as defined in Standing Order 170, and
 - (iii) a member who is the Cathaoirleach or Leas-Chathaoirleach of the Committee appointed to consider Bills in respect of the relevant Government Department, or a member of the Committee nominated in their stead, speaking in relation to that Committee’s pre-legislative consideration of the Bill,

shall not exceed 20 minutes: Provided that where the Business Committee is of the opinion that in respect of a particular Bill, the time for each speech in this first round should be extended by a certain amount, it shall include a proposal to that effect in its report under Standing Order 31(3).

The speech of any other member in the course of the debate shall not exceed 20 minutes.

Provided that for the purposes of this Standing Order a group which consists only of a single party shall have precedence over a technical group;

Provided further that a member who is the Cathaoirleach or Leas-Chathaoirleach of the Committee appointed to consider Bills in respect of the relevant Government Department, or a member of the Committee nominated in their stead, may only make a speech pursuant to subparagraph (iii) where the Bill has been the subject of pre-legislative consideration under Standing Order 181. Provided further that such contribution shall not preclude a further contribution in a personal capacity by that member in the course of the debate;

Ar choinníoll fairis sin, i gcás go dtagann Bille Rialtais faoi réim Airteagail 127(4) agus 282(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus dá bhrí sin go gceanglaítear comhchomhairliúcháin a dhéanamh leis an mBanc Ceannais Eorpach, go ndéanfar toradh an chomhchomhairliúcháin leis an mBanc a thuairisciú don Dáil i gcúrsa óráid Dara Céim an chomhalta iomchuí den Rialtas nó an Aire Stáit: Ar choinníoll fairis sin, mura dtabharfar an tuarascáil i gcúrsa na hóráide sin, go bhféadfaidh an comhalta iomchuí den Rialtas nó an tAire Stáit tuarascáil ina mbeidh toradh an chomhchomhairliúcháin a leagan faoi bhráid na Dála;

Ar choinníoll fairis sin go mbeidh comhalta den Rialtas nó Aire Stáit, nó cibé comhalta eile a údaróidh sé nó sí chuige sin, i dteideal freisin tréimhse nach giorra ná 15 nóiméad, agus nach faide ná 30 nóiméad, le haghaidh óráid freagartha.

Billí comhaltaí príobháideacha: grinnscrúdú roimh Chéim an Choiste

184. I gcás go mbeidh an dara léamh de Bhille comhalta phríobháidigh rite

Cuirfidh Cléireach na Dála faoi deara fógra, á rá gur léadh Bille comhalta phríobháidigh an dara huair, a chur—

- (a) chuig Cléireach an Roghchoiste iomchuí arna cheapadh de bhun Bhuan-Ordú 103 (dá ngairtear an “Coiste iomchuí” sna Buan-Orduithe seo),
- (b) chuig an gComhalta a bheidh i mbun an Bhille, agus
- (c) chuig an gComhalta den Rialtas ar faoi réim a chúraim beartais nó a cúraim beartais a thagann an Bille.

185. Coistí do dhéanamh grinnscrúdú ar Bhillí comhaltaí príobháideacha a mbeidh an dara léamh díobh rite

(1) Más rud é—

- (a) go mbeidh fógra á rá gur léadh Bille comhalta phríobháidigh an dara huair scaipthe ar an gCoiste iomchuí³⁷ ag Cléireach an Choiste; agus
- (b) go mbeidh iarraidh i scríbhinn go ndéanfaí grinnscrúdú mionsonraithe ar an mBille (dá ngairtear “grinnscrúdú” sna Buan-Orduithe seo) curtha chuig an gCoiste iomchuí ag an gcomhalta atá i mbun an Bhille,

beidh an Bille faoi réir grinnscrúdú ag an gCoiste iomchuí: Ar choinníoll go bhféadfaidh an Coiste Gnó, de réir Bhuan-Ordú 30, an ceanglas maidir le grinnscrúdú a tharscaoileadh, tar éis iarraidh a fháil ón gcomhalta atá i mbun an Bhille nó ón

37 Féach an míniú ar “Coiste iomchuí” in B.O. 184

STANDING ORDERS

Provided further that where a Government Bill falls within Articles 127(4) and 282(5) of the Treaty on the Functioning of the European Union and thereby requires consultation with the European Central Bank, the outcome of the consultation with the Bank shall be reported to the Dáil in the course of the Second Stage speech of the relevant member of the Government or Minister of State: Provided further that if the report is not made in the course of that speech, the relevant member of the Government or Minister of State may lay a report before the Dáil with the outcome of the consultation;

Provided further that a member of the Government or Minister of State, or such other member as he or she may authorise in that behalf, shall be also entitled to not less than 15 minutes, and not more than 30 minutes, for a speech in reply.

Private members' Bills: pre-Committee Stage scrutiny

184. Where a private member's Bill has passed its second reading

The Clerk of the Dáil shall cause a notification that a private member's Bill has been read a second time to be sent to—

- (a) the Clerk to the relevant Select Committee appointed pursuant to Standing Order 103 (in these Standing Orders referred to as the "relevant Committee"),
- (b) the member in charge of the Bill, and
- (c) the member of the Government within whose policy remit the Bill falls.

185. Scrutiny by Committees of private members' Bills which have passed their second reading

(1) Where—

- (a) the notification that a private member's Bill has been read a second time has been circulated to the relevant Committee³⁷ by the Clerk to the Committee; and
- (b) the member in charge of the Bill has sent a written request to the relevant Committee to undertake detailed scrutiny of the Bill (referred to in these Standing Orders as "scrutiny"),

the Bill shall be subject to scrutiny by the relevant Committee: Provided that the Business Committee may waive, in accordance with Standing Order 30, the requirement for scrutiny, following a request from the member in charge of the Bill,

³⁷ See definition of "relevant Committee" in S.O. 184

BUAN-ORDUITHE

gCoiste iomchuí. Maidir le hiarraidh ar tharscaoileadh den sórt sin, ní fhéadfar í a dhéanamh ach amháin i gcás go mbeidh an Bille léite an dara huair, beidh sí de réir treoirlínte arna nglacadh ag an Coiste um Buan-Orduithe agus Athleasú na Dála, agus beidh sí faoi réir fógra a bheith tugtha don Choiste Gnó tráth nach déanaí ná 11 a.m. an ceathrú lá roimh a chruinniú seachtainiúil: Ar choinníoll go bhféadfar, le cead an Cheann Comhairle, iarraidh ar tharscaoileadh a dhéanamh ar fhógra níos giorra ná sin. Féadfaidh an comhalta a bheidh i mbun an Bhille tarscaoileadh ó ghrinnscrúdú a iarraidh, fiú amháin tar éis don chomhalta a iarraidh ar an gCoiste iomchuí grinnscrúdú a dhéanamh. Ní fhéadfaidh an Coiste iomchuí tarscaoileadh a iarraidh ach amháin tar éis an iarraidh ar ghrinnscrúdú a bheith déanta.

- (2) Déanfar grinnscrúdú a sheoladh agus aird á tabhairt ar chúrsaí beartais, dlí agus airgeadais, agus de réir na dtreoirlínte a bheidh leagtha amach sa Mheabhrán Tuisceana arna chomhaontú idir an Dáil agus an Rialtas, agus arna leagan faoi bhráid Dháil Éireann.
- (3) I gcás go mbeidh an Coiste iomchuí tar éis grinnscrúdú ar Bhille comhalta phríobháidigh a chríochnú, déanfaidh sé—
 - (a) tuarascáil ar an gcéanna a leagan faoi bhráid na Dála, agus
 - (b) tar éis an tuarascáil a leagan, Teachtaireacht a chur chuig an Dáil—
 - (i) á dhaingniú go bhfuil an grinnscrúdú críochnaithe agus go bhfuil tuarascáil tugtha air, agus
 - (ii) ina bhfuil moladh i dtaobh cibé acu an bhféadfaidh nó nach bhféadfaidh an Bille dul ar aghaidh chuig Céim an Choiste.

Is i scríbhinn agus arna síniú ag Cléireach an Choiste a bheidh Teachtaireacht den sórt sin, agus díreofar chuig Cléireach na Dála í. Cuirfidh an Ceann Comhairle an Teachtaireacht sin in iúl don Dáil a luaithe is caoithiúil.

- (4) Ní dhéanfaidh aon ní sna Buan-Orduithe seo cosc a chur ar Chomhchoiste grinnscrúdú a dhéanamh, agus tuairisciú ar an gcéanna, ach amháin nach bhféadfaidh ach an Coiste iomchuí an moladh i dtaobh cibé acu an bhféadfaidh nó nach bhféadfaidh an Bille dul ar aghaidh chuig Céim an Choiste a chinneadh.

STANDING ORDERS

or the relevant Committee. Such a request for a waiver may only be made where the Bill has been read a second time, shall be in accordance with guidelines adopted by the Committee on Standing Orders and Dáil Reform, and shall be subject to notice having been given to the Business Committee not later than 11 a.m. on the fourth day preceding its weekly meeting: Provided that, by permission of the Ceann Comhairle, a request for a waiver may be made on shorter notice. The member in charge of the Bill may request a scrutiny waiver even having asked the relevant Committee to undertake scrutiny. The relevant Committee may only ask for a waiver following the scrutiny request.

- (2) Scrutiny shall be conducted from a policy, legal and financial perspective, and in accordance with the guidelines set out in the Memorandum of Understanding agreed between the Dáil and the Government, and laid before Dáil Éireann.
- (3) Where the relevant Committee has completed scrutiny of a private member's Bill, it shall—
 - (a) lay a report thereon before the Dáil, and
 - (b) following the laying of the report, send a Message to the Dáil—
 - (i) confirming that scrutiny has been completed and reported on, and
 - (ii) containing a recommendation on whether or not the Bill may proceed to Committee Stage.

Such a Message shall be in writing, signed by the Clerk to the Committee, and shall be addressed to the Clerk of the Dáil. The Ceann Comhairle shall, at the first convenient opportunity, communicate such Message to the Dáil.

- (4) Nothing in these Standing Orders shall preclude a Joint Committee from undertaking scrutiny, and reporting thereon, save that only the relevant Committee may decide on the recommendation as to whether or not the Bill may proceed to Committee Stage.

Billí comhaltaí príobháideacha: Comhchomhairliúchán le BCE

186. Comhchomhairliúchán le BCE ar Bhillí comhaltaí príobháideacha, de bhun an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

- (1) Más rud é, i dtuairim an Cheann Comhairle, go dtagann Bille comhalta phríobháidigh faoi réim Airteagail 127(4) agus 282(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus dá bhrí sin go gceanglaítear comhchomhairliúchán a dhéanamh leis an mBanc Ceannais Eorpach, déanfaidh an Coiste iomchuí an comhchomhairliúchán sin (dá ngairtear “comhchomhairliúchán” sa Bhuan-Ordú seo), agus déanfaidh sé breithniú ar aon tuairim ón mBanc a bheidh mar thoradh air, mar chuid de ghrinnscrúdú³⁸.
- (2) Mar chuid de chomhchomhairliúchán, sonróidh an Coiste iomchuí teorainn ama chun tuairim an Bhainc a chur faoina bhráid. I gcás go n-iarrfaidh an Banc fadú ar an teorainn ama shonraithe de réir an chinnidh sin, déanfaidh an Coiste iomchuí breithniú cuí ar an iarraidh ón mBanc.
- (3) I gcás go mbeidh an teorainn ama arna sonrú ag an gCoiste iomchuí de bhun mhír (2), nó aon fhadú ama arna dheonú de bhun na míre sin, imithe in éag, ní cosc ar an gCoiste iomchuí dul ar aghaidh le grinnscrúdú gan tuairim ón mBanc a bheith ann: Ar choinníoll go ndéanfar aon tuairim a gheofar ina dhiaidh sin a chur in iúl don Choiste iomchuí agus go leagfaidh Cléireach an Choiste faoi bhráid na Dála í.
- (4) Déanfar toradh an chomhchomhairliúcháin leis an mBanc ar Bhille comhalta phríobháidigh a thuairisciú de réir Bhuan-Ordú 185 agus cuirfear san áireamh sa tuarascáil aon mholtaí a eascróidh as tuairim an Bhainc a bhreithniú.

Billí comhaltaí príobháideacha: Ordú do Chéim an Choiste

187. Billí comhaltaí príobháideacha: Ordú do Chéim an Choiste

- (1) Is i Roghchoiste arna cheapadh de bhun Bhuan-Ordú 103 a dhéanfar breithniú Chéim an Choiste ar Bhille comhalta phríobháidigh.
- (2) Ní fhéadfar breithniú Chéim an Choiste den sórt sin a ordú ach amháin tar éis don Choiste iomchuí grinnscrúdú a dhéanamh ar an mBille³⁹, seachas i gcás go mbeidh an ceanglas maidir le grinnscrúdú tarscaoilte ag an gCoiste Gnó. I gcás an ceanglas maidir le grinnscrúdú a bheith tarscaoilte, nó i gcás gurb é an moladh iar-ghrinnscrúdaithe go bhféadfaidh an Bille dul ar aghaidh chuig Céim an Choiste, féadfaidh an comhalta a bheidh i mbun an Bhille, ar fhógra arna thabhairt don Choiste Gnó, an tOrdú do

38 De bhun B.O. 185

39 De bhun B.O. 185

Private members' Bills: ECB consultation

186. Consultation with ECB on private members' Bills, pursuant to Treaty on the Functioning of the European Union

- (1) Where, in the opinion of the Ceann Comhairle, a private member's Bill falls within Articles 127(4) and 282(5) of the Treaty on the Functioning of the European Union, and thereby requires consultation with the European Central Bank, the relevant Committee shall undertake that consultation (referred to in this Standing Order as "consultation"), and shall consider any resulting opinion from the Bank, as part of scrutiny³⁸.
- (2) As part of consultation, the relevant Committee shall specify a time limit for submission of the Bank's opinion. Where the Bank requests an extension of the specified time limit in accordance with that decision, the relevant Committee shall give due consideration to the Bank's request.
- (3) Where the time limit specified by the relevant Committee pursuant to paragraph (2), or any extension of time granted pursuant to that paragraph, has expired, the absence of an opinion from the Bank shall not prevent the relevant Committee from proceeding with scrutiny: Provided that any opinion received thereafter shall be brought to the attention of the relevant Committee, and shall be laid before the Dáil by the Clerk to the Committee.
- (4) The outcome of the consultation with the Bank on a private member's Bill shall be reported in accordance with Standing Order 185, and any recommendations arising from consideration of the Bank's opinion shall be included in the report.

Private members' Bills: Order for Committee Stage

187. Private Members' Bills: Order for Committee Stage

- (1) The Committee Stage consideration of a private member's Bill shall take place in a Select Committee appointed pursuant to Standing Order 103.
- (2) Such Committee Stage consideration may only be ordered following scrutiny of the Bill by the relevant Committee³⁹, save where the requirement for scrutiny has been waived by the Business Committee. Where the scrutiny requirement has been waived, or where the post-scrutiny recommendation is that the Bill may proceed to Committee Stage, the member in charge of the Bill may, on notice given to the Business Committee, move the Order for Committee Stage at the first practicable opportunity

³⁸ Pursuant to S.O. 185

³⁹ Pursuant to S.O. 185

BUAN-ORDUITHE

Chéim an Choiste a thairiscint an chéad uair is indéanta tar éis an Oird Gnó, nó tar éis Ceisteanna maidir le Beartas nó Reachtaíocht faoi Bhuan-Ordú 36, agus tógfar an tairiscint sin gan díospóireacht.

- (3) I gcás gurb é moladh⁴⁰ an Choiste iomchuí nach bhféadfaidh an Bille comhalta phríobháidigh dul ar aghaidh chuig Céim an Choiste, agus nach n-aontóidh an comhalta a bheidh i mbun an Bhille leis an moladh sin, féadfaidh sé nó sí tairiscint i scríbhinn a chur síos sna téarmaí seo a leanas:

“D’ainneoin mholadh an Choiste dar teideal [cuir isteach ainm an Choiste iomchuí arna cheapadh de bhun Bhuan-Ordú 103] nach bhféadfaidh [cuir isteach ainm an Bhille] dul ar aghaidh chuig Céim an Choiste, déantar leis seo an Bille a tharchur chun an Roghchoiste dar teideal [cuir isteach ainm an Choiste iomchuí arna cheapadh de bhun Bhuan-Ordú 103].”

- (4) Féadfar an tairiscint faoi mhír (3) a dhéanamh—
- (a) le linn seal ama i rith am comhaltaí príobháideacha faoi Bhuan-Ordú 176(3),
- (b) ar an Déardaoin, de bhun Bhuan-Ordú 168(2) agus de réir ghnáthchúrsa laethúil an Ghnó mar a mhínítear le Buan-Ordú 34, nó
- (c) ag am agus ar dháta a bheidh le comhaontú ag an gCoiste Gnó, agus a bheidh faoi réir socruithe arna gcomhaontú ar an Ord Gnó.
- (5) Aon chomhalta ar mian leis nó léi tairiscint a dhéanamh faoi mhír (3) ar an Déardaoin de réir mhír (4)(b), tabharfaidh sé nó sí fógra don Choiste Gnó tráth nach déanaí ná 11 a.m. an ceathrú lá roimh chruinniú seachtainiúil an Choiste Gnó.
- (6) Má bhuaitear ar thairiscint faoi mhír (3), measfar gur tarraingíodh siar an Bille.

An Tríú Céim

188. Nuair a léitear Bille Rialtais an dara huair

- (1) Tar éis Bille, nach Bille comhalta phríobháidigh, a bheith léite an dara huair, féadfar a ordú go mbeidh sé le breithniú i gCoiste den Dáil uile lá a ainmneofar an tráth sin, nó féadfar é a tharchur chun Coiste éigin eile.

⁴⁰ i.e., an moladh faoi B.O. 185(3)

STANDING ORDERS

after the Order of Business, or after Questions on Policy or Legislation under Standing Order 36, and such motion shall be taken without debate.

- (3) Where the relevant Committee's recommendation⁴⁰ is that the private member's Bill may not proceed to Committee Stage, and the member in charge of the Bill does not agree with that recommendation, he or she may table a motion in writing in the following terms:

"Notwithstanding the recommendation of the Committee on [insert name of relevant Committee appointed pursuant to Standing Order 103] that the [insert name of Bill] may not proceed to Committee Stage, the Bill is hereby referred to the Select Committee on [insert name of relevant Committee appointed pursuant to Standing Order 103]."

- (4) The motion under paragraph (3) may be moved—
- (a) during a private members' time slot under Standing Order 176(3),
 - (b) on a Thursday pursuant to Standing Order 168(2) and in accordance with the ordinary routine of Business as defined by Standing Order 34, or
 - (c) at a time and date to be agreed by the Business Committee, and subject to arrangements agreed on the Order of Business.
- (5) A member who wishes to move a motion under paragraph (3) on a Thursday in accordance with paragraph (4)(b) shall give notice to the Business Committee not later than 11 a.m. on the fourth day preceding the weekly meeting of the Business Committee.
- (6) If a motion under paragraph (3) is defeated, the Bill shall be deemed to have been withdrawn.

Third Stage

188. When a Government Bill is read a second time

- (1) When a Bill, other than a private member's Bill, has been read a second time, it may either be ordered to be considered in Committee of the whole Dáil on a day then named, or be referred to some other Committee.

⁴⁰ i.e., the recommendation under S.O. 185(3)

BUAN-ORDUITHE

- (2) Má ordaítear Bille, seachas Bille comhalta phríobháidigh, a tharchur chun Coiste Speisialta, ceapfar leis an ordú sin—

- (a) an dáta a thosóidh Céim an Choiste,
- (b) an líon comhaltaí a bheidh ar an gCoiste, agus
- (c) córam an Choiste,

agus beidh feidhm ag Buan-Orduithe 112 agus 113 ar gach slí eile: Ar choinníoll go bhféadfaidh an Dáil, ar thairiscint ón gcomhalta a bheidh i mbun an Bhille, an Bille a chur chun Roghchoiste nó Coiste Speisialta maidir le cuid dá fhorálacha, agus chun Coiste den Dáil uile maidir le forálacha eile agus, má chuirtear i gcoinne na tairisceana sin, go gceadóidh an Ceann Comhairle ráiteas mínitheach ón gcomhalta a rinne an tairiscint, agus ó chomhalta atá ag cur i gcoinne na tairisceana, sula gcuirfidh sé nó sí an cheist uirthi.

189. Fógra maidir le leasuithe agus ord na leasuithe

- (1) Nuair a bheidh Bille le breithniú i gCoiste nó ar Thuarascáil,
- (a) is i scríbhinn arna síniú ag an gcomhalta a bheidh leasuithe a bheidh le tairiscint agus sroichfidh siad an Cléireach tráth nach déanaí ná 11 a.m. ar an gceathrú lá roimh an lá sin ar a mbeidh an Bille nó, más cuí, an chuid de a mbeidh siad dírithe uirthi, le breithniú agus cuirfear in ord ceart iad,
 - (b) is i scríbhinn arna síniú ag an gcomhalta a bheidh leasuithe ar leasuithe a bheidh le tairiscint agus sroichfidh siad an Cléireach tráth nach déanaí ná 11 a.m. ar an dara lá roimh an lá sin ar a mbeidh an Bille nó, más cuí, an leasú atá le tairiscint ar an mBille a mbeidh siad dírithe air, le breithniú agus cuirfear in ord ceart iad:

Ar choinníoll, dá ainneoin sin, ar bhonn eisceachtúil, nó in imthosca ina bhfágfaí, de bharr sceideal níos giorra a bheith ann do ghnó Bille, go mbeadh feidhmiú praiticiúil an sprioc-ama dodhéanta, go bhféadfar leasuithe, nó leasuithe ar leasuithe, a thairiscint ar fhógra níos giorra de rogha an Cheann Comhairle amháin, nó le cead roimh ré ón gCathaoirleach gan fógra.

Ar choinníoll fairis sin go bhféadfaidh comhalta leasuithe ar Bhille a chur síos i Roghchoiste nó i gCoiste Speisialta, agus go bhféadfaidh sé nó sí freastal ar an gCoiste sin chun a leasuithe a thairiscint, fiú amháin mura comhalta den Choiste sin é nó í. Ní fhéadfaidh an comhalta sin vótáil sa Choiste sin, áfach, mura mbeidh sé nó sí ag freastal mar ionadaí a bheidh ainmnithe ar fhógra a thabhairt de réir Bhuan-Ordú 115(2).

STANDING ORDERS

- (2) Should a Bill, other than a private member's Bill, be ordered to be referred to a Special Committee, such order shall fix—

- (a) the date for the commencement of the Committee Stage,
- (b) the number of members to serve on the Committee, and
- (c) the quorum of it,

and Standing Orders 112 and 113 shall otherwise apply: Provided that the Dáil may, on motion made by the member in charge of the Bill, commit the Bill to a Select or Special Committee in respect of some of its provisions, and to a Committee of the whole Dáil in respect of other provisions, and that if such a motion is opposed, the Ceann Comhairle shall permit an explanatory statement from the member who moves, and from a member who opposes the motion, before he or she puts the question thereon.

189. Notice and arrangement of amendments

- (1) When a Bill is to be considered in Committee or on Report,
- (a) proposed amendments shall be in writing signed by the member and shall reach the Clerk not later than 11 a.m. on the fourth day preceding that on which the Bill or, if appropriate, the part thereof to which they are addressed, is to be considered and shall be arranged in the proper order,
 - (b) proposed amendments to amendments shall be in writing signed by the member and shall reach the Clerk not later than 11 a.m. on the second day preceding that on which the Bill or, if appropriate, the proposed amendment to the Bill to which they are addressed, is to be considered and shall be arranged in the proper order:

Provided, nevertheless, that on an exceptional basis, or in circumstances where shorter scheduling of business of a Bill makes practical application of the deadline impossible, amendments, or amendments to amendments, may be moved on shorter notice at the sole discretion of the Ceann Comhairle, or with the prior permission of the Cathaoirleach without notice.

Provided further that a member may table amendments to a Bill in Select or Special Committee, and may attend at that Committee to move his or her amendments, even if he or she is not a member of that Committee. However, such member may not vote in such Committee, unless he or she is attending as a substitute nominated on notice in accordance with Standing Order 115(2).

- (2) Déanfaidh an Cléireach socrú maidir le le gach leasú a mholfar de bhun an Bhuan-Ordaithe seo a fhoilsiú agus fógra ina leith a thabhairt do chomhaltaí a luaithe is indéanta tar éis iad a fháil.

Meabhrán Míniúcháin tar éis leasú substainteach a dhéanamh

190. Meabhrán Míniúcháin Athbhreithnithe a Sholáthar i ndáil le Billí

I gcás go mbeidh leasú substainteach le déanamh ar Bhillí ag Céim an Choiste nó Céim na Tuarascála, beidh de rogha ag an gCeann Comhairle nó ag Cathaoirleach an Choiste, de réir mar a bheidh, a ordú go gcaithfidh an comhalta a bheidh i mbun an Bhille meabhrán míniúcháin athbhreithnithe a sholáthar chun cuidiú le comhaltaí na leasuithe a bhreithniú.

Breithniú ar Bhille i gCoiste

191. Bille a bhreithniú alt ar alt

Nuair a bheidh Bille i gCoiste, ní foláir é a bhreithniú alt ar alt. Beidh sé in ordú, áfach, sula dtosófar ar alt nó ailt a bhreithniú, a thairiscint go gcuirfear an t-alt nó na haitl siar go dtí go mbeifear réidh le halt nó le haitl eile nó le sceidil. Féadfar aon alt de Bhille a leasú i gCoiste agus féadfar ailt nua a chur isteach ann.

192. Leasuithe a thairiscint agus déileáil leo: breithniú an réamhrá agus an teidil

- (1) Nuair a bheidh leasú le tairiscint i gCoiste á mholadh go gcuirfear alt nua isteach i mBille, féadfar an leasú sin a thairiscint nuair a léifear amach ón gCathaoir uimhir an ailt a mbeidh an t-alt nua le cur isteach roimhe, agus is í an cheist ar an leasú sin is túisce a chinnfear.
- (2) Nuair a bheifear réidh leis na leasuithe (más ann) a tairgeadh ar alt, tairgfear an cheist, “Go bhfanfaidh an t-alt sin (nó an t-alt sin mar a leasaíodh é) ina chuid den Bhille”, nó, de réir mar is cuí, “Go ndéanfar an t-alt sin a scriosadh as an mBille”.
- (3) Déanfar an breithniú ar réamhrá agus ar theideal Bille i gCoiste a chur siar go dtí go mbeidh breithniú déanta ar na haitl agus ar na sceidil (más ann).

193. Buan-Choistí, Roghchoistí nó Coistí Speisialta a chur ar athló: tuairisc ar a ndearnadh ó Choiste den Dáil uile

Le linn dó Bille a bhreithniú, féadfaidh Buanchóiste, Roghchoiste nó Coiste Speisialta dul ar athló tráth ar bith, agus féadfaidh Coiste den Dáil uile, tráth ar bith, tuairisc

STANDING ORDERS

The Clerk shall arrange for the publication and notification to members of all amendments proposed pursuant to this Standing Order as soon as practicable following their receipt.

Explanatory Memorandum following substantial amendment

190. Provision of revised Explanatory Memorandum in relation to Bills

Where Bills are to be substantially amended at Committee or Report Stage the Ceann Comhairle or Cathaoirleach of the Committee as the case may be shall have discretion to direct that the member in charge of the Bill must provide a revised explanatory memorandum to assist members in considering the amendments.

Consideration of a Bill in Committee

191. Consideration of a Bill section by section

In Committee, a Bill must be considered section by section. It shall be in order, however, before consideration of a section or sections is entered upon, to move the postponement of the section or sections until another section, other sections or schedules have been disposed of. Any section of a Bill may be amended in Committee, and new sections may be inserted.

192. Offering and disposal of amendments: consideration of preamble and title

- (1) In Committee, when an amendment is offered proposing to insert a new section in a Bill, such amendment may be moved when the number of the section, before which it is proposed to insert the new section, is read from the Chair, and the question on such amendment shall be first decided.
- (2) When the amendments (if any) offered to a section have been disposed of, the question shall be proposed, "That such section (or such section as amended) stand part of the Bill", or, as appropriate, "That such section be deleted from the Bill".
- (3) The consideration of the preamble and title of a Bill in Committee shall be deferred until the sections and schedules (if any) have been considered.

193. Adjournment of Standing, Select or Special Committees: report of progress by Committee of the whole Dáil

In considering a Bill, a Standing, Select or Special Committee may at any time adjourn, and a Committee of the whole Dáil may at any time report progress, provided that the

a thabhairt ar a ndearnadh, má ritear an tairiscint is gá chuige sin. Ní ghlacfar aon tairiscint den sórt sin más dóigh le Cathaoirleach an Choiste í a bheith á déanamh chun moill nó toirmeasc a chur ar an ngnó.

194. Cumhacht Coiste chun Billí a leasú: treoirt do Choiste: teideal a leasú

- (1) Beidh sé ina threoirt do na Coistí uile chun a gcuirfear Billí go mbeidh sé de chumhacht acu cibé leasuithe is cuí leo a dhéanamh iontu ach baint a bheith ag na leasuithe sin le forálacha an Bhille agus gan iad a bheith bunoscionn le bunbhrí an Bhille mar a léadh é an dara huair.
- (2) Féadfaidh an Dáil, tar éis díospóireacht nach lú ná 60 nóiméad, de réir mar a ordóidh an Teach, ar thairiscint ón gcomhalta a bheidh i mbun Bille, treoirt a thabhairt do Choiste chun ar cuireadh Bille á chumhachtú dó leasuithe a dhéanamh, de chineál a shonrófar, ach baint a bheith ag na leasuithe leis an ábhar ginearálta agus gan iad a bheith bunoscionn le bunbhrí an Bhille.
- (3) Má bhíonn aon leasú a dhéanfar ar Bhille taobh amuigh de theideal an Bhille, leasóidh an Coiste an teideal dá réir sin agus tabharfaidh sé tuairisc speisialta air sin don Dáil.

195. Roghchoistí nó Coistí Speisialta do chlóbhuailadh Billí agus Ordú don Tuarascáil

Tar éis réamhrá (más ann) agus teideal Bille a bhreithniú i gCoiste den Dáil uile nó i Roghchoiste nó i gCoiste Speisialta—

- (a) clóbhuailfear an Bille, má leasaítear é, agus
- (b) déanfaidh an Dáil ordú chun é a bhreithniú ar Thuarascáil.⁴¹

An Ceathrú Céim (Tuarascáil)

196. Bille a bhreithniú ar Thuarascáil

- (1) Murar tairgeadh aon leasuithe ar Bhille ar Thuarascáil déanfar Ordú ag ceapadh lá dá Chúigiú Céim.
- (2) Má tairgeadh leasuithe ar Bhille ar Thuarascáil cromfaidh an Dáil ar iad a bhreithniú.
- (3) Féadfaidh comhaltaí labhairt faoi dhó ar leasú a thairgfear ar Bhille ar Thuarascáil. Ní rachaidh an chéad óráid thar seacht nóiméad agus ní rachaidh an dara hórúid thar

⁴¹ Féach freisin B.O. 109(2) agus 110

STANDING ORDERS

necessary motion to this effect has been carried. Any such motion which is deemed by the Cathaoirleach to be dilatory or obstructive shall not be accepted.

194. Power of Committee to amend Bills: instruction to Committee: amendments of title

- (1) It shall be an instruction to all Committees to which Bills may be committed that they have power to make such amendments therein as they shall think fit, provided that such amendments be relevant to the provisions of the Bill and are not in conflict with the principle of the Bill as read a second time.
- (2) The Dáil may, following debate of not less than 60 minutes as the House may order on motion made by the member in charge of a Bill, give an instruction to a Committee to which a Bill has been committed empowering it to make amendments, the nature of which shall be specified, provided that the amendments be relevant to the general subject matter and not in conflict with the principle of the Bill.
- (3) If any amendment made to a Bill be not within the title of the Bill the Committee shall amend the title accordingly and report the same specially to the Dáil.

195. Printing of Bills by Select or Special Committees and Order for Report

When the preamble (if any) and the title of a Bill shall have been considered in Committee of the whole Dáil or in Select or Special Committee—

- (a) the Bill, if amended, shall be printed; and
- (b) an order shall be made by the Dáil for its consideration on Report.⁴¹

Fourth (Report) Stage

196. Consideration of Bill on Report

- (1) If no amendments have been offered to a Bill on Report an Order appointing a day for its Fifth Stage shall be made.
- (2) If amendments have been offered to a Bill on Report the Dáil shall proceed to consider them.
- (3) Members may speak twice on an amendment offered to a Bill on Report. The first contribution shall not exceed seven minutes and the second contribution shall not

⁴¹ See also S.O.s 109(2) and 110

dhá nóiméad: Ar choinníoll go mbeidh ceart freisin ag an gcomhalta a thairg an leasú freagra a thabhairt agus nach rachaidh an freagra sin thar dhá nóiméad.

197. Tairiscint le haghaidh athchúrsa i gCoiste

- (1) Féadfar tairiscint a dhéanamh go gcuirfear Bille ar athchúrsa i gCoiste ina iomláine nó maidir le hait nó leasuithe áirithe. Féadfar an tairiscint a dhéanamh maidir leis an mBille iomlán nuair a thosófar ar é a bhreithniú ar Thuarascáil agus maidir le hait nó leasuithe áirithe sula mbeidh an breithniú ar an alt nó ar an leasú, de réir mar a bheidh, críochnaithe ar Thuarascáil.
- (2) Má chuirtear i gcoinne tairisceana chun Bille a chur faoi athchúrsa i gCoiste, ceadóidh an Ceann Comhairle ráiteas mínitheach ón gcomhalta a rinne an tairiscint ar na cúiseanna chun é a chur faoi athchúrsa i gCoiste agus ráiteas ó chomhalta atá ag cur i gcoinne na tairisceana sula gcuirfidh sé nó sí an cheist uirthi.

198. Leasuithe ar an gCeathrú Céim

Féadfar leasuithe a thairiscint ar an gCeathrú Céim, ach ní bheidh aon leasú in ordú má diúltaíodh dó roimhe sin i gCoiste den Dáil uile.

199. Leasuithe a bhunódh muirir ar an ioncam poiblí nó ar an bpobal

Ar an gCeathrú Céim, ní cead aon alt nua ná aon leasú eile a thairiscint a bhunódh muirear ar an ioncam poiblí nó ar an bpobal ach féadfar an Bille a chur faoi athchúrsa i gCoiste maidir le haon alt nó leasú den sórt sin.

200. Ordú don Chúigiú Céim

Nuair a bheifear réidh le haon leasuithe déanfar Ordú ag ceapadh lá dá Chúigiú Céim.

An Cúigiú Céim

201. Tairiscint chun Bille a rith: leasuithe focal

Nuair a thiocfaidh Bille ar aghaidh chun an breithniú deiridh a dhéanamh air, tairgfear “Go rithfear an Bille anois”. Ní dhéanfar aon leasú ar aon Bhille ar an gCéim seo ach amháin leasú focal.

Orduithe ag socrú dáta don chéad Chéim eile de Bhillí

202. Orduithe ag socrú dáta don chéad Chéim eile de Bhillí

Déanfar déanamh Ordaithe ag socrú an dáta don chéad chéim eile de Bhille, nó ag tarchur Bille chun Coiste, a chinneadh gan leasú.

STANDING ORDERS

exceed two minutes: Provided that the member who moved the amendment shall also have a right of reply which shall not exceed two minutes.

197. Motion for recommitment

- (1) A motion may be made to recommit a Bill either wholly or in respect of certain sections or amendments. The motion may be made in respect of the whole Bill at the commencement of its consideration on Report and in respect of certain sections or amendments before consideration of the section or amendment as the case may be has been completed on Report.
- (2) If a motion to recommit a Bill be opposed the Ceann Comhairle shall permit an explanatory statement of the reasons for such recommitment from the member who moves and a statement from a member who opposes the motion before he or she puts the question thereon.

198. Amendments on Fourth Stage

Amendments may be moved on the Fourth Stage, but no amendments previously rejected in Committee of the whole Dáil shall be in order.

199. Amendments creating charges on the public revenue or upon the people

On the Fourth Stage, no new section or other amendment may be proposed which creates a charge on the public revenue or upon the people but the Bill may be recommitment in respect of any such section or amendment.

200. Order for Fifth Stage

When any amendments have been disposed of an Order appointing a day for its Fifth Stage shall be made.

Fifth Stage

201. Motion for passage of Bill: verbal amendments

When a Bill shall come forward for final consideration, it shall be moved, "That the Bill do now pass". No amendment, not being merely verbal, shall be made to any Bill on this Stage.

Orders fixing date for next Stage of Bills

202. Orders fixing date for next Stage of Bills

The making of an Order fixing the date for the next Stage of a Bill, or referring a Bill to a Committee, shall be decided without amendment.

Ceartuithe i mBillí

203. Ceartuithe i mBillí

Le linn Bille a bheith ag dul ar aghaidh, féadfaidh an Cléireach ceartuithe focal nó ceartuithe foirmiúla a dhéanamh air tráth ar bith, faoi threorú an Cheann Comhairle. Is trí thairiscint a dhéanfar ceartú ar leaganacha, agus gach ceartú eile, agus déileálfar leo mar a dhéileáiltear le haon leasú eile.

Tuarascáil iar-achtacháin

204. Tuarascáil iar-achtacháin

Dhá mhí dhéag tar éis Bille a achtú, ach amháin i gcás an Bhille Airgeadais agus an Bhille Leithreasa, déanfaidh an comhalta den Rialtas nó an tAire Stáit atá freagrach go hoifigiúil san Acht a chur i ngníomh tuarascáil a sholáthar ina ndéanfar athbhreithniú ar fheidhmiú an Achta agus a leagfar i Leabharlann an Oireachtais.

Míreanna gnó do thitim ar lár agus Billí a thit ar lár a chur ar ais

205. Míreanna gnó do thitim ar lár agus Billí a thit ar lár a chur ar ais

- (1) Ar lánscor Dháil Éireann, gach mír gnó a bheidh faoi bhráid na Dála an tráth sin, agus aon mhír a bheidh curtha chun Coiste de chuid Thithe an Oireachtais ag an Dáil, measfar í a bheith tite ar lár.
- (2) Aon Bhille a thitfidh ar lár, toisc an Dáil a lánscor, féadfar dul ar aghaidh leis an mBille ag an gcéim a bhí sroichte aige roimh an lánscor, má ritear Rún chun é a chur ar ais.

Billí Croschineálacha

206. Míniú

Bille poiblí (nach Bille chun Ordú Sealadach a dhaingniú) a bhaineann le leasanna príobháideacha i slí, dá mba Bhille príobháideach é, gur ghá, faoi na Buan-Orduithe i dtaobh Gnó Phríobháidigh, réamhfhógraí ina thaobh a thabhairt sula dtabharfaí isteach é, gairtear Bille croschineálach de agus beidh sé faoi réir fhorálacha Bhuan-Ordú 60 de na Buan-Orduithe i dtaobh Gnó Phríobháidigh.

Corrections in Bills

203. Corrections in Bills

During the progress of a Bill, corrections of a verbal or formal nature may at any time be made in a Bill by the Clerk, under the direction of the Ceann Comhairle. Versional, and all other corrections, shall be made by way of motion, and dealt with as any other amendment.

Post-enactment report

204. Post-enactment report

Twelve months following the enactment of a Bill, save in the case of the Finance Bill and the Appropriation Bill, the member of the Government or Minister of State who is officially responsible for implementation of the Act shall provide a report which shall review the functioning of the Act and which shall be laid in the Parliamentary Library.

Lapsing of business items and restoration of lapsed Bills

205. Lapsing of business items and restoration of lapsed Bills

- (1) Upon dissolution of Dáil Éireann, all business items before the Dáil at that time, and any item referred by the Dáil to a Committee of the Houses of the Oireachtas, shall be deemed to have lapsed.
- (2) Any Bill, which has lapsed by reason of the dissolution of the Dáil, may be proceeded with on the reassembly of the Dáil at the stage it had reached prior to the dissolution, upon a Resolution to restore it.

Hybrid Bills

206. Definition

A public Bill (not being a Bill to confirm a Provisional Order) affecting private interests in such a way that, if it were a private Bill, it would, under the Standing Orders relative to Private Business, require preliminary notices before its introduction, is known as a hybrid Bill and shall be subject to the provisions of Standing Order 60 of the Standing Orders relative to Private Business.

Billí Comhdhlúite

207. Míniú agus tabhairt isteach

- (1) Bille a mbeidh sé ráite sa teideal fada gurb é is cuspóir dó an Dlí Reachtúil maidir le hábhar áirithe a chomhdhlúthú, agus a mbeidh sin deimhnithe ina thaobh ag an Ard-Aighne i ndeimhniú a bheidh ag gabháil leis an mBille ar é a thabhairt isteach, gairfear Bille Comhdhlúite de.
- (2) Déanfaidh an Cléireach an Deimhniú dá bhforáiltear sa mhír sin roimhe seo den Bhuan-Ordú seo a fhoilsiú agus fógra ina leith a thabhairt do chomhaltaí de bhun Bhuan-Ordú 37 an tráth céanna a dtabharfar fógra do chomhaltaí go bhfuiltear chun an Bille sin a thabhairt isteach.
- (3) I dtosach gach Bille Chomhdhlúite beidh Meabhrán arna ullmhú ag an Ard-Aighne ina sonrófar na hachtacháin a aisghairtear leis an mBille, na hailt den Bhille ina bhfuil macasamhail na n-achtachán a aisghairtear, mar aon le nótaí an Ard-Aighne ar aon leasuithe a rinneadh sa téacs.
- (4) Má thugtar cead Bille Comhdhlúite a thabhairt isteach, déanfar Ordú don Dara Céim le haghaidh dáta nach luaithe ná ocht lá is fiche tar éis é a thabhairt isteach agus clóbhuailfear an Bille agus an Meabhrán.

208. An Dara Céim

Ar an Dara Céim de Bhille Comhdhlúite ní ghlacfar le haon leasú a thairgfear a dhéanamh ar an tairiscint, “Go léifear an Bille an dara huair anois”, ach amháin leasú á thairiscint go ndéanfar na focail go léir i ndiaidh an fhocail “Go” a fhágáil ar lár d’fhonn focail a chur ina n-ionad ag lua cúise nó cúiseanna in aghaidh Dheimhniú an Ard-Aighne.

209. An Bille a chur faoi bhráid Buan-Chomhchoiste

Tar éis an Dara Céim de Bhille Comhdhlúite a bheith rite, déanfar, le comhthoil an dá Theach, é a chur faoi bhráid Buan-Chomhchoiste a bheidh comhdhéanta de Choistí ón dá Theach arna gcomhcheangal chun Billí den sórt sin a bhreithniú⁴². Mura gcomhthoileofar amhlaidh féadfar an Bille a chur faoi bhráid Buan-Choiste den Dáil.

210. Leasú a cheadaítear ar thairiscint chun comhthoiliú leis an mBille a chur faoi bhráid an Bhuan-Chomhchoiste

Ar thairiscint a dhéanamh sa Dáil, i gcás Bille Chomhdhlúite a tionscnaíodh sa Seanad, chun comhthoiliú leis an Seanad i dtaobh é a bheith oiriúnach an Bille a chur faoi

42 B.O. 212

Consolidation Bills

207. Definition and introduction

- (1) A Bill the purpose of which as expressed in the long title is to consolidate existing Statute Law on a particular subject matter, and is so certified by the Attorney General in a certificate which shall accompany the Bill on introduction, shall be known as a Consolidation Bill.
- (2) The Certificate provided for in the preceding paragraph of this Standing Order shall be published by the Clerk and notified to members pursuant to Standing Order 37 at the same time that notice is given to members of intention to introduce such Bill.
- (3) Every Consolidation Bill shall have prefixed to it a memorandum prepared by the Attorney General in which shall be specified the enactments repealed by the Bill, the sections of the Bill in which the repealed enactments are reproduced, together with the remarks of the Attorney General on any textual amendments made.
- (4) If leave to introduce a Consolidation Bill be given, an Order for its Second Stage shall be made for a date not earlier than twenty-eight days after its introduction and the Bill and the Memorandum shall be printed.

208. Second Stage

On the Second Stage of a Consolidation Bill the only amendment which may be moved to the motion, “That the Bill be now read a second time”, is one proposing the omission of all words after the word “That” in order to substitute words stating a reason or reasons in challenge of the Certificate of the Attorney General.

209. Bill referred to Standing Joint Committee

Every Consolidation Bill after having passed its Second Stage shall, with the concurrence of both Houses, be referred to a Standing Joint Committee consisting of Committees of each House joined together for the purpose of consideration of such Bills⁴². In the absence of such concurrence the Bill may be referred to a Standing Committee of the Dáil.

210. Permissible amendment to motion concurring in reference to Standing Joint Committee

On motion made in the Dáil, in the case of a Consolidation Bill originating in the Seanad, to concur with the Seanad as to the expediency of referring the Bill to the

42 S.O. 212

bhráid an Bhuan-Chomhchoiste, ní fhéadfar aon leasú a thairiscint ach amháin leasú ag lua cúise nó cúiseanna in aghaidh Dheimhniú an Ard-Aighne.

211. Bille a chur faoi bhráid an Chomhchoiste

Ar Bhille Comhdhlúite a bheith léite an dara huair sa Teach tionscnaimh, agus ar rún ag comhthoiliú leis an mBille a chur faoi bhráid an Bhuan-Chomhchoiste a bheith rite ag an Teach eile, déanfaidh an dá Theach orduithe chun an Bille a chur faoi bhráid an Bhuan-Chomhchoiste ar dháta nach luaithe ná ceithre lá dhéag tar éis an Rún comhthoilithe a rith.

212. An Buan-Chomhchoiste um Billí Comhdhlúite

- (1) Beidh arna bhunú, i ndiaidh ationól na Dála tar éis Olltoghcháin, Buan-Choiste a bheidh le comhcheangal lena shamhail de Choiste den Seanad chun an Buan-Chomhchoiste um Billí Comhdhlúite a chomhdhéanamh. Faoi réir fhorálacha mhír (3), triúr comhalta a bheidh ar an mBuan-Choiste ar beirt is córam dó. Ceathrar is córam don Bhuan-Chomhchoiste ar comhalta de Dháil Éireann duine amháin ar a laghad díobh agus ar comhalta de Sheanad Éireann duine amháin ar a laghad díobh.
- (2) An comhalta den Rialtas atá i mbun na Roinne lena mbaineann an dlí reachtúil a bheidh i dtrácht i mBille a bheidh curtha faoi bhráid an Bhuan-Chomhchoiste, beidh sé nó sí ina c(h)omhalta *ex officio* den Bhuan-Chomhchoiste chun an Bille a bhreithniú: Ar choinníoll go bhféadfaidh an comhalta sin den Rialtas comhalta eile den Rialtas nó Aire Stáit a ainmniú chun gníomhú ina ionad nó ina hionad chun na críche sin.
- (3) Féadfar cibé líon comhaltaí, nach mó ná triúr, a chur leis an mBuan-Choiste um Billí Comhdhlúite chun aon Bhille áirithe a bhreithniú a bheidh curtha chun an Bhuan-Chomhchoiste.
- (4) Beidh na cumhachtaí seo a leanas ag an mBuan-Chomhchoiste:
 - (a) an chumhacht chun fios a chur ar dhaoine, ar pháipéir agus ar thaifid;
 - (b) an chumhacht chun fianaise béil agus fianaise scríofa a ghlacadh mar a mhínítear i mBuan-Ordú 104(1); agus
 - (c) an chumhacht chun tuarascálacha mar a mhínítear i mBuan-Ordú 109(1) a chlóbhualadh agus a fhoilsiú.
- (5) Déanfaidh an Buan-Chomhchoiste, ó am go ham de réir mar is cuí leis an mBuan-Chomhchoiste, miontuairiscí ar a chuid imeachtaí a leagan faoi bhráid gach Tí.

STANDING ORDERS

Standing Joint Committee, the only amendment which may be moved is one stating a reason or reasons in challenge of the Certificate of the Attorney General.

211. Committal of Bill to Committee

When a Consolidation Bill has been read a second time in the originating House and a Resolution of concurrence in the reference of the Bill to the Standing Joint Committee has been passed by the other House, orders for the committal of the Bill to the Standing Joint Committee shall be made by both Houses for a date not earlier than fourteen days after the passage of the Resolution of concurrence.

212. Standing Joint Committee on Consolidation Bills

- (1) There shall stand established, following the reassembly of the Dáil subsequent to a General Election, a Standing Committee which shall be joined with a similar Committee of the Seanad to constitute the Standing Joint Committee on Consolidation Bills. The Standing Committee shall, subject to the provisions of paragraph (3), consist of three members, two of whom shall constitute a quorum. The quorum of the Standing Joint Committee shall be four, of whom at least one shall be a member of Dáil Éireann and one a member of Seanad Éireann.
- (2) The member of the Government in charge of the Department the statute law of which is dealt with in a Bill which has been referred to the Standing Joint Committee shall be an *ex officio* member of the Standing Joint Committee for the purpose of consideration of the Bill: Provided that such member of the Government may nominate another member of the Government or a Minister of State to act in his or her stead for that purpose.
- (3) Such number of members, not exceeding three, may be added to the Standing Committee on a Consolidation Bill for the purpose of considering any particular Bill committed to the Standing Joint Committee.
- (4) The Standing Joint Committee shall have the following powers:
 - (a) power to send for persons, papers and records;
 - (b) power to take oral and written evidence as defined in Standing Order 104(1); and
 - (c) power to print and publish reports as defined in Standing Order 109(1).
- (5) The Standing Joint Committee shall, from time to time as the Standing Joint Committee sees fit, lay minutes of its proceedings before each House.

213. Leasuithe a cheadaítear sa Choiste

Sa Bhuan-Chomhchoiste um Bille Comhdhlúite ní cead aon leasuithe ach amháin leasuithe chun athbhríonna agus neamhréireachtaí a dhíchur, chun sásra nua a chur in ionad sean-sásra nó sásra neamhchaoithiúil nó chun comhréireacht cainte a áirithiú nó nithe a chur in oiriúint don dlí agus don chleachtas mar atá. Ní bheidh aon leasuithe in ordú más cinn iad de shaghas a leasódh substaint an Dlí Reachtúil.

214. Teachtaireachtaí ón mBuan-Chomhchoiste um Billí Comhdhlúite

Nuair a bheidh breithniú déanta ar réamhrá (más ann) agus ar theideal Bille Comhdhlúite sa Bhuan-Chomhchoiste—

- (a) cuirfidh an Buan-Chomhchoiste Teachtaireacht chuig gach Teach ar an modh dá bhforáiltear i mBuan-Ordú 110. D'ainneoin ghinearáltacht Bhuan-Ordú 212(4), measfar gurb ionann Cléireach na Dála d'fháil Teachtaireachta den sórt sin agus an Buan-Chomhchoiste do thabhairt tuarascála ar an mBille;
- (b) clóbhuailefear an Bille, má leasaítear é; agus
- (c) cuirfear an Bille síos do Chéim na Tuarascála sa Teach tionscnaimh ar dháta nach luaithe ná ocht lá is fiche ina dhiaidh sin.

215. An Ceathrú Céim

Ar Chéim na Tuarascála beidh srian le leasuithe amhail mar atá sa Bhuan-Chomhchoiste⁴³ agus socrófar an Cúigiú Céim do dháta nach luaithe ná ceithre lá dhéag ina dhiaidh sin.

216. Gabháil thar Céimeanna

I gcás Bille Comhdhlúite a tionscnaíodh sa Seanad déanfar, ar an mBille a fháil sa Dáil tar éis a rite ag an Seanad, é a chur síos do Chéim na Tuarascála agus gabhfar thar an gCéad, an Dara, agus an Tríú Céim.

Nós Imeachta Airgeadais

217. Meastacháin agus Rúin Airgeadais le breithniú i gCoiste

Mura n-ordóidh an Dáil a mhalairt, déanfar gach tairiscint, chun muirear ar an bpobal a mhéadú, a laghdú nó a athrú ar shlí eile, agus gach Meastachán i gcomhair na Seirbhíse Poiblí, a bhreithniú i gCoiste.

⁴³ B.O. 213

213. Permissible amendments in the Committee

In the Standing Joint Committee on a Consolidation Bill the only permissible amendments shall be amendments designed to be for the removal of ambiguities and inconsistencies, the substitution of modern for obsolete or inconvenient machinery or the achievement of uniformity of expression or adaptation to existing law and practice. Amendments of the nature of substantive amendment of the Statute Law shall not be in order.

214. Messages from Standing Joint Committee on Consolidation Bills

When the preamble (if any), and the title of a Consolidation Bill shall have been considered in the Standing Joint Committee—

- (a) the Standing Joint Committee shall send a Message to each House in the manner provided for in Standing Order 110. Notwithstanding the generality of Standing Order 212(4), the receipt by the Clerk of the Dáil of such a Message shall be deemed to be the report of the Standing Joint Committee on the Bill;
- (b) the Bill, if amended, shall be printed; and
- (c) the Bill shall be set down for Report Stage in the originating House on a date not earlier than twenty-eight days thereafter.

215. Fourth Stage

On the Report Stage, amendments shall be restricted similarly as in the Standing Joint Committee⁴³ and the Fifth Stage shall be fixed for a date not earlier than fourteen days thereafter.

216. Waiver of Stages

In the case of a Consolidation Bill originating in the Seanad, the Bill shall on its receipt in the Dáil after being passed by the Seanad be set down for Report Stage, the First, Second and Third Stages being waived.

Financial Procedure

217. Estimates and Financial Resolutions to be considered in Committee

Unless the Dáil shall otherwise order, every motion to increase, reduce or otherwise vary, a charge upon the people and every Estimate for the Public Service shall be considered in Committee.

43 S.O. 213

218. Billí a tharraingeodh muirir ar an bpobal

- (1) Ní thionscnóidh aon chomhalta, seachas comhalta den Rialtas, Bille a tharraingeodh muirear ar an bpobal, seachas muirear teagmhasach.
- (2) Ní thógfar Céim an Choiste de Bhille a tharraingeodh muirear ar an bpobal, lena n-áirítear muirear teagmhasach, mura mbeidh an Dáil tar éis tairiscint a rith ag ceadú an mhuirir. Ní fhéadfaidh aon chomhalta nach comhalta den Rialtas aon tairiscint den sórt réamhráite a dhéanamh, ná aon leasú uirthi a thairiscint chun an tsuim a luaitear inti a mhéadú.
- (3) Ní fhéadfaidh aon chomhalta nach comhalta den Rialtas nó Aire Stáit leasú a thairiscint ar Bhille a bhféadfadh go mbeadh d'éifeacht leis go gcuirfí nó go méadófaí muirear ar an bpobal.

219. Billí a tharraingeodh leithreasú ioncaim nó airgid phoiblí eile

- (1) Ní thionscnóidh aon chomhalta nach comhalta den Rialtas Bille a tharraingeodh leithreasú ioncaim nó airgid phoiblí eile, seachas caiteachais theagmhasacha.
- (2) Ní thógfar Céim an Choiste de Bhille a tharraingeodh leithreasú ioncaim nó airgid phoiblí eile, lena n-áirítear caiteachais theagmhasacha, mura mbeidh Teachtaireacht ag an Dáil ón Rialtas ag moladh chuspóir an leithreasaithe di. Déanfaidh an Cléireach téacs aon Teachtaireachta den sórt sin a fhoilsiú agus fógra ina leith a thabhairt do chomhaltaí de bhun Bhuan-Ordú 37.⁴⁴
- (3) Ní fhéadfaidh aon chomhalta nach comhalta den Rialtas nó Aire Stáit leasú a thairiscint ar Bhille a bhféadfadh go mbeadh d'éifeacht leis go gcuirfí nó go méadófaí muirear ar an ioncam.

220. Deontais le haghaidh na seirbhíse poiblí

Déanfaidh an Dáil gach deontas airgid a bheartófar le haghaidh na seirbhíse poiblí a bhreithniú ar thairiscint a gcinneann í gan leasú agus ina luafar an tsuim a bheidh le deonú agus an tseirbhís áirithe dá mbeifear ag iarraidh na suime. Ní fhéadfaidh aon chomhalta nach comhalta den Rialtas aon tairiscint den sórt sin a dúradh a dhéanamh.

221. Billí a thionscnamh ag tabhairt feidhme do Rúin lena vótáiltear airgead nó lena bhforchuirtear cánachas

Nuair a bheidh an Dáil réidh le breithniú aon Rúin, nó aon sraith Rúin, lena vótáiltear airgead do sheirbhísí poiblí, nó lena bhforchuirtear cánachas, déanfaidh an comhalta

44 Féach Airteagal 17.2 den Bhunreacht

218. Bills involving the imposition of charges upon the people

- (1) A Bill which involves the imposition of a charge upon the people, other than an incidental charge, shall not be initiated by any member, save a member of the Government.
- (2) The Committee Stage of a Bill which involves a charge upon the people, including an incidental charge, shall not be taken unless a motion approving of the charge has been passed by the Dáil. No such motion as aforesaid nor any amendment thereto proposing to increase the amount stated in any such motion may be made by any member, save a member of the Government.
- (3) An amendment to a Bill which could have the effect of imposing or increasing a charge upon the people may not be moved by any member, save a member of the Government or Minister of State.

219. Bills involving the appropriation of revenue or other public moneys

- (1) A Bill which involves the appropriation of revenue or other public moneys, other than incidental expenses, shall not be initiated by any member, save a member of the Government.
- (2) The Committee Stage of a Bill which involves the appropriation of revenue or other public moneys, including incidental expenses, shall not be taken unless the purpose of the appropriation has been recommended to the Dáil by a Message from the Government. The text of any such Message shall be published by the Clerk and notified to members pursuant to Standing Order 37.⁴⁴
- (3) An amendment to a Bill which could have the effect of imposing or increasing a charge upon the revenue may not be moved by any member, save a member of the Government or Minister of State.

220. Grants for public service

Every grant of money proposed for the public service shall be considered by the Dáil on a motion, which shall be decided without amendment, stating the amount to be granted and the particular service for which the sum is demanded. No such motion as aforesaid may be made by any member, save a member of the Government.

221. Initiation of Bills implementing Resolutions voting money or imposing taxation

On the completion by the Dáil of the consideration of any Resolution, or series of Resolutions, voting money for public services, or imposing taxation, a Bill shall be

⁴⁴ See Article 17.2 of the Constitution

den Rialtas atá i mbun na Roinne Airgeadais, nó comhalta eile den Rialtas ag gníomhú thar a cheann nó thar a ceann, Bille a ullmhú agus a thionscnamh.

222. Meastacháin a Thíolacadh don Dáil agus a Chur faoi bhráid Coistí

- (1) Déanfar, mura n-ordóidh an Dáil a mhalairt, na gnáth-Mheastacháin bhliantúla i gcomhair na Seirbhísí Poiblí a thíolacadh don Dáil agus a scaipeadh ar na comhaltaí le linn na tréimhse dar tosach seacht lá roimh lá an Bhuiséid (arb é an lá é ar a dtairgtear na gnáthrúin bhliantúla lena bhforchuirtear cánachas) agus dar críoch ar an gcéad Chéadaoin i mí na Nollag roimh an mbliain lena mbaineann na Meastacháin: Ar choinníoll go bhféadfar Meastacháin fhorlíontacha nó bhreise, nach mbeidh sna gnáth-Mheastacháin bhliantúla, a thabhairt isteach, le cead ón Dáil, tar éis tairiscint a dhéanamh.
- (2) Beidh Meastachán nó Meastacháin, lena n-áirítear Meastacháin fhorlíontacha agus bhreise, ar iad a thíolacadh don Dáil agus a scaipeadh ar na comhaltaí, arna tharchur nó arna dtarchur chuig an gCoiste nó na Coistí cuí lena bhreithniú nó lena mbreithniú: Ar choinníoll, más rud é go dtosóidh an Dáil ar bhreithniú a dhéanamh ar aon tairiscint faoi Bhuan-Ordú 220 i leith an Mheastacháin nó na Meastachán sin, go mbeidh tarchur an Mheastacháin sin chuig an gCoiste sin ar ceal.

223. Coistí do dhéanamh breithniú ar Mheastacháin: Tuarascáil ó Choiste ar Mheastachán

- (1) Faoi réir Bhuan-Ordú 222(2), agus mura n-ordóidh an Dáil a mhalairt, críochnóidh Coistí a mbreithniú ar Mheastacháin arna gcur faoina mbráid de bhun an Bhuan-Ordaithe sin tráth nach déanaí ná 80 lá tar éis na Meastacháin sin a chur faoina mbráid amhlaidh.
- (2) Aon tuarascáil a bheartóidh Coiste a thabhairt, is tuarascáil a eascróidh as a bhreithniú ar Mheastachán, tabharfar í laistigh de thréimhse bhreise 30 lá.

224. Díospóireacht ar Mheastacháin Fhorlíontacha

Mheastacháin, agus ní fhéadfar aon díospóireacht a dhéanamh ar an Meastachán bunaidh, ach amháin sa mhéid gur gá é chun na Míreanna áirithe a bheidh faoi dhíospóireacht a mhíniú nó a léiriú.

225. Teorainn ama le hóráidí ar Rúin Airgeadais agus Meastacháin

Mura n-ordóidh an Dáil a mhalairt ní rachaidh óráid comhalta le linn díospóireachta ar thairiscint le haghaidh muirear a chur ar an bpobal nó le haghaidh airgead a dheonú a bheartófar don tseirbhís phoiblí thar uair an chloig: Ar choinníoll nach rachaidh óráid an chéad chainteora ó ghrúpa (mar a mhínítear le Buan-Ordú 170) ná óráid chomhalta an Rialtais nó an Aire Stáit ag freagairt na díospóireachta thar uair go leith an chloig i ngach cás: Ar choinníoll fairis sin nach mbainfidh an t-ordú seo leis an óráid ó chomhalta den Rialtas nó Aire Stáit ag cur tús leis an díospóireacht.

STANDING ORDERS

prepared and initiated by the member of the Government in charge of the Department of Finance, or another member of the Government acting on his or her behalf.

222. Presentation to the Dáil and Referral of Estimates to Committees

- (1) The ordinary yearly Estimates for Public Services shall, unless the Dáil shall otherwise order, be presented to the Dáil and circulated to members during the period commencing seven days prior to Budget day (being the day on which the ordinary yearly Resolutions imposing taxation are moved) and ending on the first Wednesday in December prior to the year to which the Estimates relate: Provided that supplementary or additional Estimates, not included in the ordinary yearly Estimates, may be brought forward on leave given by the Dáil after motion made.
- (2) An Estimate or Estimates, including supplementary and additional Estimates, shall, on being presented to the Dáil and circulated to members, stand referred to the appropriate Committee or Committees for consideration: Provided that, where the Dáil enters into consideration of any motion under Standing Order 220 in respect of such Estimate or Estimates, the referral of that Estimate to that Committee shall stand rescinded.

223. Consideration of Estimates by Committees: Report of Committee on Estimate

- (1) Subject to Standing Order 222(2) and unless the Dáil shall otherwise order, Committees shall complete their consideration of Estimates referred to them pursuant to that Standing Order not later than 80 days after such Estimates have been so referred.
- (2) Any report that a Committee proposes to make arising from its consideration of an Estimate shall be made within a further period of 30 days.

224. Debate on Supplementary Estimates

In the discussion of a supplementary Estimate the debate shall be confined to the Items constituting the same, and no discussion may be raised on the original Estimate, save in so far as it may be necessary to explain or illustrate the particular Items under discussion.

225. Time limit on speeches on Financial Resolutions and Estimates

Unless the Dáil shall otherwise order, the speech of a member in the course of a debate on a motion for the imposition of a charge upon the people or for a grant of money proposed for the public service shall not exceed one hour: Provided that the speech of the first speaker from a group (as defined by Standing Order 170) and the speech of the member of the Government or Minister of State replying to the debate shall not exceed in each case one hour and a half: Provided further that this order shall not apply to the speech of a member of the Government or Minister of State opening the debate.

226. An Coiste um Chuntais Phoiblí

- (1) I ndiaidh ationól na Dála tar éis Olltoghcháin, beidh Buan-Choiste arna bhunú dá ngairfear an Coiste um Chuntais Phoiblí, chun scrúdú a dhéanamh agus tuarascáil a thabhairt don Dáil—
 - (a) ar na cuntais ina dtaispeánfar leithreasú na suimeanna a bheidh deonaithe ag an Dáil le haghaidh an chaiteachais phoiblí agus cibé cuntais eile is cuí leo (nach cuntais daoine a áirítear sa Dara Sceideal a ghabhann le hAcht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993) a bheidh iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus tíolactha don Dáil ar bhonn bliantúil, maille le haon tuarascálacha ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste orthu;
 - (b) ar thuarascálacha an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir lena chuid nó lena cuid scrúduithe ar bhairinneacht, éifeachtacht, córais mheasúnaithe éifeachtúlachta, nósanna imeachta agus cleachtais; agus
 - (c) ar thuarascálacha eile a dhéanfaidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoin Acht.
- (2) Le linn dó cuntais áirithe a bhreithniú de bhun mhír 1(a), scrúdóidh an Coiste, ag féachaint d'athruithe—
 - (a) ar líon nó caighdeán na seirbhísí nó na n-aschur arna seachadadh, agus
 - (b) ar chaiteachas gaolmhar,

an féidir, le himeacht aimsire, a thaispeáint ar baineadh nó nár baineadh amach luach ar airgead.
- (3) Déanfaidh an Coiste conclúidí agus moltaí arna dtuairisciú don Dáil de bhun mhír 1(a) i ndáil le cuntais áirithe a chur in iúl don Choiste iomchuí arna bhunú de bhun Bhuan-Ordú 103.
- (4) Féadfaidh an Coiste athruithe agus feabhsúcháin a mholadh ar leagan amach na Meastachán a chuirfear faoi bhráid na Dála agus déanfaidh sé aon mholtaí den sórt sin arna dtuairisciú don Dáil a chur in iúl don Choiste um Fhormhaoirsiú Buiséid.
- (5) Féadfaidh an Coiste dul ar aghaidh lena scrúdú ar chuntas nó ar thuarascáil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste am ar bith tar éis don chuntas nó don thuarascáil sin a bheith tíolactha do Dháil Éireann.

226. Committee of Public Accounts

- (1) There shall stand established, following the reassembly of the Dáil subsequent to a General Election, a Standing Committee, to be known as the Committee of Public Accounts, to examine and report to the Dáil upon—
 - (a) the accounts showing the appropriation of the sums granted by the Dáil each year to meet the public expenditure and such other accounts as they see fit (not being accounts of persons included in the Second Schedule of the Comptroller and Auditor General (Amendment) Act 1993) which are audited by the Comptroller and Auditor General and presented to the Dáil on an annual basis, together with any reports by the Comptroller and Auditor General thereon;
 - (b) the Comptroller and Auditor General's reports on his or her examinations of economy, efficiency, effectiveness evaluation systems, procedures and practices; and
 - (c) other reports carried out by the Comptroller and Auditor General under the Act.
- (2) In considering particular accounts pursuant to paragraph (1)(a), the Committee shall examine whether, having regard to changes in—
 - (a) the volume or quality of services or other outputs delivered, and
 - (b) associated expenditure,over time, it can be demonstrated that value for money has or has not been achieved.
- (3) The Committee shall bring conclusions and recommendations reported to the Dáil pursuant to paragraph (1)(a) in relation to particular accounts to the attention of the relevant Committee established pursuant to Standing Order 103.
- (4) The Committee may suggest alterations and improvements in the form of the Estimates submitted to the Dáil and shall bring any such suggestions as reported to the Dáil to the attention of the Committee on Budgetary Oversight.
- (5) The Committee may proceed with its examination of an account or a report of the Comptroller and Auditor General at any time after that account or report is presented to Dáil Éireann.

BUAN-ORDUITHE

- (6) Beidh sé de chumhacht ag an gCoiste fios a chur ar dhaoine, ar pháipéir agus ar thaifid.
- (7) Ní bheidh feidhm ag míreanna (4) go (9), go huile, de Bhuan-Ordú 104 maidir leis an gCoiste.
- (8) Déanfar gach tuarascáil a bheartóidh an Coiste a thabhairt, arna glacadh ag an gCoiste, a leagan faoi bhráid na Dála láithreach agus as a aithle sin beidh cumhacht ag an gCoiste an tuarascáil sin, mar aon le cibé doiciméid ghaolmhara is cuí leis, a chlóbhualadh agus a fhoilsiú.
- (9) Déanfaidh an Coiste tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn maidir lena chuid gníomhaíochtaí agus pleananna a thíolacadh do Dháil Éireann.
- (10) D'ainneoin fhorálacha mhír (1) den Bhuan-Ordú seo, beidh sé de chumhacht ag an gCoiste scrúdú a dhéanamh agus tuarascáil a thabhairt don Dáil maidir le ní sonrach is díol spéise don phobal i gcoitinne a bhaineann le leithreasú airgid phoiblí, ar ní é nach gcuimsítear le cuntais leithreasa ná tuarascálacha ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de réir bhrí mhír (1), faoi réir—
 - (a) cinneadh dearfach a bheith déanta ag an gCoiste um Fhormhaoirsiú Sainchúraim faoi Bhuan-Ordú 99 de bhun iarrata ón gCoiste um Chuntais Phoiblí faoi Bhuan-Ordú 100 chun a orduithe tagartha a leathnú chun an ní a scrúdú; agus
 - (b) ceadú ón Dáil ar mhodh tairisceana cuí faoi Bhuan-Ordú 100 chun treoir a thabhairt don Choiste le linn dó a scrúdú ar an ní a sheoladh.
- (11) Staonfaidh an Coiste—
 - (a) ó fhaisnéis rúnda i ndáil le gníomhaíochtaí agus pleananna Roinne nó oifige Rialtais, nó comhlachta a bheidh faoi réir iniúchta, scrúdaithe nó cigireachta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, a fhiosrú i seisiún poiblí nó a fhoilsiú más rud é go n-iarrfaidh comhalta den Rialtas nó an comhlacht a bheidh i gceist air déanamh amhlaidh; nó
 - (b) ó fhiosrú a dhéanamh maidir leis na fiúntais a ghabhann le beartas nó beartais de chuid an Rialtais nó comhalta den Rialtas nó maidir leis na fiúntais a ghabhann le cuspóirí na mbeartas sin.
- (12) Gan dochar do neamhspleáchas an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir le cinneadh na hoibre a bheidh le cur i gcrích ag a Oifig nó ag a hOifig nó an mhodha ina gcuirtear i gcrích í, féadfaidh an Coiste, i gcumarsáid rúnda, cibé moltaí is cuí leo a thabhairt don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis an obair sin.

STANDING ORDERS

- (6) The Committee shall have the power to send for persons, papers and records.
- (7) Paragraphs (4) to (9) inclusive of Standing Order 104 shall not apply to the Committee.
- (8) Every report which the Committee proposes to make shall, on adoption by the Committee, be laid before the Dáil forthwith whereupon the Committee shall be empowered to print and publish such report together with such related documents as it thinks fit.
- (9) The Committee shall present an annual progress report to Dáil Éireann on its activities and plans.
- (10) Notwithstanding the provisions of paragraph (1) of this Standing Order, the Committee shall have the power to examine and report upon a specific matter of general public interest relating to the appropriation of public moneys, which is not comprehended by appropriation accounts or reports of the Comptroller and Auditor General within the meaning of paragraph (1), subject to—
 - (a) a positive determination having been made by the Committee on Remit Oversight under Standing Order 99 pursuant to a request by the Committee of Public Accounts under Standing Order 100 for an extension to its orders of reference for the purpose of examining the matter; and
 - (b) the approval of the Dáil by way of an appropriate motion under Standing Order 100 to instruct the Committee in conducting its examination of the matter.
- (11) The Committee shall refrain from—
 - (a) enquiring into in public session, or publishing, confidential information regarding the activities and plans of a Government Department or office, or of a body which is subject to audit, examination or inspection by the Comptroller and Auditor General, if so requested either by a member of the Government, or the body concerned; or
 - (b) enquiring into the merits of a policy or policies of the Government or a member of the Government or the merits of the objectives of such policies.
- (12) The Committee may, without prejudice to the independence of the Comptroller and Auditor General in determining the work to be carried out by his or her Office or the manner in which it is carried out, in private communication, make such suggestions to the Comptroller and Auditor General regarding that work as it sees fit.

- (13) Trí chomhalta dhéag a bheidh ar an gCoiste, nach comhalta den Rialtas ná Aire Stáit aon duine acu, agus ceathrar acu sin is córam dó. Beidh an Coiste agus aon Fhochoiste a cheapfaidh sé comhdhéanta ar chuma go ndéanfaidh sé ionadaíocht chothrom don Dáil.

227. An Coiste um Fhormhaoirsiú Buiséid

- (1) Beidh arna bhunú, a luaithe is féidir i ndiaidh ationól na Dála tar éis Olltoghcháin, Buanchoiste, dá ngairfear an Coiste um Fhormhaoirsiú Buiséid, chun scrúdú a dhéanamh agus, más cuí leis é, chun tuarascáil a thabhairt don Dáil—

(a) ar an staid fhioscach fhoriomlán, lena n-áirítear—

- (i) an staid chomhiomlánaithe maidir le hioncam agus caiteachas agus larmhéid Ginearálta an Rialtais, lena n-áirítear spriocanna struchtúracha;
- (ii) réamh-mheastacháin mheántearma don airgeadas poiblí;
- (iii) réamhaisnéisí agus forbairtí maicreacnamaíocha;
- (iv) rialachas fioscach ginearálta, lena n-áirítear rialacha agus priacail fhioscacha a fheidhmiú maidir leis an staid fhioscach; agus
- (v) nithe a eascróidh as Meastachán forlíontach nó Meastacháin fhorlíontacha a thabhairt isteach a mbeadh, nó a bhféadfadh go mbeadh, ina thuairim, impleachtaí buiséid suntasacha acu: Ar choinníoll go dtabharfaidh an Coiste le fios don Choiste nó do na Coistí iomchuí aon chinneadh uaidh breithniú den sórt sin a dhéanamh agus an chúis nó na cúiseanna atá leis;

(b) ar an mbeartas maidir le caiteachas poiblí, lena n-áirítear—

- (i) an staid chaiteachais ag féachaint don Uasteorainn Caiteachais Rialtais agus don tslat tomhais chaiteachais faoin gComhaontú Cobhsaíochta agus Fáis;
- (ii) na hUasteorainneacha Caiteachais Aireachta a bhfuil feidhm acu maidir le Meastacháin ar leith nó grúpaí Meastachán i gcomhair Seirbhísí Poiblí i gcás go bhféadfadh athruithe suntasacha ar an bpróifíl chaiteachais tionchar a bheith acu ar an staid fhioscach fhoriomlán; agus
- (iii) leordhóthanacht leibhéal comhiomlán beartaithe agus iarbhír an chaiteachais chaipitiúil agus na beartais agus na cleachtais i ndáil le caiteachas caipitiúil, lena n-áirítear beartas maidir le sainfháil phoiblí agus beartas maidir le comhpháirtíocht phoiblí phríobháideach, atá ceaptha chun a chinntiú go mbainfear luach ar airgead amach;

STANDING ORDERS

- (13) The Committee shall consist of thirteen members, none of whom shall be a member of the Government or a Minister of State, and four of whom shall constitute a quorum. The Committee and any sub-Committee which it may appoint shall be constituted so as to be impartially representative of the Dáil.

227. Committee on Budgetary Oversight

- (1) There shall stand established as soon as may be, following the reassembly of the Dáil subsequent to a General Election, a Standing Committee, to be known as the Committee on Budgetary Oversight, to examine and, where it considers it appropriate, report to the Dáil on—

(a) the overall fiscal position, including—

- (i) the aggregated position on revenue and expenditure and the General Government Balance, including structural targets;
- (ii) medium-term projections for the public finances;
- (iii) macro-economic forecasts and developments;
- (iv) general fiscal governance including the application of fiscal rules and risks to the fiscal position; and
- (v) matters arising from the introduction of a supplementary Estimate or Estimates that, in its opinion, have or may have significant budgetary implications: Provided that the Committee shall advise the appropriate Committee or Committees of any decision on its part to undertake such consideration and the reason or reasons therefor;

(b) public expenditure policy, including—

- (i) the expenditure position having regard to the Government Expenditure Ceiling and the expenditure benchmark under the Stability and Growth Pact;
- (ii) Ministerial Expenditure Ceilings applying to individual Estimates or groups of Estimates for the Public Services where significant variations from the expenditure profile could potentially impact on the overall fiscal position; and
- (iii) the adequacy of planned and actual aggregate levels of capital expenditure and the policies and practices in relation to capital expenditure, including public procurement policy and public private partnership policy, intended to ensure the achievement of value for money;

BUAN-ORDUITHE

- (c) ar an mbeartas maidir le fáлтаis an Stáitchiste.
- (2) Féadfaidh an Coiste breithniú a dhéanamh ar ní a bhaineann le beartas poiblí agus a bhfuil tionchar suntasach aige ar an staid bhuiséid nó ar an staid fhioscach fhoriomlán: Ar choinníoll go rachaidh Cathaoirleach an Choiste, roimh thosach an bhreithnithe sin, i gcomhairle leis an gCoiste earnála iomchuí arna bhunú de bhun Bhuan-Ordú 103.
- (3) Féadfaidh an Coiste freisin breithniú a dhéanamh ar an gcreat foriomlán do rannpháirtíocht pharlaiminte le linn an timthrialla buiséid agus féadfaidh sé moltaí i ndáil leis an gcéanna a dhéanamh don Choiste um Buan-Orduithe agus Athleasú na Dála, is moltaí a bheidh le breithniú ag an gCoiste sin faoi Bhuan-Ordú 128(2)(a): Ar choinníoll, le linn dó é sin a dhéanamh, go rachaidh an Coiste i gcomhairle—
- (a) leis na Coistí arna mbunú de bhun Bhuan-Ordú 103 maidir le haon mholtaí a bhfuil tionchar acu, i dtuairim an Choiste, ar ról nó ar chúram na gCoistí sin; agus
- (b) leis an Aire nó leis na hAirí iomchuí maidir le haon mholtaí a bhfuil tionchar acu, i dtuairim an Choiste, ar ról nó ar chúram Roinne nó Ranna,
- agus tabharfaidh sé fógra i dtaobh thorthaí na gcomhairliúchán sin don Choiste um Buan-Orduithe agus Athleasú na Dála.
- (4) Beidh na cumhachtaí seo a leanas ag an gCoiste:
- (a) an chumhacht chun fios a chur ar dhaoine, ar pháipéir agus ar thaifid;
- (b) an chumhacht chun fianaise ó bhéal agus i scríbhinn a ghlacadh mar a mhínítear i mBuan-Ordú 104(1);
- (c) an chumhacht chun Fochoistí a cheapadh mar a mhínítear i mBuan-Ordú 104(2);
- (d) an chumhacht chun sainchomhairleoirí a fhostú mar a mhínítear i mBuan-Ordú 104(10);
- (e) an chumhacht chun taisteal mar a mhínítear i mBuan-Ordú 104(10).
- (5) Déanfar gach tuarascáil a bheartóidh an Coiste a thabhairt, arna glacadh ag an gCoiste, a leagan faoi bhráid na Dála láithreach agus as a aithle sin beidh cumhacht ag an gCoiste an tuarascáil sin, mar aon le cibé doiciméid ghaolmhara is cuí leis, a chlóbhualadh agus a fhoilsiú.

STANDING ORDERS

- (c) Exchequer receipts policy.
- (2) The Committee may consider a matter of public policy with significant impact on the budgetary position or on the overall fiscal position: Provided that prior to the commencement of such consideration, the Cathaoirleach of the Committee shall consult with the relevant sectoral Committee established pursuant to Standing Order 103.
- (3) The Committee may also consider the overall framework for parliamentary engagement throughout the course of the budgetary cycle and may make recommendations thereon to the Committee on Standing Orders and Dáil Reform for that Committee's consideration under Standing Order 128(2)(a): Provided that, in so doing, the Committee shall consult with—
 - (a) the Committees established pursuant to Standing Order 103 on any recommendations which, in the opinion of the Committee, impact on their role or remit; and
 - (b) the relevant Minister or Ministers on any recommendations which, in the opinion of the Committee, impact on the role or remit of a Department or Departments,and shall notify the results of such consultations to Committee on Standing Orders and Dáil Reform.
- (4) The Committee shall have the following powers:
 - (a) power to send for persons, papers and records;
 - (b) power to take oral and written evidence as defined in Standing Order 104(1);
 - (c) power to appoint sub-Committees as defined in Standing Order 104(2);
 - (d) power to engage consultants as defined in Standing Order 104(10);
 - (e) power to travel as defined in Standing Order 104(10).
- (5) Every report which the Committee proposes to make shall, on adoption by the Committee, be laid before the Dáil forthwith, whereupon the Committee shall be empowered to print and publish such report, together with such related documents it thinks fit.

- (6) Maidir leis an gCoiste cúig chomhalta dhéag a bheidh air, nach comhalta den Rialtas ná Aire Stáit aon duine acu, agus ceathrar acu sin is córam dó: Ar choinníol—
- (a) go mbeidh an Coiste agus aon Fhochoistí a cheapfaidh sé comhdhéanta ar chuma go ndéanfaidh sé nó siad ionadaíocht chothrom don Dáil; agus
- (b) go mbeidh feidhm ag forálacha Bhuan-Ordú 115 maidir leis an gCoiste.

228. Comhaontuithe Idirnáisiúnta a Tharraingeodh Muirir ar Chistí Poiblí a Cheadú

- (1) I gcás gur gá don Dáil téarmaí aon chomhaontaithe idirnáisiúnta a tharraingeodh muirear ar chistí poiblí a cheadú, féadfaidh comhalta den Rialtas nó Aire Stáit tairiscint a dhéanamh chun na críche sin.
- (2) Faoi réir cheanglas Airteagal 29.5.2° den Bhunreacht i gcónaí, ní dhéanfaidh aon ní sa Bhuan-Ordú seo cosc a chur le togra in aon tairiscint den sórt sin a tharchur chuig Roghchoiste lena bhreithniú.

Billí Airgid

229. Deimhniú i dtaobh Billí Airgid

Chomh luath agus a bheidh Bille, arb é tuairim an Cheann Comhairle gur Bille Airgid é, rite ag an Dáil, agus sula gcuirfear chun an tSeanaid é, bhéarfaidh an Ceann Comhairle a dheimhniú nó a deimhniú gur Bille Airgid é agus craolfaidh sé nó sí don Dáil é sin a bheith déanta aige nó aici. Ina theannta sin, cuirfidh sé nó sí faoi deara go gcuirfear fógra chuig Cathaoirleach an tSeanaid láithreach á insint dó nó di go bhfuil sé nó sí tar éis an Bille sin a dheimhniú.⁴⁵

Cumarsáid idir an Dáil agus an Seanad

Teachtaireachtaí

230. Teachtaireachtaí chun an tSeanaid

Is i scríbhinn, faoi láimh Chléireach na Dála, a chuirfear Teachtaireachtaí ón Dáil go dtí an Seanad, agus is chun Cléireach an tSeanaid a dhíreofar iad.

⁴⁵ Féach Airteagal 22.2 den Bhunreacht

STANDING ORDERS

- (6) The Committee shall consist of fifteen members, none of whom shall be a member of the Government or a Minister of State, and four of whom shall constitute a quorum: Provided that—
- (a) the Committee and any sub-Committees which it may appoint shall be constituted so as to be impartially representative of the Dáil; and
- (b) the provisions of Standing Order 115 shall apply to the Committee.

228. Approval of International Agreements involving Charges on Public Funds

- (1) Where approval by the Dáil of the terms of any international agreement involving a charge upon public funds is required, a motion to that effect may be made by a member of the Government or Minister of State.
- (2) Subject always to the requirement of Article 29.5.2° of the Constitution, nothing in this Standing Order shall preclude the referral of a proposal contained in any such motion to a Select Committee for its consideration.

Money Bills

229. Certificate as to Money Bills

Immediately after a Bill, which in his or her opinion is a Money Bill, has passed the Dáil, and before it is sent to the Seanad, the Ceann Comhairle shall issue his or her certificate that it is a Money Bill, and he or she shall announce that fact to the Dáil. He or she shall also cause a notification to be transmitted immediately to the Cathaoirleach of the Seanad, informing him or her of the certification of any such Bill.⁴⁵

Communication between the Dáil and the Seanad

Messages

230. Messages to the Seanad

Messages from the Dáil to the Seanad shall be in writing, signed by the Clerk of the Dáil, and shall be addressed to the Clerk of the Seanad.

⁴⁵ See Article 22.2 of the Constitution

231. Teachtaireachtaí ón Seanad

- (1) Is é nó í an Cléireach a ghlacfaidh Teachtaireachtaí ón Seanad. Cuirfidh an Ceann Comhairle aon Teachtaireacht den sórt sin in iúl don Dáil a luaithe a bheidh caoi aige nó aici air: Ach i gcás práinne speisialta, féadfar briseadh isteach ar aon ghnó a bheidh ar siúl nuair a gheofar an Teachtaireacht sin chun go gcloisfear í.
- (2) Más gá i gcás Teachtaireachta ón Seanad go ndéanfaidh an Dáil aon ghníomh nó ní, déanfaidh an Cléireach í a fhoilsiú agus fógra ina leith a thabhairt do chomhaltaí de bhun Bhuan-Ordú 37, agus déanfaidh an Coiste Gnó í a bhreithniú a luaithe is indéanta.

Billí

232. Billí a ritheadh ag an Dáil a dheimhniú

Tar éis do Bhille gabháil trí gach céim sa Dáil, déanfaidh an Cléireach, nó cuirfidh sé nó sí faoi deara go ndéanfar, cóip bheacht de, agus deimhneoidh sé nó sí gur cóip dhílis chruinn an chóip sin trína dheimhniú sin ar bharr an chéad leathanaigh agus trína inisealacha nó a hinisealacha agus uimhir a chur ar gach leathanach ina dhiaidh sin. Luafar sa deimhniú faoi láimh an Chléirigh an dáta a ghabh an Bille trína chéim deiridh sa Dáil, agus an dáta a cuireadh chun an tSeanaid é.

233. Billí a chur chun an tSeanaid

Déanfar an chóip dhílis sin de Bhille a ritheadh mar a dúradh, arna deimhniú go cuí mar a fhoráiltear anseo roimhe seo, a chur chun an tSeanaid mar aon le Teachtaireacht ag tagairt don Bhille sin. Déarfai sa Teachtaireacht gur mian leis an Dáil go gcomhaontódh an Seanad le dlí a dhéanamh den Bhille nó, i gcás Bille Airgid, go bhfuil an Bille á chur chun an tSeanaid le haghaidh a mholtaí.

234. Billí a tionscnaíodh sa Seanad

Bille a tionscnaíodh agus a ritheadh sa Seanad, measfar, tar éis é a fháil ón Seanad, an Chéad Chéim a bheith rite aige sa Dáil, agus cuirfear síos don Dara Céim é, agus déanfaidh an Cléireach é a fhoilsiú agus fógra ina leith a thabhairt do chomhaltaí de bhun Bhuan-Ordú 37.

235. Leasuithe nó moltaí ón Seanad a bhreithniú

Nuair a bheidh Bille, a cuireadh ón Dáil go dtí an Seanad, tar éis gabháil trí gach céim sa Seanad, agus go mbeidh sé curtha ar ais chun na Dála le leasuithe a rinneadh sa Seanad nó, i gcás Bille Airgid, le moltaí a rinne an Seanad, foilseofar na leasuithe nó na moltaí sin, cibé acu é, don Dáil, agus déanfaidh an Dáil, i gCoiste, na leasuithe nó na moltaí sin, cibé acu é, a bhreithniú agus tuairisc a thabhairt orthu.

231. Messages from the Seanad

- (1) Messages from the Seanad shall be received by the Clerk. The Ceann Comhairle shall, at the first convenient opportunity, communicate any such Message to the Dáil: Provided that in case of special urgency, any business in progress on the receipt of such Message may be interrupted to hear the same.
- (2) If a Message from the Seanad requires any action to be taken or thing to be done by the Dáil, it shall be published by the Clerk and notified to members pursuant to Standing Order 37, and shall be considered by the Business Committee as soon as practicable.

Bills

232. Vouching of Bills passed by the Dáil

When a Bill has passed through all its stages in the Dáil, the Clerk shall make, or cause to be made, an exact copy thereof, and shall vouch such copy to be a true and correct copy by certifying the same at the head of the first page and by initialling and numbering each succeeding page. The signed certificate of the Clerk shall state the date of the passing of the Bill through its last stage in the Dáil, and the date of its transmission to the Seanad.

233. Transmission of Bills to the Seanad

Such true copy of a Bill, passed as aforesaid, and duly certified in the manner hereinbefore provided, together with a Message referring to such Bill, shall be transmitted to the Seanad. The Message shall state that the Dáil desires the agreement of the Seanad to the passing of the Bill into law or, in the case of a Money Bill, that the Bill is sent to the Seanad for its recommendations.

234. Bills initiated in the Seanad

A Bill, which has been initiated in and passed by the Seanad, shall, after its receipt from the Seanad, be deemed to have passed its First Stage in the Dáil, shall be set down for its Second Stage, and shall be published by the Clerk and notified to members pursuant to Standing Order 37.

235. Consideration of amendments or recommendations of the Seanad

When a Bill, transmitted from the Dáil to the Seanad, shall have passed through all its stages in the Seanad, and shall have been sent back to the Dáil with amendments made in the Seanad, or in the case of a Money Bill, with recommendations made by the Seanad, such amendments or recommendations, as the case may be, shall be published to the Dáil, and the Dáil shall, in Committee, consider and report on such amendments or recommendations, as the case may be.

236. Cumhachtaí an Tí maidir le leasuithe ón Seanad: leasuithe ar leasuithe ón Seanad

Aon leasú a dhéanfaidh an Seanad ar Bhille a tionscnaíodh sa Dáil, féadfaidh an Dáil glacadh leis tar éis é a leasú nó gan é a leasú nó féadfaidh sí diúltú dó. Ní thairgfear aon leasú ar leasú a rinne an Seanad mura bhfuil dlúthbhaint aige leis, ná ní fhéadfar aon leasú eile a thairiscint ar an mBille mura leasú é a leanann as glacadh le leasú ón Seanad nó as é a leasú nó as diúltú dó.

Gnó a bheidh gan chríochnú

237. Gnó a bheidh gan chríochnú

Gach gnó a bheidh gan chríochnú agus an Dáil ag dul ar athló, beidh sé curtha siar go dtí go gcuirfear ar an sceideal arís é lena thógáil de réir tuarascáil ón gCoiste Gnó de bhun Bhuan-Ordú 31.

Comhaltaí d'éirí as

238. An nós imeachta i dtaobh comhalta d'éirí as oifig, agus an dáta óna mbeidh éifeacht leis

Féadfaidh aon chomhalta den Dáil éirí as bheith ina chomhalta nó ina comhalta di, dá dheoin nó dá deoin féin, trí fhógra i scríbhinn don Cheann Comhairle, agus beidh éifeacht leis an éirí as sin ar an gCeann Comhairle d'fháil an fhógra agus cuirfidh seisean nó sise in iúl don Dáil é a luaithe is féidir.

Corrfholúntais

239. Eascairí a chur amach agus freagraí orthu, etc.

- (1) Féadfar tairiscint a dhéanamh, tar éis fógra a thabhairt, á ordú don Cheann Comhairle a ordú don Chléireach a Eascaire nó a hEascaire a chur amach chun comhalta a thoghadh chun aon fholúntas a tharlóidh ó am go ham a líonadh. Is i dtosach an Ghnó Phoiblí a dhéanfar an tairiscint sin.
- (2) Tabharfaidh an Cléireach tuarascáil ar eisiúint gach Eascaire den sórt sin, agus luafar inti an Dáilcheantar ar eisíodh an tEascaire sin ina leith, ainm an Cheann Comhairimh ar cuireadh amach chuige nó chuici é, agus an dáta a cuireadh amach é.
- (3) Nuair a gheobhaidh an Cléireach an freagra ar an Eascaire craolfaidh sé nó sí ainm an chomhalta a toghadh, agus leagfaidh sé nó sí faoi bhráid na Dála cóip den Eascaire, agus den fhreagra a formhuiníodh air.

236. Powers of House in relation to Seanad amendments: amendments to Seanad amendments

An amendment made by the Seanad to a Bill initiated in the Dáil may be accepted by the Dáil with or without amendment or be rejected. No amendment shall be moved to an amendment made by the Seanad that is not strictly relevant thereto, nor can any other amendment be moved to the Bill unless it be consequential upon the acceptance, amendment or rejection of a Seanad amendment.

Business undisposed of

237. Business undisposed of

All business undisposed of at the adjournment of the Dáil, shall stand postponed until next scheduled to be taken in accordance with a report of the Business Committee pursuant to Standing Order 31.

Resignation of Members

238. Procedure for resignation of member, and date of taking effect

Any member of the Dáil may voluntarily resign his or her membership thereof by notice in writing to the Ceann Comhairle, and such resignation shall take effect upon receipt of the notice by the Ceann Comhairle who shall as soon as may be inform the Dáil.

Casual Vacancies

239. Issue of and returns to Writs, etc.

- (1) A motion may be made, after notice, directing the Ceann Comhairle to direct the Clerk to issue his or her Writ for the election of a member to fill any vacancy that may occur from time to time. Such motion shall be made at the commencement of Public Business.
- (2) The Clerk shall make a report of the issue of every such Writ stating the Constituency in respect of which, and the name of the Returning Officer to whom, such Writ was issued, together with the date of issue.
- (3) On the receipt of the return to the Writ, the Clerk shall announce the name of the member elected, and shall lay before the Dáil a copy of the Writ, and of the return endorsed thereon.

- (4) Nuair a bheidh an freagra faighte aige nó aici ar Eascaire a eisíodh chun comhalta a thoghadh chun corrholúntas a líonadh, tabharfaidh an Cléireach fógra don chomhalta a toghadh nach foláir dó nó di bheith i láthair, in áit a cheapfaidh sé nó sí agus lá (nó laethanta) a ainmneoidh sé nó sí, chun forálacha mhír (1) de Bhuan-Ordú 1 a chomhlíonadh.

Scríbhinní a leagfar faoi bhráid na dála

240. An modh chun scríbhinní a leagan faoi bhráid na Dála: iad a bheith infhoilsithe

- (1) Nuair is gá scríbhinn a leagan faoi bhráid na Dála measfar í a bheith leagtha faoi bhráid na Dála má dhéantar cóip den scríbhinn, a bhféadfaidh gur cóip leictreonach i bhfoirm cheadaithe í, a sheachadadh chun na críche sin do Leabharlann an Oireachtais.
- (2) Gach scríbhinn a leagfar faoi bhráid na Dála, measfar í a bheith infhoilsithe.

Buan-Orduithe

241. Buan-Orduithe a chur ar fionraí nó a mhodhnú ó thaobh éifeachta

- (1) Féadfar aon cheann nó cinn de Bhuan-Orduithe na Dála a chur ar fionraí nó a mhodhnú, agus chun críche áirithe, má thairgtear sin tar éis fógra a thabhairt: Ach má bhíonn práinn leis, agus is é nó is í an Ceann Comhairle a bheidh ina bhreitheamh nó ina breitheamh air sin, féadfar aon Bhuan-Ordú nó Buan-Orduithe a chur ar fionraí ar thairiscint a dhéanamh gan fógra. Má chuirtear i gcoinne tairisceana den sórt sin ceadóidh an Ceann Comhairle ráiteas mínitheach ón gcomhalta a rinne an tairiscint, agus ráiteas ó chomhalta atá ag cur i gcoinne na tairisceana, sula gcuirfidh sé nó sí an cheist uirthi.
- (2) I gcás ina mbeidh ar áireamh sa chríoch áirithe chun a bhféadfar aon Bhuan-Ordú nó aon Bhuan-Orduithe a chur ar fionraí nó a mhodhnú treoir a thabhairt do Choiste leasuithe a dhéanamh nach bhfuil de réir Bhuan-Ordú 194 thairis sin, beidh díospóireacht nach lú ná 60 nóiméad ann de réir mar a ordóidh an Teach i dtaobh phrionsabal na leasuithe lena mbaineann: ach amháin go bhféadfaidh an Ceann Comhairle a chinneadh go ndlíonn na leasuithe sin Bille ar leithligh a thionscnamh.
- (3) Ní fhéadfaidh comhalta príobháideach tairiscint a dhéanamh chun Buan-Orduithe a chur ar fionraí nó a mhodhnú ach le linn an ama a bheidh socraithe chun gnó comhaltaí príobháideacha a thógáil.

242. Ré na mBuan-Orduithe

Leanfaidh na Buan-Orduithe sin roimhe seo i bhfeidhm go dtí go n-athrófar, go leasófar nó go n-aisghairfear iad.

STANDING ORDERS

- (4) When the return to a Writ issued for the election of a member to fill a casual vacancy shall have come into his or her hands, the Clerk shall notify the member returned that his or her attendance is required at a place appointed and on a day (or days) named by him or her, for the purpose of complying with the provisions of paragraph (1) of Standing Order 1.

Documents laid before the Dáil

240. Method of laying documents before the Dáil: considered public

- (1) Where a document is required to be laid before the Dáil the delivery of a copy of the document, which may be an electronic copy in an approved format, to the Parliamentary Library for that purpose shall be deemed to be the laying of it before the Dáil.
- (2) All documents laid before the Dáil shall be considered public.

Standing Orders

241. Suspension or modification in effect of Standing Orders

- (1) Any Standing Order or Orders of the Dáil may be suspended or modified, and for a particular purpose, upon motion made after notice: Provided that in cases of urgent necessity, of which the Ceann Comhairle shall be the judge, any Standing Order or Orders may be suspended upon motion made without notice. If such motion be opposed the Ceann Comhairle shall permit an explanatory statement from the member who moves it and a statement from a member who opposes it before he or she puts the question thereon.
- (2) Where the particular purpose for which any Standing Order or Orders may be suspended or modified includes giving an instruction to a Committee to make amendments which are not otherwise in accordance with Standing Order 194 a debate of not less than 60 minutes as the House may order shall take place on the principle of the amendments concerned: save that the Ceann Comhairle may determine that the said amendments warrant the initiation of a separate Bill.
- (3) A motion to suspend or modify Standing Orders may only be moved by a private member during the time fixed for taking private members' business.

242. Duration of Standing Orders

The foregoing Standing Orders shall continue in force until altered, amended or repealed.

SCEIDEAL 1

Na hearnálacha doiciméid a ainmnítear leis na Buan-Orduithe seo chun críocha Bhuan-Ordú 162(2)(a) agus (b):

- (a) Imeachtaí Dháil Éireann (“bileoga an chléirigh”).
- (b) Mionteagaisc maidir le reachtaíocht nó maidir le himeachtaí eile atá faoi bhráid na Dála.
- (c) Páipéir oibre de chuid na Dála nó de chuid aon cheann dá Coistí.
- (d) Na doiciméid seo a leanas maidir le cruinnithe de chuid Coistí Dála—
 - (i) cláir oibre,
 - (ii) mionteagaisc,
 - (iii) miontuairiscí, agus
 - (iv) athscríbhinní.
- (e) Páipéir thaighde arna n-ullmhú ag an tSeirbhís Leabharlainne agus Taighde, nó ag aon saoráid a chuirfear in ionad na saoráide sin, ar iarratas ón Dáil nó ó Choiste den Dáil.
- (f) Comhairle do chomhaltaí ó oifigigh don Dáil nó ó chomhaltaí den chomhfhoireann.
- (g) Tuairimí, comhairle, moltaí, nó torthaí comhchomhairliúcháin, arna mbreithniú nó arna breithniú ag an Dáil nó ag Coiste den Dáil, nó arna n-ullmhú nó arna hullmhú le haghaidh an bhreithnithe sin.
- (h) Doiciméid arb éard iad cumarsáidí idir comhaltaí agus oifigigh don Dáil nó cumarsáidí idir oifigigh don Dáil, nó doiciméid is fianaise ar chumarsáidí den sórt sin.
- (i) Doiciméid arb éard iad cumarsáidí idir oifigigh don Dáil nó comhaltaí den chomhfhoireann, de pháirt, agus aon sealbhóir oifige nó a Roinn nó a Oifig nó a hOifig, agus aon oifigigh, comhaltaí foirne, nó gníomhaireachtaí de chuid an Rialtais, den pháirt eile, a bhaineann go díreach le haon chuid den ghnó dá dtagraítear i mBuan-Ordú 162(2)(a), nó doiciméid is fianaise ar chumarsáidí den sórt sin
- (j) Doiciméid arb éard iad cumarsáidí ó Choiste den Dáil lena n-iarrtar faisnéis chun críocha gnó Coiste agus aon fhreagra (nach freagra ar dhiúltaigh an Coiste é a ghlacadh, ná freagra arb éard é doiciméid a scoir, le cinneadh ón gCoiste de réir reachta, de bheith ina

SCHEDULE 1

Categories of document designated by these Standing Orders for the purposes of Standing Order 162(2)(a) and (b):

- (a) Imeachtaí Dháil Éireann (“clerk sheets”).
- (b) Briefings regarding legislation or other proceedings before the Dáil.
- (c) Working papers of the Dáil or any of its Committees.
- (d) The following documents in respect of Dáil Committee meetings—
 - (i) agendas,
 - (ii) briefings,
 - (iii) minutes, and
 - (iv) transcripts.
- (e) Research papers prepared by the Library and Research Service, or any replacement for that facility, at the instance of the Dáil or a Committee of the Dáil.
- (f) Advices to members from officers of the Dáil or members of the joint staff.
- (g) Opinions, advice, recommendations, or the results of consultations, considered by the Dáil or a Committee of the Dáil, or prepared for that consideration.
- (h) Documents constituting or evidencing communications between members and officers of the Dáil, or communications between officers of the Dáil.
- (i) Documents constituting or evidencing communications between officers of the Dáil or members of the joint staff, on the one hand, and any office-holder or his or her Department or Office, and any officers, staff, or agencies of the Government, on the other, in direct relation to any of the business referred to in Standing Order 162(2)(a).
- (j) Documents constituting or evidencing communications from a Committee of the Dáil that solicit information for the purposes of Committee business and any response (not being one the Committee has declined to receive, or one the documents constituting

ndoiciméid de chuid an Choiste) a cuireadh ar aghaidh chuig an gCoiste agus ar ghlac an Coiste leis, nó doiciméid is fianaise ar an gcéanna.

- (k) Doiciméid arna gcruthú i ndáil leis an gcaoi a rialáiltear an gnó parlaiminteach idir páirtithe nó grúpaí de réir mar a fhoráiltear sna Buan-Orduithe seo, lena n-áirítear doiciméid maidir le comhaltaí a cheapadh chun Coiste.
- (l) Doiciméid a bhaineann le saincheistean araíonachta atá iomchuí maidir leis an Dáil nó lena Coistí.
- (m) Gan an earnáil is neasa roimhe seo a theorannú, doiciméid arb éard iad cumarsáidí de bhun reachta idir oifigeach don Dáil nó comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas, de pháirt, agus Coiste den Dáil, den pháirt eile, i ndáil le hiompar nó le hiompar líomhnaithe comhalta den Dáil, nó doiciméid is fianaise ar an gcéanna.
- (n) Dréachtaí de dhoiciméid oifigiúla is dréachtaí nach mbeartaítear a fhoilsiú.
- (o) Maidir le doiciméad nach dtagann faoi réim Bhuan-Ordú 162(2) ar an gcúis go bhfuil sé sa réimse poiblí nó gur leagadh faoi bhráid na Dála é nó go bhfuil sé le foilsiú nó le leagan faoina bráid amhlaidh ar ball, agus ar an gcúis sin amháin, dréachtaí nach mbeartaítear a fhoilsiú nó nach mbeartaítear a leagan faoina bráid amhlaidh.
- (p) Doiciméid a bhaineann le toiliú dá dtagraítear in Airteagal 15.8.2° den Bhunreacht agus le haon suí den Dáil de bhun an toilithe sin.
- (q) Doiciméid a bhaineann leis an gCeann Comhairle nó an Leas-Cheann Comhairle a thoghadh.

which have ceased by decision of the Committee in accordance with statute to be documents of the Committee) forwarded to and accepted by the Committee.

- (k) Documents created in relation to how parliamentary business is regulated between parties or groups as provided for in these Standing Orders including with regard to the appointment of members to a Committee.
- (l) Documents concerning disciplinary issues relevant to the Dáil or its Committees.
- (m) Without limiting the next preceding category, documents constituting or evidencing communications pursuant to statute between an officer of the Dáil or a member of either House of the Oireachtas, on the one hand, and a Committee of the Dáil, on the other, in relation to the conduct or alleged conduct of a member of the Dáil.
- (n) Drafts not intended for publication of official documents.
- (o) In respect of a document falling outside Standing Order 162(2) solely because it is in the public domain or has been laid before the Dáil or is presently to be published or so laid, drafts not intended for publication or not intended to be so laid.
- (p) Documents relating to an assent referred to in Article 15.8.2° of the Constitution and to any sitting of the Dáil pursuant to that assent.
- (q) Documents relating to the election of the Ceann Comhairle or Leas-Cheann Comhairle.

SCEIDEAL 2

Na Rialacha chun iarrthóir a roghnú chun bheith ina Cheann Comhairle nó ina Ceann Comhairle chun críocha Bhuan-Orduithe 6 agus 7:

Páipéir bhallóide a sholáthar

- (1) Soláthrófar páipéir bhallóide do chomhaltaí ar an modh seo a leanas—
 - (a) Déanfar an páipéar ballóide a mharcáil leis an marc oifigiúil;
 - (b) Soláthróidh an Cléireach páipéir bhallóide do na comhaltaí a bheidh i láthair sa Seomra;
 - (c) Cuirfear marc ar liosta vótála na gcomhaltaí os coinne ainm an chomhalta chun a léiriú gur eisíodh páipéar ballóide chuig a gcomhalta sin;
 - (d) Aon chomhalta a mbeidh a pháipéar ballóide nó a páipéar ballóide millte aige nó aici de thaisme, déanfar, nuair a thabharfaidh sé nó sí ar ais don Chléireach é agus nuair a shásóidh sé nó sí an Cléireach maidir leis an taisme, páipéar ballóide eile a thabhairt dó nó di. Marcálfaidh an Cléireach “millte” láithreach ar an bpáipéar ballóide millte. Coinneoidh an Cléireach an páipéar ballóide millte agus pléifidh sé nó sí leis de réir mhír 19 den Sceideal seo.

Rialacha chun na vótaí a chomhaireamh

- (2) Féadfaidh an Cléireach, a chúntóirí nó a cúntóirí agus na hiarrthóirí a bheith i láthair le linn oscailt na mboscaí ballóide agus le linn chomhaireamh na vótaí a gheofar astu agus ní bheidh aon duine eile i láthair gan cead ón gCléireach.
- (3) Diúltóidh an Cléireach d’aon pháipéar ballóide atá neamhbhailí trí “diúltaithe” a fhorghuiniú ar a aghaidh agus ní áireofar aon pháipéar ballóide den sórt sin sa chomhaireamh.
- (4) Fionnfaidh an Cléireach ansin an líon príomhroghanna a taifeadadh ar na páipéir bhallóide do gach iarrthóir, agus ansin socróidh sé nó sí na hiarrthóirí ar liosta (dá ngairtear “*an t-ord roghanna*” anseo feasta) in ord líon na bpríomhroghanna a taifeadadh do gach iarrthóir, ag tosú leis an iarrthóir dar taifeadadh an líon is mó príomhroghanna. Más ionann an líon príomhroghanna a taifeadadh d’aon bheirt iarrthóirí nó d’aon líon iarrthóirí is mó ná beirt (dá ngairtear “*iarrthóirí comhionanna*” anseo feasta), fionnfaidh an Cléireach an líon dara roghanna a taifeadadh ar na páipéir bhallóide uile do gach duine de na hiarrthóirí comhionanna agus socróidh sé nó sí na hiarrthóirí comhionanna eatarthu féin ar an ord roghanna san ord dara roghanna a taifeadadh do gach iarrthóir acu sin, ag tosú leis an iarrthóir dar taifeadadh an líon is mó dara roghanna. Más ionann an líon príomhroghanna agus dara roghanna a taifeadadh d’aon bheirt iarrthóirí comhionanna, nó d’aon líon iarrthóirí comhionanna

SCHEDULE 2

Rules for the selection of a candidate for Ceann Comhairle for the purposes of Standing Orders 6 and 7:

Provision of ballot papers

- (1) Ballot papers shall be provided to members in the following manner—
 - (a) The ballot paper shall be marked with the official mark;
 - (b) Members present in the Chamber shall be provided with ballot papers by the Clerk;
 - (c) A mark shall be placed on the members' division list opposite the member's name to indicate that a ballot paper has been issued to such member;
 - (d) A member who has inadvertently spoiled his or her ballot paper shall, on returning it to the Clerk and satisfying the Clerk as to inadvertence, be given another ballot paper. The Clerk shall immediately mark "spoilt" on the spoilt ballot paper. The Clerk shall retain the spoilt ballot paper and deal with it in accordance with paragraph 19 of this Schedule.

Rules for the counting of votes

- (2) The Clerk, his or her assistants and the candidates may be present at the opening of the ballot boxes and counting of the votes extracted therefrom and no other person shall be present without the permission of the Clerk.
- (3) The Clerk shall reject any ballot paper that is invalid, endorsing "rejected" on its face and any such ballot paper shall not be included in the count.
